

‘An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030’- Cathair Chorcaí mar Shuíomh Taighde

Tráchtas á thíolacadh mar chomhlíonadh ar riachtanais chéim Ph.D. sa Ghaeilge

ag

Vicky Brady

faoi stiúir Máire Ní Neachtain M.A. agus an Dr. Liam Ó Páircín

Coláiste Mhuire gan Smál

Arna chur faoi bhráid Ollscoil Luimnigh, Lúnasa 2018



Achoimre

Vicky Brady

Tá pleanáil teanga don Ghaeilge ar siúl ag rialtais éagsúla ó bhunú an Stáit in Éirinn. Cheap gach rialtas ón am sin i leith pleananna éagsúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun beogacht na teanga a chothú agus a fhorbairt sa tír. Feictear sin thar na blianta i lárnacht na Gaeilge sa chóras oideachais, i gcur chun cinn na Gaeilge sa státseirbhís, i bhfoirm iarrachtaí ar fhorbairt thionsclaíochta sna ceantair Ghaeltachta, sna hathruithe i sainmhínithe ar na ceantair Ghaeltachta thar imeacht ama, i reachtaíocht teanga agus eile. Seoladh an ‘Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010- 2030’ (S20B as seo amach) i Nollaig 2010, an beartas is déanaí de bhearta an rialtais i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit. Is ar an Straitéis sin atá tionscnaimh fhad-téarmacha an Rialtais á mbeachtú anois. Baintear leas as meascán de mhodhanna eitneagrafacha agus dioscúrsa-anailíseacha sa tráchtas seo chun anailís chuimsitheach ar an S20B a sholáthar. Molann Johnson (2015) agus eile an meascán seo de mhodhanna d’iniúchtaí i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga os rud é go gcomhlánaíonn siad a chéile. Éascaíonn úsáid an dá chur chuige seo i dteannta a chéile pictiúr níos iomláine a fháil sa chaoi is go bhfaightear léargas ‘zúmáil-isteach, zúmáil amach’ leo (Shi, 2015).

Don taighde seo, baintear leas as teicníc laistigh d’anailís ar dhioscúrsa- idirthéacsúlacht-san anailís ar an S20B féin. Le húsáid na teicníce seo is féidir guthanna gaolmhara éagsúla a thabhairt san áireamh i slí nach ndéanfaí le modhanna anailíse eile. Dar le Johnson (2015), oireann an teicníc anailíse áirithe seo do bheartais teanga os rud é go mbíonn na beartais seo ilghuthach de ghnáth. Feiniméan ilshraitheach is ea beartas teanga a thógtar agus a achtaítear trí dhioscúrsa. Anuas air sin, tugadh faoi thaighde eitneagrafach i gcathair Chorcaí mar chuid den iniúchadh. Leis an mborradh faoin nGaeilge i gceantair uirbeacha faoi láthair, socraíodh

go mbeadh sé fiúntach iniúchadh a dhéanamh ar phobail na Gaeilge i suíomh cathrach. Chuige sin, tugadh faoi obair pháirce agus bhí dhá aidhm léi. Ar an gcéad dul síos, bailíodh eolas a bhaineann go sonrath leis an S20B. Bhí eolas á lorg anseo faoi fheasacht mhuintir na cathrach ina taobh go príomha, os rud é go ndíríonn bearta luatha na Straitéise go mór air sin. Bailíodh eolas chomh maith ó dhaoine sonracha a oibríonn leis an nGaeilge nó a bhíonn ag plé leis an nGaeilge sa chathair i mbealaí éagsúla chun a dtuairimí faoin S20B agus a tionchar féideartha a mheas. An dara aidhm a bhain leis an obair pháirce ná próifíl shochtheangeolaíoch a chruthú bunaithe ar an trí thoisic a luaitear sa Straitéis mar ghnéithe ar a bunaíodh í, .i. díreáir ar fhorbairtí i **gcumas** sa Ghaeilge, **úsáid** na Gaeilge agus **dearcthaí** dearfacha ina leith.

De réir thorthaí an iniúchta, tá easpa sástachta i gcur i bhfeidhm na Straitéise go dtí seo. Tá doiléireacht faoi na struchtúir feidhmithe a bhí beartaithe le bheith freagrach as stiúradh na Straitéise. Níor cuireadh córas measúnaithe in áit chun feidhmiú na Straitéise a mheas ach oiread agus níor glacadh le moltaí a chuir saineolaithe i réimse na sochtheangeolaíochta ar fáil chuige sin. Aithnítear easpa solúbthachta sa Straitéis chomh maith, i gcomparáid le beartas teanga reatha Rialtas na Breataine Bige, mar shampla. Feictear sin i bhfianaise faisnéise teangeolaíche eile a tháinig ar an bhfód idir an dá linn (cuir i gcás torthaí an nuashonraithe ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2015), a thugann le fios go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun an Ghaeilge a chothú i measc a lucht labhartha laethúil. Cruthaíonn an obair pháirce a tugadh fúithi i gcathair Chorcaí mar chuid den taighde seo pictiúr cuimsitheach de chúrsaí Gaeilge na cathrach. Pictiúr casta is ea é ach is féidir roinnt tátal soiléire a tharraingt as maidir le dearcadh i leith na Gaeilge, minicíocht úsáide agus réimsí úsáide na Gaeilge sa chathair agus cumas braite sa Ghaeilge i measc na rannpháirtithe. Léiríonn an taighde seo chomh maith teip an rialtais ó thaobh feasachta ar an

S20B a ardú i gcomhthéacs chathair Chorcaí, aidhm a bhí mar cheann de phríomhthosaíochtaí blianta tosaigh na Straitéise agus í á cur i bhfeidhm. Pléitear i gconclúid an tráchtais roinnt tatal a eascraíonn as an anailís, lena n-áirítear dearcadh nualibrálach an rialtais i leith pleanála don Ghaeilge, easpa tola polaitiúla maidir le feidhmiú na S20B go dtí seo agus neamhréiteach idir aidhmeanna na Straitéise agus an fhaisnéis ar iompar teangeolaíoch an phobail mar a léirítear sna sonraí a bailíodh san obair pháirce.

Dearbhú

Dearbháim leis gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim a thíolacadh le haghaidh measúnachta don Chéim Dochtúireachta sa Ghaeilge agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

Buíochas

Tá mé go mór faoi chomaoin ag stiúrthóirí an tráchtais, Máire Ní Neachtain (Ceann Roinn na Gaeilge) a spreag an tsuim san ábhar seo ionam le linn mo chuid staidéar ag Coláiste Mhuire gan Smál agus a roinn a saineolas go flaithiúil liom le linn an phróisis, agus an Dr. Liam Ó Páircín a thug neart tacaíochta agus comhairle dom thar thréimhse iomlán an taighde. Mo bhuíochas le Roinn na Gaeilge go léir ag Coláiste Mhuire gan Smál chomh maith; bhí an t-ádh orm an deis a fháil foghlaim uathu agus oibriú leo.

Chuir an-chuid daoine comhairle orm agus mé i mbun taighde, idir saineolaithe i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga, daoine le suim san ábhar, agus daoine nach raibh eolas ná suim ar leith acu san ábhar ach a bhí sásta éisteacht liom i gcónaí agus dúshlán a thabhairt do mo chuid smaointe. Gabhaim buíochas mór leo siúd go léir as an eolas nua a thug siad dom, a chabhraigh go mór leis an tráchtas a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá mé faoi chomaoin, chomh maith, ag taighdeoirí agus údair na bhfoinsí go léir a baineadh leas astu sa taighde as a gcuid oibre ceannródaíoch, tábhachtach agus leanúnach sa réimse.

Gabhaim buíochas speisialta leis na rannpháirtithe a ghlac páirt san obair pháirce. Ábhar spreagaidh mór dom ab ea díograis agus suim na rannpháirtithe seo sa taighde. Is as a gcuid tuairimí agus taithí a d'eascair na léargais atá mar bhunchloch an tráchtais. Gabhaim buíochas faoi leith le Gael-Taca a chuir ionad ar fáil dom saor in aisce le húsáid d'agallaimh agus do ghrúpaí fócais.

Gabhaim buíochas le mo theaghlach, le m'athair, Frank, agus le mo bheirt deirfiúracha, Anita agus Sonya, as an spreagadh a thugann siad dom i gcónaí. Do mo chomh-mhic léinn iarchéime i gColáiste Mhuire gan Smál agus do mo chairde go léir a thugann misneach agus tacaíocht shíoraí dom agus a bhí i gcónaí ar fáil dom le linn an phróisis, níl go leor focal chun a chur in iúl cé chomh buíoch is atáim; tá a fhios acu cé hiad!

Liosta na dTáblaí

Tábla 1.1 Bunmhúnla pleanála teanga- curtha in oiriúint ó mhúnla Haugen (1966: 933)	20
Tábla 4.1 Téacsanna a úsáideadh don anailís idirthéacsúil bunaithe ar mholtaí Johnson	100
Tábla 5.1 Torthaí ó Dhaonáirimh 2002, 2006 2011, 2016	143
Tábla 6.1 Dáileadh aoiseanna- ceistneoir	186
Tábla 6.2 Dáileadh leibhéal oideachais- ceistneoir.....	187
Tábla 6.3 Dáileadh chumas comhrá- ceistneoir.....	193
Tábla 6.4 Achoimre ar chumas sa Ghaeilge- gníomhaíochtaí sonracha- ceistneoir	194
Tábla 6.5 Comhchoibhneas cumas sa Ghaeilge agus aois	196
Tábla 6.6 Comhchoibhneas cumas sa Ghaeilge agus leibhéal oideachais	197
Tábla 6.7 Comhchoibhneas cumas sa Ghaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil	198
Tábla 6.8 Achoimre cainníochtúil de chumas sa Ghaeilge- grúpaí fócais.....	201
Tábla 6-0-9 Na freagraí is coitianta i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna áirithe	218
Tábla 6.10 Toilteanas úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna áirithe	219
Tábla 6.11 Comhchoibhneas úsáid na Gaeilge agus aois.....	223
Tábla 6.12 Comhchoibhneas úsáid agus leibhéal oideachais	224
Tábla 6.13 Comhchoibhneas úsáid na Gaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil	225
Tábla 6-14 Achoimre cainníochtúil d'úsáid na Gaeilge- grúpaí fócais	226
Tábla 6.15 Na freagraí is coitianta i dtaca le dearcadh dearfach i leith na Gaeilge- ceistneoir.....	239
Tábla 6.16 Na freagraí is coitianta i dtaca le dearcadh diúltach i leith na Gaeilge	240
Tábla 6.17 Freagraí 'eile' i dtaca le dearcadh diúltach i leith na Gaeilge	240
Tábla 6.18 Achoimre ar na torthaí is coitianta ó scála Likert i dtaca le dearcthaí i leith na Gaeilge- ceistneoir	242
Tábla 6.19 Toilteanas i dtaca le gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn- ceistneoir	244
Tábla 6.20 Moltaí i dtaca leis an nGaeilge a chur chun cinn sa chathair- ceistneoir	245
Tábla 6.21 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus aois	247
Tábla 6.22 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil	247
Tábla 6.23 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus leibhéal oideachais.....	248
Tábla 6.24 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus cumas	249
Tábla 6.25 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus úsáid	250
Tábla 6.26 Achoimre cainníochtúil de dhearcadh i leith na Gaeilge- grúpaí fócais.....	252
Tábla 7.1 Cearnóg Chi- eolas ar an S20B agus cumas sa Ghaeilge.....	268
Tábla 7.2 Gan aon eolas ar an S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir.....	269
Tábla 7.3 Eolas teoranta ar an S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir	270
Tábla 7.4 Eolas cuimsitheach ar an S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir	271
Tábla 7.5 Tuairim dhiúltach i leith na S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir.....	272
Tábla 7.6 Gan aon eolas ar an S20B- samplaí de ráitis: grúpaí fócais.....	274
Tábla 7.7 Eolas ar an S20B- samplaí de ráitis: grúpaí fócais	275
Tábla 7.8 Tionchar an S20B- samplaí de ráitis: grúpaí fócais.....	276

Liosta na bhFigiúirí

Figiúr 5.1 <i>Moltaí na gcomhairleoirí i dtaca le measúnú agus monatóireacht</i>	165
Figiúr 6.1 <i>Méid ama caite ag foghlaim na Gaeilge- ceistneoir</i>	188
Figiúr 6.2 <i>Cumas ginearálta sa Ghaeilge- ceistneoir</i>	190
Figiúr 6.3 <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge- ceistneoir</i>	213
Figiúr 6.4 <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge i measc rannpháirtithe le cumas cuíosach- ceistneoir</i>	215
Figiúr 6.5 <i>Minicíocht úsáide na Gaeilge agus cumas iomlán sna scileanna teanga- ceistneoir</i>	217
Figiúr 6.6 <i>Dearcadh i leith na Gaeilge- ceistneoir</i>	238
Figiúr 6.7 <i>Dóchas faoi thodhchaí na Gaeilge i gcathair Chorcaí- ceistneoir</i>	243
Figiúr 6.8 <i>Comhchoibhneas inscne agus dearcadh i leith na Gaeilge- ceistneoir</i>	246
Figiúr 6.9 <i>Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus minicíocht úsáide- ceistneoir</i>	251

Liosta na nAguisíní

Aguisín A: An ceistneoir (leagan Gaeilge)

Aguisín B: An ceistneoir (leagan Béarla)

Aguisín C: Bileog eolais- ceistneoir

Aguisín D: Foirm toilithe leictreonach- ceistneoir

Aguisín E: Foirm toilithe crua- ceistneoir

Aguisín F: Bileog eolais- grúpaí fócais

Aguisín G: Foirm toilithe- grúpaí fócais

Aguisín H: Bileog eolais- agallaimh

Aguisín I: Foirm toilithe- agallaimh

Aguisín J: Fógra earcaíochta (leagan Gaeilge)- grúpaí fócais

Aguisín K: Fógra earcaíochta (leagan Béarla)- grúpaí fócais

Aguisín L: Achoimre cainníochtúil na dtorthaí ó na grúpaí fócais

Aguisín M: Ceisteanna do na hagallaimh leantacha

Giorrúcháin

S20B: An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010- 2030

DS20B: An Dréacht Straitéis Fiche Bliain

SCT: An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht

RanR: Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge

LLS: A Living Language: A Language for Living (Living Language Strategy)

An RGPTG: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

COGG: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

DD: Díospóireacht Dála

DS: Díospóireacht Seanaid

DC: Díospóireacht Coiste

Clár na n-Ábhar

Achoimre.....	i
Dearbhú	iv
Buíochas.....	v
Liosta na dTáblaí	vi
Liosta na bhFigiúirí.....	vii
Liosta na nAguisíní	viii
Giorrúcháin	ix
Réamhrá.....	1
0.1 Na ceisteanna taighde.....	1
0.2 Struchtúr an tráchtais	3
0.3 Scóip an Taighde	6
Caibidil 1. Réimse na Pleanála agus na mBeartas teanga: Na Príomhfhorbairtí	7
1.1 Forbhreathnú	7
1.2 Pleanáil teanga agus beartas teanga- scagadh ar na téarmaí	7
1.3 An phleanáil teanga agus an tsochtheangeolaíocht fheidhmeach	11
1.4 Pleanáil agus beartas teanga mar réimse acadúil.....	13
1.5 Múnlaí pleanála teanga.....	20
1.5.1 Bunmhúnlaí Haugen agus Kloss- pleanáil an chorpais agus pleanáil stádais.....	20
1.5.2 Pleanáil an insealbhairthe agus pleanáil an ghradaim	22
1.6 Comhthéacs domhanda na pleanála teanga- éagsúlacht theangeolaíoch agus pleanáil teanga do theangacha mionlaigh.....	23
1.7 Nualíobrálachas i gcomhthéacs na pleanála teanga.....	30
1.8 Creatlacha chun beogacht teanga a mheas	33
1.9 Suimiú	35
Caibidil 2. Pleanáil Teanga don Ghaeilge ó Bhunú an Stáit.....	38
2.1 Forbhreathnú	38
2.2 Forbhreathnú ar phleanáil don Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ó bhunú an stáit.....	42
2.2.1 Sainiú na Gaeltachta	42
2.2.2 Forbairt tionsclaíochta sna ceantair Ghaeltachta	48
2.3 Athbheochan- sealbhú na Gaeilge sa chóras oideachais	52
2.3.1 Úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc	53

2.3.2 Oiliúint na Gaeilge i measc múinteoirí	57
2.4 Pleanáil don Ghaeilge sa Státseirbhís.....	61
2.5 Pleanáil na teanga féin	64
2.6 ‘Ré nua’ sa phleanáil teanga in Éirinn ó na 1960í go dtí an lá atá inniu ann.....	66
2.7 Conclúid.....	69
2.7.1 Easpa tuisceana ar phrionsabail na pleanála teanga	69
2.7.2 Easpa mionspriocanna agus easpa measúnaithe.....	73
2.7.3 Suimiú.....	75
Caibidil 3. An Chreatlach Theoiriciúil.....	77
3.1 Forbhreathnú.....	77
3.2 Beartas teanga criticiúil agus anailís chriticiúil ar dhioscúrsa	79
3.3 Teicníc na hidirthéacsúlachta i réimse na pleanála agus beartais teanga	81
3.4 Eitneagrafaíocht agus réimse na pleanála agus na mbeartas teanga	85
3.5 Buanna a bhaineann le meascán d’eitneagrafaíocht agus d’anailís chriticiúil ar dhioscúrsa i réimse na pleanála agus bheartais teanga	87
3.6 An chathair mar shuíomh taighde	90
3.7 Suimiú.....	92
Caibidil 4. Cur Chuige.....	93
4.1 Forbhreathnú.....	93
4.2 Seasamh eipistéimeolaíoch- modhanna measctha.....	93
4.3 Triantánú	95
4.4 Cúrsaí eitice	97
4.5 Anailís idirthéacsúil ar an Straitéis	98
4.5.1 Roghnú téacsanna	98
4.5.2 Modh anailíse	102
4.6 Obair pháirce- an ceistneoir	103
4.6.1 Réasúnú	103
4.6.2 Dearadh an cheistneora	104
4.6.3 Roghnú na bhfaisnéiseoirí	105
4.6.4 Modh anailíse	107
4.7 Obair pháirce- grúpaí fócais	108
4.7.1 Réasúnú	108

4.7.2	Struchtúr na ngrúpaí fócais.....	110
4.7.3	Roghnú na bhfaisnéiseoirí.....	111
4.7.4	Modh anailíse.....	112
4.8	Obair pháirce- agallaimh.....	113
4.8.1	Agallaimh leath-struchtúrtha i gCathair Chorcaí	113
4.8.2	Agallaimh leantacha.....	117
Caibidil 5. Anailís Idirthéacsúil ar an ‘Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010- 2030’.....		119
5.1	Forbhreathnú.....	119
5.2	An S20B- cúlra agus amlíne chur le chéile na S20B.....	120
5.3	Struchtúr na Straitéise	126
5.4	Fís an Rialtais sa Straitéis	126
5.4.1	Fís- plé	128
5.5	Comhthéacs polasaí	134
5.5.1	Comhthéacs polasaí- plé	135
5.6	Straitéis chéimnithe	136
5.6.1	Straitéis chéimnithe- plé	137
5.7	Aidhmeanna sonracha na Straitéise	139
5.7.1	Aidhmeanna sonracha na Straitéise- plé	139
5.8	Struchtúir feidhmithe.....	144
5.8.1	Na struchtúir feidhmithe: plé.....	145
5.8.2	Doiléireacht faoi na struchtúir feidhmithe	153
5.9	Cur i bhfeidhm na Straitéise.....	156
5.10	Easpa cur i bhfeidhm.....	159
5.11	Measúnú agus monatóireacht	162
5.11.1	Measúnú agus monatóireacht ar an Straitéis	162
5.11.2	Béim ar mheasúnú agus mhonatóireacht i mbeartas teanga reatha na Breataine Bige	166
5.11.3	Measúnú agus monatóireacht i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga	168
5.12	Ceannaireacht	170
5.13	Ról an phobail	172
5.14	Béim ar shuíomhanna uirbeacha	175
5.15	Plé.....	178
Caibidil 6. Próifíl Shochtheangeolaíoch na Gaeilge i gCathair Chorcaí		181

6.1 Forbhreathnú- cathair Chorcaí- réasúnú.....	181
6.2 Struchtúr na caibidle	183
6.3 Ceisteanna déimeagrafacha- an ceistneoir	185
6.4 Cumas braite sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora: forbhreathnú	188
6.4.1 Cumas ginearálta sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora	190
6.4.2 Cumas tuisceana, léitheoireachta, labhartha agus scríofa- torthaí an cheistneora.....	191
6.4.3 Cumas comhrá sa Ghaeilge agus scileanna teanga eile- torthaí an cheistneora	192
6.4.4 Cumas braite na bhfaisnéiseoirí: athróa pearsanta	195
6.5 Cumas rannpháirtithe na ngrúpaí fócais (agus agallaimh leantacha) sa Ghaeilge.....	199
6.5.1 Plé ar chumas braite sa Ghaeilge sna grúpaí fócais	201
6.5.2 Plé ar thionchar an chóras oideachais ar chumas sa Ghaeilge sna grúpaí fócais.....	204
6.5.3 Plé ar éagsúlacht i gcumas sna scileanna gabhchumais teanga agus sna scileanna ginchumais teanga sna grúpaí fócais.....	206
6.5.4 Plé ar chreimeadh teanga sna grúpaí fócais.....	208
6.5.5 Plé ar cad a spreagann daoine le Gaeilge a fhoghlaim sna grúpaí fócais.....	209
6.5.6 Plé ar mhuinín mar thoisic i sealbhú na Gaeilge sna grúpaí fócais	210
6.6 Úsáid na Gaeilge- torthaí an cheistneora: forbhreathnú	211
6.6.1 Minicíocht úsáide agus cumas sa Ghaeilge	213
6.6.2 Minicíocht úsáide agus toilteanas úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna sonracha- torthaí an cheisteora	217
6.6.3 Deiseanna úsáide na Gaeilge i gcathair Chorcaí- torthaí an cheistneora.....	220
6.6.4 Úsáid na Gaeilge: athróa pearsanta	222
6.7 Úsáid na Gaeilge i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais (agus agallaimh leantacha) ..	226
6.7.1 Plé ar mhinicíocht labhairt na Gaeilge sna grúpaí fócais.....	227
6.7.2 Plé ar na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair sna grúpaí fócais.....	228
6.7.3 Plé ar dheiseanna sonracha úsáide na Gaeilge sa chathair sna grúpaí fócais.....	230
6.7.4 Plé ar úsáid sheirbhísí i nGaeilge sna grúpaí fócais	231
6.7.5 Plé ar fheiceálacht na Gaeilge sa chathair sna grúpaí fócais.....	232
6.8 Eolas faoin nGaeilge sa chathair agus deiseanna úsáide na Gaeilge ó agallaimh le daoine sonracha	234
6.9 Dearcadh i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora: forbhreathnú.....	236
6.9.1 Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora	237

6.9.2 Dearcadh i leith na Gaeilge- ráitis shonracha: torthaí an cheistneora	240
6.9.3 Dóchas faoi thodhchaí na Gaeilge- torthaí an cheistneora	242
6.9.4 Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa todhchaí- torthaí an cheistneora	243
6.9.5 Dearcadh i leith na Gaeilge ó athróga pearsanta.....	245
6.10 Dearcadh i leith na Gaeilge i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais (agus agallaimh leantacha)	252
6.10.1 Dearthaí i leith na Gaeilge- grúpaí fócais	253
6.10.2 Athrú i ndearthaí i leith na Gaeilge thar imeacht ama.....	255
6.10.3 Tionchar ag cumas agus úsáid na Gaeilge ar dhearcadh ina leith- grúpaí fócais.....	256
6.10.4 Stiogma faoin nGaeilge- grúpaí fócais	257
6.10.5 An tionchar ag ‘praiticiúlacht’ ar dhearcadh i leith na Gaeilge- grúpaí fócais	257
6.11 Triantánú na dtorthaí.....	258
6.12 Plé.....	264
Caibidil 7. Eolas ar an ‘Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030’ mar a sonraíodh ón obair pháirce	267
7.1 Forbhreathnú	267
7.2 Eolas ar an ‘Straitéis Fiche Bliain’ ceistneoir.....	267
7.3 Eolas ar an’ Straitéis Fiche Bliain’- grúpaí fócais	273
7.4 Agallaimh le daoine sonracha	276
7.5 Plé.....	278
Caibidil a hocht- Tátail	280
8.0 Réamhrá.....	280
8.1 Ceist Taighde a hAon: aidhmeanna na S20B.....	281
8.2 Ceist Taighde a Dó: cur i bhfeidhm na S20B agus bunú na struchtúr feidhmithe	284
8.3 Ceist Taighde a Trí: cur i bhfeidhm na S20B agus faisnéis shochtheangeolaíoch a bailíodh i gcathair Chorcaí	287
8.4 Ceist Taighde a Ceathair: próifíl shochtheangeolaíoch agus eolas a threoródh an S20B amach anseo.....	288
8.5 Críoch	291
Tagairtí	297
Aguisíní.....	331

Do mo mháthair, Maura Brady, 1950-1993

Réamhrá

0.1 Na ceisteanna taighde

Áiríodh an Ghaeilge ar chláir Rialtais na hÉireann i gcónaí ó bhunú an Stáit go dtí an lá atá inniu ann agus feictear iarrachtaí thar na blianta ar an nGaeilge a chothú agus a chur chun cinn sa tír i mbealaí éagsúla. Feictear sin i bhfoirm lárnacht na Gaeilge i gcuraclaim na bunscoile agus na meánscoile, in iarrachtaí ar fhorbairt thionsclaíochta sna ceantair Ghaeltachta, i sainiú na gceantar Gaeltachta, i gcoinníollacha éagsúla teanga a cuireadh ar oibreoirí sa státseirbhís, i reachtaíocht teanga agus eile. Foilsíodh an S20B i mí na Nollag 2010 agus is ar an bplean seo atá tionscnaimh bhuanaithe Gaeilge an rialtais á mbeartú agus á mbeachtú anois. Is toradh í an S20B ar phróiseas comhairliúcháin agus taighde a thosaigh deich mbliana roimh a seoladh nuair a bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta i 2000. Is cás don taighde seo anailís chuimsitheach a sholáthar ar bheartas reatha an rialtais i leith na Gaeilge, ag baint leasa as modhanna measctha. Baintear leas as teicníc laistigh d'anailís ar dhioscúrsa chuige sin- idirthéacsúlacht. Teicníc is ea í seo a bhfuil sé mar aidhm aici naisc idir téacsanna a chíoradh. Le blianta beaga anuas, pléitear ábharthacht na teicníce seo d'iniúchtaí i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga sa mhéid is gur minic go mbíonn sraith téacsanna gaolmhara ar fáil nuair a chruthaítear beartas (idir dréachtaí, iar-bheartais agus beartais reatha eile, mar shamplaí). Anuas air sin, bíonn téacsanna a bhaineann le beartas (agus ní téacsanna scríofa amháin atá i gceist anseo) á bhfrámú ag dioscúrsaí níos leithne. Socraíodh, mar sin, gurbh fhiú don taighde seo stair bheartas an rialtais i leith na Gaeilge a chíoradh mar chomhthéacsú ar an ábhar. Cuireadh samplaí de théacsanna labhartha agus scríofa ábhartha san áireamh san anailís chomh maith.

Dírítear san anailís ar chur i bhfeidhm na S20B sa chéad ocht mbliana dá tréimhse feidhmithe. Deirtear sa S20B go gcuirfí i bhfeidhm í go céimniúil agus sa chéad chúpla céim cuirtear an-bhéim ar bhunú agus ar fheidhmiú na struchtúr feidhmithe agus ar fheasacht a ardú faoin Straitéis. Is ar na céimeanna sin a díríodh san anailís ar chur i bhfeidhm na Straitéise. Tá an taighde a tugadh faoi don tráchtas seo frámhaithe i dtuiscintí an tríú agus an ceathrú ‘tonn’ criticiúil de réimse na pleanála agus na mbeartas teanga. Feictear béim méadaithe le linn na gcastaí criticiúla seo ar na bealaí ina dtugann scoláirí agus taighdeoirí aghaidh ar chúinsí lasmuigh den téacs beartais féin, chun an comhthéacs soch-chultúrtha agus sochtheangeolaíoch a chur san áireamh in anailís ar bheartas teanga. Feictear an tuiscint sa litríocht chomhaimseartha nár chóir neamhaird a dhéanamh de chomhthéacsanna níos logánta agus den tionchar a bhíonn ag pleanáil ag an macra-leibhéal ar iompar teangeolaíoch ag leibhéal níos ísle. Anuas air sin, glactar leis go bhfuil tuiscint ar an bpobal féin a mbeidh tionchar ag beartas teanga orthu riachtanach chun pleanáil teanga éifeachtach a chur i bhfeidhm (Ó hFearnáin, 2006, 2012; Dauenhauer, Dauenhauer, 1998). Díríonn formhór taighde sochtheangeolaíoch na Gaeilge níos minice ná eile ar na ceantair Ghaeltachta seachas ar na ceantair uirbeacha. Úsáidtear modhanna eitneagrafacha sa taighde seo in obair pháirce a tugadh fúithi i gcathair Chorcaí chun eolas a bhailiú maidir le feidhmiú na Straitéise sa chathair agus chun próifíl shochtheangeolaíoch don Ghaeilge sa chathair a chruthú. Roghnaíodh cathair Chorcaí ar roinnt cúiseanna, a pléitear i gCaibidil 6. Is í ceann de na príomhchúiseanna a socraíodh ar an iniúchadh sin a bhunú i gCorcaigh, áfach, ná gurb í an dara cathair is mó sa tír í agus má tá na haidhmeanna uailmhianacha a leagtar amach sa S20B le baint amach déanann sé ciall béim ar leith a chur ar cheantracha na tíre leis na daonraí is mó. Aithníodh bearna sa taighde ar staid

reatha na Gaeilge i gcathair Chorcaí i dtaca le cumas sa Ghaeilge, úsáid na Gaeilge agus dearcthaí ina leith.

Is iad na ceisteanna taighde a iniúchtar sa tráchtas seo, mar sin, ná:

1. Conas a thugann an S20B aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le cothú agus le leathnú úsáid na Gaeilge sa tír?
2. An bhfuil an S20B á cur i bhfeidhm go héifeachtach?
3. Cad a léireodh faisnéis shochtheangeolaíoch ó cheantar uirbeach faoi leith (cathair Chorcaí) faoi chur i bhfeidhm na S20B go dtí seo?
4. An bhféadfadh an fhaisnéis shochtheangeolaíoch sin eolas a sholáthar a threoródh an S20B amach as seo?

0.2 Struchtúr an tráchtais

Tá an taighde seo lonnaithe i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga, réimse a forbraíodh ó na 1950í agus atá á fhorbairt ó shin i leith. Os rud é gur cás don taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar bheartas teanga reatha Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge, tugtar forbhreathnú i g**Caibidil 1** ar stair agus ar phríomhmhúnláí an réimse seo. Ó bhunú an réimse i leith, tá téamaí a bhaineann le teangacha mionlaigh go sonrach, mar shampla le hathneartú teanga, le bagairtí do theangacha agus le cearta teanga, á bplé go mion sa litríocht acadúil. Feictear forbairtí teoiriciúla thar na blianta sa réimse, forbairtí a mbíonn tionchar acu ar mhodhanna taighde chomh maith. Baineann modheolaíocht an taighde don staidéar seo leis an tríú agus leis an gceathrú ‘tonn’ de réimse na pleanála agus na mbeartas teanga go príomha

agus pléitear sa chaibidil seo na hathruithe treorach sa réimse a stiúraigh athruithe modheolaíochtúla mar sin.

I g**Caibidil 2** pléitear stair bheartas Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit. Tá an tuiscint nach maireann beartas teanga i bhfolús lárnach sa taighde seo; bíonn tionchar ag rudaí seachtracha lena n-áirítear beartais a tháinig roimhe ar aon bheartas nua a seoltar. Tá litríocht chuimsitheach ar fáil ar bheartais an rialtais i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit go dtí thart ar na 1990í (Ó Riain, 1994; Ó Laoire, 1996; Ó Riagáin, 1997; Ó Murchú, 2001; Walsh, 2002). Is í an S20B beartas reatha an rialtais i leith na Gaeilge agus is ar an Straitéis seo a bheidh tionscnaimh don Ghaeilge á mbeartú agus á mbeachtú go dtí 2030. Soláthraíonn an chaibidil seo comhthéacs don anailís ar an S20B i bhfoirm scagadh ar bheartais don Ghaeilge a tháinig roimpi.

Baintear leas as meascán de mhodhanna sa taighde seo chun an S20B a chíoradh. I g**Caibidil 3** pléitear an chreatlach theoriciúil d'úsáid na teicnící taighde a roghnaíodh. Baintear leas as meascán de mhodhanna anailíse ar dhioscúrsa (trí úsáid teicníc na hidirthéacsúlachta) agus eitneagrafacha chun an S20B a mheas. Leagadh béim ar ábharthacht teicnící eitneagrafacha d'iniúchtaí ar bheartais teanga ó luathbhlianta an réimse. Tá níos mó airde le fiche bliain anuas ar an tairbhe a bhaineann le modhanna anailís ar dhioscúrsa chun pleananna agus beartais teanga a scrúdú go mion. Molann Johson (2015) agus eile úsáid theicnící eiteagrafacha agus anailís ar dhioscúrsa i dteannta a chéile mar uirlisí taighde in anailís ar bheartas teanga os rud é go gcomhlánaíonn na teicnící sin a chéile i staidéir mar seo.

Mínítear i g**Caibidil 4** cur chuige an staidéir seo agus na modhanna taighde agus anailíse a mbaintear leas astu sa taighde. Soláthraítear anailís idirthéacsúil ar an S20B mar

chuid den taighde seo agus pléitear na céimeanna éagsúla a tugadh fúthu chuige sin. Anuas air sin, tugadh faoi obair pháirce i gcathair Chorcaí a raibh ceistneoir, agallaimh leath-struchtúrtha, grúpaí fócais agus agallaimh leantacha mar chuid di. Pléitear réasúnú úsáid na modhanna éagsúla sin anseo, chomh maith leis na bealaí ar roghnaíodh rannpháirtithe do na codanna éagsúla den obair pháirce.

I g**Caibidil 5** soláthraítear anailís idirthéacsúil ar an S20B. Déantar sin trí scagadh a dhéanamh ar théacsanna ábhartha a roghnaíodh ó théacsanna agus ó thuairiscí rialtais, óna meáin chumarsáide, ó dhíospóireachtaí Dála agus ó bheartais ábhartha eile. Éascaíonn anailís idirthéacsúil naisc sheachliteartha a chur san áireamh san anailís chun pictiúr cuimsitheach a sholáthar. Lárnach sa chur chuige seo is ea an tuiscint go mbíonn beartais teanga ag brath ar naisc idirthéacsúla agus idirdhioscúrsacha le téacsanna beartais agus dioscúrsaí reatha agus le téacsanna agus dioscúrsaí a tháinig roimhe.

Baineann **Caibidil 6** agus **Caibidil 7** leis an obair pháirce a tugadh faoi i gcathair Chorcaí. Bhí dá aidhm leis an obair pháirce seo. Ar an gcéad dul síos tugadh faoi phróifíl shochtheangeolaíoch don Ghaeilge sa chathair a chruthú (**Caibidil 6**). Chuige sin, scrúdaíodh cumas, úsáid agus dearcadh i dtaca leis an nGaeilge i gcathair Chorcaí ó thorthaí an cheistneora, na ngrúpaí fócais agus na n-agallamh. Is í cuspóir na S20B ná forbairtí a chur a dhéanamh ar an trí thoisce seo chun leas na Gaeilge. Rinneadh triantánú ar na torthaí a tháinig chun cinn agus pléitear impleachtaí na faisnéise don S20B. An dara aidhm leis an obair pháirce ab ea faisnéis a bhailiú ar an S20B go sonrach ó na rannpháirtithe. Déantar scagadh ar an eolas a bailíodh chuige sin i g**Caibidil 7**. Pléitear na tátail a tháinig chun cinn ón taighde i g**Caibidil 8**.

0.3 Scóip an Taighde

Maidir le scóip an taighde seo, is fiú ag an bpointe seo aidhm an taighde agus na teorainneacha a bhaineann leis an taighde a leagadh síos. Os rud é gur straitéis reatha Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge is ea an S20B, agus go mairfidh tréimhse na straitéise go ceann dhá bhliain déag eile, ní féidir torthaí deireanacha na Straitéise a phlé agus a mheas go sonrach anseo. Is féidir, áfach, anailís a dhéanamh ar an Straitéis féin agus ar a cuid aidhmeanna. Is féidir, leis, iniúchadh a dhéanamh ar conas atá an rialtas tar éis tabhairt faoina cur i bhfeidhm go dtí an pointe seo agus ar théamaí tábhachtacha áirithe atá tagtha chun solais. Is féidir chomh maith moltaí a dhéanamh a d’eascair as an taighde agus as torthaí an taighde faoi thodhchaí na S20B. Anuas air sin, os rud é gur Straitéis náisiúnta fad-téarmach de chuid an Rialtais a bhí i gceist bhí gá le gnéithe ar leithligh a roghnú mar ábhair spéise chun anailís níos cúramaí agus níos mine a sholáthar. Roghnaíodh go bhféachfaí ar chás na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, mar sin, os rud é gur díriodh neart taighde cheana féin ar fhorbairtí agus ar conas a phléitear leis an nGaeilge laistigh den chóras oideachais. Cé go bhfuil an-bhéim sa S20B, mar is cóir, ar na ceantair Ghaeltachta, ní phléitear na forbairtí a rinneadh go dtí seo sna ceantair úd (de dheasca na Straitéise) go mion os rud é nárbh cás don taighde seo sin a dhéanamh. Bhí constaicí ag baint leis an iniúchadh ar Chathair Chorcaí chomh maith, mar gheall ar líon na ndaoine a bhí i gceist agus bhí gá le smaoineamh ar na bealaí ab fhearr chun ionadaíocht cheart a dhéanamh, mar a phléitear i gCaibidil 4 (cur chuige).

Caibidil 1. Réimse na Pleanála agus na mBeartas teanga: Na Príomhfhorbairtí

1.1 Forbhreathnú

Is í aidhm na chéad chaibidle seo ná forbhreathnú a thabhairt ar phríomh-ghnéithe na pleanála teanga agus na mbeartas teanga trí scagadh a dhéanamh ar na téarmaí sin agus ar fhorbairtí sa réimse acadúil. Déantar sin trí léirmheas ar an litríocht a bhaineann leis an ábhar ar mhaithe le comhthéacs agus cúlra a sholáthar don tráchtas. Pléitear teacht chun cinn réimse na pleanála teanga mar réimse acadúil fhoirmeáilte i lár an fichiú haois, na múnlaí a forbraíodh agus an t-athrú treo sa léann óna 1990í. Pléitear an t-ardú béime le blianta beaga anuas ar thionchar an nualibrálachais i gcomhthéacs na pleanála teanga mionlaí agus i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh. Anuas air sin, pléitear an trí príomhchreatlach a forbraíodh chun beogacht teanga a mheá agus coincheapa a bhaineann le haisiompú teanga mar ghnéithe den phleanáil teanga a bhaineann go sonrach le pleanáil teanga do theangacha mionlaigh.

1.2 Pleanáil teanga agus beartas teanga- scagadh ar na téarmaí

Is é atá faoi chaibidil nuair a labhraítear ar ‘phleanáil teanga’ de ghnáth ná gníomhaíochtaí comhfhiosacha a dtugtar fúthu chun stádas, foirm nó feidhm theanga a athrú i slí éigin. Nuair a thugtar faoi ghníomhaíochtaí pleanála teanga, déantar iarracht ar ionad nua do theanga a chruthú sa tsochaí, rud a fhágann gur comhartha é ar athrú suntasach polaitiúil sa phobal urlabhra (Ó hIfearnáin, 2006: 1). Bhí pleanáil ar siúl i leith theangacha an domhain i bhfad siar trí stair an chine daonna. Feictear samplaí ar iarrachtaí níos córasaí agus níos follasaí den phleanáil sin ón 16ú haois i leith le bunú na n-acadamh teanga ar an mór-roinn, an *Accademia della Crusca* (1583) agus an *Academie Francaise* (1634), mar shamplaí. Díríodh go mór sna

hacadaimh teanga luatha seo ar athruithe a chur i bhfeidhm ar ghnéithe inmheánacha na teanga, .i. ar fhoirm na dteangacha féin. Mar chuid d’obair na n-acadamh, tugadh faoi roghnú foirme agus códú (mar a chuir Haugen agus eile síos ar na gníomhaíochtaí seo níos déanaí) agus chuathas i mbun foclóirí a fhorbairt agus caighdeánú a dhéanamh dá dteangacha. Ba chás leis na hacadaimh ‘glaineacht’ a dteangacha a chaomhnú agus fágadh focail ar lár ó na chéad fhoclóirí má b’fhocail ísle nó béarlagair a bhí iontu dar leis na bailitheoirí (Battye & Hintze, 1992: 25). Mar a luadh, glactar go forleathan anois go mbaineann an phleanáil teanga le gníomhaíochtaí meáite a ndéantar go comhfhiosach chun iompar teangeolaíoch pobail a athrú i slí éigin. Is minic go mbíonn pleanáil teanga follasach agus go mbíonn plean teanga scríofa síos. Samhlaítear fíis theangeolaíoch nua don teanga agus do lucht a labhartha sa phleanáil teanga. Ba é an sainmhíniú a sholáthraigh Cooper, agus ceann de na sainmhínte is leithne agus is coitianta ar phleanáil teanga, ná: *‘deliberate efforts to influence the behaviour of others with respect to the acquisition, structure or functional allocation of their language codes’* (1989: 45). Ar mhaithe le treoir a fhorbairt chun cur síos níos fearr a dhéanamh ar an bpleanáil teanga agus chun anailís chomparáideach idir múnlaí pleanála teanga a éascú, sholáthraigh Cooper (1989: 31) an ‘scéim chuntóireachta’ seo a leanas do ghníomhaíochtaí na pleanála teanga: *‘what actors attempt to influence what behaviours, of which people, for what ends, under what conditions by what means, through what decision-making process and with what effect’*. Léirítear sa chur síos sin an chastacht a bhaineann leis an bpleanáil teanga agus gur rud dinimiciúil agus comhtháite é a fheidhmíonn laistigh de réimsí tionchair trasnacha áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda.

Ba choitianta gur thug údaráis na náisiún nua-neamhspleácha sa luath-fichiú haois faoi theangacha náisiúnacha a bhunú agus a chur chun cinn mar fhórsaí aontais. Ní thugtar faoin

bpleanáil chun leasa teangacha i gcónaí, áfach, agus is féidir bás teanga a phleanáil chomh maith. Tugadh faoin saghas pleanála seo san Aontas Sóivéadach, mar shampla, mar iarracht ar theangacha réigiúnacha a dhíothú ar mhaithe le haontacht an Aontais a dheimhniú. Bhí an-bhéim ar chaighdeánú na Rúisise sa phleanáil teanga, córas a chruthaigh cultúr teanga a bhí thar a bheith údarásaíoch, le ríthábhacht ar na noirm a bhí inghlactha. Is tréith ar leith de theoiric pholaitiúil Angla-Mheiriceánach, nuair a phléitear cearta daonna i náisiún-stáit nua-aimseartha, an t-áiteamh gur fhadhb bhunúsach í ilghnéitheacht theangeolaíoch do chumarsáid éifeachtach agus i dtaca le hinghluaiseacht chainteoirí teangacha mionlaigh (May, 2015b: 50). Léirítear fáil ar theangacha cumhachtacha móra mar ‘réiteach na faidhbe’ chun deiseanna méadaithe a sholáthar. Feictear an idé-eolaíocht seo go lom sa ghluaiseacht ‘*English Only*’ nó ‘*Official English*’ i Meiriceá (Gonzalez, Melis: 2012). Uaireanta tarlaíonn sé chomh maith go bhfaigheann teanga amháin i sochaí níos mó cumhachta ar aimhleas teanga eile, mar fhotháirge ar phleanáil teanga. Tarlaíonn sin nuair a bhronntar stádas oifigiúil ar theanga in ainneoin úsáid iarbhír na teanga sin sa tsochaí (Kochenov, de Varennes, 2015: 58).

Ní bhíonn beartas teanga chomh follasach sin i gcónaí. Phléigh Shohamy (2006: 49) an t-idirdhealú idir phleanáil agus beartas agus luaigh sí ‘smacht’ ina cur síos ar phleanáil teanga. Dar léi, ní bhíonn ionchur ag an duine aonair sa phleanáil agus déanann pé bord rialaithe atá i gceist na cinntí faoin eolas a sheachnófaí chomh maith leis an modh seachadta féin. Dar le Shohamy (*Ibid.*) ní bhíonn beartas teanga chomh crioscaíolach agus is iad na prionsabail a ghabhann le húsáid teanga is mó a bhíonn faoi chaibidil. D’fhorbair sochtheangeolaí eile, Bernard Spolsky, an coincheap seo arís agus shaothraigh sé a mhúnla féin don bheartas teanga i 2004. Dar leis, bíonn trí chomhpháirt i mbeartas teanga aon phobail urlabhra, .i. na cleachtais teanga sa phobal (an teanga/ cineál teanga a roghnaíonn baill den phobal óna repertoire),

creidimh/idé-eolaíochtaí teanga an phobail (creidimh faoin teanga agus a húsáidí) agus an tslí a ndéantar an dá rud sin a bhainistiú (2004: 5). Is ionann an bhainistíocht sin agus an tslí a dtéitear i mbun pleanála chun tionchar a imirt ar na cleachtais nó ar na creidimh sin. Ar an gcuma chéanna, bhí beartas teanga mar chuid de phobail urlabhra i gcónaí. Déanann daoine rogha gach lá maidir leis an teanga nó na teangacha a úsáideann siad, ní hamháin ó thaobh na príomhtheanga labhartha de ach ó thaobh roghnú focal, tuine, stíle agus mar sin de. Is beartais iad na roghanna sin, bíodh siad intuigthe nó follasach. Cé nach scríobhtar beartas teanga síos de ghnáth, bíonn tionchar láidir aige ar chleachtais teanga. Ní bhíonn beartas teanga follasach ag leibhéal an stáit i gcónaí, go háirithe i dtíortha ina bhfuil Béarla i réim sa lá atá inniu ann. Ní shamhlaítear gá uaireanta beartas oifigiúil a chur in áit ag leibhéal an stáit ach is féidir fíorbheartas na ndaoine a thuiscint ó chleachtas teanga na ndaoine. Áitíonn Eastman (1983: 6) go mbíonn beartas teanga i bhfeidhm i ngach aon sochaí, ach os rud é go mbíonn na beartais sin inghlactha is minic nach ndéantar pleanáil teanga dá réir i gcónaí. Nuair a leag Spolsky (2004) amach a ghréasán tuairimí coincheapúla do theoiric an bheartais teanga, d'aibhsigh sé an rud nach leis na húdaráis amháin an beartas teanga ach leis an bpobal urlabhra. Is cinnte go bhféadfadh beartas teanga ag leibhéal an stáit tionchar a imirt ar chleachtas teanga i dtír nó i bpobal trí thionchar a imirt ar dhearcthaí na ndaoine i leith theangacha na tíre. Dar le Ó hÍfearnáin go bhfuil nádúr an bheartais níos caolchúisí ná nádúr na pleanála teanga:

..baintear leas as an téarma pleanáil teanga nuair is údarás nó smacht atá i gceist agus socruithe á gcur i bhfeidhm. Murab ionann agus pleanáil teanga, tuigtear anois go mbaineann beartas teanga le húsáid na teanga ó thaobh an phobail de, agus an dóigh a ndéantar an t-iompar sin a stiúradh. (2006: 7)

Cé go bhfeictear beartas follasach i gcáipéisí scríofa, cáipéisí reachtaíochta agus mar sin de, is minic go mbíonn beartas intuigthe ó chleachtais teanga na ndaoine i mbealach eile. Ó theacht

chun cinn an disciplín acadúil, soláthraíodh go leor sainmhínte agus léirmhínte ar choincheap na pleanála agus na mbeartas teanga (Féach Haugen (1966), Rubin & Jernudd (1971), Cooper (1989), Haarmann (1990), Hornberger & McKay (1996), Kaplan & Baldauf (1997), Spolsky (2004), i measc údar eile). Feictear fós sa litríocht acadúil go n-úsáidtear na téarmaí ‘pleanáil teanga’ agus ‘beartas teanga’ go hidirmhalartach uaireanta ach déantar iarracht le tamall de bhlianta anuas ar an idirdhealú idir na téarmaí seo a shoiléiriú. Áitíonn Deumert (2001: 644) go gcuireann beartas teanga síos ar na spriocanna polaitiúla agus sochtheangeolaíocha atá intuigthe i ngníomhaíochtaí agus i mbearta na bpleanálaithe teanga. Rud nár athraigh ón tús is ea an tuiscint gur gníomh feidhmeach is ea sa phleanáil teanga. Chuir Haugen síos uirthi mar ‘*this practical application of linguistic knowledge*’ (1959: 109). Tarlaíonn pleanáil teanga i suíomhanna sochtheangeolaíocha ar leith agus ní thuigtear nádúr agus scóp na pleanála go hiomlán ach i gcomhthéacs an tsuímh sin amháin.

1.3 An phleanáil teanga agus an tsochtheangeolaíocht fheidhmeach

Bhíodh sé de nós ag Joshua Fishman an tsochtheangeolaíocht fheidhmeach a thabhairt ar an bpleanáil teanga. Sna 1960í d’eascair léann na sochtheangeolaíochta comhaimseartha as an méadú suime sa chomhthéacs sochaíoch den phleanáil teanga. Tugtar aitheantas do na scoláirí Meiriceánacha William Labov, Joshua Fishman, Charles Ferguson, John Gumperz agus Dell Hymes agus don scoláire Briotanach Basil Bernstein mar phríomhbhunaitheoirí an léinn. Céad bliain roimhe sin, labhair Whitney faoin gceangal idir theanga agus an tsochaí ina maireann sí sna 1860í. Seo thíos ráiteas de chuid Whitney a bhain Saussure leas as go minic ina chuid léachtaí:

Speech is not a personal possession but a social: it belongs, not to the individual, but to the members of society. No item of existing language is the work of the individual; for what we may severally choose to

say is not language until it is accepted and employed by our fellows. The whole development of speech, though initiated by the acts of individuals, is wrought out by the community. (Tagartha ag Joseph, 2002: 107)

Mar iarracht ar dhul i ngleic le stair na sochtheangeolaíochta, tarraingíonn Koerner (1991: 62) líne ó smaointeoireacht Whitney go Saussure go Meillet go Martinet go Weinreich go Labov. Dar ndóigh, is annamh a fhorbraítear coincheap i líne shimplí mar sin agus aithnítear scolairí eile chomh maith a phléigh an t-ábhar céanna idir an dá linn. Scríobh Bloomfield (1935: 42) caibidil iomlán ina leabhar ‘*Language*’ ar phobail urlabhra, mar shampla, agus aithnítear tionchar daoine eile ar thuairimí Whitney chomh maith (Joseph, 2002: 108). Dar le Rubén (2013: 23), iarracht a bhí sa tsochtheangeolaíocht chomhaimseartha dul i gcoinne teibithe teanga Chomsky sna 1950í agus sna 1960í. Chreid Chomsky gur bua inbheirthe í teanga don chine daonna agus bhí sé den tuairim go bhféadfadh teangeolaithe dul i ngleic le struchtúir chasta teanga fiú mura bhfuil ábhar bríoch ann. Chum sé an abairt ‘*colourless green ideas sleep furiously*’ (1957) chun a théis a chur in iúl, abairt a bhfuil ciall ghramadúil leis ach nach bhfuil ciall leis ó thaobh brí de. Chuir cur chuige Chomsky go mór leis an teoiric ar chomhréir agus ar fhóineolaíocht ach tuigeadh do scolairí áirithe ag an am nach bhféadfadh an teibiú sin, a rinne neamhaird iomlán den tsochaí, teoiric chuimsitheach teanga a sholáthar.

Sa tsochtheangeolaíocht díritear ar an gcaidreamh idir theanga agus sochaí agus ar athróga sóisialta an chainteora agus an phobail urlabhra. Má dhíritear ar ghnéithe inmheánacha na teanga sa teangeolaíocht is cás leis an tsochtheangeolaíocht na gnéithe seachtracha a imríonn tionchar ar theanga agus ról na teanga i gcomhthéacs na sochaí. Mar a deir Spolsky (1998: 4): ‘*It [an tsochtheangeolaíocht] must go beyond language and bring in social context...the speech event.*’ Fad is a bhí an réimse ag fás, in imeacht ama nochtadh foréimsí

agus speisialtóireachtaí ar leith. Uaireanta déantar idirdhealú idir an mhacra-shochtheangeolaíocht agus an mhicrea-shochtheangeolaíocht agus áitítear gurb ionann an tsochtheangeolaíocht agus micrea-shochtheangeolaíocht, agus ‘socheolaíocht na teanga’ agus macra-shochtheangeolaíocht. Mar a thugtar le fios ón téarma féin baineann an mhicrea-shochtheangeolaíocht le comhthéacsanna níos lú, leibhéal an duine aonair de ghnáth. Is cás don mhicrea-shochtheangeolaíocht, mar shampla, na roghanna a dhéanann daoine idir athrógá moirfeolaíochta, foghraíochta agus comhréireacha agus baineann sé le hanailís ar chomhrá agus le stíleanna éagsúla cainte an duine. Cur chuige tuairisciúil is ea é a chuireann síos ar an éagsúlú sa chaint. Cé go bhfuil forluí ann, baineann an mhacra-shochtheangeolaíocht níos mó leis an tsochaí go ginearálta. Déantar taighde sa mhacra-shochtheangeolaíocht ar phleanáil agus ar bheartas teanga chomh maith le ról agus feidhmeanna na teanga sa tsochaí. Is féidir leis an macra-shochtheangeolaíocht impleachtaí feidhmiúla a nochtadh agus óna 1970í i leith ba mhínic a thug Joshua Fishman agus eile an teangeolaíocht fheidhmeach nó an tsochtheangeolaíocht fheidhmeach ar an bpleanáil teanga. Dar le Ó hÍfearnáin gur sainmhíniú úsáideach é sin ar an ábhar ‘*go ndearbhaíonn sé nach féidir aon phleanáil teanga chumasach a chur i bhfeidhm gan an taighde cuí a bheith déanta roimh ré ar chomhthéacs phobal na teanga*’ (2006: 3).

1.4 Pleanáil agus beartas teanga mar réimse acadúil

Aithníonn Ricento (2000) trí thréimhse (nó trí thonn) i dteacht chun cinn an réimse ar a tugtar LPP (*Language Planning and Policy*) sa Bhéarla le cúinsí áirithe sochpholaitiúla agus eipistéimeolaíochta le gach tréimhse. Bíodh is go dtéann beartas teanga agus pleanáil teanga i bhfad siar i stair an chine daonna, agus go raibh gníomhaíochtaí pleanála agus gníomhaíochtaí a raibh tionchar acu ar bheartas teanga ar bun ag leibhéal stát agus impreachtaí le fada, is réimse

acadúil sách nua é réimse na pleanála agus na mbeartas teanga. Ardaíodh ceisteanna teanga nua ón gcéad cheathrú den fhichiú haois i leith le deireadh ré na n-impreachtaí coilíneacha. Tugadh faoi stádas oifigiúil a bhronnadh ar theangacha éagsúla na dtíortha iarchoilíneacha mar chuid den athchóiriú polaitiúil a tharla sna náisiúin nua-neamhspleácha. Mar a deir Wright (2004: 8): *‘among the many and complex problems left by the colonial powers [was] a requirement to solve the logistics of communication in order to govern...and...to modernize, to provide the minimum needs of the population’*. Theastaigh ó roinnt de cheannairí nua na dtíortha seo go rachadh a dteangacha dúchasacha féin chun cinn arís; arbh theangacha iad a ndearnadh mionlú orthu ar feadh tamaill fhada i gcásanna áirithe (cás na Gaeilge san áireamh). Dhá ghné den phleanáil teanga a bhí chun tosaigh mar sin ab ea caighdeánú agus nua-aoisiú. Comhartha ar athrú cumhachta is ea caighdeánú a dhéanamh ar theanga go minic. Is é an chéad chéim sa réimse dar le Ricento (2000) ná an tréimhse seo sna 1950í agus 1960í agus bhí pairidím struchtúraíoch i bhfeidhm.

Ba é Einar Haugen a bhain leas as an téarma *‘language planning’* den chéad uair sa litríocht acadúil agus é ag trácht ar phróiseas caighdeánaithe na hIoruaise i 1959. Ba chás le Haugen réimsí úsáide na gcineálacha éagsúla teanga a labhraíodh san Iorua agus a bhí in iomaíocht lena chéile ag an am- Bokmal agus Nynorsk- agus stádais choibhneasta a thabhairt dóibh. I mblianta luatha an réimse cuireadh béim ar fhadhbanna teanga i náisiúin iarchoilíneacha a réiteach i slí phragmatach agus phraiticiúil. Mar sin, mar aon le caighdeánú bhí béim ar athruithe foirme a chur i bhfeidhm ar ghnéithe inmheánacha theanga. Feictear sin go soiléir i sainmhíniú Haugen ar an bpleanáil teanga: *‘By language planning I understand the activity of preparing a normative orthography, grammar, and dictionary for the guidance of writers and speakers in a nonhomogeneous speech community’* (1959: 109). Feictear an

tuisceant sa cheithre chéim a chuimsigh Haugen (1972) ina mhúnla pleanála teanga a chuir sé in oiriúint do chúrsaí caighdeánaithe gur glacadh leis ag an am sin go dtarlaíonn pleanáil teanga ón mbarr anuas. An ceithre chéim a bhí faoi chaibidil ná roghnú, códú, glacadh (cur i bhfeidhm) agus leathnú feidhme. Dearadh roghnú agus códú mar ghníomhaíochtaí a dtugtar fúthu ag leibhéal an rialtais agus de réir an mhúnla mar sin, déantar cinntí faoi theangacha agus faoi cad a bhí inmhianaithe maidir le húsáid teangacha ón mbarr anuas. B'ionann 'glacadh' agus cur i bhfeidhm na n-athraithe molta, rud a stiúraíodh arís ag leibhéal na n-údarás. Ba choitianta sa luath-teoiric ar an bpleanáil teanga go ndearnadh neamhaird ar chomhthéacs sochaíoch na teanga nó go raibh sé intuigthe ach gan a bheith luaite go sonrath mar ghné thábhachtach ar leith. Cé gur chuir Haugen an bhéim is mó fós ar an ngné theangeolaíoch, áfach, luaigh sé ról na sochaí sa mhúnla pleanála teanga a chruthaigh sé i bhfoirm mairíse (1966), a pléitear i gCuid 1.5 thíos. D'aithin Haugen go mbeadh an tsochaí freagrach as roghnú noirm agus as glacadh leis an bhfoirm nua den teanga. D'aithin sé ról na sochaí i ndeimhniú na bhfeidhmeanna nua a thabharfaí do na teangacha. Sholáthraigh na luaththeoiricithe bunús tábhachtach substaintiúil don réimse ach cáinte ar go minic an eipistéimeolaíocht phosaitíbeach agus struchtúraíoch cheannasach (Johnson, 2015). Cuireann Tollefson (1991) síos ar an gcur chuige traidisiúnta seo (a bhí tiomanta d'fhadhbanna teanga a réiteach) mar 'nuachlasaiceach' sa mhéid is go raibh idé-eolaíocht neodrach i bhfeidhm agus gurbh é an príomh-aonad anailíse ná an duine aonair le neamhaird ar an gcomhthéacs agus ar an stairiúlachas.

Ón am sin i leith, feictear gur cuireadh arís is arís leis an mbéim sin a leagadh ar an gcomhthéacs sochaíoch den phleanáil teanga. Is í an dara tréimhse a d'aithin Ricento ná na 1970í agus na 1980í le béim nua ar phairidímí taighde criticiúla agus fócas ar éagothroime. Is

iad comharthaí sóirt na tréimhse seo ná teacht chun tosaigh an nuachoilíneachais tar éis teipe ar an nua-aoisiú agus ón taobh eipistéimeolaíoch de, teacht chun cinn na sochttheangeolaíochta criticiúil mar dhúshlán don teangeolaíocht uathrialaitheach. Ag leibhéal straitéiseach, feictear níos mó béime sa tréimhse seo ar an ról atá ag dearcthaí agus creidimh i measc cainteoirí agus pobal urlabhra. Feictear an t-áiteamh arís i measc scoláirí sna hochtóidí nach bhféadfaí teanga a phleanáil i gceart gan an comthéacs sochaíoch a chur san áireamh. Múnlaítear teangacha agus beartais i gcomhthéacsanna sochaíocha ar leith agus bíonn tionchar ag athróa neamhtheangeolaíocha ar theangacha an phobail. Mar a deir Cooper (1989: 177): *‘To understand the impetus for any given instance of language planning, one must understand the general social context in which it is embedded and the history which has provided that context.’* Dhírigh scoláirí sa tréimhse seo ar na himpleachtaí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha a chruthaíonn teagmháil idir theangacha chomh maith agus ba sa tréimhse seo freisin a tháinig foréimsí eile den tsochttheangeolaíocht ar an bhfód- antraipeolaíocht theangeolaíoch agus eitneagrafaíocht na cumarsáide (Hymes) mar shamplaí. In ionad díriú ar theangacha mar aonáin le feidhmeanna sonracha (agus teangacha nó cineálacha teangacha ar leith ceaptha mar theangacha níos oiriúnaí d’fheidhmeanna áirithe), cuireadh fócas ar chaidrimh de phobail urlabhra i gcomhthéacsanna sonracha. Fós feictear an bhéim ar an macra-leibhéal go soiléir ó na sainmhínte a tugadh ar phleanáil teanga le linn na tréimhse seo, mar shampla, seo sainmhíniú Rubin & Jernudd (1971: xvi):

language planning is deliberate language change, that is, changes in the systems of a language code or speaking or both that are planned by organisations established for such purposes or given a mandate to fulfil such purposes.

Dar leis an sainmhíniú seo is gníomhaíochtaí comhfhiosacha amháin a bhíonn i gceist le pleanáil teanga (*‘deliberate language change’*), gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu go follasach,

d'aon ghnó, agus a bhíonn ar siúl ag eagraíochtaí ar leith. Léirítear sa sainmhíniú a sholáthar Tauli (1974: 56) ar an bpleanáil teanga an bhéim sin arís ar ghníomhaíochtaí córasacha, réasúnacha agus eagraithe: '*...the methodical activity of regulating and improving existing languages or creating new common regional, national or international languages.*'

Dar le Ricento (2000) agus Hult & Johnson (2015), tosaíonn an tríú tréimhse ag tús na 1990í le teacht chun tosaigh an oird domhanda nua, imirce daonra ar mhór-scála agus domhandú an chaipitleachais, chomh maith le pairidímí taighde iarnua-aoiseacha agus aird nua ar chearta teanga. Is coitianta go dtugtar an 'casadh criticiúil' ar an tréimhse seo i réimse na pleanála agus bheartais teanga. Pléifear sainthréithe an tréimhse seo níos mó thíos i gcomhthéacs na gcreatlach a forbraíodh thart ar an am seo chun beogacht teanga a mheas. Bhí níos mó airde anois ar an idirphlé idir idé-eolaíochtaí agus dioscúrsaí le próisis pleanála teanga. Tá forbairtí sa réimse ag an am seo fréamhaithe i bpeirspictíocht éiceolaíoch. Cé gur labhair Haugen faoi 'éiceolaíocht teanga' (1972), ba sa tréimhse seo a glacadh leis an múnla éiceolaíoch i mbealach bríomhar agus córasach. Leagadh aird ar leith ar bhás teanga, ar chaomhnú teanga, ar ilghnéitheacht theangeolaíoch an domhain agus ar choincheapa faoi ilteangachas agus faoi theangacha mionlaigh. Bhí níos mó plé ar chúngú na bearna idir theangeolaí agus an suíomh/comhthéacs pleanála féin sa réimse chomh maith. Tarraingíodh naisc idir theanga agus an timpeallacht ina maireann sí agus ardaíodh níos mó airde ar na coincheapa éiceolaíocha a bhaineann le hidirghníomhaíocht, le hidirphlé agus le gréasánú i gcomhthéacs teangacha. Léirigh Muhlhauser réamhghníomhaíocht an chuir chuige i sraith páipéar arbh é an toradh foilsíú an leabhair '*Linguistic Ecology*' (Muhlhauser, 1996):

The ecological metaphor in my view is action oriented. It shifts the attention from linguists being players of academic language games to becoming shop stewards for linguistic diversity, and to addressing moral, economic and other 'non-linguistic' issues. (2)

Maireann teangacha agus beartais teanga i gcomhthéacsanna idirghníomhacha, dinimiciúla agus thar a bheith casta a bhfuil tionchar féideartha comhchoibhneasacha ag modhnú in aon chuid den chomhthéacs sin ar chuid eile. Mar sin, is áiteamh lárnach den tréimhse seo ná go mbíonn tionchar ag an-chuid athróga ar chleachtais teanga an phobail. Tréith eile den ‘tríú tonn’ seo is ea an díospóireacht maidir le conas teacht ar chothromaíocht idir anailísí criticiúla ar dhioscúrsaí agus tuiscint eimpíreach ar áisíneacht ghníomhaithe beartais.

Áitíonn Hornberger (2015: 11) go bhféadfaí an bhliain 2000 a aithint mar bhliain ina raibh casadh nua sa réimse agus gur sa cheathrú tonn de thaighde i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga atáimid anois. Seoladh trí irisleabhar nua i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga in 2000 le taighdeoirí aitheanta sa réimse mar eagarthóirí orthu- *Language Policy* (le Spolsky mar eagarthóir ar dtús agus King & Shohamy anois); *Current Issues in Language Planning* (Kaplan & Baldauf) agus *the Journal of Language, Identity and Education* (Ricento). Thug bunú na n-irisleabhar seo fuinneamh intleachtúil as an nua don disciplín agus ardú béime ar pheirspictíochtaí teoriciúla a bhaineann le domhandú, nua-aoiseachas agus iar-nua-aoiseachas (*Ibid.*). Méadaítear arís sna sainmhínte ar bheartas teanga le fiche bliain anuas an t-aitheantas a thugtar don chomhthéacs sochaíoch sa phleanáil teanga agus don tábhacht a bhaineann le taighde ar an suíomh pleanála féin. Feictear, mar shampla, gur chuir Spolsky (2004) cleachtais teanga san áireamh mar dhlúthchuid ina shainmhíniú ar bheartas teanga. I sainmhíniú McCarty (2011: 8) labhair sí faoin bpróiseas casta soch-cultúrtha a bhaineann leis agus caitheann sí solas ar na cleachtais, idé-eolaíochtaí, dearcthaí agus meicníochtaí a imríonn tionchar ar na cinntí a dhéanann daoine maidir le teanga ina saolta laethúla. Is dhá shainmharc den tréimhse seo, dar léi, ná an teannas idir chur chuige a chuireann

fócas ar an gcumhacht a bhaineann le beartais teanga agus chur chuige a chuireann fócas ar áisíneacht na ngníomhaithe beartais. Feictear ardú tuisceana sa tríú agus sa cheathrú tonn den réimse, má ghlacaimid le míniú Ricento ar na tréimhsí sin, nach dtarlaíonn pleanáil teanga ón mbarr anuas amháin ach go bhféadfadh sé tarlúint ón mbun aníos agus ag gach leibhéal den tsochaí. Cuireann Ricento (2006b: 18) síos ar ghníomhaíochtaí na pleanála teanga mar fhorbairt, mar chur i bhfeidhm agus mar mheasúnú beartais teanga ar leith.

Ní bhaineann disciplín acadúil na pleanála teanga le saol an Bhéarla amháin. Cé gur eascair léann acadúil na pleanála teanga sa Bhéarla ar dtús, tharla forbairtí sa réimse ar mhór-roinn na hEorpa comhthreomhar leis sin. I saol acadúil na Fraincise, rinneadh aistriúchán díreach ar an téarma ar dtús- '*planification linguistique*'- ach ansin iompaíodh ó úsáid an téarma sin mar gheall ar na fochialla diúltacha a ghabh leis an téarma 'pleanáil' de bharr na mbotún móra polaitiúla a rinneadh sna náisiúin nua agus baineadh leas as '*politique linguistique*' ina ionad (Ager, 1995: 3). Leagann Ó hÍfearnáin béim ar an débhríocht san fhocal '*politique*' na Fraincise (2006: 8) a chuimsíonn na focail 'polaitíocht' agus 'beartas', dhá rud a bhí lárnach sa phleanáil teanga ar an mór-roinn le fada an lá. Cé gur fhan an téarma '*politique linguistique*' sa litríocht acadúil ó shin, b'fhéarr do scoláirí eile an téarma '*aménagement linguistique*', téarma a cheap Jean-Claude Corbeil, a bhí páirteach i ndrúchtú an *Charte de la Langue Française* (1977). Tá an téarma sin níos congaráí don téarma '*language management*' an Bhéarla, a scríobh Spolsky go mion faoi. B'fhéarr leis an téarma seo mar chur síos ar idirghníomhaíocht dhíreach agus mheáite chun cleachtas teanga a ionramháil (2004: 8). I dtraidisiúin na Catalóine baineadh leas as an téarma *normalització lingüística* (normalú teanga sa Ghaeilge) agus tugadh faoi fheachtais teanga ar mhaithe le normalú na Catalóinise óna 1980í. Is próiseas é normalú a bhfuil sé mar sprioc aige úsáid teanga a rinneadh imeallú uirthi a

leathnú arís nó a ‘normalú’ fud na réimsí saoil ar fad. Lean traidisiúin eile sampla na Catalóine agus pléitear *normaleiddio'r iaith Gymraeg* sa Bhreatain Bheag agus *euskararen normalizazioa* i dTír na mBascach. I gcomhthéacs na hEorpa, tá an iomaíocht nó an comórtas idir theangacha éagsúla a labhraítear in aon phobal amháin lonnaithe i bhfréamhacha an traidisiúin. I sochaithe ilteangacha bíonn an lámh in uachtar ag teanga amháin i gcónaí agus bíonn fócas difriúil sa phleanáil teanga dá bharr. Is minic i saol an Bhéarla fiú go bhfeictear iarrachtaí chun teacht ar théarmaí nua a oirfeadh níos mó do ghníomhaíochtaí na pleanála teanga, feictear leithéidí bainistiú teanga, innealtóireacht teanga, rialú teanga, srl.

1.5 Múnlaí pleanála teanga

1.5.1 Bunmhúnlaí Haugen agus Kloss- pleanáil an chorpais agus pleanáil stádais

Sholáthraigh Haugen an bunmhúnla don phleanáil teanga i bhfoirm mairíse mar chreatlach agus é ag cíoradh cás na hIoruaise. Mar a chonachthas thuas, ba chás le Haugen caighdeánú a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla teanga a labhraíodh sa tír ag an am. D’aithin sé gur próiseas a bhí ann agus leag sé amach ceithre chéim a shamhlaigh sé a bheith mar chuid den phróiseas sin. Múnla tuairisciúil is ea é, (féach tábla 1.1), agus níl aon ord ar leith ag baint leis na céimeanna (cuireadh na huimhreacha isteach san fhiigiúr ar mhaithe le soiléiriú a ghabhann leis an míniúchán thíos):

	<i>Foirm</i>	<i>Feidhm</i>
<i>Sochaí</i>	(1) Roghnú	(3) Glacadh
<i>Teanga</i>	(2) Códú	(4) Leathnú

Tábla 1.1 Bunmhúnla pleanála teanga- curtha in oiriúint ó mhúnla Haugen (1966: 933)

Baineann roghnú foirme (1) leis na roghanna a bhíonn ag an údarás pleanála maidir leis an teanga a cheapfaí mar theanga oifigiúil na tíre nó mar theanga a d'úsáidfí i réimsí saoil ar leith. Roghnaítear teanga mar theanga oifigiúil de bharr cúiseanna éagsúla. I bhformhór na dtíortha ina n-aithnítear Béarla mar theanga oifigiúil iontu, ní hé an Béarla an phríomhtheanga labhartha iontu. Ceapadh Béarla mar theanga oifigiúil i go leor tíortha iar-choilíneacha a bhuí leis an ngradam a samhlaíodh leis an teanga. Feictear an rud céanna le teangacha na n-iar-chumhachta coilíní eile, mar shampla Fraincis, Spáinnis agus Portaingéilis. I stáit eile roghnaítear an teanga labhartha is coitianta i measc mhuintir na tíre, déantar í a chaighdeánú agus bunaítear an caighdeán ar an bhfoirm den teanga is mó a labhraítear. Baineann códú na foirme (2) leis na rialacha a forbraítear ar mhaithe le leanúnachas agus le bunú na noirm theangeolaíocha. Leagtar na rialacha síos agus bítear ag súil go nglacfar leo mar fhoirmeacha inghlactha gramadaí, litrithe, foclóra agus stíle. Is faoin bpobal atá sé glacadh leis an gcaighdeán nua/ leis an bhfoirm nua den teanga (3). Baineann an chéim seo le scaipeadh na teanga agus is minic a bhaintear leas as feachtais mhargaíochta chun an fhoirm nua den teanga a chur in iúl agus a leathnú. Tugtar feidhm don teanga i réimsí oifigiúla, mar shampla sa chóras dlí chomh maith, rud a chuireann le fonn na ndaoine í a labhairt. Baineann leathnú feidhme (4) leis an bpróiseas ina leathnaítear feidhmeanna na teanga tríd an teanga a chur in oiriúint do na feidhmeanna éagsúla sin. Baineann nua-aoisiú na teanga agus cruthú téarmaí agus focail nua leis an gcéim seo gur próiseas leanúnach é a bhfuil sofaisticiúlacht mhéadaithe na teanga mar thoradh air.

Bhí an-tionchar ag bunshaothar Haugen ar mhúnlaí a tháinig ina dhiaidh. Chuir Heinz Kloss (1969) leis an múnla, mar shampla, i múnla tuairisciúil eile a chruthaigh seisean. Mhol sé go bhféadfaí déscaradh soiléir a dhéanamh sa mhúnla, os rud é go raibh dá thaobh ar leithligh

le haithint sa phleanáil teanga, .i. pleanáil chorpais agus pleanáil stádais. Dar le Kloss, baineann pleanáil chorpais le cúrsaí teangeolaíocha agus ortagrafacha, na gnéithe ar a leagadh an bhéim ó laethanta luatha na réimse seo. Baineann pleanáil chorpais le hathruithe a chur i bhfeidhm ar nádúr na teanga féin. Baineann sé, mar sin, le caighdeánú, foclóireacht, córais fuaimnithe, cúrsaí téarmaíochta agus mar sin de. Os a choinne sin, ní phléann pleanáil stádais le struchtúr na teanga in aon chor. Baineann sé le seasamh na teanga sa tsochaí agus le réimsí úsáide na teanga. Foilsíodh leagan leasaithe de mhúnla Haugen i 1983 agus ba léir go ndeachaigh déscaradh Kloss i bhfeidhm air sin. Soláthraíodh míniú níos cuimsithí ar an idirdhealú idir pleanáil teanga ó thaobh na teanga féin de agus ó thaobh na sochaí de. Léirítear i ndéscaradh Kloss dhá ghné den teanga, gnéithe a bhfuil gá le hiad a stiúradh mar chuid de ghníomhaíocht na pleanála teanga: an teanga mar chóras d'eilimintí teangeolaíocha ar thaobh amháin (corpas nó 'corp' na teanga) agus an teanga mar institiúid shóisialta ar an taobh eile agus mar mhodh cumarsáide. Ach cé gur pléadh le pleanáil chorpais agus pleanáil stádais mar dhá ghné ar leith den phleanáil teanga go coincheapúil, is cinnte go mbíonn idirphlé eatarthu agus nach bhféadfaí neamhaird a dhéanamh de ghné amháin i bpleanáil chuimsitheach. Tá na gnéithe éagsúla seo den phleanáil teanga fite fuaite lena chéile agus bíonn tionchar acu ar a chéile.

1.5.2 Pleanáil an insealbhaithe agus pleanáil an ghradaim

Díríodh go príomha ar an dá ghné sin den phleanáil teanga ar feadh fiche bliain go dtí gur leathnaigh Cooper (1989) agus Haarmann (1990) na coincheapa arís (Ó hIfearnáin, 2006: 5). Tugadh isteach dhá choincheap nua thart ar an am seo- pleanáil an insealbhaithe agus pleanáil an ghradaim. Tá an dá ghné seo den phleanáil teanga thar a bheith ábhartha agus tábhachtach i gcás theangacha mionlaithe go háirithe, cosúil leis an nGaeilge, os rud é *'[nach] leor an caighdeán oifigiúil a chur ar fáil agus ardú stádais a thabhairt don teanga mura gcuirtear le*

líon phobal a labhartha' (Ibid.) Pléitear an phleanáil teanga in Éirinn ó bhunú an Stáit i gCaibidil 2 ach is cinnte go raibh béim ar leith ar phleanáil an insealbhaithe sa tír agus fócas as cuimse ar an gcóras oideachais mar mheicníocht sealbhaithe na Gaeilge. Cuireadh béim ar leith ar phleanáil an stádais i leith na Gaeilge chomh maith agus tá an-chuid tacaíochta don Ghaeilge i gcomparáid le mionteangacha eile. Mar shamplaí- an stádas oifigiúil a bhronntar ar an nGaeilge i mBunreacht na hÉireann agus reachtaíocht don Ghaeilge in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Rinne Haarmann idirdhealú, áfach, idir phleanáil an stádais agus pleanáil an ghradaim, os rud é go bhfuil difríocht mhór idir stádas agus feidhm oifigiúil a thabhairt do theanga agus bá iarbhír (agus idé-eolaíocht dhearfach) a chruthú i measc phobail don teanga agus do na hiarrachtaí agus na gníomhaíochtaí atá ar bun chun í a chur chun cinn. Ní leor plean cuimsitheach a chur le chéile agus na struchtúir feidhmithe a chur in áit gan daoine a mhealladh chun glacadh leis an bplean agus leis na hiarrachtaí- *'not only the content of planning activities is important but also the acceptance or rejection of planning efforts'* (Haarmann, 1990: 105). Fágann sin go bhfuil sé tábhachtach taighde a dhéanamh ar an bpobal féin- na daoine a mbeidh tionchar ag an bplean orthu.

1.6 Comhthéacs domhanda na pleanála teanga- éagsúlacht theangeolaíoch agus pleanáil teanga do theangacha mionlaigh

Pléitear an léargas idirnáisiúnta sa S20B maidir leis an bhfiúntas a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch an domhain (Rialtas na hÉireann, 2010: 5). Tugann eolas ar theangacha an domhain agus ar an ilghnéitheacht ina measc léargas ar na himpleachtaí ar mhór-scála a bhaineann le comhthéacsanna pleanála teanga ag leibhéal níos lú. Meastar go labhraítear idir 6,000 agus 7,500 teanga timpeall an domhain. Tá sé deacair uimhir bheacht a chur air os rud é go bhfuil easpa aontachta faoi cad is teanga ann agus easpa critéire shoiléir chun

idirdhealú a dhéanamh idir teangacha agus canúintí. Is minic sa teangeolaíocht go ndéantar an t-idirdhealú sin ar bhonn comhintuigtheachta (Austin, Sallabank, 2011: 3; Hudson, 1996: 35; Pereltsvaig, 2012: 4). Is é sin le rá, más féidir le lucht labhartha chineál teanga amháin cineál teanga eile a thuiscint (gan í a bheith foghlamtha), glactar leis gur canúintí den teanga chéanna atá iontu. Bíonn sé deacair uaireanta an t-idirdhealú idir teanga agus canúint a dhéanamh, áfach, mar gheall ar fheiniméan ar a tugtar an ‘contanam canúna’ (Trudgill, 2003: 35; Wardaugh, Fuller, 2015: 39), nuair a labhraítear canúintí éagsúla thar ceantar tíreolaíoch ar leith. Is minic nach mbíonn ach difríochtaí teangeolaíocha beaga idir na canúintí a labhraítear sna ceantair in aice lena chéile nó cóngarach dá chéile ach bíonn difríochtaí níos mó (agus níos lú comhintuigtheachta) idir na canúintí(/teangacha) is faide óna chéile ar an gcontanam. Thar imeacht ama tagann iar-chanúintí chun cinn mar theangacha leithligh agus faigheann teangacha eile bás- rud a chuireann tomhas cruinn a d’fhéadfaí a dhéanamh faoin líon teangacha ar domhan as riocht. Is minic go nglactar leis an ‘*Ethnologue*’, a fhoilsíonn *SIL International*, mar an fhoinse is cuimsithí ar an ábhar. Eagraíocht neamhbhrabúis chríostaíoch é *SIL International* a bunaíodh i 1934. Bhailigh *SIL International* a lán eolais luachmhar faoi theangacha an domhain ó am a bhunaithe mar fhotháirge dá n-aistriúcháin ar an mBíobla. Dar leis an eagrán reatha den ‘*Ethnologue*’ (2017) go bhfuil 7,097 teangacha beo (i gcomparáid le 7,102 i 2015), cé go n-aithnítear i réamhrá an 16ú eagrán nach féidir brath go hiomlán ar fhigiúirí mar sin mar gheall ar na cúiseanna thuasluaite: ‘*Because languages are dynamic and variable and undergo constant change, the total number of living languages in the world cannot be precisely known*’ (2009: 7).

Ach fiú má mhaireann an éiginnteacht seo, rud a d’fhéadfaí a rá go húdarásach is ea go bhfuil i bhfad níos mó teangacha ná tíortha ar domhan agus luíonn sé le réasún, mar sin, go

labhraíonn líon suntasach daoine ar domhan níos mó ná teanga amháin. Is cinnte nach bhfuil dáileadh na dteangacha ar domhan cothrom ó thaobh tíreolaíochta de ná ó thaobh líon na gcainteoirí de. Dar le Pereltsvaig (2012: 12), is é an líon meánach cainteoirí teanga sa lá atá inniu ann ná 6, 000. Fágann sin go bhfuil thart ar leath na dteangacha ar domhan á labhairt ag níos mó ná 6,000 duine agus thart ar leath díobh á labhairt ag níos lú ná 6,000 duine. Meastar go bhfuil timpeall is 5% de theangacha an domhain á labhairt ag 94% de dhaonra an domhain agus an 95% eile á labhairt ag 6% de dhaoine (Grenoble, 2011: 28). Déantar nasc i measc scoláirí áirithe idir bhithéagsúlacht agus éagsúlacht teangeolaíoch sa mhéid is go bhfuil an chuma ar an scéal go mbíonn an éagsúlacht teangeolaíoch is mó sna háiteanna leis an mbithéagsúlacht is mó (Harmon, 1996; Gorenflo *et al*, 2012; Maffi, 2001). Meafar atá sa chomparáid seo, áfach, mar thaispeáin athbheochan na hEabhraise go bhfuil sé de chumas ag teanga teacht ar ais ón mbás, pribhléid nach bhfaigheann speicis bhitheolaíocha. Mar aon le speicis bhitheolaíocha tá teangacha áirithe ann nach bhfuil aon bhaol láithreach ann dóibh-teangacha atá ‘sábháilte’- agus teangacha eile atá i mbaol báis mura gcuirfí socrúithe i bhfeidhm chun iad a chosaint. Araon le speicis bhitheolaíocha, tá bagairtí ann do theangacha chomh maith. Aithnítear ceithre mhórchatagóir sa ‘*Cambridge Handbook of Endangered Languages*’ (2011: 5) a chuireann teangacha i mbaol lena n-áirítear tubaistí nádúrtha, cogadh agus cinédhíothú, brú faoi chois agus tosca polaitiúla agus stairiúla. Is coitianta go n-aithnítear domhandú mar bhagairt nua d’ilghnéitheacht theangeolaíoch. Bagairt is ea domhandú- agus leis, leathnú an Bhéarla mar theanga dhomhanda- bagairt atá difriúil óna bagairtí do theangacha a bhí ann cheana sa mhéid is gur rud uileláithreach é.

Tá litríocht chuimsitheach ar chreimeadh teanga agus ar bhás teanga ar fáil ó na 1960í i leith. Bhí an teangeolaí Nancy Dorian i mbun taighde ar mheath Ghaidhilg na hAlban agus

ar chanúintí na teanga sin a bhí i mbaol báis óna 1960í, mar shampla. D'ardaigh teangeolaí eile, Norman Denison, ceisteanna teoriciúla faoi bhás teanga i 1977 in alt a scríobh sé dar teideal '*Language Death or Language Suicide?*'. Mhúscaíl léacht a thug Michael Krauss ag cruinniú bliantúil de chuid an Chumann Teangeolaíochta Mheiriceá (1992) ar an téama 'teangacha i mbaol', áfach, suim mhór sa saol acadúil i dteangacha an domhain atá ag fáil bháis agus i mbaol báis. Sa léacht, dar teideal '*The World's Languages in Crisis*', thug Krauss rabhadh. Ba é a mheas, tar éis dó iniúchadh a dhéanamh ar na staitisticí a bhí ar fáil dó faoi theangacha an domhain (an 11ú eagrán den '*Ethnologue*' go príomha) ná go bhfaighfeadh 90% de theangacha an domhain bás le linn an chéid a bhí ag teacht. Thug sé dúshlán do theangeolaithe dul i mbun gnímh láithreach chun é sin a sheachaint- '*What are we linguists doing to prepare for this or to prevent the catastrophic destruction of the linguistic world?*' (1992: 7). Roinn sé teangacha i dtrí chatagóir, .i. teangacha i mbaol, teangacha sábháilte agus teangacha ag druidim i dtreo an bháis. D'úsáid sé seachadadh teanga ó ghlúin go glúin mar phríomhchritéir chun idirdhealú a dhéanamh idir teangacha a bhí i mbaol báis agus teangacha díbheo. Dar leis, mura bhfuil teanga á sealbhú ag páistí a thuilleadh ní hamháin go raibh sí i mbaol ach go bhfuil sí ag druidim i dtreo báis (díbheo). Má bhí teanga fós á sealbhú ag páistí, dar le Krauss, d'fhéadfadh sí a bheith i mbaol ach ní fhéadfaí a rá go bhfuil sí ag fáil bháis go fóill. Mhol sé dhá thoisic dhearfacha fhollasacha- tacaíocht ón stát agus líon ard cainteoirí- chun sábháilteacht nó inmhartanacht teanga a mheas. Ní raibh stádas oifigiúil stáit ag mórán teangacha i 1990. Le teangacha oifigiúla stáit an domhain agus teangacha réigiúnacha oifigiúla Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha agus na hIndia curtha san áireamh, fós ní raibh ach thart ar 100 teanga i gceist (*Ibid*). Ó thaobh líon na gcainteoirí de, mhol Krauss go nglacfaí le 100,000 cainteoir mar scoithphointe do theanga i mbaol. Dhírigh

sé aird, áfach, ar cé chomh tapa is a d'fhéadfadh teanga aistriú ó na bheith sábháilte go bheith i mbaol; luaigh sé an Bhriotáinis mar shampla de theanga a raibh i bhfad níos mó cainteoirí ná 100,000 aici níorbh fhada roimhe sin ach nach raibh á labhairt ach ag líon an-íseal páistí ó am na léachta.

Fiche bliain i ndiaidh léachta Krauss, d'fhoilsigh Gary F. Simons agus M. Paul Lewis, beirt a ghlac ról lárnach i gcur le chéile an '*Ethnologue*', nuashonrú ar a chaint dar teideal '*The World's Languages in Crisis: a Twenty Year Update*' (2013). Baineadh leas as sonraí a bhí tagtha chun cinn idir an dá linn agus modheolaíocht nuachruthaithe acu chun teacht ar a gcuid torthaí. Dar lena gcuid torthaí, bhí tuar Krauss faoi theangacha an domhain i mbaol báis ródhuairc. Dheimhnigh a gcuid anailíse go raibh formhór theangacha an domhain (63%) á gcaomhnú trí iad a bheith á labhairt ar bhonn laethúil nó ag leibhéal níos láidre fós. Nochtaigh na staitisticí chomh maith, áfach, go raibh 32% de theangacha an domhain ag leibhéal neamhsheasmhach- leibhéal ar a bhfuil cailliúint nó iompú ag baint leis- agus go raibh 5% de theangacha a labhraíodh sna 1950í marbh anois. Is léir gur 'treoir chun gnímh' a bhí i gcaint Krauss a mhúscail suim agus feasacht sa ghné seo den tsochtheangeolaíocht agus a dhírigh aird as an nua ar theangacha i mbaol mar théama tábhachtach. Foilsíodh an iliomad páipéir ar an ábhar ó shin agus chuaigh scoláirí agus teangeolaithe éagsúla i mbun oibre chun modheolaíochtaí oiriúnacha a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hilghnéitheacht teanga agus beogacht teanga a mheá. Leagtar béim níos mó ó shin i leith ar ghníomhaíochta agus ar shocruithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le laghdú líon na dteangacha agus bealaí féideartha chun caomhnú ilghnéitheacht theangeolaíoch an domhain. Feictear idé-eolaíochtaí iomaíocha maidir le tairbhe na hilghnéitheachta sin, an idé-eolaíocht 'náisiún

amháin- teanga amháin' in aghaidh idé-eolaíochta a aithníonn luach ar ilteangachas an duine agus ilteangachas sochaíoch.

Cé go raibh an bhéim ag tús réimse na pleanála agus bheartais teanga ar theangacha na náisiún i mbéal forbartha, go luath i ndiaidh bhunú an réimse acadúil díródh aird ar chomhthéacsanna teagmhála teanga agus coincheapa a bhaineann le débhéascna (Ferguson, 1959) agus foilsíodh tuarascálacha faoi theangacha mionlaigh sna 1950í, mar shampla, *Languages in Contact* (Weinreich, 1953) agus monagraf Haugen *The Norwegian Language in America* (1953). Le hardú tuisceana ar an gcomhthéacs domhanda thar na blianta feictear méadú suime agus méadú taighde ar phleanáil teanga do theangacha mionlaigh go sonrach. Mar a deir Grin (1999: 16) is coitianta go mbíonn taighde ar leathnú, mheath agus mharthanacht teanga díríthe ar theangacha mionlaigh. Dar le Fase, Jaspaert & Kroon (1992) tagraítear don iliomad téamaí gaolmhara éagsúla faoi na ceanteidil caomhnú teanga agus cailteanas teanga, lena n-áirítear iompú teanga, creimeadh teanga, bás teanga agus dífhheidhmeacht teanga. Dar leis na húdair sin, in ainneoin raidhse na dtéarmaí agus an drochshainiú a ndéantar orthu uaireanta, is léir go bhfuil buntréithe coitianta eatarthu sa mhéid is go mbaineann siad go léir le cailteanas teanga i bpobail inar labhraíodh í cheana agus leis na bealaí éagsúla a théitear i ngleic leis sin. Deir siad '*In that contact situation the language in danger of disappearing is always the dominated language, or, put differently, the danger of disappearance in contact situations is only real for the sociological minority group*' (1992: 3). Soláthraítear sainmhínithe eagsúla ar cad is teanga mhionlaigh ann. Is minic go n-úsáidtear déimeagrafaíocht mar thús-phointe; mar a dhéanann Owens (2000: 1) ina chur síos ar theanga mionlaigh mar theanga la níos lú cainteoirí ná mar atá ag teanga eile i gceantar sonracha. Is minic go n-úsáidtear 50% mar scoithphointe sna sainmhínithe seo, .i. go n-aithnítear teanga

mar theanga mionlaigh má tá sí á labhairt ag níos lú ná 50% den daonra i gceantar sonracha (Grin, 1990: 158). Tráchtann Haokip (2011: 57) do shainmhíniú na Cúirte Uachtaraí san Ind ar mhionlach agus dar leis go mbaineann an sainmhíniú do mhionlaigh teangeolaíochta chomh maith- ‘*minority community means a community which is numerically less than 50%*’. Ach dar le Owens nach leor an sainmhíniú sin amháin chun teanga a rangú mar theanga mionlaigh. Dar le de Vries (1990: 58), más ar bhonn méide de amháin a shainmhínítear teangacha mionlaigh, tá an teanga dhúchais is mó i gCamarún ina teanga mhionlaigh sa tír, agus í ina teanga labhartha ag 19% den daonra. Sa sainmhíniú a dtugtar ar theangacha mionlaigh sa ‘Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh’ (Cuid 1, Alt 1, Sainmhínithe) tá béim ar líon na ndaoine a labhraíonn na teangacha éagsúla i gceantair ar leithligh chomh maith. Dar leis an sainmhíniú sin is teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iad na teangacha atá á labhairt go traidisiúnta ag daoine a chuimsíonn grúpa níos lú ó thaobh uimhir de, de bhunadh stáit, i gcríoch [nó limistéar] áirithe laistigh den stát sin. Luaitear i sainmhínithe eile ar theangacha mionlaigh an easpa tacaíochta atá ann dóibh go polaitiúil, go hinstitiúideach agus go hidéolaíochtúil agus feictear an tuiscint go minic go bhfuil comhphárteanna éagsúla i gceist leis an sainmhíniú. Dar le Williams (2005), tagraíonn an lipéad ‘mionlach’ do chúrsaí cumhachta in ionad líon, mar shampla. Ní hannamh go ndírítear ar ghradam mar chomhpháirt ríthábhachtach don sainmhíniú. Is é an ghné soch-pholaitiúil an ghné is tábhachtaí do rangú theanga mar theanga mionlaigh dar le roinnt sochtheangeolaithe. Mar a deir Owens (2000: 1), dar le roinnt scríbhneoirí ar an ábhar: ‘*minority languages are those which a given population perceives to be minority ones*’. Is cinnte go bhfuil castacht ag baint le sainmhíniú soiléir, aontaithe a sholáthar. Mar shampla, tagraíonn Grenoble & Singerman (2014) do theangacha inimircigh a bhféadfadh a bheith fós mar theanga an mhóraithe ina dtíortha dúchais ach ní sa

tír nua ina bhfuil siad ag cur fúthu. Anuas air sin, tá fadhbanna leis an gcrítéar soch-pholaitiúil agus ar thacaíochtaí oifigiúla a úsáid mar shainmharc ar theangacha agus a stádas, is rud é nach bhfuil na tacaíochtaí sin ar fáil de an-chuid teangacha an domhain mar gheall ar laigí i gcórais polaitiúla agus dlíthúla na n-institiúidí a thabharfadh na tacaíochtaí sin dóibh. Tá na creatlacha a pléitear i gCuid 1.8 thíos tábhachtach i gcomhthéacs theangacha mionlaigh de go háirithe.

1.7 Nualibrálachas i gcomhthéacs na pleanála teanga

Mar aon le próisis domhandaithe, tá níos mó tagartha don nualibrálachas mar a bhaineann sé leis an teangeolaíocht fheidhmeach agus le pleanáil do theangacha mionlaigh sa litríocht acadúil le déanaí chomh maith. Dar le húdair an leabhair *Neoliberalism and Applied Linguistics* (Block, Gray, Holborrow, 2012), cé go n-aithnítear réimse na pleanála agus na mbeartas teanga mar réimse idirdhisciplíneach, agus go bhfuil an tuiscint sin ag méadú de réir a chéile, is minic a dhéantar neamhaird sa réimse nó nach gcuirtear go leor béime ar ról na heacnamaíochta polaitiúil agus ar an tslí go mbíonn gaol idir thoscaí sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíochta i gcomhthéacs na heacnamaíochta caipitlí. Áitíonn Fishman go bhfuil sé riachtanach, nuair a thugtar faoi phleanáil teanga do theangacha mionlaigh go sonrach, pictiúr iomlán na sochaí a chur san áireamh. Dar leis: *‘Language planning is only a small part of the total socio-cultural pie and its own nature and prospects are conditioned by the larger context within which it functions’* (2014: 98). Go deimhin, tá go leor plé ar choincheap an nualibrálachais thar réimsí acadúla éagsúla le tamall de bhlianta anuas agus go leor sainmhínte ar cad go díreach atá i gceist leis an gcoincheap. Is léir go bhfuil baint idir nualibrálachas agus caipitleachas agus leis an bhfealsúnacht *‘laissez-faire’*. Saintréith den nualibrálachas is ea an t-iompú ó stát leasa go stát cumasaithe, is é sin le rá go laghdaítear

spleáchas an duine ar an stát agus go leagtar béim ar fhreagracht an duine aonair. Áitíonn Klein (2007) gurb é atá sa nualibrálachas ná an leagan is déanaí de chaipitleachas agus é i gcomhthéacs an domhandaithe idirnáisiúnta. Dar le Thorson (2010), nuair a pléitear nualibrálachas sa litríocht chriticiúil, liobrálachas eacnamaíoch a bhíonn i gceist. Is saintréith de na coincheapa sin go léir drogall mór an rialtais a gcuid gníomhaíochtaí a shíneadh isteach i saol an duine agus i gcóras an tsaormhargaidh, ach amháin má aithnítear fíor-riachtanas praiticiúil práinneach nach féidir leis an earnáil phríobháideach déileáil leis, mar shampla i gcás sholáthar leictreachais, iompair agus mar sin de. I gcomhthéacs na pleanála teanga scríobhann Grin (1990, 1999, 2003) go mion faoi chúrsaí eacnamaíochta mar a bhaineann siad leis an bpleanáil teanga agus le pleanáil teanga mionlaí go háirithe. Pléann Williams & Morris (2000) agus Kockelman (2002) tionchar an nualibrálachais ar phobail teanga beaga laistigh de shochaithe ina bhíonn teanga/ teangacha níos mó i bhfeidhm. Tagraíonn Williams & Morris d’Acht na Breatnaise (1992) i dtéarmaí seo an nua-liobrálachais chun an dearcadh a léiriú:

[Acht na Breatnaise, 1992] was an enabling Act rather than one which ensured that rights could be guaranteed. This was commensurate with the political climate where the role of the state was assumed to diminish, and citizens were to assume greater responsibilities for their actions, assuming they could be enabled to do so. (Williams, Morris, 2000: 172)

Dar leis na húdair sin go bhfuil fadhb leis an seasamh siar seo ag leibhéal an rialtais agus leis an bhfreagracht a chuirtear ar an duine a riachtanais a éileamh nuair a bhíonn teanga mhionlach i gceist. Nuair a chuirtear béim ar éilimh na ndaoine a chur i bhfeidhm, tá baol nach bhféachfaí ar éilimh mionlaigh mar thosaíocht, dar leo: *‘if minority is conceived as subordinate then the associated deference and low status are not likely to generate a demand for a realignment of language status and services at local level’* (2000: 198). Tá taighde déanta ar an tionchar a imríonn dioscúrsaí agus cleachtais bainistíochta nualibrálacha ar struchtúir agus straitéisí beartais teanga i gcomhthéacs na Breatnaise (Barakos, 2016b; Mac Giolla Chríost, 2015b;

Williams, Morris, 2000), na Gaidhlig (McEwan-Fujita, 2005), na Catalóinise (Woolard, 2016) agus na Bacsaise (Urla, 2012).

Pléann Climent-Ferrando (2016) an tionchar nua-liobrálach seo ar bheartas do theangacha mionlaigh san Aontas Eorpach. Cé go gcuireann an Aontas Eorpach béim le fada an lá ar éagsúlacht theangeolaíoch agus go ndíríonn an dioscúrsa ar an tairbhe a bhaineann leis an iliomad teangacha a labhraítear ar fud na hEorpa, dar le Climent-Ferrando go bhfuil neamhréiteach idir an reitric pholaitiúil agus gníomhaíochtaí beartais an Aontais. Dar leis, cé go bhfanann coincheapa a bhaineann le caomhnú, cosaint agus meas i leith éagsúlacht theangeolaíoch sa reitric, glacann na beartais féin cur chuige atá bunaithe ar an margadh. Leis an gcur chuige seo, caitear le teangacha mar earraí agus leagtar béim ar thionscnaimh chun cumas i dteangacha éagsúla a ardú i gcomhair spriocanna eacnamaíochta. Dar leis, tá an chosúlacht ar an scéal gurb é príomhthosaíocht an Aontais Eorpaigh nuair a thráchtar ar chaomhnú éagsúlacht teangeolaíoch ná caomhnú féiniúlachtaí teangeolaíocha na mballstát agus ní na saoránach féin. Aibhsíonn Climent-Ferrando an fóntachas a bhaineann le beartas teanga an Aontais Eorpaigh agus tagraíonn sé don tuarascáil *'Multilingualism: Between Policy Objectives and Implementation'* (Cullen *et al.*, 2008) a thugann an fóntachas sin faoi deara sna conclúidí. Luaitear an tsuim, tacaíocht agus an t-éileamh i gcur chun cinn éagsúlacht theangeolaíoch agus i gcaomhnú theangacha mionlaigh ach aithnítear sa tuarascáil chéanna nach i gcónaí a bhíonn beartais a bhaineann le hilteangachas agus beartais a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch ag teacht le chéile:

multilingualism and linguistic diversity are sometimes conflicting policy agendas. Language learning policy has tended to be influenced by 'harder' priorities like economic competitiveness and labor market mobility, and linguistic diversity policies by 'softer' issues like inclusion and human rights. Multilingualism policy has been more highly prioritized than linguistic diversity policy in terms of concrete actions. (2008: iii)

Dar le Climent-Ferrando, tar éis dó iniúchadh a dhéanamh ar an idirphlé idir reitric pholaitiúil an Aontais Eorpaigh agus na beartais féin ar ilteangachas, tá teannas idir an dá thaobh de bheartais an Aontas Eorpaigh ar ilteangachas. Ar thaobh amháin tá diminsean maoithneach, dar leis, a léirítear i reitric an Aontais in ainm éagsúlacht theangeolaíoch agus a bhaineann le tuairimí ar chultúr, fhéiniúlacht, mheas agus dhialóg idirchultúrtha. Ar an taobh eile tá diminsean fóntach, diminsean atá mar thosaíocht ag an Aontas, a leagann béim ar an tábhacht fheidhmiúil a bhaineann le scileanna teanga agus le luach eacnamaíoch na dteangacha don gheilleagar, d'fhás agus do phostanna. Cáintear an fóntachas sin arís i bpreas ráiteas an NPLD (an Gréasán Eorpach d'Éagsúlacht Theangeolaíoch) (2016). Deirtear sa ráiteas sin gur ábhar inní é cur chuige an Aontais i dtaca le teangacha na hEorpa, cur chuige atá dírithe ar an margadh agus a thugann túsáite do theangacha móra, heigeamanacha. Fágfaidh an cur chuige seo, dar leis an NPLD, líon suntasach teangacha beaga, teangacha réigiúnacha agus teangacha mionlaigh ar leataobh.

1.8 Creatlacha chun beogacht teanga a mheas

Ba chás le Krauss an easpa staitisticí a bhí ar fáil ar inmharthanacht agus ar bheogacht theangacha an domhain. Ón am sin i leith tugadh faoi mhodhanna éagsúla chun beogacht teanga a mheá. Cruthaíodh trí phríomh-chreatlach chuige sin- An Scála Grádaithe um Briseadh Idirghlúine (GIDS) a cheap Joshua Fishman, creatlach UNESCO i gcomhair theangacha i mbaol báis (luaitear seo sa S20B) agus an córas catagóirithe a forbraíodh san '*Ethnologue*'. Scríobh Fishman go mion ar ábhar an aisiompaithe teanga agus le féidearthachtaí chun teangacha i mbaol a chosaint agus a láidriú. Chruthaigh sé tíopeolaíocht chéimnithe chuige sin le hocht gcéim bhagartha a chuir sé i gcomparáid le scála Richter sa mhéid is go dtugann na

huimhreacha is airde le tuiscint go bhfuil briseadh isteach níos mó i gceist. Leag sé béim ar sheachadadh idirghlúine mar thosaíocht i gcothú teangacha agus mar chomhartha ar sheasmhacht teanga- ‘*Without intergenerational mother tongue transmission... no language maintenance is possible*’ (1991: 113). Creatlach fheidhmiúil agus thuairisciúil atá sa scála dar le Fishman. Scála tairbheach is ea é mar threoir ach taispeánann na cás-staidéir sa bhailiúchán ‘*Can Threatened Languages be Saved*’ (Fishman, 2001) go bhfuil dúshlán phraiticiúla ag baint lena cur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna ar leith. D’admhaigh Fishman nach raibh torthaí eimpíreacha rathúla le sonrú sa deich mbliana ó cuireadh tús leis an taighde ar an dosaen cás a phléitear sa leabhar (2001: 478). Fiú féin, is cinnte gur sholáthraigh scála Fishman léargas nua ag am a chruthaithe ar dhinimicí malartaithe agus aisiompaithe teanga agus glactar leis fós mar mhúnla coincheapúil tábhachtach. Luaitear creat oibre UNESCO chun beogacht teanga a mheas sa S20B féin (Rialtas na hÉireann: 6). D’eascair an creatlach as léacht a thug Krauss bliain i ndiaidh a chéad chainte, ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Teangeolaithe in Québec an uair seo, ar an ábhar céanna. D’aontaigh rannpháirtithe na comhdhála go mba thosaíocht thábhachtach í caomhnú agus tuairisciú theangacha i mbaol (Salimen, 2007: 206) agus cuireadh tionscadal taighde ar bun arbh é foilsiú an ‘*Atlas of the World’s Languages in Danger of Disappearing*’ (1996, 2001, 2010) an toradh a bhí air. Ag tógáil ar an obair sin, in 2002 agus 2003, d’iarr UNESCO ar ghrúpa teangeolaithe idirnáisiúnta creatlach a chur le chéile chun beogacht teanga a mheá. Foilsíodh tuarascáil mar thoradh ar an obair sin dar teideal ‘*Language Vitality and Endangerment*’ (2003) agus áiríodh innéacs le naoi dtosc chun beogacht teanga a mheas.

An tríú creatlach a forbraíodh chuige sin ná an córas catagóirithe a d’fhorbair údair *SIL International* don *Ethnologue* a luadh thuas. Tá cúig leibhéal sa chóras catagóirithe sin agus

mar aon le scála UNESCO d'fhéadfá a áiteamh nach raibh an scála tuairisciúil a dhóthain ag cur síos ar theangacha ag na leibhéil is láidre- na leibhéil a bhain le caighdeánú, úsáid scríofa na teanga i gcúrsaí oideachais, oibre agus rialachais (Simon, Lewis, 2009: 9). Ina theannta sin, bhí a lán idir na leibhéil fhorbartha i staid na dteangacha a chuirtear sa chatagóir 'beo' san *Ethnologue* agus sa chatagóir 'sábháilte' i gcreatlach UNESCO. Os rud é go bhfuil obair leanúnach ar bun ag lucht *SIL International* foilsítear nuashonruithe agus forbraítear na creatlacha a úsáideann siad go rialta. In 2009, de dheasca taighde agus tuiscintí nua ag teacht chun solais, socraíodh go gcruthófaí creatlach catagóirithe eile a chuireadh na creatlaigh eile luaite anseo le hiarracht ar dhul i ngleic le heasnaimh na gcreatlach úd. EGIDS (Scála Grádaithe Um Briseadh Idirghlúine- Leathnaithe) sin. Ceann de na difríochtaí is mó idir EGIDS agus na scálaí eile ná go dtugtar aitheantas sa scála seo d'athneartú teanga. Sna creatlacha eile rinneadh talamh slán de go raibh cailliúint i gceist san iompú teanga. Le EGIDS cruthaíodh múnla chun an scála a chur in oiriúint de pheirspictíocht na hathbheochana teanga chomh maith. Tá an t-idirdhealú seo tábhachtach mar go bhfuil gníomhaíochtaí difriúla ag teastáil ag brath ar threo an iompaithe. Nuair atá cailliúint i gceist díritear níos mó ar an nglúin is óige atá inniúil sa teanga, mar shampla, ach nuair atá athshealbhú agus athbheochan i gceist déantar sin a mheas tríd an nglúin is sine atá inniúil sa teanga arís.

1.9 Suimiú

Os rud é go mbaineann an taighde don tráchtas seo le hanailís ar bheartas reatha Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge, socraíodh go mbeadh sé fiúntach forbheathnú a thabhairt sa chaibidil seo ar stair réimse na pleanála agus na mbeartas teanga mar réimse acadúil agus ar na príomhfhorbairtí sa réimse, ag díriú ar an bpleanáil teanga do theangacha mionlaigh go príomha. Feictear sna castaí criticiúla éagsúla sa réimse sainmhínte leathnaithe ar pleanáil

agus ar bheartas teanga thar na blianta mar aon le hardú béime ar an tábhacht a bhaineann le taighde ar an gcomhthéacs sochaíoch agus ar an bpobal féin a bheadh tionchar ag pleanáil teanga ar leith air. Sa tríú (agus sa cheathrú) ‘tonn’ den phleanáil teanga feictear méadú tuisciana ar an tábhacht sin a bhaineann le taighde ar an suíomh pleanála chun pleanáil éifeachtach a chur i bhfeidhm. Feictear sin óna 1990í go háirithe le forbairt Cooper (1989) agus Haarman (1990) ar na múnlaí bunaidh sa réimse a leag Haugen agus Kloss amach roimhe sin. Thart ar an am céanna, nuair a thug Krauss (1992) a léacht ar theangacha an domhain a bhí i mbaol báis, músclaíodh suim nua sa tsochtheangeolaíocht i dtéamaí a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch an domhain agus le bagairtí do theangacha. Forbraíodh creatlacha éagsúla ar mhaithe le beogacht teanga a mheas os rud é gur aibhsigh taighde Krauss an easpa staitisticí a bhí ar fáil ar inmhathánacht agus ar bheogacht teangacha an domhain. Thart ar an am céanna feictear níos mó airde sa litríocht i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga ar phróisis a bhaineann le domhandú (agus níos déanaí, le nualioibrálachas) agus ar impleachtaí chúinsí athraithe an domhain sa ré iar-nua-aoiseach do theangacha. D’ardaigh na cúinsí seo, mar shampla imirce daonra ar mhór-scála, ceisteanna nua faoi theagmháil idir teangacha i gcomhthéacs theangacha mionlaigh.

Go comhthreomhar leis na forbairtí teoiriciúla sa réimse feictear forbairtí sna modhanna taighde molta chun iniúchadh a dhéanamh ar bheartas teanga. Bhí an taighde luath sa réimse, arbh chás dó iniúchadh a dhéanamh ar bheartais teanga ag an macra-leibhéal go príomha, ag brath ar fhaisnéis eimpíreach den chuid is mó agus ar na téacsanna beartais féin (Hornberger, 2015). Óna 1990í i leith, le níos mó airde anois ar an idirphlé idir idé-eolaíochtaí, dioscúrsaí agus próisis pleanála teanga, moltar modhanna taighde éagsúla chun aghaidh a thabhairt ní hamháin ar ábhar beartais agus pleananna teanga ach ar conas a nglactar leis na

beartais seo sa tsochaí. Don taighde seo ar an S20B, úsáidtear meascán de mhodhanna eitneagrafacha agus d'anailís ar dhioscúrsa, meascán de mhodhanna a chomhlánaíonn a chéile chun pictiúr níos cuimsithí a sholáthar. Pléifear an creatlach theoriciúil d'úsáid na modhanna seo i gCaibidil 3 ach ar dtús pléifear stair bheartas Rialtas na hÉireann i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit i gCaibidil 2 mar chomhthéacsú.

Caibidil 2. Pleanáil Teanga don Ghaeilge ó Bhunú an Stáit

2.1 Forbhreathnú

Tugtar forbhreathnú sa chaibidil seo ar phleanáil teanga in Éirinn ó bhunú an Stáit mar chomhthéascú don taighde ar bheartas reatha an Rialtais i leith na Gaeilge, an S20B. Tá taighdeoirí eile tar éis scríobh go mion ar choincheapa a bhaineann le borradh an náisiúnachais chultúrtha sna 18ú, 19ú agus 20ú hAois in Éirinn (Hutchinson, 1987; MacDonagh & Mandle, 1983; Dwan, 2008) agus ní cás don taighde seo cur leis sin. Agus é ag trácht ar an tréimhse ag deireadh an 19ú hAois ar a tugtar ‘an athbheochan’, dar le Hutchinson (1987: 13) gurbh é seo an tríú iarracht ar athbheochan Gaelach i ndáiríre- ‘*..the cultural movements of those years were the culmination of no less than three attempts since the 1870s to stage an ethnic revival*’. Dar leis, ba rud nua í an bhéim a cuireadh ar an nGaeilge sna gluaiseachtaí cultúrtha le linn na tréimhse seo, áfach, a chuimsigh bunú Chonradh na Gaeilge in 1893. Cuireadh an ghluaiseacht i láthair ag an am mar iarracht ar dhul i gcoinne an choilíneachais ach i ndáiríre bhain daoine áirithe ó lucht an mheánaicme leas as an náisiúnachas cultúrtha seo chun a n-aidhmeanna polaitiúla féin a bhaint amach (Ó Laoire, 2008b: 258). Ó shin i leith chonacthas iarrachtaí córasacha chun deireadh a chur leis an meath a tharla ar an nGaeilge sna céadta roimhe sin. Tugadh faoi phleanáil don Ghaeilge ag leibhéal an rialtais nuair a bunaíodh céad rialtas Saorstát na hÉireann i 1922, cé nár baisteadh an téarma sin ar iarrachtaí an stáit ná sa litríocht acadúil in aon chor go dtí gur thug Haugen an téarma isteach sna 1950í. Tá ceist na Gaeilge ar chlár rialtais i gcónaí ón am sin i leith agus is ar an S20B a bhfuil tioncadail bhuanaithe Gaeilge an rialtais á mbeartú agus á mbeachtú anois. Chun an Straitéis a mheas i gceart, mar sin, ní mór

forbhreathnú a sholáthar ar na hiarrachtaí pleanála teanga a rinneadh go dtí seo agus ar an tslí ar athraíodh tuiscintí i leith phleanáil teanga don Ghaeilge thar am.

Nuair a bunaíodh céad rialtas an Saorstáit i 1922 labhraíodh Béarla amháin i bhformhór cheantar na tíre tar éis an iompaithe teanga ó Ghaeilge go Béarla a tharla le linn na gcéadta roimhe sin. In 1891 bhí cumas éigin sa Ghaeilge ag 19.2% den daonra agus is ar éigin gur cuireadh mórán leis an gcéatadán sin roimh bhunú an rialtais (Ó hIfearnáin, 2006). Tugadh faoi ardú stádais don Ghaeilge i ndiaidh bhunú an stáit trí stádas oifigiúil a thabhairt di, mar aon leis an mBéarla, sa Bhunreacht leasaithe i 1937. Sainíonn breis is céad seasca tír stádas do theangacha nó cearta teanga ina mbunreachtanna (UNESCO, 2003). Aithníodh an Ghaeilge mar theanga náisiúnta na tíre sa Bhunreacht chomh maith, rud nach ndearnadh roimhe sin i gcás teangacha mionlaigh, dar le Romaine (2008: 17). Eiseamlár a bhí sa chinneadh sin do náisiúin nua-neamhspleácha eile san fhichiú haois dar léi- an India, an Mhalaeisia agus an Tasmáin, mar shamplaí- a lean sampla Éireann agus a tugadh faoi iompú ó theanga na gcoilíneach i bhfabhar theanga áitiúil na ndaoine. Dar le Ó Riagáin (2008: 55) ba shuntasach an cinneadh é stádas oifigiúil a thabhairt don dá theanga mar nuair a thugtar stádas oifigiúil do níos mó ná teanga amháin de ghnáth, déantar é mar thoradh ar chúinsí críche. Ní dhearnadh idirdhealú reachtúil ar bhonn tíreolaíoch i gcás na Gaeilge agus d'fhág sin gur bhain beartais teanga an rialtais leis an stát ar fad. B'shin in aineoinn an chlaonta tíreolaíoch soiléir i ndáileadh na gcainteoirí Gaeilge sa tír. Bhí Béarla i réim i bhformhór cheantair na tíre ag an am ach bhí ceantair in iarthar na tíre go príomha ina raibh an Ghaeilge fós in uachtar ar an mBéarla agus inar labhraíodh Gaeilge mar theanga phobail go fóill. Os rud é go raibh cainteoirí gníomhacha Gaeilge sa tír, áfach, d'aithin an rialtas go raibh gá le cur chuige ar dhá-leibhéal sa phleanáil teanga agus aithníodh dhá chuspóir fhollasacha- cuspóir chaomhnaithe agus cuspóir

athbheochana araon. Ba é beartas an rialtais ná go gcothófaí an Ghaeilge nuair a labhraíodh go fóill í agus go ndéanfaí í a athbheochan trí athshealbhú na Gaeilge nuair a bhí sí imithe i léig. Os rud é gur labhraíodh Béarla i bhformhór na n-ionad uirbeacha sa tír agus i bhformhór na tíre i gcoitinne, is minic a thugtar ‘athbheochan na Gaeilge’ ar na gníomhaíochtaí a tugadh fúthu chun an Ghaeilge a chur chun cinn thart ar an am seo, téarma a dhéanann neamhaird ar an ngné chaomhnaithe a bhí lárnach ón tús:

While the policy of the stage has been frequently described as a ‘revival’ or a ‘restoration’ type policy, this has tended to obscure the fact that its policy has from the outset included a substantial maintenance dimension as one of its core elements. (Ó Riagáin, 1997: 28)

Is tréith é an cur-chuige ar dhá-leibhéal seo a idirdhealaíonn pleanáil teanga i leith na Gaeilge ó chásanna pleanála teanga eile a bhí dírithe ar ghné athbheochana nó ar ghné chaomhnaithe go príomha. Tá cás na Gaeilge difriúil ó athbheochan na hEabhráise sa chaoi sin os rud é gur díríodh ar athbheochan go príomha sa chás sin agus tá sé difriúil ó chás na Breataine agus na Catalóinise sa mhéid is nach raibh athbheochan ar an leibhéal céanna ag teastáil i bpleanáil na dteangacha sin mar gur labhraíodh go forleathan fós iad. Dar le Ó Riagáin (1997) go bhfuil sé deacair, mar sin, comparáid chuí a dhéanamh idir chás na Gaeilge agus cásanna pleanála teanga eile mar go raibh riachtanais difriúla ann. Ba choitianta i dteoiric na pleanála teanga gur caitheadh le ‘hathbheochan’ agus le ‘caomhnú’ mar dhá shaghas beartais ar leithligh, scartha óna chéile go hiomlán. Feictear an deighilt sin sa tíopeolaíocht a chruthaigh Moshe Nahir maidir le cuspóirí na pleanála teanga i 1984 agus arís i gcreatlach GIDS de chuid Fishman, a phléitear le ‘hathbheochan’ agus le ‘caomhnú’ mar bheartais ar an ‘taobh lag’ agus ar an ‘taobh láidir’ faoi seach. Bíonn forluí ann i gcleachtas idir an dá ghné seo, áfach. Bíonn forbairt ghné athbheochana (nó gné shealbhaithe ar a laghad) de dhíth mar chomhchuid de bheartas caomhnaithe má tá sé de chuspóir go gcuirfí le líon na gcainteoirí. Más beartas athbheochana

atá i bhfeidhm bíonn gá le gné chaomhnaithe tar éis na céime bunaidh chun aon dhul chun cinn a chothú. I gcás na Gaeilge tá an dá ghné mar chuid de chur chuige amháin agus bhí ón tús. Dar le Ó Riagáin (2008: 56) gur mhair streachailt leanúnach i stair an bheartais teanga i leith na Gaeilge sa tír ó 1922 chun cothromaíocht chuí, éifeachtúil agus chothrom a aimsiú idir an chuspóir chaomhnaithe agus an chuspóir athbheochana.

Tugtar forbhreathnú sa chuid eile den chaibidil seo ar roinnt de na hiarrachtaí a tugadh fúthu chun an Ghaeilge a chaomhnú mar chuspóir amháin agus a athbheochan mar chuspóir eile. Ina theannta sin tráchtar go ginearálta ar iarrachtaí eile a bhí ar bun chun an teanga a chur in oiriúint don saol poiblí (caighdeánú) agus chun a húsáid a fhorleathnú sa státseirbhís. Os rud é go raibh formhór na gceantar inar labhraíodh Gaeilge nuair a tugadh faoin bpleanáil teanga ag tús an fichiú haois ina gceantair iarghúlta tuaithe den chuid is mó, díriodh go mór ar fhorbairt réigiúnach sna ceantair seo agus ar dhaonra na gceantar a chaomhnú ón tús. Feictear beartas an rialtais i leith chaomhnú na Gaeilge go follasach chomh maith sna hiarrachtaí a rinneadh chun na ceantair Ghaeltachta a shainiú. Maidir leis an gcuspóir athbheochana, cuireadh béim ón tús ar leathnú na Gaeilge tríd an gcóras oideachais. Aithnítear athrú treo i mbeartas an rialtais óna 1970í i leith de bharr forbairtí i dtuiscintí ar an bpleanáil teanga. Mar a chonacthas sa chéad chaibidil, ba thart ar an am sin a forbraíodh réimse na pleanála teanga mar léann acadúil ar leith agus cuireadh le tuiscintí faoin bpleanáil teanga as sin amach. Dar le Joshua Fishman (1972: 318-9) go raibh náisiúin tríd an domhan i mbun pleanála teanga ag an am sin gan an méid chéanna eolais a bheith ar fáil dóibh is a bhí i réimsí pleanála eile. Dar leis go raibh gá le níos mó taighde sa tsochtheangeolaíocht ar spriocanna pleanála teanga chun a bheith in ann míniú a sholáthar don éagsúlacht i gcomhthéacsanna difriúla agus chun moltaí a sholáthar a bheadh tairbheach do dhaoine atá ag iarraidh pleanáil teanga a chur i bhfeidhm nó

measúnú a dhéanamh uirthi sa todhchaí. Áitítear in áiteanna go raibh cuspóir aonteangach ag an rialtas agus go raibh aisiompú teanga mar bheartas acu (Ó Cuív, 1969; Moriarty, 2015) ach dar le Ó Riagáin (2008: 55) níor tugadh le fios i bhforálacha bunreachtúla agus reachtúla don Ghaeilge óna 1920í nó na 1930í go raibh a leithéid de chuspóir ann. Bhí tionchar ag obair Chonradh na Gaeilge ag blianta tosaigh an chéid ar an bpleanáil don Ghaeilge ag bunú an Stáit. Dar le Ó Laoire (1995: 52/3) níor sholáthraigh Conradh na Gaeilge sainmhíniú riamh ar cad a bhí i gceist acu le hathbheochan ach is cinnte nár áiríodh ina mbunreacht féin gurb é a bhí ag teastáil ná go labhródh gach duine sa tír Gaeilge. Bhí sé mar chuspóir ag Conradh na Gaeilge agus de hÍde dátheangachas sochaíoch a bhaint amach. Is léir gur cruthaíodh nasc idir an Ghaeilge agus náisiúnachas, tríd an *‘Irish Ireland movement’* go príomha, agus gur samhlaíodh an teanga mar shiombal d’fhéiniúlacht Éireannach a baineadh leas aisti thar na blianta mar uirlis pholaitiúil. Chuir náisiúnachas leis an idéalachas a cothaíodh thart ar an am seo maidir leis an gcultúr Gaelach, rud a pléitear níos mó thíos i gcomhthéacs shainiú na Gaeltachta. Bhí an t-idéalachas sin fós le feiceáil sna seascaidí in obair an Choimisiúin um Athbheochan Gaeilge: *‘idealism is and must remain the mainspring of the language policy’* (Tagartha ag Mac Giolla Chríost, 2008: 80). Cé gur bhain an dá chuspóir (caomhnú agus athbheochan) le pobail teanga difriúla in Éirinn, bhí tionchar ag gníomhaíochtaí pleanála teanga ag leibhéal an rialtais ar phobail teanga na tíre i gcoitinne.

2.2 Forbhreathnú ar phleanáil don Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ó bhunú an stáit

2.2.1 Sainiú na Gaeltachta

Bhí múnú agus sainiú na Gaeltachta ar cheann de na chéad tionscnaimh pleanála teanga a tugadh fúithi in Éirinn. Mar a luadh, ba chuspóir de chuid an rialtais í an Ghaeilge a

chaomhnú sna ceantair inar labhraíodh go fóill í ach ba bheag tuiscint a bhí ann ar theorainneacha beachta na gceantar úd. Leag Conradh na Gaeilge béim ar leith ar luach an chainteora dúchais ó am a bhunaithe, idé-eolaíocht a chonacthas roimhe sin i dtuairisc chéad chruinniú Chumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (1877) chomh maith:

..the meeting became unanimously of opinion that it is possible and desirable to preserve the Irish language in those parts of the Country where it is still spoken, with a view to its further extension and cultivation (Tagartha ag Ó Murchú, 2001: 15)

Níor úsáideadh na téarmaí ‘Gaeltacht’ ná ‘Galltacht’ leis an gciall cheantrach a aithnítear leo anois roimh aimsir na hathbheochana. Lucht labhartha na Gaeilge ba bhrí leis an bhfocal ‘Gaeltacht’ roimhe sin agus b’ionann ‘Galltacht’ agus lucht labhartha an Bhéarla. Is cosúil gur sa chéad cheathrú den fhichiú haois a thosaigh muintir na hÉireann ag baint úsáide as an bhfocal ‘Gaeltacht’ leis an gciall thíreolaíoch seo. Cuireadh an focal ‘Gaeltacht’ leis an gciall cheantrach sin san áireamh sa dara heagrán d’fhoclóir an Duinnínigh a foilsíodh i 1927. Faoin am sin bhí obair Choimisiún na Gaeltachta díreach curtha i gcrích agus tuiscint níos fearr ar an nGaeltacht mar cheantar in aigne an phobail. Bhí sainiú na Gaeltachta ina chúis achrainn ón am sin i leith, áfach, agus cruthaíodh fadhbanna sa phleanáil teanga mar gheall air sin. Áitíonn Ó Torna (2005: 19) go raibh tionchar ag gluaiseacht an Rómánsachais ar chonstráidiú na Gaeltachta agus ar an mbolscaireacht naisiúnaithe sa naoú haois déag. Ba choitianta ó aimsir Chonradh na Gaeilge i leith go ndearnadh idéalú ar na ceantair ina raibh lucht labhartha na Gaeilge ag cur fúthu- na ceantair Ghaeltachta mar a tugadh orthu de réir a chéile- *‘deineadh idéalú ar na ceantair Ghaeltachta mar thobar na teanga agus an Éireannachais, a raibh todhchaí na tíre ag brath orthu’* (Walsh, 2002: 2). Chonacthas an t-idéalú céanna sin i leathanaigh iris an Chonartha, *An Claidheamh Soluis*, go minic. In 1898 ghlac Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge le rún a ligfeadh dóibh múinteoirí taistil agus timirí a fhostú agus ba é ar

cheann de na róil a bhí ag na timirí ná taisteal timpeall na tíre agus measúnú a dhéanamh ar staid na Gaeilge sna ceantair éagsúla. D’fhoilsítí tuairisc bhliantúil ó gach timire in iris an Chonartha agus is léir go raibh tionchar ag na tuairiscí úd i gcruthú chonstráid na Gaeltachta (Ó Torna, 2005: 69). Moladh do dhaoine go rialta san iris cuairt a thabhairt ar na ceantair seoturais lae ar dtús agus ansin i gcomhar tréimhsí níos comhordaithe le bunú na gcoláistí samhraidh. Faoi dheireadh an naoú haois déag, le forbairtí i gcóras taistil na tíre bhí sé éasca go leor sin a dhéanamh. Ach cé gur cuireadh síos ar na ceantair Ghaeltachta i dtuairiscí na dtimirí agus i leathanaigh iris an chonartha mar cheantair idéalacha, ba mhinic gur cuireadh síos ar mhuintir na gceantar mar dhaoine cráifeacha soineanta nár thuig a luach féin. Mar a deir Ó Laoire (1996: 66) ghlac daoine leis an idéalú seo ‘*with a curious mixture of admiration and superiority*’. Rinneadh idirdhealú i dtuairiscí na dtimirí go minic idir mhuintir na gceantar Gaeltachta agus na tuarasóirí a tháinig ann ar feadh tréimhse. Feictear sin go soiléir sa mhéid seo a leanas a dhéanann Ó Torna tagairt dó ó shraith moltaí a bhí ag Enrí Ó Muirgheasa, bunaitheoir an chéad chraobh de Chonradh na Gaeilge i Muineachán, agus é ag trácht ar chúrsaí lóistín sna ceantair Ghaeltachta:

Many young laymen would not object to putting up at a country house, and roughing it a bit. Clergymen, ladies, and some others, would find it necessary to put up at the nearest town, where they will surely find an “Imperial” or “Royal” hotel. (Tagartha ag Ó Torna, 2005: 85)

Feictear an dearcadh comhaimseartha i leith na mban agus i leith na cléire sa ráiteas sin ach léiriú is ea é ar dhearcadh Uí Mhuirgheasa faoi mhí-oiriúnacht na dtithe do mhná agus don chléir nuair a thugtar neamhaird ar mhuintir na gceantar féin a bhí ag cur fúthu sna tithe céanna sin. Níor tugadh cumhacht do mhuintir na gceantar sin a dtodhchaí féin a stiúradh maidir leis an nGaeilge. Taispeánann an sliocht seo a leanas le Fionán Mac Coluim, duine d’ard-timirí an

Chonartha easpa muiníne an Rialtais maidir le hacmhainn mhuintir na Gaeltachta an Ghaeilge a shlánú:

Do réir mo thuairimse d'fhéadfaidhe an Ghaoluinn choimeád na beathaidh go deo in Uíbh Ráthach agus i gCorca Uí Dhuibhne dá mba thoil le muintir na hÉireann é- sé sin dá gcabhróghadh an Náisiún go léir leis na háiteannaibh seo. Is baoghal liom má fhágtar fé mhuintir na gceantar so féin an obair go léir do dhéanamh go mbeidh an Ghaoluinn básuighthe ionnta i gcionn leath chéad bliadhain eile (Tuarascáil Bhliantúil Chonradh na Gaeilge, 1902-3, agus imeachtaí Ard-Fheis, 1903: 77, Tagartha ag Ó Torna, 2005: 76)

Cé gur cuireadh tús le múnú chonstráid na Gaeltachta ag deireadh an naoú haois déag agus i dtús an fichiú haois, lean leis an easpa cinnteachta agus aontaithe faoi cad is 'Gaeltacht' ann ó thaobh líon na gcainteoirí Gaeilge de agus ó thaobh teorainneacha na gceantar sin. Rinne rialtais éagsúla an stáit iarracht dul i ngleic leis na ceisteanna seo, chun na limistéir ina raibh an Ghaeilge fós in uachtar ar an mBéarla a shainiú. Chuige sin, cuireadh Coimisiún na Gaeltachta ar bun i Márta 1925, faoi stiúr Risteárd Uí Mhaolchatha, chun staid na gceantar Gaeltachta ó thaobh infreastruchtúir agus dhaonra de a mheas. Chun faisnéis a bhailiú, cuireadh cruinnithe agus agallaimh ar siúl timpeall na tíre agus scaipeadh suirbhéanna cuimsitheacha (Walsh, 2002: 12). Foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin i 1926 inar moladh go sainmhíneofaí dhá chatagóir Gaeltachta .i. '*Fíor-Ghaeltacht*' agus '*Breac-Ghaeltacht*'. Moladh go dtabharfaí '*Fíor-Ghaeltacht*' ar cheantar inar labhair níos mó ná 80% den daonra Gaeilge agus '*Breac-Ghaeltacht*' ar cheantar ina raibh céatadán níos lú ná 80% agus níos mó ná 20% a labhair Gaeilge. Mar thoradh air sin bhí 168, 279 duine ag maireachtáil sa '*Fíor-Ghaeltacht*' agus 307, 907 sa '*Bhreac-Ghaeltacht*' (Ó Riagáin, 1997: 51). Cáineadh tuarascáil an Choimisiúin go mór ag an am, áfach, agus glacadh leis go raibh áibhéil ag baint leis na figiúirí a fuarthas. Bhí fonn ar an gCoimisiún na críocha Gaeltachta a tharraingt le chéile chomh fada agus is féidir thar imeacht ama agus d'fhág sin go raibh solúbthacht áirithe i gceist. Ceapadh

go mbeadh sé de thairbhe na Gaeilge dá n-áireofaí ceantair timpeall ar cheantair inar labhraíodh Gaeilge go forleathan sa sainmhíniú, chun ligean do leathnú na Gaeilge sa todhchaí. Ní raibh fáil ag an gCoimisiún ar thorthaí ó Dhaonáireamh 1926 agus dar le Brian Ó Cuív (1951: 29) níor fhiosraigh an Coimisiún ar labhraíodh Gaeilge mar ghnáth-mhodh cumarsáide i measc na ndaoine a mhaígh gur cainteoirí Gaeilge iad. Glacadh le sainmhíniú an Choimisiúin ar an nGaeltacht chun críche *Ordú na nOifigí agus na bhFeadhmanaisí Áitiúla (Gaeltacht)* i 1928, áfach, ach rinneadh sainmhíniú nua ar an nGaeltacht an bhliain dar gcionn in *Acht na dTithe (Gaeltacht)* 1929. Baineadh leas as moltaí an Choimisiúin chun liosta a chur le chéile de na bailte/na ceantair ar glacadh leo mar cheantair Ghaeltachta. Dar le Ó Riagáin, ba léir gurbh é Daonáireamh 1926 an phríomhfhoinsé a úsáideadh don liosta, cé nár luadh mar fhoinsé é (1997: 52). Chuir míchothromaíocht i labhairt na Gaeilge sna ceantair éagsúla leis an deacracht sainmhíniú beacht a thabhairt ar an nGaeltacht ar bhonn tíreolaíoch.

Is léir go raibh neamhréiteach i sainmhíniú na Gaeltachta go dtí gur féachadh arís ar an gceist i 1956, nuair a shocraigh an rialtas go ndéanfaí athbhreithniú ar na teorainneacha. Laghdaíodh go mór daonra oifigiúil na Gaeltachta tar éis seo agus thángthas ar shainmhíniú ar an nGaeltacht a bhí ag teacht leis an sainmhíniú ar an bhFíor-Ghaeltacht a sholáthraigh Coimisiún na Gaeltachta (1926). Sainmhíníodh an Ghaeltacht den chéad uair sa reachtaíocht in *Ordú na Limistéar Gaeltachta* (1956) (Ó hIfearnáin, 2006: 16). Is é an sainmhíniú seo is mó a glacadh leis go hoifigiúil ón mbliain sin i leith, go dtí gur féachadh arís ar an gceist ag tús an chéid seo. I 2000 mhol an tAire Gaeltachta ag an am, Éamon Ó Cuív, go mbunófaí Coimisiún na Gaeltachta nua chun measúnú uasdátaithe a dhéanamh ar staid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta aitheanta. Dar le torthaí an iniúchta a rinneadh, laghdófaí go mór an méid ceantar a aithneofaí mar cheantair Ghaeltachta. Moladh i dtuarascáil an Choimisiúin nua seo go

dtabharfaí seacht mbliana do na pobail Ghaeltachta chun cur le húsáid na Gaeilge ina gceantair féin. Moladh go mba chóir go labhródh ar a laghad 20% de phobal na gceantar seo Gaeilge go laethúil. Aithníodh sa tuarascáil chéanna an ghéarchéim a bhí i dtitim líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla sna Gaeltachtaí agus tugadh le fios go raibh gníomh práinneach ag teastáil chun stop a chur leis sin. Bhí naoi moladh déag ag an gCoimisiún faoi na slite ab fhearr, dar le foireann an Choimisiúin i dtaca le moltaí ón bpobal, stádas agus staid na Gaeilge a ardú sna Gaeltachtaí agus sa tír i gcoitinne. Moladh córas pleanála teanga agus struchtúir feidhme a bhunú. Chuige sin, moladh go ndéanfaí Bille na dTeangacha Oifigiúla a achtú agus go leanfaidh Acht na dTeangacha Oifigiúla an Bille sin. Chonacthas tuiscint ag teacht chun cinn go mba chóir na ceantair Ghaeltachta a shainiú ar bhonn teangeolaíoch seachas ar bhonn tíreolaíoch amháin. Chonacthas an tuiscint chéanna seo sa tuarascáil a foilsíodh mar thoradh ar an obair a rinneadh don *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007), inar moladh go n-aithneofaí catagóirí éagsúla teanga, bunaithe ar úsáid na Gaeilge iontu, ionas go bhféadfaí straitéisí oiriúnacha teanga a chur i bhfeidhm iontu. Léirigh Ó Giollagáin, duine de phríomh-údair agus de phríomh-thaighdeoirí an staidéir an tábhacht leis an athrú fócais seo (2009: 155):

Is é an earráid bhunaidh a rinneadh i gcás na Gaeltachta gur roghnaíodh cur chuige limistéarach nach raibh ag teacht leis an dinimic shóisialta a rabhtas ag iarraidh tacú léi agus stádas oifigiúil stáit a bhronnadh ar an nGaeltacht; is é sin go ndearnadh fabht tíreolaíoch i ngné de chuid an tsaoil a thuigtear agus atá préamhaithe go príomha ina chuid réimsí sóisialta.

Leagadh béim ar na critéir theangeolaíocha arís in Acht na Gaeltachta 2012. Leagadh síos mar aidhm amháin ag an Acht sainmhíniú a dhéanamh ar an nGaeltacht agus bhí béim shonrach ar an bpleanáil teanga. Socraíodh go n-aithneofaí ceantair éagsúla ar bhonn teangeolaíoch i gcatagóirí éagsúla, .i. ‘Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta’, ‘Bailte Seirbhíse Gaeltachta’ agus ‘Líonraí Gaeilge’, le critéir ar leithligh ag baint leis na catagóirí éagsúla. D’fhógair an

tAire Stáit do ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, liosta de na bailte a d'fhéadfadh a bheith aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta faoin Acht i Nollag 2014 agus áiríodh cathair Chorcaí mar cheann amháin acu. Tá an próiseas pleanála tosaithe i roinnt de na ceantair ainmnithe cheana féin.

2.2.2 Forbairt tionsclaíochta sna ceantair Ghaeltachta

Tabharfar forbhreathnú gairid anseo ar ghné eile de chaomhnú na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ó bhunú an stáit- forbairt réigiúnach agus tionsclaíoch. Mar chomhthéacsú is fiú breathnú siar ar dtús ar dhrochstaid na tíre ó thaobh eacnamaíochta de le linn an naoú haois déag. Mar iarracht ar dhul i ngleic leis sin cuireadh scéimeanna éigeandála éagsúla i bhfeidhm. Bunaíodh tithe na mbocht agus scéim na n-oibreacha faoisimh ach níor éirigh le ceachtar de na scéimeanna sin. Bhunaigh rialtas Shasana Bord na gCeantar Cúng sa bhliain 1892 chun tabhairt faoi fheabhas a chur ar staid gheilleagrach na gceantar ba bhoichte sa tír. Baisteadh 'ceantair chúnga' ar na ceantair seo a bhí róphlódaithe de ghnáth agus 'nár bh acmhainn don talmhaíocht an daonra ard a chothú' (Walsh, 2002: iii). Tharla sé gur sna ceantair Ghaeltachta, mar a aithníodh iad thar imeacht ama, ba mhó a bhí an Bord ag feidhmiú. Feictear sin má úsáidtear torthaí Daonáirimh 1891 i gcomórtas leis na staitisticí ó thuairiscí Bhord na gCeantar Cúng. Dar le Ó Torna, feictear gur clúdaíodh formhór na gceantar inar labhraíodh Gaeilge mar theanga phobail iontu faoi chúram an Bhoird: *'Má ríomhtar líon na gcainteoirí Gaeilge ar bhonn contae ó thorthaí an Daonáirimh...feicfear gur sna contaetha 'cúnga' a bhí formhór de lucht na Gaeilge ag cur fúthu'* (Ó Torna, 2005: 49). Mar a deir Ó Riagáin:

Irish.. was a language spoken in peripheral rural communities. This, and not the language's small demographic base in itself constituted the central language planning problem which faced the government in 1922 (Ó Riagáin, 1997: viii).

Dhírigh an Bord ar infreastruchtúr na gceantar cúng a fheabhsú agus ní raibh cothú na Gaeilge féin chun tosaigh in aidhmeanna an Bhoird. Bhí tionchar ag dídhaonrú sna ceantair seo ar mheath na Gaeilge agus ceapadh go mba chóir díriú ar fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta chun a chinntiú go gcaomhnófaí an daonra agus chun daoine nua a mhealladh chun na gceantar. Nuair a bhí Coimisiún na Gaeltachta i mbun oibre chun labhairt na Gaeilge i gceantair éagsúla na tíre a mheas, thug siad faoi mheasúnú a dhéanamh ar na ceantair inar labhraíodh Gaeilge ó thaobh infreastruchtúir de. Chomh maith le moltaí faoi chúrsaí teangan, rinneadh moltaí i dtuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta (1926) chomh maith *‘maidir le hoideachas, tionscal, geilleagar, riarachán agus athlonnú pobal Gaeltachta go háiteanna eile in Éirinn’* (Walsh, 2002: 17) Dúradh go neamhbhalbh sa tuarascáil go raibh gá le gníomhaíocht chomhordaithe rialtais chun an Ghaeilge a chaomhnú agus go mbeadh costas ard ag baint leis an bpleanáil teanga. Trí bliana dar gcionn, thug an rialtas (a raibh Eoin Mac Néill, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge ina Aire Oideachais ann) freagra do mholtaí na tuarascála agus dúradh go nglacfaí leis na moltaí i bprionsabal ach go mbeadh *‘very heavy expenditure’* ag baint lena gcur i bhfeidhm (Walsh, 2002: 18).

Nuair a bunaíodh Roinn na Gaeltachta i 1956, dhírigh sí fós ar infreastruchtúr na gceantar Gaeltachta a fheabhsú. Chuir an Roinn faoina cúram:

leas cultúrtha, sóisialach agus geilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn; cabhrú le caomhaint; agus a mhéid is gá nó is cuí, dul i gcomhairle le agus comhairle a ghlacadh le Ranna eile Stáit i dtaobh seirbhísí a riaras na Ranna sin agus a bhaineas leas cultúrtha, sóisialach nó geilleagrach na Gaeltachta nó a bhaineas leis an gcuspóir naisiúnta an Ghaeilge d’athbheochaint (An tAcht Airí agus Rúnaithe (leasú), 1956: Alt 3(2))

Dhá bhliain i ndiaidh bhunú na Roinne, bunaíodh Gaeltarra Éireann chun tionsclaíocht na gceantar Gaeltachta a riaradh. Díróidh anois ní hamháin ar thionsclaíocht áitiúil ach ar infheistíocht sheachtrach a mhealladh isteach chomh maith, rud a leagadh amach go soiléir sa

'Programme for Economic Expansion' (1958). Tháinig 40% de thionscnaimh/fhiontair nua ó fhoinsí seachtracha, ó Mheiriceá, Cheanada, ón nGearmáin agus ón Iodáil go príomha. (Commins, 1988: 15). Is féidir a áiteamh go raibh polasaí an rialtais i leith thionsclaíocht na Gaeltachta rathúil go pointe áirithe mar sin. Tháinig forbairt nach beag ar eacnamaíocht na gceantar Gaeltachta ó lár an fichiú haois i leith. Óna 1960í déanacha go dtí luath sna 1980í ardaíodh an líon daoine a fostaíodh i bhfiontair thionsclaíochta sna ceantair Ghaeltachta ó 700 go 4, 300 (*Ibid.*). Ach fad is a bhí cúrsaí eacnamaíochta na nGaeltachtaí á bhforbairt, bhí tionchar ag an mborradh faoin tionscal seachrach sna ceantair seo ar úsáid na Gaeilge iontu. Is cinnte gur cuireadh leis an líon daoine ag teacht isteach nach raibh Gaeilge acu in aon chor agus níor cuireadh socruithe i bhfeidhm chun dualgais theangeolaíochta a chur ar na daoine seo ó thaobh úsáid na Gaeilge de. Patrún ab ea é seo a thosaigh in aimsir Bhord na gCeantar Cúng:

Little attention was devoted to the potentially deleterious effects of industrialisation on the use of Gaelic. It is now becoming increasingly apparent that the economic development in these communities does not necessarily overcome linguistic decline, and in certain circumstances may even be responsible for its acceleration (Tagartha ag Walsh, 2002: 25)

Ba i mBéarla a riaradh obair Bhord na gCeantar Cúng ón tús in ainneoin céatadán ard na gcainteoirí Gaeilge sna ceantair sin. Maidir le háisíneachtaí poiblí sa Ghaeltacht, d'aithin grúpa oibre i 1971 go raibh suas le 24 áisíneacht poiblí ag feidhmiú go páirteach nó go hiomlán sa Ghaeltacht ach fós faoin am seo ní raibh dualgais shoiléire theangeolaíochta orthu don mhórchuid: *'...most significantly, there are no clear-cut language-policy prescriptions to which these various agencies must adhere'* (Commins, 1988: 16). Cuireadh clár cuimsitheach taighde CILAR (Committee on Irish Language Attitudes Research) le chéile i 1970 agus léirigh a gcuid taighde go raibh laghdú in úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Chaith staidéir CILAR solas ar thionchar inimirce ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Dar leo *'it is known that incomers to the Gaeltacht are six times more likely to be English-speaking monolinguals than persons born*

here' (CLAR 1975: 138). B'shin cúis amháin taobh thiar den bhrú a cuireadh ar an rialtas sna seachtóidí áisíneacht Gaeltachta nua a bhunú a bheadh difriúil ó Ghaeltarra Éireann. Bhí sé tábhachtach do mhuintir na Gaeltachta go ndéanfaí ionadaíocht níos mó ar an bpobal san áisíneacht nua agus go ndíreodh sé níos mó ar chothú na Gaeilge. Mar thoradh ar na héilimh seo, bunaíodh Údarás na Gaeltachta agus thogh muintir na Gaeltachta seachtar ball (as triúr déag). Cuireadh síos go reachtúil ar ról an Údaráis mar seo:

An tÚdarás shall encourage the preservation and extension of the use of the Irish language as the principal medium of communication in the Gaeltacht and shall ensure that Irish is used to the greatest extent possible in the performance by it and on behalf of its functions. (Acht Údarás na Gaeltachta, 8 (1))

Murab ionann agus Ghaeltarra bhí rannóg ar leith san Údarás ón tús ag plé le teanga agus le cultúr, go comhthreomhar le forbairt eacnamaíochta. Níor tugadh na cumhachtaí cuimsitheacha a bhíodas ag súil leo d'Údarás na Gaeltachta, áfach, agus dar le Commins (1988: 17) níor tugadh mórán fíor-chumhachta don Údarás i ndáiríre. Le blianta beaga anuas, dhírigh Údarás na Gaeltachta níos mó ar fhostaíocht a chruthú san earnáil phríobháideach agus bogadh an fócas thar am ó phostanna breacoilte nó neamhoilte a chruthú go deiseanna fostaíochta a chruthú san earnáil oilte agus go háirithe '*tionscal na teileachumarsáide ó bunaíodh an stáisiún teilifíse TG4 i 1996*' (Walsh 2002: 27). I gcaitheamh an ama seo ar fad, áfach, lean leis na gearáin faoin drochthionchar ag an bhforbairt thionsclaíochta ar chothú na Gaeilge sa Ghaeltacht. I 1985 rinne Ó Cinnéide tagairt do staidéar a choimisiúnaigh an tÚdarás a léirigh an fhadhb seo arís:

A recent report commissioned by Údarás na Gaeltachta concludes that there is widespread evidence of cultural change within the Gaeltacht and that the agency is failing to achieve its goal of preserving the language. Moreover, the report states that undoubtedly one of the causes of the linguistic decline has been the success of the industrial and economic policies put forward by Údarás na Gaeltachta. (Ó Cinnéide, 1985: 7/8, Tagartha ag Walsh, 2002: 38)

2.3 Athbheochan- sealbhú na Gaeilge sa chóras oideachais

Maidir le hathbheochan na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, díródh ar shealbhú na Gaeilge lasmuigh de na ceantair sin i gcur chuige ‘scoilbhunaithe’. Dar ndóigh bhí tionchar ag a bhí ag tarlúint sa chóras oideachais ar an tír i gcoitinne agus os rud é ní raibh córas dá gcuid féin sna ceantair Ghaeltachta go dtí le fíordhéanaí. Díritear go príomha anseo ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc agus ar na hiarrachtaí a rinneadh chun cumas na múinteoirí sa Ghaeilge a ardú. Is minic a chuirtear an locht ar an gcóras oideachais maidir le heaspa cumais ghinearálta sa Ghaeilge. Is cinnte gur cuireadh an t-ualach ar an gcóras oideachais mar phríomh-uirlis chun an Ghaeilge a athbheochan lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta go háirithe. Dar le Kelly (2002: 4), is cosúil gur cuireadh cuid den locht ar an gcóras oideachais maidir le meath na Gaeilge sa naoú haois déag agus ba é an smaoineamh a bhí ann nuair a baineadh neamhspleáchas amach (agus roimhe sin, fiú) ná go bhféadfadh an córas oideachais a mhalairt a dhéanamh agus an Ghaeilge a chur ar ais i mbéil na ndaoine. Cé go raibh tionchar ag cúrsaí eacnamaíochta agus go leor cúinsí eile ar an iompú teanga a tharla sa naoú haois déag, is cosúil nár cuireadh na cúiseanna sin san áireamh agus athbheochan na Gaeilge á phleanáil ag an rialtas:

The philosophy of the revival movement was founded on the incorrect assumption that if English had replaced Irish as the language of the country primarily through the education system, then the reverse could be brought about by a native government. (Kelly, 2002: 5)

Roimh bhunú an Stáit, bhí Conradh na Gaeilge tar éis ranganna a eagrú cheana féin chun Gaeilge a mhúineadh agus bhí próiseas i bhfeidhm cheana féin chun múineadh na Gaeilge sna scoileanna a leathnú agus caighdeán na Gaeilge i measc na ndaltaí a ardú. Chabhraigh bunú an Choiste Oideachais (1902) agus clár Choimisinéirí an Oideachais Náisiúnta (1906-7) leis an nGaeilge a chur chun cinn. Ansin, i ndiaidh bhunú na chéad dála i 1919, cheadaigh Cumann

Múinteoirí Scoileanna na hÉireann rún chun grúpa ionadaíoch a chur le chéile chun clár náisiúnta na hÉireanna a chruthú. Fógraíodh comhdháil an Chláir Náisiúnta mar thoradh air sin.

2.3.1 Úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc

Bhí úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sa chóras oideachais ina straitéis lárnach ón tús in athbheochan na Gaeilge. Roimh bhunú an stáit bhí leithéidí Phádraig Mhic Phiarais ag áiteamh go raibh gá le húsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna in athbheochan rathúil (1916: 26). Tá aontú i measc na n-eolaithe gur éifeachtaí múineadh an dara teanga más trí thumoideachas a ndéantar é. Mar a deir Hickey:

Is léir anois ó na taighdí go léir i gCeanada agus i dtíortha eile gurbh é modh an tumtha an modh is éifeachtaí le T2 a insealbhú. Is fíor seo fiú nuair a dhéantar an tumadh chomh mall le haois 5/6. Dé luaithe is a thosnaítear ar an tumadh is amhlaidh is fear an toradh a bhíonn ar an insealbhú. (1993: 6)

Dhírigh iarrachtaí chun sealbhú na Gaeilge a fheabhsú níos mó ar na scoileanna náisiúnta ná ar na hiarbhunscoileanna nuair a bunaíodh an stát. Cúis amháin air sin ná go raibh daonra i bhfad níos lú ag freastal ar na hiarbhunscoileanna ná a bhí ag freastal ar scoileanna náisiúnta na tíre ag an am. Anuas air sin, bhí áit na Gaeilge i scoileanna dara leibhéal na tíre níos sábháilte ón tús, de réir dealraimh, os rud é gur leor múinteoir amháin a bheith sa scoil chun an teanga a mhúineadh seachas Gaeilge a bheith ag gach múinteoir ranga, mar a bhíonn ag teastáil sa bhunscoil. Tugadh deontais do scoileanna ina raibh Gaeilge á mhúineadh iontu agus bronnadh níos mó marcanna ar dhaltaí a thug faoi scrúdú trí Ghaeilge. Cuireadh tús le córas na ndeontas i 1924 agus bhí sé bunaithe ar rangú na scoileanna i dtrí chatagóir, scoileanna A, B (B1 agus B2) agus C, ag brath ar leibhéal na Gaeilge a úsáideadh iontu. Áiríodh i ngrúpa A na scoileanna ina rinneadh an teagasc go léir trí mheán na Gaeilge agus ina raibh Gaeilge an ghnáth-theanga

chumarsáide iontu i measc na ndaltaí agus na múinteoirí. Cuireadh scoileanna dátheangacha i gcatagóir B; scoileanna inar múineadh Gaeilge mar ábhar agus inar múineadh roinnt ábhar eile trí mheán na Gaeilge chomh maith. Sna scoileanna i gcatagóir C, múineadh Gaeilge mar ábhar agus b'shin é. Ó 1931 bhí 34 scoil i gcatagóir A le 60 eile ag iarraidh catagóir A a bhaint amach ó 1934 (Kelly, 2002: 61-2). Bhí áit ag an nGaeilge sa chóras idirmheánach óna bhunú sa bhliain 1878 ach in 1913 le teacht isteach Gaeilge riachtanach do mháithreánach méadaíodh go mór an líon daoine a rinne staidéar uirthi (Kelly, 2002: 7). Nuair a tugadh isteach an teastas idirmheánach agus an Ardteistiméireacht i 1924, bhí ar dhaltaí 'pas' a fháil sa Bhéarla ná sa Ghaeilge sula mbronnadh an teastas orthu (Kelly, 2002: 11). Dar le Kelly, méadaíodh líon na ndaltaí a thug faoi scrúduithe i nGaeilge ó 15% go 95% sa chéad deich mbliana tar éis neamhspleáchais. Ón mbliain 1949 bhí os cionn ceathrú de na scoileanna go léir i gcatagóir A. Ó 1962, áfach, bhí líon na scoileanna sa chatagóir seo ag laghdú arís mar thoradh ar easpa áiseanna, easpa téacsleabhair oiriúnacha mar shampla.

An-luath i ndiaidh bhunú an Stáit tosaíodh ar iarrachtaí chun an Ghaeilge a lonnú mar mheán teagaisc sna scoileanna. Mar a deir Ó Riain (1994: 47): 'ar éigin a bhí an Rialtas Sealadach coicís ar bun nuair a reachtaigh sé go múinfí an Ghaeilge ar feadh uair a chloig, nó go n-úsáidfí mar mheán teagaisc í, gach lá i ngach scoil'. Tionóladh an dara comhdháil don Chlár Náisiúnta i Meitheamh 1925 agus ceann de na hábhair is mó a pléadh ab ea an Ghaeilge a bheith ina meán teagaisc i ranganna na naíonán. Mar a dúradh sa tuarascáil:

The work in the infants' classes between 10.30 a.m- 2.00 p.m is to be entirely through Irish where the teachers are sufficiently qualified. Teachers able to teach Irish, but not through Irish, are to teach Irish as a subject for one hour per day at least and to use Irish as much as possible as the school language (Tagartha ag Kelly, 2002: 11)

Léirítear sa mhéid thuas ceann de na dúshláin eile a bhain leis an nGaeilge a mhúineadh arís-easpa cumais sa Ghaeilge i measc na múinteoirí. Eisíodh ciorclán 11/31 chun a shoiléiriú arís gurbh í aidhm an Chláir Náisiúnta ná an Ghaeilge mar mheán teagaisc a leathnú chomh fada agus is féidir (DD, 1955). Áiríodh sa ciorclán ceithre phointe tábhachtacha a leag amach tosaíochtaí an Chláir Náisiúnta maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna, lena n-áiríodh úsáid iomlán na Gaeilge a dheimhniú mar mheán teagaisc i scoileanna ina raibh múinteoir a bhí cumasach go leor chun sin a dhéanamh. Ina theannta sin, moladh nach mbeadh múineadh na Gaeilge riachtanach ach amháin má tá duine sa scoil le hardchumas chun í a mhúineadh agus moladh céimeanna idirthréimseacha ina dtabharfaí isteach páirt-úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc de réir mar a mhéadaigh cumas an mhúinteora agus cumas na bpáistí sa Ghaeilge. Creideadh go forleathan nár leor Gaeilge a mhúineadh ar feadh uair a chloig in aghaidh an lae chun í a athbheochan. Lean an tuairim seo ina ábhar lárnach i gceist na Gaeilge sa chóras oideachais mar is léir ón méid seo a leanas a dúirt Tomás Ó Deirg i 1943 agus é ina Aire Oideachais ag an am:

Muna bhfuil d'aidhm againn ach díreach an Ghaeilge do choimead beo, ina dara theanga ornáidigh gur cheart í do bheith ar eolas, a bheag nó a mhór, ag gach Éireannach, amhail agus a bhíodh eolas ar Laidin agus ar Fhraincis ag duine léigheanta san naoú haois déag- féadfaimid an aidhm sin do shroichint ach an Ghaedhilg do mhúineadh ar feadh aon uair a chluig amháin sa ló i ngach scoil- agus an chuid eile den obair, nó a fúrmhór, do dhéanamh trí Bhéarla... Níl mise sásta glacadh leis agus ní dóigh liom go bhfuil an Rialtas ach oiread. (Tagartha ag Ó Riain, 1994: 56)

Bhí an Ghaeilge ina meán teagaisc i ranganna na naíonán i líon mór scoileanna ar dtús. Dar le Kelly (2002: 44) go raibh 1,240 buncoileanna ag baint úsáide as Gaeilge amháin mar mheán teagaisc i ranganna na naíonán agus go raibh Béarla agus Gaeilge á n-úsáid mar mheán teagaisc i ranganna na naíonán i 3,570 scoileanna eile ó 1928. D'fhág sin nach raibh ach 373 scoileanna ina raibh Béarla amháin á úsáid mar mheán teagaisc. Nuair a toghadh Fianna Fáil i Rialtas na hÉireann i Márta 1932 eisíodh an ciorclán '*Rules and Regulations for National Schools*' inar

leagadh béim ar leathnú na Gaeilge sna scoileanna agus i ranganna na naíonán go háirithe. Feictear tiomantas an rialtais úsáid na Gaeilge a leathnú sa chóras oideachais ach bhíodar ann a d'áitigh nach raibh go leor béime ar úsáid na Gaeilge lasmuigh d'uaireanta na scoile. Ní raibh gach duine sásta ach an oiread le Gaeilge a bheith chomh lárnach sa chóras oideachais. Bhí buarthaí ag daoine faoi mhúineadh na bpáistí scoile trí theanga nach raibh acu sa bhaile agus faoin gcaighdeán oideachais a bhí ar fáil dá bharr. I 1936 shocraigh INTO ar iniúchadh a dhéanamh chun tionchar athheochan na Gaeilge ar chaighdeán an oideachais sa tír a mheas ach níor ghlac Conradh na Gaeilge leis na moltaí a d'eascair as an staidéar mar bhí sé lochtach i go leor slite, mar shampla níor cuireadh mná a bhí ina múinteoirí san áireamh sa staidéar, ní bhfuarthas ach 10% de cheistneoirí ar ais agus níor tugadh aird do ghníomhaíochtaí ábhartha eile a bhí ar bun sna scoileanna (Kelly, 2002: 48).

Nuair a ceapadh Richard Mulcahy mar Aire Oideachais i 1948 rinne sé iniúchadh ar áit na Gaeilge sa chóras oideachais arís. Chuige sin, in Earrach 1948 thug ceathrar cigirí cuairt ar naoi scoil is fiche i gceithre chontae déag (Kelly, 2002: 54). Ba é cuspóir an iniúchta ná fáil amach an raibh múinteoirí ag cloí leis na rialacha a leagadh síos cheana féin maidir le húsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna scoileanna. Fuarthas amach nach raibh formhór na múinteoirí ag cloí leis na rialacha a leagadh amach, rud a bhí ar eolas ag daoine ar feadh tamaill ach nár díriodh aird oifigiúil air go dtí seo. Bhí teagasc i nGaeilge sna scoileanna ag brath go mór ar an gcáilíocht Gaeilge a bhí ag na múinteoirí ach bhí doiléireacht i gceist maidir leis an gcumas a bhí ag teastáil. Baineadh leas as frásaí mar 'i ngach scoil ina bhfuil dóthain cáilíocht chuige', 'más leor chuige cáilíocht na múinteoirí', *'The teacher must always have such proficiency in Irish as will enable him to use it with effect at the level of the child's knowledge'* (Kelly, 2002: 26). Ní raibh cumas riachtanach na múinteoirí soiléir in aon chor. Tharla forbairt

sna 1950í déanacha agus sna 1960í ar thaighde ar oideachas dátheangach. I 1959 tharla an chéad sárú mar gheall ar úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc nuair a dúirt an tAire Oideachais, Patrick Hillery, go mbeadh athbheochan na Gaeilge níos rathúla dá múiní an Ghaeilge i gceart seachas a bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge amháin. In Eanáir 1960, d'eisigh Hillery ciorclán a chuir deireadh leis an riachtanas Gaeilge a úsáid mar mheán teagaisc i bhformhór scoileanna na tíre. Ó 1960 i leith bhí borradh faoi thaighde a rinneadh ar an oideachas agus bhí níos mó suime agus feasachta poiblí faoi chúrsaí oideachais sa tír. Fós i 1965, áfach, bhí caint ag comhdháil bhliantúil an INTO faoi bhrú a chur ar an Roinn Oideachais clár nua a bheadh níos réalaíche a chur i bhfeidhm i leith na Gaeilge ar scoil mar go raibh ábhair eile fós ag fulaingt mar gheall ar áit na Gaeilge sa chóras oideachais.

2.3.2 Oiliúint na Gaeilge i measc múinteoirí

Ceann de na deacrachtaí is mó leis an gcur chuige ‘scoilbhunaithe’ seo, mar sin, ab ea caighdeán íseal Gaeilge na múinteoirí agus na bpáistí. Ba dhúshlán mór é nach raibh múinteoirí cumasach go leor chun an bhéim nua a cuireadh ar an nGaeilge sna scoileanna a láimhseáil. Ag caint faoin gcéad chomhdháil den Chlár Náisiúnta, luann Kelly (2002: 8) an neamhaird a tugadh ar easpa cumais na múinteoirí sa Ghaeilge: *‘No consideration was taken of the teachers who had to teach the programme, many of whom had no Irish themselves’*. Rinneadh iarrachtaí cumas na múinteoirí sa Ghaeilge a fheabhsú i gcúpla slí. D’fhreastail roinnt múinteoirí ar chúrsaí samhraidh sna coláistí samhraidh a bunaíodh go luath sa fichiú haois. I 1922 cuireadh síneadh le laethanta saoire na scoileanna chun deis a thabhairt do mhúinteoirí freastail ar na coláistí samhraidh seo. Bhí na cúrsaí seo dírithe go mór ar mhúinteoirí na scoileanna náisiúnta ach bhí cúrsaí le fáil do mhúinteoirí iarbhunscoileanna chomh maith, eagraithe ag Cumann na

Meánmhúinteoirí. Ó 1929 ceapadh gur tugadh flúirse ama do mhúinteoirí caighdeán a gcuid Ghaeilge a ardú agus sa bhliain sin níor cuireadh cúrsaí ar fáil:

By 1929 it was thought teachers had been given ample opportunity to learn the language, and combined with the success up to then and the coming on stream of newly qualified teachers competent in Irish, it was deemed unnecessary to provide summer courses in 1929. (Kelly, 2002: 67)

I 1932 rinne an Roinn Oideachais iarracht solas a chaitheamh ar na rialacháin faoin gcáilíocht ar chóir a bheith ag múinteoirí chun múineadh trí Ghaeilge. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, áfach, nuair a bhí srian ar thaisteal inmheánach, socraíodh go raibh sé tábhachtach tús a chur leis na cúrsaí samhraidh arís mar tháinig laghdú ar líon na ndaoine ag tabhairt cuairte ar na ceantair Ghaeltachta le linn na tréimhse seo. Cuireadh tús leis an bpróiseas i 1944 nuair a d'fhógair an rialtas go gcuirfí cúrsaí ar fáil do mhúinteoirí iarbhunscoileanna mar bhí cumas íseal sa Ghaeilge ina measc go ginearálta (*Ibid.*). I Márta 1942 chuir an Roinn Oideachais tús le sraith chúrsaí do mhúinteoirí lánaimseartha i scoileanna teicniúla- an Teastas Timire Gaeilge. Bhí sé mar aidhm ag an teastas seo an Ghaeilge san earnáil ghairmiúil a chur chun cinn agus a fhorbairt. Le hiarrachtaí seo an rialtais tháinig feabhas ar oilliúint na múinteoirí óna 1930í ar aghaidh ach roimhe sin bhí an-chuid lochtanna agus mearbhaill i réim.

Maidir leis na coláistí oiliúna, na coláistí a d'fhreastail daoine orthu chun cáilíocht sa mhúinteoireacht a bhaint amach, ní raibh mórán béime ar an nGaeilge iontu roimh bhunú an stáit. Ní raibh Gaeilge éigeantach sna coláistí seo; bhí sé ar fáil mar ábhar roghnach amháin. Bhí sin le hathrú le beartas an rialtais sna scoileanna agus óna 1920í déanacha bhí sé soiléir go raibh 'Gaelú' ar bun sna coláistí seo. I gColáiste Pádraig i nDroim Conrach, múineadh na hábhair go léir trí Ghaeilge ó na 1930í agus bhí Gaeilge mar theanga chumarsáide an choláiste. Níor cuireadh a gcuid scoláirí ar chleachtadh múinteoireachta ach amháin go scoileanna inar múineadh na hábhair go léir trí mheán na Gaeilge (Kelly, 2002: 68). Bhí an scéal mórán mar

an gcéanna sna coláistí oiliúna eile. Rinneadh formhór na hoibre i gcoláiste de la Salle i bPort Láirge trí Ghaeilge agus chuir an Roinn Oideachais síos ar an atmaisféar i gColáiste Mhuire gan Smál mar ‘*thoroughly Gaelic*’ (*Ibid.*). Chabhraigh bunú na gcoláistí ullmhúcháin go mór leis an obair seo a bhí ar bun sna coláistí oiliúna agus leis an méadú béime ar an nGaeilge sa chóras oideachais. Socraíodh go mbunófaí na coláistí seo ag cruinniú coiste na Roinne Oideachais i Márta 1925. Scoileanna cónaithe dara leibhéal a bhí iontu agus bhí siad dírithe ar dhaltaí a bhí ag smaoineamh ar dhul i mbun múinteoireachta. Bunaíodh seacht gcoláiste ullmhúcháin agus mhol Timothy Corcoran (a bhí ina ollamh le cleachtadh agus le teoiric an oideachais i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath) go mba chóir go gcoimeádfaí spásanna áirithe sna coláistí seo do dhaoine ó cheantair Ghaeltachta na tíre a bhí suim acu dul sa mhúinteoireacht. De réir a mholta, coimeádadh leath na spásanna do dhaoine ar éirigh leo 85% a bhaint amach sa scrúdú béil iontrála agus coimeádadh leath na spásanna sin d’iarrthóirí as an bhFíor-Ghaeltacht (Kelly, 2002: 72). Bhí roinnt daoine i gcoinne an chinnidh seo mar cheap daoine go raibh an polasaí iontrála míchothrom agus go gcruthófaí deighilt idir dhaltaí na Gaeltachta agus daltaí eile dá bharr, a dhéanfadh dochar don teanga. Níor tógadh isteach mic léinn nua sna coláistí i 1939 agus d’fhan sé mar sin go dtí an scoilbhliain 1943-4. Ón am seo, bhí an líon daoine a bhí ag freastail ar na coláistí níos ísle ná riamh agus timpeall an ama seo cuireadh tús le próiseas dhúnadh na gcoláistí ullmhúcháin. I 1958 d’fhógair Jack Lynch, an Taoiseach ag an am, go mbeadh córas iontrála nua ag na coláistí agus go mbeadh sé bunaithe go hiomlán anois ar thorthaí na hArdeistiméireachta. D’fhógair Hillery, comharba Lynch, i 1960 go raibh sé de rún ag an Roinn Oideachais deireadh a chur leis na coláistí seo agus scéim scoláireachta a bhunú ina áit do mhuintir na Gaeltachta (Kelly, 2002: 73). Bhí ar an rialtas fócas áirithe a chur ar fhorbairt na Gaeilge ag an tríú leibhéal chun leanúnachas a chruthú sa

chóras oideachais. Mar a luadh cheana, laistigh de dhá bhliain tar éis a bhunaithe, fógraíodh go mbeadh Gaeilge ina ábhar riachtanach do mháithreánach in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Ba chéim mhór don chóras oideachais é seo dar ndóigh os rud é go raibh Ollscoil Náisiúnta na hÉireann i gceannas ar na coláistí ollscoile go léir sa tír (ach amháin Coláiste na Tríonóide). Bhí sé riachtanach caighdeán na Gaeilge i measc mhúinteoirí na tíre a ardú chun beartas an rialtais i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Dar le Ó Riain (1994: 50) ‘Ar an mórgóir, bhí úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc ar fud an chórais oideachais ag méadú ó bhunú an Stáit go deireadh na 1940í, ag meath uaidh sin go deireadh na seachtóidí agus ag méadú go han-mhall arís ansin’. Is cinnte go raibh méadú ar líon na nGaelscoileanna arís agus ón mbliain a foilsíodh leabhar Uí Riain go dtí an lá atá inniu ann cuireadh go mór lena líon arís. De réir na bhfigiúirí is déanaí ó Ghaelscoileanna Teo. (2017), tá 305 bunscoil lán-Ghaeilge agus 72 iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge in Éirinn (idir Phoblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann, 270 agus 66 faoi seach sa 26 chontae). Tá líon na ndaltaí ag freastail ar na scoileanna seo ag dul i méid chomh maith, rud a fhágann go raibh rath éigin ag baint le cur chuige scoilbhunaithe an stáit i leith athbheochan na Gaeilge. Dar le Ó Riain (1994: 47): ‘más fíor gur theip ar phleanáil stádais na Gaeilge idir 1919 agus 1983, ní sa chóras oideachais, go príomha, atá fáth na teipe sin’. Dar leis, rinneadh níos mó dul chun cinn i bpleanáil stádais san oideachas ná i réimsí eile. Is léir chomh maith, áfach, go raibh an-chuid lochtanna leis an gcur chuige. Is léir nár cuireadh go leor béime ar labhairt na Gaeilge sa chóras oideachais agus is léir go raibh agus go bhfuil fós bearna mhór idir chumas agus úsáid na Gaeilge. B’fhéidir gurb é an locht is mó ná an easpa airde a tugadh ar dheiseanna úsáide na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, rud a ndíreofar níos mó air amach anseo, agus bhí tionchar aige sin ar rath na Gaeilge laistigh den chóras oideachais chomh maith.

2.4 Pleanáil don Ghaeilge sa Státseirbhís

Maidir leis an gcóras poiblí, dar le Ó Riain gurb é ‘ceann de na hionaid ba threise chur chun cinn na Gaeilge ná an státseirbhís’ (1994: 33). Is cinnte gur tugadh faoi go leor iarrachtaí ar athghaelaithe sa Státseirbhís thar na blianta. Ó 1925 i leith bhí Gaeilge riachtanach i gcomórtais oscailte le haghaidh post sa tSeirbhís. Díríodh ar chumas Gaeilge na n-oibrithe sa Státseirbhís a fheabhsú. Cuireann Ó Riain síos ar roinnt de na hiarrachtaí luatha chuige sin:

Idir 1927 agus 1931 ceapadh triail iontrála i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. An uair sin, freisin, ceapadh triail phromaídh i labhairt na teanga, a bheadh le déanamh roimh dheireadh an dar bliain den tréimhse phromaídh. I 1937 tionscnaíodh trialacha chun a dheimhniú go raibh inniúlacht i nGaeilge ag oifigigh a raibh cúig bliana caite acu sa tSeirbhís agus a chinnteodh go raibh said in ann a gcuid dualgas oifigiúil a chomhlíonadh i nGaeilge. I 1945 cuireadh tús le triail Ghaeilge i gcomhair ardú céime sa Státseirbhís do na hoifigigh sin. (1994: 33)

Ní raibh Gaeilge éigeantach ag an am seo do ghráid ghairmiúla ná teicniúla sa Státseirbhís ach tugadh tosaíocht do dhaoine cáilithe do phostanna sna réimsí sin a raibh inniúil sa Ghaeilge thar daoine cáilithe nach raibh Gaeilge acu. Ní hionann cumas sa Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge agus ba é leathnú úsáide na Gaeilge ba chuspóir leis an bpleanáil teanga ón tús. Níor tugadh faoi thaighde ar an tionchar a bhí ag ceapadh daoine a raibh cumas acu sa Ghaeilge ar úsáid na Gaeilge sa Státseirbhís trí chéile. Déanann Ó Riain (1994: 34) tagairt do chiorclán na Roinne Airgeadais in 1929 a d’áitigh go mbeadh sé de cheart ag baill den phobal freagra i nGaeilge a fháil ar litir i nGaeilge. Níor cuireadh aon innealra in áit a chinnteodh feidhmiú an chirt seo. Dar le Ó Riain (*Ibid.*) gur cosúil ‘nár smaoinigh an Rialtas ar a leithéid de cheart a aithint go fiú’. Léiríodh easpa tiomantais an rialtais i leith na Gaeilge sa Státchóras nuair a pléadh moltaí Choimisiúin na Gaeltachta a foilsíodh in 1926. Ba é moladh 31 an Choimisiúin ‘*that systematic steps be taken to replace all non-Irish speaking officials in the Gaeltacht by competent Irish speaking officials.*’ Faoi mar a rinneadh leis na moltaí trí chéile, aontaíodh leo

‘i bprionsabal’ ach dúradh: ‘*due regard must be had to the practical difficulties which must be met in carrying it into effect*’ (Tagartha ag Ó Riain, 1991:38).

Os rud é nár cuireadh córas éifeachtach i bhfeidhm chun leathnú úsáid na Gaeilge sa Státchóras a chinntiú, ní haon iontas é nár tháinig feabhas comhsheasmhach ar úsáid na Gaeilge sa chóras poiblí go ginearálta. Mhéadaigh úsáid na Gaeilge in oifigí áirithe ach i gcásanna nach raibh Gaeilge ag oifigigh shinsearacha na n-oifigí bhí tionchar aige sin ar leathnú úsáid na Gaeilge. In 1954 chuir an Chomhdháil um Ghnóthaí Teaghlachais sa Státseirbhís coiste le chéile chun tuarascáil a fhoilsiú ar úsáid na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí. Cé gur tuairiscíodh méaduithe suntasacha i gcumas sa Ghaeilge go ginearálta i measc oifigigh, ó thaobh úsáide de, dúradh: ‘...*there has been no advance in the use of Irish in the Civil Service in the last decade. An increase in some sections has been balanced by a decline elsewhere*’ (Tagartha ag Ó Riain, 1994: 36). Cé gur féidir a rá gur éirigh leis an bpleanáil a bhí ar siúl ar mhaithe le cumas Gaeilge na n-oifigeach a mhéadú, cumas i dteanga nach n-úsáidfeadh a bhformhór acu ariamh ina saolta oibre a bhí i gceist. Is féidir a áiteamh gur chuir sin leis ‘an Ghaeilge a bheith á ceangal le smacht, le pionós, le leathchur i bhfeidhm, is le doiléire treorach’ (*Ibid.*). Is éasca a shamhlú an drochthionchar ag an mbeartas sin ar dhearcthaí i leith na Gaeilge trí chéile. Méadaíodh an t-eolas a bhí ag daoine sa Ghaeilge gan na fíor-dheiseanna úsáide a chruthú, rud a chothódh tuairimí nárbh fhiú Gaeilge a fhoghlaim. I 1974 cuireadh deireadh le Gaeilge éigeantach do phostanna sa tSeirbhís Phoiblí. In áit na Gaeilge éigeantaí, cuireadh córas i bhfeidhm inar tugadh 6% pointí sa bhreis d’iarrathóirí poist sa Státseirbhís a rinne an scrúdú iontrála trí mheán na Gaeilge. Cé gur fhoilsigh Bord na Gaeilge treoirlínte in 1993 faoi na seirbhísí trí Ghaeilge a bheadh ar fáil sa tSeirbhís Phoiblí, ní raibh bunús reachtúil ag na

treoirlínte sin. Ní raibh córas monatóireachta éifeachtach i bhfeidhm ach an oiread, rud a d'fhág nár tugadh mórán airde ar na treoirlínte sin.

Foilsíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla i 2003, a raibh d'aidhm aige níos mó seirbhísí ar ardchaighdeán a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí. Leagtar amach san Acht dualgais na n-eagraíochtaí poiblí maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla mar aon le cearta an phobail leas a bhaint as na seirbhísí sin. Foilsíodh liosta de na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth an Achta sa chéad sceideal den Acht. Díríonn forálacha an Achta ar leathnú úsáid na Gaeilge sna cúirteanna, i gcroí-fhoilseacháin na n-eagras stáit, i dtithe an Oireachtais, sa chumarsáid idir an Stát agus an pobal, i gcomharthaíocht, i stáiseanáireacht agus eile. Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga faoi alt 20-30 den Acht. Oifig reachtúil neamhspleách is ea í a fheidhmíonn ina seirbhís *ombudsman*. Is é ar cheann d'fheidhmeanna an choimisinéara ná monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhforálacha san Acht, imscrúduithe a dhéanamh as a stuaim féin nó mar thoradh ar ghearán a bheith déanta, agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú. Ba é Seán Ó Cuirreáin an chéad choimisinéir teanga ach d'éirigh sé as an gcúram i bhFeabhra 2014 mar thoradh ar a mhíshástacht le cur chuige an rialtais i leith chur i bhfeidhm fhorálacha an Achta. Sa bhliain 2013 rinneadh cinneadh fáil réidh leis na pointí bónais d'iarratasóirí a ndéanann scrúdú iontrála trí Ghaeilge sa Státseirbhís. In áit na bpointí bónais socraíodh ar chóras ina gcuirfí 6% de phainéil earcaíochta ar leataobh d'fhostaithe nua a bhfuil Gaeilge acu. Ag caint ag an bhFochoiste Oireachtais faoin Straitéis Fiche bliain, léirigh Seán Ó Cuirreáin a mhíshástacht leis sin:

Tá córas nua le cur ar bun mar scéim phiólótach in áit an chórais faoinar gealladh marcanna bónais le linn earcaíochta nó i gcás arduithe céime sa Státseirbhís do dhaoine le hinniúlacht i nGaeilge agus i mBéarla araon. Theip ar chóras na marcanna bónais a tháinig in áit na 'Gaeilge éigeantaí' de bharr nár cuireadh i bhfeidhm mar is ceart riamh é. Creidim go dteipfidh fosta ar an chóras úrnua, atá lochtach ó

thaobh an choincheapa de, agus go leanfar d'imeallú na teanga sa chóras riaracháin phoiblí. (DC, 2014)

Cuireadh tús le hathbheithniú ar fheidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2011 a bhfuil sé mar aidhm aige leasuithe inmholta a chur san áireamh san Acht a chinnteodh gurb iad na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge na seirbhísí is mó éileamh.

2.5 Pleanáil na teanga féin

Gné lárnach eile den phleanáil teanga don Ghaeilge ó bhunú an Stáit is ea pleanáil na teanga féin agus pleanáil chorpais. Nuair a bunaíodh an Stát ní raibh Gaeilge in úsáid in aon ghné de riarachán na tíre (Ó Riain, 1994: 63). Mar sin, bhí easpa comhionannais sa teanga agus ba sna canúintí éagsúla amháin a scríobhadh an teanga, canúintí a raibh an-éagsúlacht iontu. Bhí easpa caighdeáin ann agus easpa aontachta ó thaobh na gramadaí, litrithe agus mar sin de. I ndiaidh bhunú an stáit bhí neamhréiteach i dtuairimí faoin gcló féin a n-úsáidí i scríobh na Gaeilge go fiú. D'úsáidí cló ar a tugtar an cló Gaelach nó an cló Eilíseach ón séú céad déag i leith agus nuair a bunaíodh an stáit bhí cinneadh le déanamh an leanfaí le húsáid an chló sin nó an úsáidí an cló rómhánach a bhí in úsáid le formhór theangacha na hEorpa. Léirigh na díospóireachtaí ar an ábhar an tábhacht a bhaineann le siombalachas sa phleanáil teanga, dar le Ó Riain (*Ibid.*). Níor sroicheadh réiteach iomlán ar an gceist seo go dtí 1963 nuair a socraíoch nach n-úsáidí an cló Gaelach a thuilleadh. Bunaíodh Rannóg Aistriúcháin an Oireachtais i 1922 chun cáipéisí oifigiúla a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúla. D'aibhsigh bunú na rannóige seo an tábhacht a bhaineann le haontú agus le comhsheasmhacht ó thaobh fhoirm na teanga féin de. Bunaíodh Coiste an Litrithe i 1941 chun córas litriúcháin a mholadh a bheadh oiriúnach mar chóras caighdeánaithe agus i 1945 foilsíodh an Bunreacht sa litriú nua (Ó Riain, 1994: 74). Mar aon le cúrsaí litriúcháin tugadh faoi chaighdeánú ar chúrsaí foclóra agus téarmaíochta

chomh maith. Ag am bhunú an stáit, an foclóir údarásach a bhí ar fáil ná Foclóir an Duinnínigh (1904 agus ansin 1927). Foilsíodh foclóir cuimsitheach eile i 1959, Foclóir de Bhaldráithe, agus i 1977 d'fhoilsigh Oifig an tSoláthair Foclóir Néill Uí Dhónaill. Dar le Ó Riain (1994: 77) 'bhí idir Fhoclóir de Bhaldráithe agus Fhoclóir Uí Dhónaill mar thaca tábhachtach leis an gcaighdeán litrithe agus gramadaí'. Ó thaobh téarmaíochta de, aithníodh an t-éileamh téarmaíocht nua-aimseartha na Gaeilge a chumadh chomh fada siar le 1922 nuair a dúirt an tAire Oideachais Micheál Ó hAodha i gcioclán ag an am go raibh a lán daoine ag scríobh chuige 'ar lorg téarmaí gnótha' (*Ibid.*). Ar shuíomh gréasáin an Choiste Téarmaíochta deirtear gur tháinig an stoc téarmaíochta acu ar an bhfód 'de bharr na hoibre a tionscnaíodh sa Roinn Oideachais i 1927 chun téarmaí teicniúla a sholáthar don chóras oideachais, idir théacsleabhair, pháipéir scrúdaithe agus cháipéisíocht oideachais'. Is amhlaidh go ndearnadh formhór na hoibre chuige sin trí fhochoistí saineolaithe i réimsí eolais éagsúla agus ag éirí as an obair seo, foilsíodh os cionn 20 foclóir téarmaíochta i sainréimsí éagsúla. Socraíodh ar bhunachar téarmaíochta focal.ie/tearma.ie a fhorbairt chun bainistiú a dhéanamh ar an ábhar a bhí bailithe ag an gCoiste Téarmaíochta. Tráchtann Ó Riain (1994: 83) ar na foclóirí sainiúla éagsúla a tháinig ar an bhfód ó na 1970í i leith, lena n-áirítear Foclóir Tíreolaíochta (1972), Foclóir Bitheolaíochta (1989) agus Téarmaí Ríomhaireachta (1990). Is próiseas leanúnach é mionshaothrú na dtéarmaí dar le Ó Floinn (1981: 7): 'ag méadú in aghaidh an lae atá líon na n-ábhar i réimse na foghlama agus fairsinge na téarmaíochta is gá chun freastal orthu.'

Gné eile den teanga a bhí le pleanáil ná cúrsaí gramadaí na Gaeilge os rud é, arís, go raibh an oiread sin éagsúlachta sna canúintí. Dar le Ó Riain (1994: 75) 'níor glacadh céim dhearfa i dtreo an chaighdeánaithe go mí Iúil 1953 nuair a foilsíodh Gramadach na Gaeilge: Caighdeán Rannóg an Aistriúcháin' agus 'i mí Iúil 1958 foilsíodh Gramadach na Gaeilge agus

Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil’ (75-6). Dúradh i réamhrá an Chaighdeáin Oifigiúil (1958) go raibh ‘múinteoirí, scríbhneoirí, agus daoine eile á iarraidh, os ard agus os íseal, go gcuirfí leabhrán ar fáil a sholáthródh caighdeán do ghramadach na Gaeilge, go háirithe i gcúrsaí deilbhíochta’ agus glacadh go forleathan leis an gCaighdeán ina dhiaidh sin. Cuireadh síos sa réamhrá chomh maith ar sprioc an Chaighdeáin mar seo a leanas:

Cheal comhaontú ar na foirmeacha agus na leaganacha a nglacfaí leo ina n-ionad bhí daoine ag déanamh rogha dóibh féin, agus bhí an neamhionannas, agus an neamhchinnteacht a ghabhann leis, ag dul i dtreise sa teanga. Aithnítear go coitianta go dteastaíonn caighdeán gramadaí chun gan ligean do na nósanna iomadúla sin dul ó smacht, chun an comhaontas a bhunú in ionad an easaontais, chun deimhniú a thabhairt ar nithe a bhfuil éideimhne ann ina dtaobh faoi láthair, agus chun cruinneas agus slacht a chur in ionad an neamhchruinnis agus an neamhshlachta a thagann den easaontas agus den éideimhne. (Rialtas na hÉireann, 2017: xxi- tagairt de réamhrá an chéad eagráin)

Tugadh faoi athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil i 2012, breis is leathchéad bliain óna chéad fhoilsiú, agus tugadh seasamh reachtúil don Chaighdeán Oifigiúil leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (2013). Os rud é gur áiríodh foráil san Acht sin chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gCaighdeán Oifigiúil, tugadh faoin gcéad athbhreithniú gan mhoill le céim an chomhairliúcháin i 2014 agus foilsíodh leagan athbhreithnithe eile den Chaighdeán Oifigiúil i 2017. Ba í aidhm an athbhreithnithe nua seo ná chun ‘rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil a scrúdú d’fhonn iad a fheabhsú ó thaobh feidhme agus soiléireachta de’ (Rialtas na hÉireann, 2017: xviii).

2.6 ‘Ré nua’ sa phleanáil teanga in Éirinn ó na 1960í go dtí an lá atá inniu ann

Is minic go n-aithnítear ‘ré nua’ do phleanáil teanga in Éirinn óna 1960í ar aghaidh nuair a bunaíodh an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge i 1958. Ba thúsphointe é ar ardú béime ar na hinfreastruchtúir chuí a chur in áit ionas go mbeadh seans níos réadúla phleanáil teanga rathúil a bhaint amach. Cé go raibh cuspóir athbheochana fós ag an gCoimisiún, aithníodh luach an Bhéarla don tír i dTuarascáil Dheiridh an Choimisiúin i 1964 agus sa

Pháipéar Bán a d'fhoilsigh an Rialtas an bhliain dar gcionn. Cuireadh síos ar aidhm náisiúnta an Rialtais i leith na Gaeilge mar 'an Ghaeilge a thabhairt ar ais mar ghnáthmheán cumarsáide' ach aithníodh chomh maith:

gur gá, mar gheall ar shuíomh na tíre agus ar an gcóiriú atá ar ár gcuidreamh eacnamaíoch agus sóisialach, go mbeadh inniúlacht ar an mBéarla ag daoine, fiú amháin nuair is í an Ghaeilge is mó a bheidh á labhairt. (Tagartha ag Ó Riain, 1994: 16)

Le bunú an Choimisiúin sin chonacthas iarracht ar thaighde eolaíoch sa phleanáil teanga a chur ar fáil den chéad uair agus cé nach raibh torthaí na tuarascála an-dearfach (tuairiscíodh laghdú i ndeimeagrafach na gceantar Gaeltachta agus drochléargas ar úsáid na Gaeilge i gcoitinne), ba é cuspóir na tuarascála ná staid na Gaeilge sa tír a thuigint i gceart ionas go mbeidh pleanáil don Ghaeilge ó shin i leith níos torthúla. Chuimsigh an Páipéar Bán modh pleanála nua a dhírigh ar choincheapa a bhain le caomhnú agus le húsáid teanga. Mar thoradh ar obair an Choimisiúin bunaíodh Comhairle na Gaeilge (1969) agus díródh níos mó ó shin ar cheisteanna a bhain le dátheangachas, débhéascna (a bhaineann le réimsí úsáide teanga) agus eile: '*Comhairle na Gaeilge prepared a paper setting out some concepts of the science of linguistics with particular reference to bilingualism and to the associated pattern of language use and diglossia*' (Ó Laoire, 2008: 211). Foilsíodh tuarascáil ón gComhairle dar teideal 'Urlabhra agus Pobal' i 1970 a phléigh go mion leis na coincheapa thuas i gcomhthéacs na Gaeilge go háirithe. Mar a deir Ó Coileáin (2009: 12) 'Rinne Comhairle na Gaeilge sainiú ar na tuiscintí laistiar den phleanáil teanga i sainréimsí de shochaí na hÉireann agus mhol struchtúir len iad a fheidhmiú.'

Chuir Comhairle na Gaeilge moltaí ar fáil don rialtas agus leagadh béim ar an riachtanas áisíneacht shainiúil a bhunú chun plé le coincheapa na pleanála teanga. Moladh chomh maith Roinn Rialtais a bhunú a bheadh freagrach as cur i bhfeidhm na mbearta

riachtanacha. Bhí sé tábhachtach, dar leis an gComhairle, nach mbeadh freagracht fhorbairt bheartais agus chur i bhfeidhm beartais ag an ngrúpa céanna agus bunaíodh Bord na Gaeilge (chun plé le forbairt) agus Údarás na Gaeltachta chun feidhm a thabhairt do mholtaí a eascródh ón taighde. Moladh go mbunófaí Roinn na Gaeltachta chomh maith chun a bheith freagrach as an dá ghrúpa sin. Foilsíodh an tuarascáil *'Towards a Language Policy'* a léirigh na tacaíochtaí a bheadh de dhíth ar mhaithe le débhéascna a lonnú. I 1972 foilsíodh an tuarascáil *'Implementing a Language Policy'* agus moladh teoracha chun an cur chuige nua a chur i bhfeidhm go héifeachtach. De réir a chéile bhí dearcadh níos réadúla ag teacht i dtreis. Anuas air sin, ba ó mholtaí Chomhairle na Gaeilge a tháinig tuarascáil CILAR (1975) ar an bhfód 'a léirigh a fhorleithne a bhí tacaíocht an phobail do shlánú na Gaeilge' (Ó Riain, 1994: 20). Lean leis na forbairtí seo sna 1980í agus d'fhoilsigh Bord na Gaeilge an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1986 a leag amach mionspriocanna chun pleanáil éifeachtach don Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Ó na 1990í i leith, mar a chonacthas i gCaibidil 1, bhí athrú teorach i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga agus leagadh níos mó béime ar phobail éagsúla urlabhra, ar chearta teanga agus ar phleanáil teanga ag leibhéal na cosmhuintire. Sa tréimhse seo, chonacthas ról tairbheach na meán sa phleanáil teanga le túschróladh TG4 i 1996. Feictear an bhéim ar chearta teanga in achtú Acht na dTeangacha Oifigiúla i 2003 chomh maith agus leanadh leis an taighde a thugann eolas do ghníomhaíochtaí pleanála le hobair Choimisiún na Gaeltachta ó 2000 agus foilsíú tuarascáil an Choimisiúin i 2002. I measc taighde eile a bhain le bailiú faisnéise luachmhara faoi chúrsaí Gaeilge le linn na tréimhse seo ná tuarascáil an Athar Mhic Gréil *'The Irish Language and the Irish People'* (2009), tuarascáil ar dhearcadh, chumas agus úsáid na Gaeilge mar thoradh ar shuirbhé náisiúnta. Obair leanúnach a bhí ar bun ag Mac Gréil le 34 bliain anuas. Sholáthraigh an 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar

Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007’ agus nuashonrú an Staidéir (2009) eolas tábhachtach faoi staid reatha na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta na tíre. Seoladh ‘Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge’ (RanR amach as seo) i 2006 agus bunchloch a bhí ann don S20B a foilsíodh ceithre bliana níos déanaí.

2.7 Conclúid

2.7.1 Easpa tuisceana ar phrionsabail na pleanála teanga

Bhain a lán de na hiarrachtaí pleanála teanga i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit le hardú stádais don Ghaeilge go háirithe, mar a thuigtear anois é. Mar a deir Ó hIfearnáin ‘ardú stádais agus gradaim ba chúis leis an bpleanáil don Ghaeilge ó bunaíodh an stát’ (2012: 130) agus bhí baint ag siombalachas na teanga mar theanga náisiúnta na hÉireann leis sin (Ó hIfearnáin, 2006: 13). Cé gur cuireadh beartais i bhfeidhm i réimsí éagsúla (sealbhú na Gaeilge, corpas na Gaeilge) le linn an ama seo, díriodh go mór ar stádas ard a thabhairt don teanga ón tús. Feictear sin i sannú na Gaeilge mar chéad teanga oifigiúil na tíre sa Bhunreacht. Dar le Ó Laighin ‘sainíonn breis is céad seasca tír stádas teangacha nó cearta teanga ina mbunreachanna’ (2012: 151) ach faoi mar a pléadh ag tús na caibidle, ní coitianta go dtugtar stádas oifigiúil do theanga nach labhraítear go forleathan i dtír. Is beag teanga mhionlach a bhfuil an stádas oifigiúil céanna acu is atá ag an nGaeilge agus mar aon leis an stádas bunreachtúil tá forálacha in Acht na dTeangacha Oifigiúla a thugann cosaint don teanga agus ó 2007 is teanga oibre de chuid an Aontais Eorpach í an Ghaeilge. Ní maith an rud i gcónaí an stádas oifigiúil seo, áfach, go háirithe muna gcuirtear pleanáil chuimsitheach i bhfeidhm i réimsí eile chomh maith. Mar gheall ar an stádas oifigiúil sin ní raibh Rialtas na hÉireann in ann an Ghaeilge a chur san áireamh mar theanga mhionlach sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh agus ní bhfuarthas na tacaíochtaí a soláthraíodh faoin gCairt, mar sin. Ó thaobh an

chaighdeánaithe de, ní raibh an oiread céanna fadhbanna ann is a bhí i gcás tíortha eile san Afraic agus san Áis a shannaigh teangacha oifigiúla nach raibh scríofa in aon chor roimhe sin.

Bunaíodh an Stát thart ar daichead bliain roimh fhorbairt réimse na pleanála agus na mbeartas teanga agus mar sin, ní raibh an saineolas a thiocfadh le taighde cuimsitheach sa réimse ar fáil ag Rialtas na hÉireann ag an am. Bhí sé d'aidhm bhunúsach ag an Rialtas ná úsáid na Gaeilge sa tír a leathnú. Tugadh faoi sin a dhéanamh trí chumas mhuintir na tíre sa Ghaeilge a ardú gan deiseanna úsáide na Gaeilge a chruthú. Leagann Ó Riain béim air sin mar cheann de na laigí is mó ina mheasúnú ar phleanáil don Ghaeilge go dtí deireadh na 1980í:

Nuair a bhí clár pleanála teanga na hÉireann á leagadh amach ní raibh aon trácht ar idirdhealú Chomsky idir 'cumas' agus 'cur i gcrích' (performance), ar an sochtheangeolaíocht, ar shocheolaíocht na hurlabhra, ar an débhéascna is ar na noirm úsáide a chleachtann gach pobal urlabha i réimsí éagsúla an tsaoil ná ar an iliomad nithe eile sa teangeolaíocht is i socheolaíocht na hurlabhra a bhfuil eolas fairsing orthu inniu. (1994: 91)

Rinneadh iarrachtaí ar chumas sa Ghaeilge a ardú tríd an gcóras oideachais go príomha lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. I measc na gceantar ina raibh Béarla i réim mar theanga phobail iontu bhí ceantair ann ina raibh an Ghaeilge imithe i léig iontu leis na céadta agus cuireadh béim ar athshealbhú na Gaeilge sna ceantair sin. Díríodh iarrachtaí ar chumas sa Ghaeilge a fheabhsú agus cuireadh an t-ualach ar an gcóras oideachais chuige sin. Chruthaigh an neamhchinnteacht in úsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc agus an easpa dul chun cinn sna modhanna múinte fadhbanna ón tús, áfach. Tuigtear go forleathan anois sa réimse nach leor cumas i dteanga a ardú chun a todhchaí a chinntiú ná chun a húsáid sa tsochaí a leathnú. Déanann Fishman trácht air seo agus nuair a phléann sé na gnéithe tábhachtacha d'aisiompú teanga mar aon leis na teorainneacha. Sa ráiteas thíos is ionann 'Xish' agus an teanga mhionlach ar a bhfuil gníomhaíochtaí aisiompaithe dírithe:

Languages are not ‘subjects’ per se and they cannot be successfully acquired unless they are used for the purposes of active communication. The lack of appreciation for this truth underlies the failure of solely school-based language study worldwide. Language study for RLS purposes will fail even more drastically and painfully, unless Xish has a society in which it can function, *before* school begins, *outside* of school during the years of schooling and afterwards, when formal schooling is over and done with. (2001: 470)

Le déanaí, tá borradh faoin gcóras gaelscolaíochta ach is cinnte go mbraithear go fóill tionchar bheartais luath an rialtais easpa béime a chur ar úsáid na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais agus mar theanga phobail. Is amhlaidh, dar le Ó Riain (1994: 92) gur cheap an rialtas gur leor cumas sa Ghaeilge a ardú agus chun a chur ina luí ar dhaoine go mba chóir í a úsáid chun úsáid na Gaeilge a leathnú. Anois le níos mó taighde déanta ar nádúr na hurlabhra aithnítear gur leis an bpobal a bhaineann úsáid teanga agus ‘tá sí faoi réir ag rialacha dochta a chineann cén teanga a úsáidtear i réimse ar bith’ (*Ibid.*). Aithnítear an tábhacht a bhaineann le húsáid teanga i réimsí ceannasacha dá buanú. Mar a pléadh thuas, d’fhág beartas an rialtais ó bhunú an Stáit bearna ollmhór idir chumas agus úsáid sa tSeirbhís Phoiblí.

Bhí tionchar ag an easpa saineolais seo ar an bpleanáil don Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta chomh maith. Spreag an easpa sástachta le pleanáil don Ghaeilge ag leibhéal an Rialtais sa chéad daichead bliain den Stát muintir na Gaeltachta chun coiste cearta sibhialta na Gaeilge a bhunú sna 1960í agus is mar gheall ar éilimh na bpobal Gaeltachta a rinneadh Acht um Údarás na Gaeltachta a achtú i 1979. Bhí an fhorbairt thionsclaíochta a bhí ag croí bheartais an Rialtais i leith na gceantar Gaeltachta ag teastáil go géar, mar a léirigh tuairiscí Bhord na gCeantar Cúng. Mar a chonacthas, áfach, níor cuireadh na socrúithe cuí i bhfeidhm sular tugadh faoin straitéis seo chun riachtanais theangeolaíoch na gceantar seo a chosaint. Léirigh Tuarascáil Choimisiún um Athbheochan na Gaeilge in 1963 an brú leanúnach ar dhaonra na Gaeltachta Béarla a úsáid i gcumarsáid le háisíneachtaí Stát agus le rialtas áitiúil (Ó Laoire, 2008b: 237). Os rud é go raibh an cumhacht lonnaithe ar an taobh amuigh bhí gá le brúghrúpaí

teacht le chéile chun pleanáil níos lárnaithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar riachtanais agus ar chearta teanga na bpobal. Chonacthas sin le bunú Raidió na Gaeltachta, mar shampla, dar le Ó Laoire (2008a: 203):

With the establishment of Raidió na Gaeltachta, the state, in effect, had reacted and responded to the pressure of the rights-based lobby group. As such, it marked a new direction in bottom-up language planning where reactive responses to pressure groups underpinned and masked a new development of central State responsibility.

Bunaíodh grúpaí cosúil le Pléaraca i nGaeltacht Chonamara chun saincheistanna a bhaineann le muintir na Gaeltachta go sonrach a thabhairt chun solais. Bhí ról ag na grúpaí pobail seo i leathnú an dioscúrsa faoi thionscnaimh bunaithe ar chearta teanga, rud atá i gcoírlár Acht na dTeangacha Oifigiúla. Le CILAR bhí bunchloch faoi dheireadh ann ar a bhféadfaí an phleanáil teanga a thógáil agus cuireadh sonraí ar fáil faoi mhinicíocht agus nádúr úsáid na Gaeilge sa tír. Cé gur taighde náisiúnta a bhí i gceist soláthraíodh faisnéis chuimsitheach ar úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta sna tuarascálacha chomh maith. Is é an staidéar is cuimsithí a rinneadh ar an nGaeilge agus úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ó CILAR ná an SCT. Tharraing torthaí na tuarascála sin pictiúr duairc de thodhchaí na Gaeilge sna ceantair seo agus cuireadh moltaí ar fáil a theastaigh gníomh práinneach chun dul i ngleic leis an aistriú teanga ó Ghaeilge go Béarla. Foilsíodh nuashonrú ar an Staidéar sin in 2015 agus áiríodh sonraí nua daonteangeolaíochta a foilsíodh tar éis an chéad staidéir lena n-áirítear sonraí Daonáireamh 2006 agus 2011. Arís, léirigh na torthaí go raibh éigeandáil theangeolaíoch sna ceantair Ghaeltachta a bhfuil gníomh práinneach ag teastáil chun dul i ngleic leis. Dar leis na húdair:

Faoi réir na ndálaí reatha, feicfead cúngú leanúnach ar labhairt shóisialta na Gaeilge i ngréasáin shóisialta Chatagóir A na Gaeltachta as seo go ceann deich mbliana. Faoin am sin, fiú sa chás go n-éiríonn le pobail áirithe athdhearbhú a dhéanamh ar ról na Gaeilge ina gcuid forais oideachais agus pobail, beidh sé fíordheacair teach tar aon sampla den rannpháirtíocht phobail a bheidh frémhaithe go saoráideach sa Ghaeilge, cé is moite de ghréasáin shóisialta an aoisghrúpa is sine. Is ionann seo agus an phróifíl choitianta a thugann réamhspléachadh ar an mbás teanga. (Ó Giollagáin, Charlton: 2015, 3)

Faoi Acht na Gaeltachta 2012 agus de bhuí mholtaí na tuarascála thuas cuireadh tús le próiseas pleanála teanga a bhfuil pobail na Gaeilge féin freagrach as le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Foilsíodh lámhleabhar pleanála teanga mar threoir agus leagtar béim ar thábhacht na pleanála sin sa réamhrá: ‘Gan pleanáil ní féidir tionchar a imirt ar thorthaí agus ó thaobh teanga de, cinntíonn agus dearbhaíonn dea-phleanáil todhchaí na Gaeilge (Ní Dhúda, 2014: réamhrá). Dar le húdair an nuashonraithe ar an SCT áfach, ‘ní múnlaí pleanála teanga iad Acht na Gaeltachta 2012 ná an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a fheileann cainteoirí Gaeilge atá rannpháirteach i ndlúthphobal Gaeilge’ (Ó Giollagáin, Charlton: 2015, 12). Is léir gur tréimhse chinniúnach í seo don Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus tá ábhar na pleanála teanga níos mó i mbéal an phobail anois ná riamh.

2.7.2 Easpa mionspriocanna agus easpa measúnaithe

Mar aon leis an easpa saineolais i bprionsabail na pleanála teanga, dúshlán eile is ea an bhearna mhór idir reitric an rialtais agus staid na Gaeilge mar theanga phobail. Tráchtann Ó Riain (1994: 40) ar ‘neamh-fhiúntais *‘exhortations’* a bhí go mór chun tosaigh i ndioscúrsa na luath-rialtais agus ceist na Gaeilge á phlé. Luann Ó Laoire (2008: 203) cur síos Uí Bhuachalla (1994) ar bheartas an Rialtais ó 1922 i leith na Gaeilge mar ‘*a ‘megapolicy’ - a master policy, which determined the main guidelines and approach to be adhered to*’. Lasmuigh de réimse an oideachais níor leagadh mionspriocanna amach, áfach, agus bhrath an Rialtas ar thathaint chun an Ghaeilge a úsáid gan mionréimsí a shonrú inar chóir tosnú. Déanann Ó Riain tagairt don easpa mionspriocanna seo chomh maith mar laige i mbeartas an Rialtais i leith na Gaeilge. Dar leis (1994: 95), ‘ní d’aon léim is féidir cuspóirí casta na pleanála stádais a shroicheadh-ón uair go bhfuil iompar agus gníomhaíocht laethúil an mhórphobail i gceist iontu- ach tríd an iliomad mionspriocanna, ar céimeanna iad i dtreo na mórsprice, a bhaint amach, ceann i

ndiaidh a chéile' (1994: 95). Sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1986 ba thúisce a raibh plean níos sonraí le feiceáil. Deirtear sa Phlean sin:

Ní plean ginearálta ná plean cuimsitheach le haghaidh athbheochan na Gaeilge atá sa doiciméad seo. Is é atá ann ná plean oibre teoranta cheithre blianta. Na spriocanna a luaitear, tá siad réasúnta, intomhaiste agus aontaithe chomh fada agus ab fhéidir ag na páirtithe éagsúla. (Tagartha ag Ó Riain, 1994: 96)

Níor lean na mionspriocanna ó shin i leith, áfach, agus feictear leis an S20B féin go fiú gur leagadh amach mórspriocanna ginearálta den chuid is mó.

Rud eile le tabhairt faoi deara faoi bheartais i leith na Gaeilge ó bhunú an stáit is ea an easpa luchála agus monatóireachta ar bheartais go dtí seo. Leag Haugen béim ar a thábhachtaí is atá luacháil mar ghné riachtanach d'fheidhmiú na pleanála teanga. Agus é ag trácht ar chás na Gaeilge go sonrach, deir sé '*If we set out to reintroduce Gaelic into Ireland one would hope that we should not forget to provide some way of evaluating the success of our program*' (1983: 274). Áiríonn sé luacháil anseo mar chuid de 'leathnú' ina chéad mhúnla pleanála teanga. Labhair Rubin (1971) go mion faoi thábhacht phróisis measúnaithe a shocrú sula dtabharfaí faoi ghníomhaíochtaí pleanála teanga agus d'fhorbair Rubin agus Jernudd coincheapa a bhaineann le luacháil i 1977. I gcás na Gaeilge labhair Cathal Ó hEochaidh i 1967, agus é ina Aire Airgeadais ag an am, faoi cé chomh tábhachtach is atá sé measúnú leanúnach a dhéanamh ar bheartais i leith na Gaeilge ionas go bhféadfaí rudaí a athrú de réir a thiteann cúrsaí amach más gá: 'aithnímid cinnte, an gá le síorscrúdú agus athshocrú maidir leis na modhanna éagsúla a úsáidfear chun an polasaí a chur i gcrích, de réir mar a thiocfaidh athraithe sa saol' (tagartha ag Ó Riain: 1994: 19). Dearcadh ciallmhar, nua-aoiseach a bhí le sonrú i bhfocail Uí hEochaidh agus cé go luann sé ról an phobail sa phleanáil teanga, cuireann sé ualach ar an Rialtas a bheith freagrach as an bpleanáil a chur i bhfeidhm. Nuair a d'fhoilsigh Comhairle na Gaeilge a tuarascáil '*Implementing a Language Policy*' i 1972 luadh measúnú mar

shainriachtanas i mbeartas Rialtais (Ó Laoire, 2008: 212). Dar le Ó Riain (1994: 98) ‘is gá luacháil leanúnach agus is éifeachtaí córas chun luachála a bheadh neamhspleách ar an eagraíocht atá freagrach as feidhmiú na pleanála.’ Is léir go bhfuil easpa luachála i bpleanáil don Ghaeilge thar na blianta, agus easpa luachála neamhspleách go háirithe. Is sa chóras oideachais is mó a fheictear iarrachtaí ar luacháil, i bhfoirm scrúduithe agus mar sin de, ach is é an Roinn Oideachais atá freagrach as feidhmiú an bheartais mar aon le luacháil na dtorthaí. Ní hionadh gur sa chóras oideachais is mó a fheictear córais luachála nuair a bhí mórchuid na freagrachta ar an gcóras oideachais i sealbhú na Gaeilge agus i bpleanáil don Ghaeilge i gcoitinne. Pléifear cúrsaí measúnaithe níos mó i gCaibidil 5 i gcomhthéacs an taighde seo.

2.7.3 Suimiú

Mar a chonacthas sa chaibidil seo, de bhuí an taighde atá déanta ar phleanáil don Ghaeilge ó bhunú an Stáit agus sna blianta roimh a bhunaithe, bhí iarrachtaí córasacha ar bun ó dheireadh an naoú haois déag i leith chun an Ghaeilge a chothú sna ceantair inar mhair sí fós agus chun í a athbheochan sa chuid eile den tír. Os rud é gur aithníodh go raibh dhá chatagóir (leathan) de phobail teanga sa tír, díríodh ar chur chuige dhá-leibhéal sa phleanáil teanga, mar a luadh i réamhrá na caibidle. Bhí an dá leibhéal sin ar dhá thaobh de chur chuige amháin le hiarrachtaí ar an dá thaobh dírithe ar leas na Gaeilge. Dar ndóigh, bhí idirghníomh dosheachanta idir an dá thaobh mar sin agus bhí tionchar ar a tharla ar thaobh amháin den chur chuige ar an taobh eile:

Tá fréamhacha bheartas teanga an stáit sa Ghaeltacht le tuiscint i gcomhthéacs stair na mbeartas náisiúnta ar son na hathbheochana. Ó bunaíodh an stát bhíodh ag iarraidh Gaeilge na Gaeltachta a chosaint agus a fhorbairt ní ar son phobal na Gaeltachta amháin ach ar mhaithe le spriocanna náisiúnta na hathbheochana. (Ó hIfeárnáin, 2006: 16)

Chonacthas thuas go raibh caomhnú na Gaeilge i gceantair Ghaeltachta na tíre lárnach i gcónaí i bpleanáil teanga don Ghaeilge, fiú sular tugadh an t-ainm sin ar na ceantair féin. Pléadh múnú chonstráid na Gaeltachta ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois. Rinneadh bolscaireacht ar na ceantair inar labhraíodh Gaeilge go fóill mar cheantair tarraingteacha, na háiteanna ‘ba Ghaelaí’ sa tír, ach cruthaíodh íomhá do mhuintir na gceantar sin mar ‘*pobal soineanta cráifeach sona; saol bunúsach simplí á chaitheamh acu agus iad dílis don Ghaeilge; do Dhia agus don bhealach traidisiúnta maireachtála*’ (Ó Torna, 2005: 74). Ó thaobh na pleanála teanga de, bhí an chumhacht lonnaithe ar an taobh amuigh ón tús. Fadhb bhunúsach ab ea í sin, dar le Ó Giollagáin (2014). Bhí impleachtaí móra ag an easpa struchtúr cumhachta, dar leis, a d’fhág go raibh easpa comhtháthaithe i gcur chuige an Rialtais i leith na Gaeilge:

The lack of existing power structures to devise and implement initiatives which relate to linguistic identity in its existing social context left a lasting legacy of bifurcation between language maintenance efforts on the one hand and acquisition planning for Irish on the other. In this disjointed context, power was wielded in the name of, and behalf of, the in-group (i.e., existing adherents to the linguistic identity in the Gaeltacht) by those who were socially and anthropologically detached or only mildly associated with out-group endeavors (i.e., neo-adherents to Irish) (Ó Giollagáin, 2014: 19)

Lasmuigh den Ghaeltacht, cuireadh an t-ualach ar an gcóras oideachais cumas sa Ghaeilge a sheachadadh agus baineadh triail as córais éagsúla ar mhaithe le leathnú úsáid na Gaeilge sa Státseirbhís. Os rud é nach raibh an saineolas a thiocthadh le bunú réimse na pleanála agus na mbeartas teanga ag an rialtas nuair a tugadh faoi phleanáil don Ghaeilge ar dtús, bhí rath an-teoranta ag na hiarrachtaí luatha seo. Theip ar an rialtas mionspriocanna a leagan amach agus níor cuireadh meicníochtaí éifeachtacha in áit chun luacháil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbearta molta. Díríodh go mór ar ardú stádais don Ghaeilge ach, mar a léiríodh sa chaibidil seo, níor cuireadh go mór le húsáid na Gaeilge sa tír trí chéile.

Caibidil 3. An Chreatlach Theoiriciúil

3.1 Forbhreathnú

Mar a pléadh i gCaibidil 1, go stairiúil cuireadh béim ar phróisis agus ar fheiniméin macra-leibhéal i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga. Cuireann Wiley (1999: 18) síos ar mhodhanna luatha sa réimse mar ‘theicnealathach’, os rud é gur glacadh leis an bpleanáil teanga féin mar ghníomhaíocht a bhí ar bun ag institiúidí stáit/oifigiúla, a bhí ag feidhmiú ón mbarr anuas amháin. Cáintear go minic an deighilt bhraite go luath sa réimse, mar sin, idir próisis pleanála teanga agus fórsaí soch-chultúrtha agus soch-pholaitiúla. Mar thoradh ar an mbéim ar an macra-leibhéal, níor díródh an oiread sin airde ar thuiscintí modheolaíochtúla sna blianta luatha den réimse (Johnson, 2016: 14). Cé nár tugadh a lán airde ar mhodheolaíochtaí ábhartha do thuiscintí nua sa réimse go dtí le déanaí, áfach, feictear an iliomad modheolaíochtaí i staidéir sa réimse óna bhunú, a bhuí go mór le hidirdhisciplíneacht an réimse. Pléann Hornberger an dúshlán a bhaineann leis an rogha shuntasach sin:

Drawing from a data collection toolkit that includes survey questionnaire, census and demographic data, linguistic corpora, interviews, policy documents, participant observation and participatory action; and an analytic toolkit embracing statistical, experimental, ethnographic, linguistic and discourse-analytic approaches and their many variations, there appears to be a dizzying array of choices confronting the would-be LPP researcher. (2015: 9)

Leis an suim mhéadaithe sna próisis pleanála agus beartais teanga ag an micrea-leibhéal agus ar naisc thar an iliomad sraitheanna de ghníomhaíocht beartais, áfach, feictear níos mó iarrachta ar mhodheolaíochtaí ábhartha a chruthú agus a chur i bhfeidhm. Áitíonn Hornberger (*Ibid.*) go bhfuil réimse na pleanála agus na mbeartas teanga sa ‘cheathrú tonn’ anois agus tréith den cheathrú tonn sin is ea an úsáid a bhaintear as modhanna sofaisticiúla chun solas a chaitheamh ar théacsanna beartais teanga agus ar dhioscúrsaí. Ina chur síos ar an ‘tríú tonn’ de

phleanáil teanga (sna 1990í agus sa chéad deich mbliana de na 2000í), dar le Johnson cuireadh tús sa tréimhse seo ar iarrachtaí chun cothromaíocht a fháil idir anailísí criticiúla ar bheartais teanga agus tuiscintí eimpíreacha d'áisíneacht na ngníomhaithe teanga (2016: 22). Ó thart ar 2010 i leith (sa 'cheathrú tonn') tá níos mó forbartha le sonrú ar bhealaí féideartha chun sin a dhéanamh.

Tá an taighde seo fréamhaithe i mbeartas teanga criticiúil. D'fhorbair Tollefson (1991) an cur chuige criticiúil do réimse na pleanála agus na mbeartas teanga. I mbeartas teanga criticiúil déantar cíoradh ar an gcaidreamh idir teanga agus cumhacht agus ar an tionchar a imríonn struchtúir shóisialta agus dioscúrsaí ar iompar an duine aonair. Samhlaítear beartas teanga mar mheicníocht heigeamaineach laistigh de chóras sóisialta níos mó ina bhféadfaí teangacha mionlaigh agus 'úsáideoirí' theangacha mionlaigh a imeallú. Mar sin, díritear ar cheartas sóisialta agus ar chearta teanga. Cuireann Johnson (2016: 12) síos ar cheithre shaintréith de bheartas teanga criticiúil mar seo a leanas, agus é ag déanamh achoimrithe ar obair Tollefson roimhe sin (2002, 2006, 2012): 1) tógtar seasamh 'criticiúil' i leith taighde traidisiúnta sa phleanáil teanga, 2) tá sé faoi thionchar teoiric shóisialta chriticiúil, 3) cuirtear béim ar naisc i measc teanga, cumhacht agus éagothroime agus cuirtear in iúl gur coincheapa lárnacha iad chun teacht ar thuiscint ar theanga agus shochaí, agus 4) gabhann gníomhú sóisialta leis. Aibhsíonn teoiric ar bheartas teanga criticiúil agus anailís chriticiúil ar dhioscúrsa idé-eolaíochtaí ceannasacha i mbeartas teanga a ndéanann imeallú ar theangacha mionlaigh agus lucht a labhartha. Ar an lámh eile, i dtaighde eitneagrafach cuirtear béim ar áisíneacht ngníomhaithe teanga. Baintear leas as meascán de mhodh idirthéacsúil (teicníc laistigh d'anailís ar dhioscúrsa) agus d'eitneagrafaíocht sa taighde seo. Le húsáid an dá mhodh seo cruthaítear íomhá chuimsitheach ar bheartas teanga reatha an Rialtais i leith na Gaeilge (an S20B) chomh

maith lena tionchar féideartha ar chleachtais teanga i suíomh ar leith (cathair Chorcaí). Tugtar forbhreathnú sa chaibidil seo ar ábharthacht an dá mhodh seo i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga agus ar an tairbhe a bhaineann le húsáid an mheascáin den dá mhodh seo in aon staidéar amháin. Mar a deir Johnson:

The ethnography of language planning is proposed as a method which makes macro-micro connections by comparing critical discourse analyses of language policy with ethnographic data collection in some local context. (2015: 139)

Pléitear thíos ábharthacht anailís chriticiúil dioscúrsa d'iniúchtaí i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga. Pléitear ábharthacht na hidirthéacsúlachta go sonrach, an teicníc a bhaintear leas aisti san anailís ar an S20 bliain mar chuid den taighde seo. Ansin pléitear eitneagrafaíocht agus a teacht chun cinn sa réimse agus ag deireadh na caibidle pléitear an tairbhe a bhaineann le húsáid an dá chur chuige i dteannta a chéile. Os rud é go ndírítear ar shuíomh uirbeach sa taighde seo, déantar cur síos ag deireadh na caibidle ar an gcathair mar shuíomh taighde sa réimse.

3.2 Beartas teanga criticiúil agus anailís chriticiúil ar dhioscúrsa

Mar a pléadh i gCaibidil 1, go comhthreomhar leis na forbairtí teoiriciúla i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga, bhí forbairtí sna modheolaíochtaí a ghabhann leo. Fágann nádúr idirdhisciplíneach an réimse gur dúshlán é modhanna taighde sainiúla a dhearadh d'fhiosrúcháin sa disciplín agus is minic go n-úsáidtear meascán de mhodhanna dá bharr sin. Tarraingíonn beartas teanga criticiúil ar theoiric chriticiúil agus ar anailís chriticiúil dioscúrsa. Is éasca na naisc idir beartas teanga criticiúil agus anailís chriticiúil dioscúrsa a aithint. Mar shampla, an tsuim sna naisc idir dioscúrsa agus cumhacht agus an anailís ar théacs a chuireann an iliomad leibhéil den chomhthéacs sóisialta san áireamh. Tá níos mó plé le blianta beaga

anuas sa litríocht acadúil ar ábharthacht anailís dhioscúrsach a chur i bhfeidhm ar bheartas teanga (Heller: 2003, Shohamy: 2006, Wodak: 2009, Johnson: 2009, 2013, Barakos, Unger: 2016). Oireann idirdhisciplíneacht an réimse leis an saghas anailíse seo os rud é go gcuirtear san áireamh cúinsí seachtracha .i. cúinsí lasmuigh den téacs féin:

..in order to account for and analyse the multiple layers of language policy and its concomitant impact, we need to theoretically, methodologically and empirically engage with policy in terms of both structure and agency, and this is made possible by applying various forms of critical and discursive analysis to language policy situations (Barakas, Unger, 2016: 2)

Is feiminéan ilshraitheach é beartas teanga agus éascaíonn anailís chriticiúil agus dhioscúrsach leis na sraitheanna éagsúla a chíoradh agus chun plé le beartas teanga ó thaobh struchtúir agus áisíneachta de. Mar a deir Ó hIfearnáin, is féidir le beartas teanga a bheith ráite amach nó ‘le tuiscint as dioscúrsa agus gníomh i leith na teanga, nó i leith na dteangacha, a labhraítear sa tsochaí’ (2006: 6). Norman Fairclough a d’fhorbair an creat anailíse idirdhisciplíneach seo (anailís chriticiúil ar dhioscúrsa) agus dar leis, is é mar aidhm aige ná:

To systematically explore often opaque relationships of causality and determination between (a) discursive practices, events and texts, and (b) wider social and cultural structures, relations and processes; to investigate how such practices, events and texts, arise out of and are ideologically shaped by relations of power and struggle over power; and to explore how the opacity of these relationships between discourse and society itself is a factor securing power and hegemony. (1995: 93)

Is forbairt é teoiric Fairclough ar Anthony Giddens (1979) ina labhraíonn sé faoin ‘*duality of structure*’. In anailís chriticiúil ar dhioscúrsa cuirtear fócas ar an gcaidreamh dialachtaiciúil idir dioscúrsa agus na struchtúir shóisialta mórthimpeall orthu. Is de thoradh ar struchtúir shóisialta é dioscúrsa agus ag an am céanna, déanann dioscúrsa struchtúir shóisialta a chruthú, a bhuanú nó a athrú. Is prionsabal lárnach é sin i dtraidisiún anailís chriticiúil ar dhioscúrsa (Fairclough, 1992, 1995, 1997).

I laethanta luatha réimse na pleanála agus na mbeartas teanga, ba mhinic gurbh iad na téacsanna beartais féin amháin a úsáideadh mar fhoinsí sa taighde. Anois, leis an méadú béime ar an gcomhthéacs, áitítear nach leor a thuilleadh díriú ar anailís ar fhaisnéis théacsúil amháin chun cleachtais shochtheangeolaíochta a thuiscint. Mar a deir Barakos: (2016: 23) ‘*Analysis of textual policy data alone no longer suffices to grasp the complex interaction of policy actors, action and political, economic and social structures shaping these*’. Dar le Johnson, más iad na téacsanna beartais féin a úsáidtear mar bhunfhoinsí sa taighde, is féidir modhanna sainiúla dioscúrsa-anailíseacha a chur i bhfeidhm chun anailís a láidriú. Dar leis: ‘*policy meaning is discursively constructed, and...discourse about policy can thus be considered constitutive of policy meaning and constituted by it*’ (2016: 15). Ba chás ariamh don réimse anailís a dhéanamh ar théacsanna agus os rud é gur tairgí ar dhioscúrsa (labhartha agus scríofa) na téacsanna sin, bhí ar thaighdeoirí sa réimse modhanna taighde a dhearadh go sonrath don tasc sin. Don taighde seo, úsáidtear teicníc laistigh d’anailís dioscúrsa, idirthéacsúlacht, chun anailís a dhéanamh ar an S20B.

3.3 Teicníc na hidirthéacsúlachta i réimse na pleanála agus beartais teanga

Ba í Julia Kristeva a bhain leas as an téarma ‘*intertextualité*’ den chéad uair agus í ag trácht ar shaothar Bakhtin (1978) faoi shéimeolaíocht liteartha. Úsáidtear an teicníc seo go príomha chun cíoradh a dhéanamh ar an tslí a eascraíonn brí théacs amháin as téacsanna eile. Cheap Bakhtin an téarma ‘*dialogism*’ ar mhaithe le cur síos a dhéanamh ar línte litríochta, a mbrí agus an t-áiteamh nach maireann línte téacs *in vacuo* ach go mbíonn siad i ndialóg nó i gcomhrá leanúnach le téacsanna eile. Dhírigh Bakhtin ar chúrsaí litríochta den chuid is mó agus is i réimse na critice liteartha atá formhór a choincheapa lonnaithe. Chun a thuiscintí ar

phróisis teanga san úrscéal a fhorbairt chuaigh Bakhtin i ngleic leis an tslí a bhfeidhmíonn teanga sa chomhthéacs sóisialta. Dar leis, ní mhaireann friotail i bhfolús ach bíonn macallaí friotail eile orthu i gcónaí. Mar thoradh ar na fotháirgí idirthéacsúla seo, bíonn an t-iliomad bríonna agus blasanna dialógacha (*‘dialogic overtones’*) ann. Chun teacht ar léirmhíniú cruinn ar théacs, is gá tuiscint a bheith ann ar na naisc idirthéacsúla seo, dar leis:

[A]n utterance is a link in the chain of speech communication, and it cannot be broken off from the preceding links that determine it both from within and without, giving rise within it to unmediated responsive reactions and dialogic reverberations (Kristeva, 1986: 94)

Uaireanta úsáidtear na téarmaí *‘dialogism’* agus *‘intertextuality’* go comhchiallach. Tá gaol soiléir idir na coincheapa ach chuir Kristeva (1980, 1986) le teoiric Bakhtin i slite éagsúla. I gcur chuige iar-struchtúrtha Kristeva, leathnaítear an scóip chun níos mó béime a chur ar an *‘téacs’* sa chomhthéacs is leithne, seachas ar an teanga amháin. Leag Kristeva béim ar áisíneacht an léitheora. Is ar an bpointe seo a bhíonn easaontas go minic i measc cáinteoirí na hidirthéacsúlachta. Dar le Irwin (2004: 234) *‘All the reader can do is to discover relations among texts, since that is all that meaning really is, according to intertextuality’*. Ach déanann an léirmhíniú sin neamhaird ar an údar mar fhórsa sa téacs, rud atá lárnach do choincheap na hidirthéacsúlachta. Laghdaíonn idirthéacsúlacht ról an léitheora go ról an fhaighteora éighníomhaigh, dar le Irwin (*Ibid.*). Míníonn Kristeva (1986), áfach nach amháin go mbíonn tionchar ag na téacsanna a tháinig roimhe ar théacs ar bith ach go mbíonn tionchar ag gach téacs labhartha agus scríofa i dtailí an léitheora ar an léirmhíniú a bhaineann an léitheoir féin as an téacs. Ní i dtreo amháin a tharlaíonn an idirthéacsúlacht ach is féidir le téacsanna nua tionchar a imirt ar théacsanna a tháinig rompu chomh maith. Déanann Kristeva idirdhealú idir *‘idirthéacsúlacht chothrománach’* - a chuimsíonn an caidreamh idir an ábhar scríbhneoireachta, an seolaí agus domhan dioscúrsach an téacs, lena n-áirítear an léitheoir agus téacsanna eile

(fócas sioncronach), agus ‘idirthéacsúlacht ingearach’ a chuimsíonn an nasc stairiúil idir théacs amháin agus téacsanna eile a tháinig roimhe (fócas diacronach) (Kristeva: 1980). Ní hionanann ‘téacs’ anseo agus téacsanna scríofa amháin; bíonn tionchar ag téacsanna ó bhéal agus ag an gcomhthéacs sóisialta féin chomh maith, bíodh sé intuigthe nó ráite go follasach.

Is minic a phléitear na naisc sheachliteartha seo i gcritic liteartha na Gaeilge. Áitíonn Nic Eoin (2002) go ndírítear aird ar leith ar an údar agus ar chúlra teanga an údair nuair a bhíonn litríocht na Gaeilge faoi chaibidil, mar thoradh ar chúinsí sochtheangeolaíochta. Mar a deir Ní Dhonnchadha (1981: 9) i réamhrá a leabhair faoin ngearrscéal sa Ghaeilge:

ba léir dom agus mé ag gabháil don ábhar seo go gcaithfinn tagairt arís agus arís eile d’aidhmeanna an scríbhneora féin óir níl aon dabht ná gur chuspóirí seachliteartha (agus go háirithe slánú na teanga féin) a spreag mórán scríbhneoirí chun dul i mbun pinn.

Is coitianta mar sin i saothair litríochta na Gaeilge go ndéantar iniúchadh ar na naisc idir an comhthéacs sóisialta nó an cultúr agus an téacs féin chun teacht ar bhrí (nó mar léirmhíniú ar an ábhar). Dar le Nic Eoin (1998: 79) go mbíonn sé deacair critic liteartha na Gaeilge a scaradh ón tráchtairacht chultúrtha trí chéile agus déanann sí trácht don ‘*saintaithí stairiúil*’ atá ag pobal na Gaeilge le hidirthéascúlacht mar ghné den traidisiún béil (2009: 235). Don taighde seo, leagtar béim ar an idirthéacsúlacht i mbeartas an rialtais i leith na Gaeilge ar mhaithe le hanailís a dhéanamh ar an S20B. Is modh anailíse sách nua é cur i bhfeidhm na hidirthéacsúlachta ar bheartas teanga agus pléitear thíos a oiriúntacht don réimse.

Áitíonn Mehan et al (1990: 135) gur i bhfoirm chomhrá a bhíonn na guthanna éagsúla i ndioscúrsa poiblí polaitiúil ag feidhmiú. Oireann an modh anailíse seo do bheartas teanga sa chaoi is gur cás le scoláirí a dhéanann taighde ar phleanáil agus ar bheartas teanga anailís a dhéanamh ar théacsanna agus ar a mbrí. Nuair a chruthaítear beartas ag leibhéal an rialtais

bíonn sraith théacsanna soiléir atá gaolta lena chéile ar fáil- dréachtaí, iar-bheartais agus beartais reatha mar shamplaí, rud a éascaíonn cur i bhfeidhm na straitéise seo. Úsáidtear teanga theicnealathach shainiúil sna beartais seo agus is minic go ndéantar tagairt dhíreach nó indíreach do théacsanna eile. Dar le Ball (2006), bíonn téacsanna a bhaineann le beartas (agus é ag trácht go sonrath ina shaothar faoi bheartas oideachais) frámaithe ag dioscúrsaí níos leithne. Dar leis, bíonn beartais lonnaithe laistigh de bhailiúchán beartais idirghaolmhara. Cuimsíonn an saghas anailíse seo an t-áiteamh iarstruchtúrach nach mbíonn brí údarásach amháin ag téacs ariamh ach an t-iliomad bríonna a mbrathann ar na naisc idirthéacsúla/ idirdhioscúrsacha agus an idirghníomhaíocht idir údar agus léitheoir. Dar le Johnson (2015), oireann an teicníc anailíse áirithe seo do bheartais teanga os rud é go mbíonn na beartais seo ilghuthach de ghnáth. Ag scríobh faoin idirthéacsúlacht mar uirlis úsáideach laistigh d'anailís dioscúrsa criticiúil, áitíonn Fairclough (1992) go mba chóir go nascfaí teoiric na hidirthéacsúlachta le teoiric chumhachta os rud é go mbíonn brí an téacs srianta ag caidrimh chumhachta agus go mbíonn pribhléid ag bríonna áirithe mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag dioscúrsaí ceannasacha ar struchtúir agus ar chleachtais shóisialta. Feictear sin i mbeartais a ullmhaítear ag leibhéal rialtais os rud é go mbíonn tionchar ag cúrsaí polaitíochta agus dioscúrsaí ceannasacha in ullmhú na mbeartas sin. Labhraíonn Hansen (2006) faoi idirthéacsúlacht choincheapúil agus a lárnacht i ndioscúrsa polaitiúil. Áitíonn sí go mbíonn macallaí idirthéacsúla follasacha (ráitis/ athfhriotail tógtha go díreach ó théacs eile) agus intuigthe (coincheapúil) i dtéacs. Feidhmíonn idirthéacsúlacht choincheapúil trí thagairtí follasacha nó intuigthe do choincheapa, mhanáí agus dordfhocail forbartha i gcorpas níos mó de théacsanna beartais a tháinig roimhe nó i dtéacsanna eile. Tá nádúr poileimic ag beartais agus déantar iarracht iontu tuairimí áirithe a chur ina luí ar dhaoine nó a n-aird a tharraingt ar

shaincheisteanna áirithe. Is é atá i dtéacsanna beartais ná na tairgí scríofa agus labhartha do dhioscúrsa beartais. Nuair a labhraíonn Johnson (2015) faoi théacsanna beartais, áiríonn sé na téacsanna scríofa (agus tras-scríofa) go léir a bhaineann le cruthú, léirmhíniú agus dílsiú na mbeartas lena n-áirítear beartais oifigiúla, doiciméid ghréasánbhunaithe neamhoifigiúla, díospóireachtaí parlaiminteacha, óráidí polaitiúla, sleachta agallamh agus cruinnithe (agus tras-scríbhinní ó chruinnithe) faoi bheartais.

3.4 Eitneagrafaíocht agus réimse na pleanála agus na mbeartas teanga

Is iad Dell Hymes (1962, 1972, 1974) agus John Gumperz (1982, 1986) a thug isteach coincheap na heitneagrafaíochta sa réimse nuair a phléigh siad eitneagrafaíocht na cumarsáide agus chuir Saville-Troike (2003) leis an teoiric sin. Is é is bunús d'eitneagrafaíocht na cumarsáide ná go bhfuil ceangal idir anailís theangeolaíoch agus anailís shoch-chultúrtha. In 1984 D'áitigh Giddens go raibh taighde ar an ngnáthshaol laethúil ina dhlúthchuid d'anailís ar atáirgeadh chleachtais institiúideacha. Tá cuir chuige eitneagrafacha i leith beartais teanga fréamhaithe san antraipeolaíocht, traidisiún a phléann go dlúth le comhthéacsú ar fheiminéin chultúrtha. Leagtar béim sa traidisiún seo ar dhearcadh na rannpháirtithe. Dar le Blommaert (2009: 262): *'There is no way that language can be 'context-less' in this anthropological tradition.'* Is tuiscint lárnach san antraipeolaíocht teangeolaíoch gur deacair pobail teanga agus a gcultúir a thuiscint i gceart gan anailís ar na próisis shoch-chultúrtha agus theangeolaíocha a chleachtann siad. Cuireann Duranti (1997: 3) síos ar dhisciplín na hantraipeolaíochta teangeolaí mar seo:

...linguistic anthropologists see the subject of their study, that is the speakers, first and above all as social actors, that is, members of particular, interestingly complex, communities, each organized in a variety of social institutions and through a network of intersecting but not necessarily overlapping set of expectations, beliefs, and moral values about the world.

Is cás don traidisiún antraipeolaíoch seo chomh maith naisc idir leibhéil macra-, méisea- agus micrea- a thuigint trí iniúchadh criticiúil ar an ngréasán bríonna sóisialta a ghabhann leo (McCarty: 2011, 10). Áitíonn taighdeoirí a bhíonn ag plé le heitneagrafaíocht na cumarsáide go bhfuil na bealaí agus na cúiseanna a labhraítear teanga fite fuaite leis an rud is teanga ann agus ní féidir iad a scaradh óna chéile (Saville-Troike 2003: 3). Thug Fishman an méid seo le fios go leanúnach ina shaothair nuair a chuir sé síos ar theangacha mar chórais ‘*language-in-culture*’ (1991). Is é an pobal urlabhra is suíomh don taighde seo de ghnáth. Tá an t-iliomad sainmhínithe ar cad is pobal urlabhra ann. Seo thíos sainmhíniú Johnstone & Marcellino (2011: 61) agus é achoimrithe óna bhfuil scríofa ag Hymes (1972):

By speech community, Hymes does not mean a community defined by common language, but rather by common linguistic norms: ‘a community sharing rules for the conduct and interpretation of speech, and rules or the interpretation of at least one linguistic variety.

Is féidir le duine a bheith rannpháirteach in an-chuid phobal urlabhra ag an am céanna, mar shampla bíonn cainteoirí Gaeilge in Éirinn mar chuid de phobail urlabhra Gaeilge agus Béarla. Ag trácht ar bhealaí féideartha le feidhm a thabhairt d’eitneagrafaíocht sa réimse seo, áitíonn Canagarajah (2006: 154) go bhfuil an-chuid féidearthachtaí maidir leis an tairbhe a bhaineann le taighde eitneagrafach ag céimeanna éagsúla den phleanáil teanga, is é sin le rá- roimh, le linn agus i ndiaidh chur i bhfeidhm. Is féidir le taighde eitneagrafach a dtugtar faoi sula gcuirtear plean teanga i bhfeidhm eolas ríthábhachtach a sholáthar a chabhróidh le beartais ábhartha agus éifeachtacha a fhoirmliú, dar le Canagarajah (*Ibid.*). Le linn chur i bhfeidhm is féidir le taighde eitneagrafach eolas a chur ar fáil faoi conas a ndéanann áisíneachtaí agus institiúidí éagsúla é a chur chun cinn agus na teannais i róil na n-institiúidí ag leibhéil éagsúla den tsochaí a léiriú (Davis 1994). I ndiaidh chur i bhfeidhm, is féidir leas a bhaint as taighde eitneagrafach chun iarmhairtí an phlean ar phobail ar leithligh a scrúdú agus chun eolas a

bhailiú faoi na bealaí ina múnlaíonn a bhfuil scríofa sa phlean saolta laethúla na ndaoine a thagann faoina bhráid (Heller, 1999). Dar ndóigh dá mbeadh na hacmhainní ann bheadh sé tairbheach tabhairt faoin taighde seo ag gach céim den chur i bhfeidhm ach dar ndóigh theastódh dóthain ama agus acmhainní chuige sin. Is féidir le húsáid mhodhanna eitneagrafacha cabhrú le héifeachtúlacht beartais a mheas sa léargas a sholáthraítear ar fhíorú na mbeartas seo i gcomhthéacsanna logánta.

3.5 Buanna a bhaineann le meascán d'eitneagrafaíocht agus d'anailís chriticiúil ar dhioscúrsa i réimse na pleanála agus bheartais teanga

Pléadh thuas an tairbhe a bhaineann le húsáid teicnící anailís ar dhioscúrsa agus eitneagrafaíocht i dtaighde ar phleanáil agus bheartas teanga faois seach. Meascán den dá chur chuige a úsáidtear sa taighde seo. Dar le Ricento (2000: 208), is í an cheist lárnach sa léann anois ná cén fáth go roghnaíonn daoine teangacha áirithe nó cineálacha teanga áirithe a úsáid i réimsí saoil ar leith, cén tionchar a bhíonn ag na roghanna sin ar chinntí a ndéantar i bpleanáil teanga institiúideach agus cén tionchar a bhíonn ag an bpleanáil sin ar na roghanna a dhéanann daoine ó thaobh úsáid teanga de. Sin an bunús teoiriciúil ar a dtógtar obair an tráchtais seo. Leagann leithéidí Johnson (2011, 2016) agus Barakos & Unger (2016) béim ar an bhfiúntas a bhaineann le húsáid an dá chur chuige seo lena chéile i staidéir ar an bpleanáil teanga le roinnt blianta anuas. Áitíonn Johnson (2011) go bhfuil sé tairbheach eitneagrafaíocht agus anailís chriticiúil dioscúrsa a úsáid i dteannta a chéile chun próisis pleanála a chíoradh chun na naisc idir na sraitheanna éagsúla a bhaineann le beartas a nochtadh. Dar leis:

After establishing an ethnographic understanding of some local context, including the language policy or policies that the research participants create, interpret and appropriate, CDA can be incorporated to analyse the intertextual and interdiscursive connections between the various layers of policy texts and discourses. (2011: 267)

Mar a taispeánadh thuas, in anailís chriticiúil dioscúrsa tugtar léargas ní hamháin ar an téacs féin ach ar athróa seachtracha a bhaineann le comhthéacs úsáide na teanga agus ar anailís ar chúrsaí cumhachta agus ar idé-eolaíocht sa tsochaí. Comhlánaíonn sin modhanna eitneagrafacha sa mhéid is go ndírítear sa dá chur chuige ar an tionchar comhthéacsúil d'úsáid teanga. Trí anailís chriticiúil dioscúrsa, is féidir le taighdeoirí léargas a fháil ar rialacháin agus ar théacsanna náisiúnta agus oifigiúla a shocraíonn na teoracha do phleanáil agus bheartais teanga. Trí eitneagrafaíocht, is féidir le taighdeoirí léargas a fháil ar conas a ndéantar pleanáil agus beartas teanga a chur i bhfeidhm nó a thréigean sa chomhthéacs áitiúil. Bhí Creese (thíos) ag labhairt ar thairbhe na heitneagrafaíochta i dtaighde sa teangeolaíocht ach tá a chuid focal ábhartha do thaighde sa tsochtheangeolaíocht agus do thaighde ar phleanáil agus bheartas teanga chomh maith:

Ethnography provides linguistics with a close reading of context not necessarily represented in some kinds of interactional analysis, while linguistics provides an authoritative analysis of language use not typically available through participant observation and the taking of field-notes. (2008: 232)

I dtaighde ar bheartais trí chéile tá méadú béime le blianta beaga anuas ar a thábhachtaí is atá sé an t-eolas cuí ar an tsochaí a mbeidh tionchar ag an mbeartas uirthi a fháil. Mar a deir Canagarajah (2006: 154): *'Developing knowledge on specific situations and communities is a necessary starting point for model-building'*. Tá taighde eitneagrafach luachmhar chuige sin, dar le Canagarajah, sa mhéid is go bhfuil sé tábhachtach do scoláirí i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga éisteacht lena bhfuil ag titim amach ag leibhéal na cosmhuintire- na guthanna neamhshainiúla agus cleachtais na ndaoine a bhfuil beartais cruthaithe ina n-ainmneacha (*Ibid.*). Is féidir le heitneagrafaíocht solas a chaitheamh ar pheirspictíochtaí, creidimh agus cleachtais na rannpháirtithe agus is féidir leis an gcur chuige seo an chiall a mbaineann gníomhaithe teanga as a dtimpeallacht beartais a nochtadh. Feictear an tionchar atá

ag an léirmhíniú a tharraingíonn na gníomhaithe teanga seo ó bheartas ag macra-leibhéal ar a chur i bhfeidhm.

Labhair Kaplan faoin bpleanáil teanga a bheith ag tarlú ón mbarr anuas (agus ag macra-leibhéal) agus ón mbun aníos i 1989 agus thóg Kaplan & Baldauf ar an obair sin i 1997. Tarlaíonn pleanáil ón mbarr anuas ag leibhéal an rialtais dá chuid spriocanna féin. Tarlaíonn pleanáil ón mbun aníos ag leibhéal na cosmhuintire. Is minic go bhfaightear torthaí difriúla ag brath ar threo na pleanála; tugtar níos mó aitheantais do riachtanais an phobail i bpleanáil ón mbun aníos, mar shampla. In 1997 mhol Kaplan agus Baldauf múnla don phleanáil teanga ag leibhéal an phobail agus leag siad amach próiseas chuige sin. Dar le Kaplan go bhféadfaí roinnt fadhbanna a bhaineann leis an bpleanáil ón mbarr anuas a sheachaint dá dtabharfaí faoi phleanáil ón mbun aníos ach go bhfuil níos mó airgid agus ama ag teastáil chun tabhairt faoin saghas pleanála sin. Is cás don taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar phlean teanga atá ag feidhmiú ón mbarr anuas, .i. ag leibhéal an rialtais. Déantar iarracht sa tráchtas seo, áfach, naisc agus bearnaí sa chaidreamh seo idir an macra-, meisea- agus micrea-leibhéal a léiriú. Dar le Johnson (2016: 14) agus é ag trácht ar na saincheisteanna comhaimseartha sa réimse: *‘questioning and reconceptualising the macro-micro dialectic is becoming an important feature of the fourth wave of LPP research’*. Is léir go raibh tionchar ag tuiscintí eitneagrafacha ar an mbéim seo ar an tionchar a bhíonn ag pleannanna teanga ag leibhéil éagsúla den tsochaí. Le húsáid cur chuige eitneagrafach agus anailís dhioscúrsach faightear peirspictíocht *‘zoom in zoom out’* mar a thugann Shi (2015: 132) air chun pictiúr cuimsitheach a chruthú ar an macra- agus ar an micrea-leibhéal.

3.6 An chathair mar shuíomh taighde

Tá coincheapa a bhaineann le domhandú agus le huirbiú ag teacht chun tosaigh i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga le tamall de bhlianta anuas. Is minic a phléitear domhandú agus uirbiú mar bhagairtí do theangacha mionlaigh. Labhraíonn Dega (2015: 17), mar shampla, faoin tionchar diúltach a bhíonn ag próisis domhandaithe ar theangacha mionlaigh sa Nigéir agus tráchtann Harbert (2011: 408) ar an mbaol a chruthaíonn uirbiú do theangacha mionlaigh i gceantair dhúchais na dteangacha sin mar aon lena suíomhanna nua. Is minic sna cásanna seo go dtagraítear do theagmháil teanga mar chúis leis an mbagairt bhreise seo. Mar a pléitear i gCaibidil 1 tá formhór sochaithe an domhain ilteangach agus imríonn próisis domhandaithe páirt i scaipeadh theangacha an domhain. Mar a deir Conteh & Meier (2014: 4): *‘in the globalized world, most societies are increasingly multilingual’* agus Misra (2000: 136) *‘most societies in the contemporary world are multilingual or multi-dialectal’*. Tá litríocht chuimsitheach ar fheiniméan an domhandaithe ó na 1990í agus cé go dtagraítear do impiriúlachas agus choilíniú mar fhoirmeacha de dhomhandú, leagtar béim sa litríocht chomhaimseartha ar cé chomh cumhachtach agus cé chomh láidir is atá fórsaí an domhandaithe chomhaimseartha (Scholte: 2005, Inda & Rosaldo: 2007, Boudreaux: 2008). Tá neart taighde déanta cheana ar na himpleachtaí casta a bhíonn ag domhandú do theangacha an domhain (Fairclough: 2006, Collins, Baynham & Slembrouk: 2011, Coupland: 2011, mar shamplaí) agus ní chás don staidéar seo cur leis an eolas sin, agus is fiú a rá go n-aithnítear i réimse na sochtheangeolaíochta naisc idir domhandú, creimeadh teanga agus iompú teanga mar thoradh ar theagmháil idir teangacha, go háirithe nuair a bhíonn mórtheanga i dteagmháil le mionteanga agus nuair a bhíonn níos mó gradaim ag an mórtheanga sin. Nuair a phléann Lee & McLaughlin (2001: 28) iompú teanga i gcás na Navachóise tugadh faoi deara sa taighde nuair a tugadh faoi

shuirbhéireachta ar chumas pháistí i Navachóis go raibh coibhneas idir rochtain na dteaghlach ar bhóthair phábháilte, nach raibh mórán acu ann an uair sin, ar chumas labhartha na bpáistí. Is é sin le rá, má bhí rochtain ag na teaghlaigh ar bhóthair phábháilte a bhí mar cheangailt don taobh amuigh, bhí seans níos mó go labhródh an páiste agus an teaghlach Béarla.

Is minic go n-ardaítear na téamaí céanna i dtaighde ar thionchar uirbiú ar theangacha is a n-áirítear nuair a phléitear domhandú i gcomhthéacs teangacha. I réamhrá a leabhair a dhéanann iniúchadh ar an tsochtheangeolaíocht uirbeach, pléann Smakman & Heinrich (2018) téamaí ríthábhachtacha don ábhar, dar leo, lena n-áirítear teagmháil teanga, cailliúint teanga, códmheasctha, cúrsaí féiniúlachta agus gréasáin shóisialta. Leis an ardú béime ar phróisis a bhaineann le domhandú sa tsochtheangeolaíocht agus i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga óna 1990í tá níos mó béime ar an gcathair mar shuíomh taighde ó shin i leith chomh maith. Ní hé sin le rá nach raibh taighde sochtheangeolaíochta ar bun i gcathracha roimhe sin, dar ndóigh, agus aithnítear taighde Labov ar éagsúlacht theangeolaíoch i gCathair Nua Eabhrac sna seascaidí agus sna seachtóidí mar thúsphointe na sochtheangeolaíochta uirbí (Mac Giolla Chríost: 2007). Áitíonn Smakman agus Heinrich (2018: 9) gurb í an chathair bunphointe léann na sochtheangeolaíochta príomhshrutha ach go traidisiúnta cuireadh taighde bunaithe i gcathracha agus i gceantair thuaithe le chéile in aon chearn amháin gan an t-idirdhealú idir na suíomhanna a léiriú. Dar leo, nuair atá ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe in aon stát amháin faoi chaibidil tá na saintréithe a bhaineann leis na ceantair ar leithligh níos tábhachtaí fós: *'The urban/rural distinction within a state actually pertains to a more fundamental distinction, namely that between two worlds, and is less of a continuum than it is often claimed'* (*Ibid.*). Cuireann Garvin síos ar obair shochtheangeolaithe uirbeacha mar seo a leanas:

Urban sociolinguists analyse the linguistic practices of speakers in cities, the way they use their languages, and how the languages in question are distributed in the urban space as well as how they construct and define borders within the city. (2010: 277)

3.7 Suimiú

Baintear leas as meascán de theicníc na hidirthéacsúlachta agus de mhodhanna eitneagrafacha sa taighde seo. Ó na 1990í agus ó 2000 go háirithe tá borradh faoi thaighde ina bhaintear leas as an meascán seo de mhodhanna i dtaighde ar bheartais teanga, os rud é go gcomhánaíonn siad a chéile. Soláthraítear anailís idirthéacsúil ar an S20B agus tugadh faoi thaighde eitneagrafach i gcathair Chorcaí chun próifíl shochteangeolaíoch don Ghaeilge sa chathair a chruthú. Pléifear na céimeanna éagsúla a tugadh fúthu chuige sin go sonrach i gCaibidil 4. Is feiminéan ilshraitheach é beartas teanga agus éascaíonn úsáid na modhanna seo i dteannta a chéile próisis pleanála teanga a chíoradh ag leibhéal éagsúla léirmhínitheacha. Os rud é go ndírítear ar chathair Chorcaí mar shuíomh don taighde seo, pléadh an tsochteangeolaíocht uirbeach ag deireadh na caibidle. Dar le Smakman agus Heinrich (2018: 15), ba chóir idirdhealú a dhéanamh idir suíomhanna tuaithe agus suíomhanna uirbeacha i dteoiric shochteangeolaíoch agus aitheantas a thabhairt d'ilghnéitheacht agus d'ildánacht na gcainteoirí i suíomh cathrach. I gcás teangacha mionlaigh, léiríonn taighde ar dhomhandú agus uirbiú go mbíonn iarmhairtí dochracha uaireanta ag an teagmháil idir theangacha a tharlaíonn i suíomh cathrach do theangacha mionlaigh (Smakman, Heinrich, 2018; Machinery, 2018). Pléifear sin i gCaibidil 6 i bhfianaise an eolais a bailíodh san obair pháirce a tugadh fúithi i gcathair Chorcaí.

Caibidil 4. Cur Chuige

4.1 Forbhreathnú

Is cás don chaibidil seo cur chuige an taighde a tugadh faoi don staidéar seo a mhíniú. Pléifear torthaí an taighde seo i gCaibidilí 5, 6 agus 7. Pléifear torthaí na hanailíse idirthéacsúil ar an S20B i gCaibidil 5 agus díreofar ar na sonraí eitneagrafacha a bailíodh faoin nGaeilge agus faoin S20B i gcathair Chorcaí i gCaibidil 6 agus 7. Sa chaibidil seo, díritear ar dtús ar an eipistéimeolaíocht a ghabhann leis an taighde. Comhtháthaítear modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla agus pléitear an t-idirdhealú idir an dá shaghas modhanna sin. Pléitear cúrsaí eitice agus ansin pléitear roghnú téacsanna don anailís idirthéacsúil mar aon le roghnú na bhfaisnéiseoirí do na céimeanna éagsúla sa taighde eitneagrafach. Molann Johnson (2011), Shi (2015) agus eile an meascán d'anailís chriticiúil ar dhioscúrsa agus d'eitneagrafaíocht i staidéir ar bheartas teanga chun dul i ngleic leis na heasnaimh a bhaineann le húsáid ceachtar den dá mhodh leo féin.

4.2 Seasamh eipistéimeolaíoch- modhanna measctha

Baintear leas as modhanna measctha sa staidéar seo agus is ar shainmhíniú Tashakkori & Creswell a dhírítear chuige sin (2007: 4). Is mar seo a leanas a chuireann na húdair sin síos ar mhodhanna measctha taighde: *'research in which the investigator collects and analyses data, integrates the findings, and draws inferences using both qualitative and quantitative approaches or methods in a single study or a program of inquiry'*. Leis an gcur chuige seo, aithnítear na buntáistí a bhaineann le húsáid modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla go comhlántach ag eascairt as tuiscint ar a nádúr agus ar a bpróisis idirghaolmhara. Sa tsochtheangeolaíocht is minic go mbaintear leas as modhanna cáilíochtúla chun iniúchadh a

dhéanamh ar fheiminéin a bhaineann le próisis agus le struchtúir ar mhacra-leibhéal (Wodak, Johnstone agus Kerswill, 2011: 4). Cur chuige teoiriciúil is ea anailís chriticiúil ar dhioscúrsa gurb í an anailís cháilíochtúil an bunchloch dó. Éascaíonn anailís chriticiúil ar dhioscúrsa, áfach, le tabhairt faoi iniúchtaí ag leibhéal an duine aonair chomh maith trí théacsanna i bhfoirmeacha éagsúla a chíoradh. Úsáidtear triantánú i mbealaí éagsúla ag céimeanna éagsúla sa taighde seo, rud a pléifear níos mó thíos i gCuid 4.3. Is minic go bpléitear le triantánú i dtaighde le modhanna measctha. Mar a chonacthas is cás don taighde seo naisc agus bearnaí idir an macra-leibhéal agus an micrea-leibhéal i mbeartas teanga an rialtais i leith na Gaeilge a aithint agus a chíoradh. Is é an eipistéimeolaíocht a mhúnlaíonn an taighde seo ná meascán de pharaidím phosaitíbeach agus de phairidím léirmhínteach. Is é is pairidím taighde ann ná tacar creidiúintí, teoiricí, modheolaíochtaí eimpíreacha agus cleachtais cumarsáide coitianta ag pobal taighdeoirí a sholáthraíonn na caighdeáin agus na noirm d’iniúchtaí laistigh den pharaidím sin (Lin, 2015). Leis an bpairidím phosaitíbeach bíonn spéis theicniúil de shaghas éigin i gceist. Is é bunchloch na paraidíme seo ná an t-áiteamh gurb é an t-aon saghas faisnéise bailí ná eolas a bhaineann le faisnéis eimpíreach a bhféadfaí a fhíorú go deimhneach tríd an modh turgnamhach. Os rud é go mbíonn spéis theicniúil ann, is í an aidhm le taighde mar seo ná smacht na ndaoine ar a dtimpeallacht nádúrtha a ardú i dtaighde eolaíoch a bhaineann leas as an bpairidím seo agus ar an tsochaí nuair is taighde sóisialta atá ar bun. Baineann an phairidím léirmhínteach le spéis phraiticiúil chun teacht ar thuiscint ar rud éigin. Tugtar an phairidím shiombalach nó an phairidím heirméineotach ar an bpairidím seo uaireanta. Éagsúil ón gcur chuige posaitíbeach ina leagtar béim ar chaidrimh ‘cúis agus éifeacht’ idir athróa difriúla, leis an gcur chuige léirmhínteach bíonn fócas ar fheidhmeanna agus ar bhríonna gníomhaithe sóisialta chun gníomhaíochtaí sóisialta a thuiscint. Comhthógann gníomhaithe

sóisialta a bhíonn ag plé go gníomhach le léirmhíniú ar bhríonn an idirghníomhaíocht shóisialta. Oireann an meascán de pharaidímí thuasluaite don taighde seo, os rud é gur meascán d'anailís ar bheartas rialtais agus ar chúinsí sóisialta na Gaeilge in áit ar leith atá i gceist. I réimse na pleanála agus na mbeartas teanga is saincheist lárnach fós í an bhaint idir cleachtais teanga an duine, an phobail agus ag leibhéal an mórfhobail a chíoradh. Chuige sin, aithnítear dá ghné ar leith sa taighde seo a nasctar le chéile chun anailís chuimsitheach a sholáthar ar bheartas reatha an rialtais i leith na Gaeilge:

- 1) anailís idirthéacsúil ar an S20B; agus
- 2) cruthú próifíl shochtheangeolaíoch don Ghaeilge i gcathair Chorcaí trí mhodhanna eitneagrafacha

4.3 Triantánú

Baintear leas as triantánú san iniúchadh eitneagrafach ar an nGaeilge i gcathair Chorcaí atá mar chuid den taighde seo. An phríomh-chúis le húsáid thriantánú i dtaighde ná chun iontaofacht agus bailíocht na dtorthaí a chinntiú. Ní hamháin go gcuireann triantánú agus modhanna measctha leis an mbailíocht nó inréimniú na dtorthaí ach is slí luachmhar í chun leas a bhaint as na buntáistí sainiúla a ghabhann le húsáid modhanna cáilíochtúla nó cainníochtúla amháin chun teacht ar thuiscint níos doimhne ar fheiminéan casta (Woolley: 2009). Go stairiúil, úsáideadh triantánú modheolaíoch (ag eascairt as a fréamhacha sna heolaíochtaí sóisialta sna 1950í) i gcodanna ar leithligh den taighde amháin. I 1978, leathnaigh Denzin scóp taighde modhanna-measctha chun a n-ábharthacht don dearadh taighde iomlán a léiriú. Theastaigh ó Denzin na hearráidí a bhaineann le húsáid mhodh taighde amháin nó teoiric taighde amháin a sheachaint. Úsáidtear an téarma 'triantánú modheolaíoch' chun tagairt a

dhéanamh do staidéir aonarachacha ina mbaintear leas as níos mó ná cur chuige, pairidím agus/nó modh taighde amháin. Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil saghasanna éagsúla triantánaithe ann- triantánú faisnéise, triantánú teoirice, triantánú faisnéiseora, triantánú modheolaíochacha agus triantánú idir-dhisciplíneach (Whitehead, Schneider, 2013). Úsáidtear saghas triantánaithe amháin nó meascán de na saghasanna éagsúla i staidéir. Don taighde seo úsáidtear triantánú modheolaíochacha, triantánú faisnéise agus triantánú teoirice. Dar le Flick (1998: 184), cuireann triantánú le cumas an taighdeora peirspictíochtaí difriúla a thógaint ar an saincheist as a n-eascraíonn an taighde agus tugann sé údar do na peirspictíochtaí sin trí úsaid mhodhanna éagsúla agus cuir chuige teoiriciúla éagsúla.

Baintear leas as triantánú chun an bhaint idir an anailís idirthéacsúil ar an S20B agus na sonraí ón taighde eitneagrafach i gCathair Chorcaí a nascadh a chéile. Baintear leas as triantánú modheolaíochtúil laistigh den taighde eitneagrafach sin chomh maith, trí cheistneoir, agallaimh leath-struchtúrtha, grúpaí fócais agus agallaimh leantacha san obair pháirce ar tugadh fúithi i gcathair Chorcaí. Tugtar faoi anailís chainníochtúil go príomha (áiríodh cúpla ceist oscailte sa cheistneoir chomh maith) chun scagadh a dhéanamh ar na torthaí a tháinig chun cinn ón gceistneoir a bhuí leis an ríomhchlár staitisticí SPSS. Glactar cur chuige cáilíochtúil sna hagallaimh agus sna grúpaí fócais chun sonraí a bhailiú agus chun anailís a dhéanamh orthu. Pléitear thíos cúrsaí eitice mar a bhaineann siad leis an taighde seo. Ansin pléitear conas ar tugadh faoin anailís idirthéacsúil ar an S20B féin, mar aon le dearadh an cheistneora, na n-agallamh agus na ngrúpaí fócais sa taighde eitneagrafach.

4.4 Cúrsaí eitice

Leagann údair mar Creswell (1998), Patton (2002) agus Marshall, Rossman (2006) béim ar a thábhachtaí is atá cúrsaí eitice i dtaighde sna heolaíochtaí sóisialta. I gColáiste Mhuire gan Smál, is gá taighde ar bith ina mbíonn rannpháirtithe daonna i gceist leis a chur faoi bhráid Choiste Eitice Thaighde an Choláiste- MIREC. Déanann coistí den tsórt seo cíoradh ar chúinsí éagsúla a bhaineann leis an taighde mar shampla toiliú feasach, rúndacht agus cur i bhfeidhm socruithe chun daoine leochailleacha a chosaint (Canagarajah, Stanley, 2015: 34). Os rud é go raibh rannpháirtithe daonna i gceist sa taighde eitneagrafach (mar aon le cumarsáid phearsanta le daoine ábhartha), líonadh foirm an Choiste agus seoladh samplaí den ábhar a bhain leis an gceistneoir, na hagallaimh agus na grúpaí fócais chuig MIREC chun faomhadh a fháil. Seoladh leagan samplach den cheistneoir féin agus bileog eolais samplach don cheistneoir ar aghaidh. Do na grúpaí fócais agus na hagallaimh seoladh foirm toilithe agus bileog eolais chomh maith le liosta de cheisteanna samplacha. Chomh maith leis sin líonadh foirm le réasúnú ar an tairbhe a bhaineann le húsáid dhaoine sa taighde seo. Shocraigh an coiste go gcomhlíonann an taighde a bhí molta a gcuid riachtanas ó thaobh eiticí de.

Bhí sé ar cheann de na coinníollacha ag MIREC don taighde ná go mbeadh éinne a ghlac páirt sa taighde á dhéanamh sin ar bhonn anaithnid. Socraíodh go n-úsáidfí cóid (mar shampla R1, R2- Rannpháirtí 1, Rannpháirtí 2) in aon athfhriotal a úsáidtear ó na grúpaí fócais, os rud é go raibh suas go dáréag rannpháirtithe i gceist i ngrúpa fócais amháin. Úsáidtear ainmneacha bréige le haon athfhriotal a tógadh ó na hagallaimh, rud a moltar go fairsing i dtaighde sóisialta mar seo (Van den Hoonaard, 2013; Saunders, Kitzinger, 2014; Crow, Heath, Charles, 2008). Pléadh aidhmeanna an taighde leis na rannpháirtithe uilig a ghlac páirt sna grúpaí fócais agus sna hagallaimh agus tugadh seans dóibh ceisteanna a chur roimh ré. Os rud

é gur scaipeadh an ceistneoir trí na meáin shóisialta go príomha, cuireadh bileog eolais agus foirm toilthe leictreonach ar fáil. Shínigh gach rannpháirtí an fhoirm toilthe (faoi iamh sna hagusíní) agus fuair gach éinne a ghlac páirt sa taighde bileog eolais. Rinneadh cinnte de gur thuig na rannpháirtithe nach raibh dualgas orthu ceisteanna a fhreagairt mura raibh siad compordach leo. Tugadh sonraí an taighdeora d'éinne a ghlac páirt sa taighde agus cuireadh fáilte rompu teacht i dteagmháil le ceisteanna. Cuireadh sonraí teagmhála an Choiste Eitice i gColáiste Mhuire gan Smál ar an mbileog eolais chomh maith. Níor léirigh éinne ag pointe ar bith sa taighde go raibh inní orthu faoina bheith rannpháirteach agus níor shocraigh éinne tarraingt amach as. Maidir leis na sonraí féin a bailíodh, coimeádtar taifead díobh faoi chosaint pasfhocail ar ríomhaire an taighdeora i gcomhaid mp3. Is ar an ríomhaire céanna atá na tras-scríbhinní ó na hagallaimh agus na doiciméid a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar an dioscúrsa (doiciméid Word agus scairbhileoga Excel). Is ag an taighdeoir amháin atá fáil ar na comhaid sin. Tugadh le fios sa bhileog eolais go gcoimeádfar an fhaisnéis ar feadh tréimhse éiginnte agus go gcoimeádfar na sonraí faoi dhiscréid agus faoi iontaoibh.

4.5 Anailís idirthéacsúil ar an Straitéis

4.5.1 Roghnú téacsanna

I dtaighde ar bheartas teanga stáit ón mbarr anuas, is minic go dtugtar faoi anailís ar dhoiciméid a bhaineann le bainistíocht teanga (páipéir beartais scríofa, tograí, bunreachtaí, srl.) (Moore, 1996; Kaplan & Baldauf, 1997; Wodak 2005) agus is minic go mbíonn fáil éasca ar shraith théacsanna gaolmhara. Maidir le bailiú faisnéise agus roghnú téacsanna don anailís idirthéacsúil ar an S20B, leanadh moltaí Johnson (2015: 172) faoi fhoinsí féidearthachta

faisnéise nuair a chuirtear anailís idirthéacsúil i bhfeidhm ar bheartas teanga. Is iad seo a leanas na téacsanna lárnacha a roghnaíodh chun úsáid don anailís seo:

Catagóir	Téacsanna
‘Previous iterations of the same policy’	– An ‘Dréacht-Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2009’ a foilsíodh bliain roimh fhoilsiú an leagan críochnúil den Straitéis.
‘Previous versions of the policy- for example, if the policy is a newer version of an earlier policy’	<p>Ráitis, tuarascálacha agus plépháipéir a luaitear go sonrath sa S20B mar fhoinsí as a tógadh an S20B féin:</p> <ul style="list-style-type: none"> -Tuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta, 2002 -Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge, 2006 -An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007 -Plépháipéar Fiontar DCU ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2009 -Prejudice and Tolerance in Ireland, Mac Gréil, M. (1973) -Prejudice in Ireland Revisited. Mac Gréil, M. (1996) -Attitudes towards Competence in and Use of the Irish Language 2007- 2008, Mac Gréil, M. (2009) -Attitudes Towards the Irish Language on the Island of Ireland, Darmody, Daly (2015)
‘The discursive events, and resultant texts, that engendered the policy- for example the debate that generated the policy in question (discursive events) and the transcripts of that debate (resultant text)’	Na díospóireachtaí Dála ina bpléitear Acht na dTeangacha Oifigiúla (2002-2003), ina bpléitear Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge (2006) agus ina bpléitear cur le chéile agus chur i bhfeidhm na S20B (2006-2018)
‘Current texts and discourses- for example, other policies and socio-political and sociolinguistic discourses as indexed in media reports, public declarations by policymakers...’	<p>-Téacsanna ó na meáin Ghaeilge agus Bhéarla agus ráitis ábhartha ó pholaiteoirí agus pháirtithe leasmhara.</p> <p>-Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011’ (2015)</p>

	<ul style="list-style-type: none"> -Tuarascáil ar Nuachaintoirí na Gaeilge (Walsh, Rourke, Rowland: 2015) -Iaith Pawb (2002)- beartas teanga thionóil náisiúnta na Breataine Bige -A Living Language: a Language for Living (2012- 2017)- Straitéis na Breatnaise a bhí i bhfeidhm thar chúrsa an taighde seo -Cymraeg 2050: A million Welsh Speakers- Straitéis teanga fad-téarmach na Breatnaise -Acht na Gaeltachta (2012)
‘Interviews with creators and those meant to interpret a policy’	<ul style="list-style-type: none"> -Na tras-scríbhinní agallamh agus ghrúpaí fócais a bhí mar chuid den obair pháirce don taighde seo mar a oireann siad leis na dioscúrsaí (/naisc idirthéacsúla) a pléitear anseo -Torthaí an cheistneora i gCathair Chorcaí -Cumarsáid phearsanta le Seán Ó Leidhinn (teagmhálaí don Straitéis ar shuíomh gréasáin an Rialtais) agus le hÉamon Ó Cuív (an tAire Gaeltachta ag am sheoladh na Straitéise)

Tábla 4.1 Téacsanna a úsáideadh don anailís idirthéacsúil bunaithe ar mholtaí Johnson

Nuair a socraíodh gurbh fhiú iniúchadh a dhéanamh ar na catagóirí thuasluaite, bailíodh na téacsanna ábhartha a bhaineann le gach catagóir agus cuireadh le chéile i gcomhaid iad. Maidir leis na doiciméid oifigiúla, bhí fáil ar a bhformhór acu ar-líne agus íoslódáil leadh na cáipéisí ó na suíomhanna gréasáin ábhartha. I gcomhréir leis na catagóirí molta, beartaíodh go mbeadh sé fiúntach dioscúrsa na meán cumarsáide i leith na Straitéise agus samplaí ábhartha ó dhioscúrsaí poiblí a chur san áireamh. Chuige sin, bailíodh téacsanna ábhartha ó na meáin chlóite agus chraolta Béarla agus Gaeilge idir 2010-2018. Irisí ar-líne a cuardaíodh den chuid is mó agus nótaí a tógadh ó agallaimh raidió/teilifíse. Maidir leis na díospóireachtaí Dála, bailíodh samplaí de thras-scríbhinní ón suíomh gréasáin www.oireachtasdebates.oireachtas.ie. Socraíodh go ndíreofaí ar na díospóireachtaí ábhartha sa Dáil ó chur le chéile na S20B agus ó na blianta i ndiaidh a seolta go príomha (2006-2018). Os rud é gur straitéis reatha de chuid an

rialtais í an S20B rinneadh iarracht a bheith chomh suas chun dáta agus ab fhéidir leis na foinsí sin le linn an taighde. Bailíodh tras-scríbhinní ábhartha chomh maith ó dhíospóireachtaí Dála a bhí ar bun i 2002 agus 2003 nuair a pléadh achtú ‘Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003’ sa Dáil, agus i 2006 nuair a seoladh RanR. Chun na díospóireachtaí cuí a aimsiú roghnaíodh frásaí ábhartha agus rinneadh cuardach ar na frásaí sin sna dátaí éagsúla a tionóladh an Dáil le linn na mblianta. Is iad na frasaí a cuardaíodh ná: ‘Gaeilge’, ‘Ghaeilge’, ‘Coimisiún’, ‘Straitéis’, ‘Gaeltacht’, ‘Teanga’ ‘Acht’, ‘Reachtaíocht’ agus ‘Irish’, ‘Language’, ‘Strategy’, ‘Commission’.

Chomh maith leis na téacsanna sin, socraíodh go mbeadh sé fiúntach scagadh comparáideach a dhéanamh idir an S20B agus beartas comhaimseartha Rialtas na Breataine Bige i leith na Breatnaise agus aimsíodh na téacsanna ábhartha sin ar-líne. Cuireadh san áireamh téacsanna agus sonraí ábhartha a tháinig chun cinn ón obair pháirce a tugadh fúithi i gCathair Chorcaí chomh maith, a bhain leis an S20B go sonrath. Bhain cuid amháin den cheistneoir leis an S20B féin agus le feacht na bhfreagróirí faoin Straitéis agus faoina cuid spriocanna. Áiríodh tuairimí a bailíodh sna grúpaí fócais chomh maith (a cuireadh ar bun chun na torthaí a bhí ag teacht chun cinn ó na ceistneoirí a phlé go mion le grúpaí beaga) nuair a léiríodh tuairimí a bhain go sonrath leis an S20B. Rinneadh sraith agallaimh leath-struchtúrtha le daoine a oibríonn le Gaeilge sa chathair agus cuireadh sonraí óna tras-scríbhinní san áireamh san anailís a leanann chomh maith. Pléifear an fhaisnéis a bailíodh san obair pháirce a bhaineann go sonrath leis an S20B i gCaibidil 7.

4.5.2 Modh anailíse

Nuair a bhí na téacsanna ábhartha go léir bailithe le chéile, cuireadh tús leis an anailís trí mhion-chíoradh a dhéanamh orthu. Leanadh teoracha Johnson fós sa chéim seo, agus é ag moladh córais le hanailís idirthéacsúil a dhéanamh ar bheartas teanga. Dar leis (2015: 173), ba chóir aird chúramach a tharraingt ar thopais, aonaid léacsacha áirithe, seánraí nó frásaí faoi mar a fheictear go bhfuil tábhacht nó suntas ag baint leo. Le hanailís mar seo, bíonn bailiú faisnéise leanúnach agus fite fuaite leis an anailís. Bíonn an dá ghníomh sin athchúrsach agus spreagann torthaí a thagann chun solais suíomhanna nua agus modhanna bhailiú faisnéise nua. Is í an chéad chéim eile, tar éis na téacsanna a léamh go mion agus na réamh-chóid a chruthú, ná go dtagann tacar níos críochnaithí de chatagóirí anailíseacha chun cinn (Saldana, 2013). Dar le Johnson (2015: 174), is féidir leis na téamaí atá ag teacht chun cinn a bheith eagraithe timpeall ar thréithe leicsea-comhréireacha áirithe den téacs cosúil le focail, frásaí agus struchtúir ghramadúla, nó, eilimintí dioscúrsacha laistigh den téacs, mar thopais, théamaí agus sheánraí. Don taighde seo, is ar an dara catagóir a díriodh go príomha. Is ionann topais agus na coinbhinsiúin liteartha, téamaí, móitífeanna nó coinbhinsiúin chun argóintí a chruthú agus smaointí a nascadh (*Ibid.*).

Tar éis na tréithe dioscúrsacha agus leicsea-comhréireacha a aithint, díriodh san anailís ansin ar naisc idir tréithe téacs-inmheánacha na S20B agus iar-théacsanna beartais, na himeachtaí dioscúrsacha as ar eascair an Straitéis agus na dioscúrsaí agus comhthéacsanna ilshraitheacha sochpholaitiúla agus stairiúla. Ansin, ag leanúint an chórais mholta, díriodh ar an sraith imeachtaí dioscúrsacha as a dtáinig an S20B ar an bhfód- na díospóireachtaí inar pléadh an S20B sular foilsíodh í, ráitis phoiblí, dréachtaí agus tuairiscí sna meáin a léiríonn spriocanna agus creidimh na n-údar/ an léiriú poiblí díobh ar a laghad. Os rud é go ndíríonn an

taighde seo ní hamháin ar ábhar na S20B ach ar a léirmhíniú agus a cur i bhfeidhm, comhtháthaítear an creatlach thuas le tuilleadh anailíse ar na gnéithe den S20B a cuireadh i bhfeidhm agus an bhrí a eascraíonn gníomhaithe beartais teanga aisti. Dírítear ar conas a dhéantar ath-chomhthéacsú ar an S20B agus conas a mhúnlaíonn dioscúrsaí agus cleachtais an t-ath-chomhthéacsú sin- *‘how does this recontextualised meaning line up with the analysts reading of the policy, media portrayal of the policy, or how the authors interpret their own product?’* (Johnson, 2015: 175). Chun tabhairt faoi anailís a dhéanamh ar na próisis phleanála agus bheartais teanga seo moltar go gcomhcheanglófaí anailís idirthéacsúil le teicnící cáilíochtúla bhailiú faisnéise eile, faoi mar a dhéantar sa taighde eitneagrafach a bhí mar chuid den obair pháirce.

4.6 Obair pháirce- an ceistneoir

4.6.1 Réasúnú

Is minic go n-úsáidtear ceistneoirí i staidéir i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga. Go luath sa traidisiún go háirithe, bhí sé coitianta leas a bhaint as daonáirimh náisiúnta mór-scála agus suirbhéanna déimeagrafacha. Comhthreomhar le forbairtí coincheapúla sa réimse feictear forbairt ar mhodheolaíochtaí feiliúnacha agus ar chuir chuige eitneagrafacha agus dioscúrsa-anailíseacha, rud a pléadh i gCaibidil 3. Ní hé sin le rá go bhfuarthas réidh leis na modhanna a úsáideadh roimhe seo, áfach, mar a deir Hornberger (2015: 11): *‘it is not the case that earlier methods have been discarded along the way; rather, the LPP field has embraced a steadily expanding methodological toolkit’*. Cé go n-áitíonn Baldauf (2002: 402) nach dtugtar faoi staidéir chainníochtúla go minic i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga, úsáidtear ceistneoir sa taighde seo mar mhodh amháin i gcruthú próifíle sochtheangeolaíoch don Ghaeilge i gcathair Chorcaí. Cathair mhór atá i gceist sa chás seo agus éascaíonn sé le

sampla níos ionadaí a chur san áireamh sa taighde, rud a chuireann le bailíocht na dtorthaí. Tugann Mackey agus Gass (2016: 182) údar le húsáid modh cainníochtúil laistigh de thaighde cáilíochtúil- *'quantification is also valuable in that numerical descriptions can make it readily apparent why researchers have drawn particular inferences and how well their theories reflect the data'*. Is minic go n-úsáidtear ceistneoirí sochtheangeolaíochta chun cleachtas teanga agus idé-eolaíochtaí i leith teangacha a mheá (Fishman, 1972; Bender *et al.*, 1976; Chambers, 1998). Rinneadh scagadh ar cheistneoirí éagsúla a úsáideadh i staidéir sa réimse cheana chun na ceisteanna a chumadh agus baineadh leas as an gceistneoir a bhí mar chuid den SCT mar eiseamlár, ach cuireadh in oiriúint é don taighde atá faoi chaibidil.

4.6.2 Dearadh an cheistneora

Roinneadh an ceistneoir i gcúig chuid le 37 ceist le freagairt san iomlán. Is iad na codanna éagsúla ná: Cuid A- 'Eolas Ginearálta', Cuid B- 'Cumas sa Ghaeilge', Cuid C- 'Úsáid na Gaeilge', Cuid D- 'An Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge' agus Cuid E- 'Dearcadh i leith na Gaeilge'. Ba chás leis an gceistneoir sonraí a bhailiú maidir le cumas, húsáid agus dearcadh i leith na Gaeilge i gcathair Chorcaí, os rud é go ndeirtear sa S20B (Rialtas na hÉireann, 2010: 7) gur tógadh í ar an trí ghné sin:

Tá Straitéis an Rialtais mar atá leagtha amach sa cháipéis seo bunaithe orthu seo a leanas:

- cur le heolas ar an nGaeilge
- deiseanna a chruthú le Gaeilge a úsáid
- dearcadh dearfacha i leith úsáid na Gaeilge a chothú

Os rud é gur cathair chomh mór le cathair Chorcaí a bhí i gceist sa taighde seo, bhí sé mar sprioc an ceistneoir a scaipeadh go forleathan agus mar sin, cuireadh cuid san áireamh chomh maith faoin S20B féin ar mhaithe le feasacht na ndaoine i leith na Straitéise a mheá. Ríomhadh sampla ionadaíoch de dhaonra na cathrach, ag baint úsáide as torthaí Daonáirimh 2011. Ba é

daonra na cathrach i 2011 (le bruachbhailte san áireamh) ná 198,582 (mhéadaigh daonra na cathrach faoi Dhaonáireamh 2016 go 208,669). Is é sampla ionadach le heatramh muiníne 95% agus le lamháil earráide 5% de dhaonra na cathrach ná 384. Nuair a laghdaítear an lamháil earráide go 4% is é an sampla a bheadh ag teastáil ná 599. Líon 564 duine an ceistneoir san iomlán; mar sin tá lamháil earráide idir 4-5% i gceist (ach níos cóngaraí do 5%). Úsáidtear eatraimh muiníne i dtaighde cainníochtúil chun dul i ngleic le neamhchinnteacht in athraitheas de thoradh samplála. Ciallaíonn eatramh muiníne 95% go gcuimsíonn an t-eatramh muiníne an fíorluach 95% den am (Gerring, Christenson, 2017: 55).

Líonadh na ceistneoirí le linn 2015. Úsáideadh meascán de chineálacha éagsúla ceisteanna sa cheistneoir, rud a pléifear níos mó i gCaibidil 6, idir ceisteanna deimeagrafacha, ceisteanna déscartha, ceisteanna ilrogha, scálaí difreáil shéimeantacha (scálaí Likert) agus bhí dá cheist oscailte sa cheistneoir chomh maith. Cuireadh leagan crua agus leagan leictreonach den cheistneoir ar fáil agus cuireadh leagan Gaeilge agus leagan Béarla ar fáil chomh maith. Pléifear torthaí an cheistneora go mion i gCaibidil 6.

4.6.3 Roghnú na bhfaisnéiseoirí

Nuair a cruthaíodh dréacht den cheistneoir, rinneadh rith tástála le grúpa mac léinn iarchéime chun a chinntiú go raibh na ceisteanna feiliúnach agus intuigthe. Fuarthas aiseolas agus rinneadh athruithe beaga ar an gceistneoir bunaithe ar an aiseolas sin. Ba iad na coinníollacha a socraíodh orthu maidir le roghnú rannpháirtithe don cheistneoir ná go mbeadh cónaí ar na freagróirí go léir i gCathair Chorcaí agus go mbeadh freagróirí os cionn ocht mbliana déag d'aois. Ba mar gheall ar choinníollacha an Choiste Eitice go príomha a socraíodh ar an teorainn aoise sin. Ba dhúshlán é an ceistneoir a scaipeadh le sampláil dóchúlachta i

bhfianaise srianta ama agus airgid. Le sampláil dóchúlachta is gá liosta de dhaoine laistigh den fhráma samplála a bheith agat, rud a fhágann go raibh liosta de gach duine a raibh cónaí orthu sa chathair de dhíth, rud nach raibh indéanta don taighde seo. Mar sin, sampláil neamhdhóchúlachta a bhí i gceist ach tugadh faoi bhealaí éagsúla chun cur le hiontaofacht na dtorthaí. Cé gur líonadh an ceistneoir ar bhonn anaithnid, cuireadh ceisteanna déimeagrafacha san áireamh ag tús an cheistneora (Cuid A) ar mhaithe lena chinntiú gur sampla ionadaíoch de dhaonra na cathrach (ag aois ocht mbliana déag d’aois nó níos sine) a bhí i gceist. Bealach eile a rinneadh bailíocht na dtorthaí a chinntiú ná gur úsáideadh teicnící éagsúla chun an ceistneoir a scaipeadh. Mar a luadh, cruthaíodh leagan leictreonach den cheistneoir ar-líne agus leagan cruá de chomh maith ar mhaithe le laofacht sampla a sheachaint chomh fada agus ab fhéidir. Tarlaíonn laofacht sampla nuair nach mbíonn deis ar bith nó an deis chéanna ag baill den fhráma samplála páirt a ghlacadh sa taighde. Scaipeadh an leagan leictreonach den cheistneoir tríd na meáin shóisialta go príomha. Tiomsaíodh liosta de shuíomhanna agus leathanaigh ar-líne a bhí dírithe ar mhuintir chathair Chorcaí go háirithe agus rinneadh fógraíocht ar an gceistneoir sa tslí sin. Tá borradh tagtha ar cheistneoirí gréasánbhunaithe agus léiríonn taighde (Gosling, *et al.*, 2004; Miller, *et al.*, 2002; Riva, Teruzzi & Anolli, 2003) gurb ionann iontaofacht i gceistneoirí ar-líne agus i gceistneoirí scríofa féin-riartha. Os rud é nach mbeadh fáil ar an idirlíon ag gach ball den fhráma samplála, agus gur minic go bhfághtar daoine níos sine ar lár i gceistneoirí ar-líne (Gosling, *et al.*, 2004), úsáideadh modh ‘aghaidh ar aghaidh’ chomh maith chun an ceistneoir a scaipeadh. Sa dá chás sin úsáideadh modh féin-riartha, an modh is coitianta sna heolaíochtaí sóisialta. I gcás líonadh an cheistneora ‘aghaidh ar aghaidh’, áfach, bhí an taighdeoir i láthair nuair a líonadh an ceistneoir chun ceisteanna a fhreagairt dá mba ann dóibh.

4.6.4 Modh anailíse

Baintear leas as SPSS (pacáiste staitisticiúil do na heolaíochtaí sóisialta) chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis chainníochtúil a tháinig chun cinn ón gceistneoir. Éascaíonn SPSS caidrimh staitisticiúla san fhaisnéis a aithint. Tar éis gur bailíodh an t-eolas go léir ón gceistneoir rinneadh códú ar na hathróa éagsúla agus cuireadh isteach i gcomhad sonraí in SPSS iad. Baintear leas, chuige sin, as scálaí ainmniúla ina n-úsáidtear uimhreacha mar lipéid. Níl aon bhrí leis na huimhreacha a úsáidtear mar chód ó thaobh méide de. Mar shampla, chun códú a dhéanamh ar inscne na bhfreagróirí b'fhéidir go roghnófaí 1 a úsáid mar chód ar 'fir' agus 2 a úsáid mar chód ar 'mná' ach d'fhéadfaí a mhalairt a dhéanamh agus 1 a úsáid mar chód ar 'mná' srl. os rud é nach bhfuil brí uimhriúil i gceist. Bhí 42 athróg sa chódleabhar SPSS ar deireadh.

Chun anailís a dhéanamh ar thorthaí an cheistneora, tugadh faoi thástálacha staitisticiúla éagsúla. Ar an gcéad dul síos rinneadh tástálacha chun difríochtaí suntasacha a aithint thar an grúpa iomlán. Ansin chuathas i mbun iniúchta ar ghaolta suntasacha idir fachtóirí. Baineadh leas, mar sin, as meascán de staitisticí tuairisciúla agus staitisticí tatalacha. Baintear leas as staitisticí tuairisciúla chun bailiúchán mór faisnéise a choimriú agus a chur i láthair i mbealach bríomhar. Cruthaíodh minicíochtaí staitisticiúla chuige sin. Úsáidtear staitisticí tatalacha chun tátail a bhaint faoi dhaonra bunaithe ar fhaisnéis ón sampla (Lacort: 2014). Mar sin is gá go mbeadh an sampla ionadaíoch faoi mar a phléitear i gCuid 4.6.3 thuas. Úsáidtear anailís chomhchoibhnis chuige sin, modh anailíse a úsáidtear chun gaol idir athróa a scrúdú. Is iad na tástálacha a úsáidtear chun anailís thátalach a sholáthar ar thorthaí an cheistneora ná trastábluithe, cearnóga Chi agus scrúduithe ANOVA aontreo. Is é atá i dtrastábluithe ar SPSS ná táblaí teagmhasachta ina dtugtar cur síos uimhriúil ar an ngaol idir dhá athróg d'fhaisnéis

chatagóireach (Pollock, 2011). Soláthraíonn cearnóga Chi eolas faoi cé chomh dóchúil is atá sé go bhfuil gaol idir dhá athróg chatagóireacha laistigh de dhaonra sonrath (Foster, 2001) agus úsáidtear scrúduithe ANOVA chun difríochtaí suntasacha staitisticiúla idir meáin ghrúpaí neamhspleácha (nach bhfuil gaol eatarthu) a aimsiú (Urdan, 2011).

4.7 Obair pháirce- grúpaí fócais

4.7.1 Réasúnú

Áitítear gurbh é Emory Bogardus a bhain leas as an modheolaíocht seo den chéad uair nuair a d'eagraigh sé agallaimh i ngrúpaí i dtaighde sna heolaíochtaí sóisialta in 1926 (Liamputtong, 2011: ii). Ó thús an fichiú haois i leith is modh cáilíochtúil coitianta iad. Úsáideadh grúpaí fócais le linn an Dara Cogadh Domhanda chomh maith i staidéir a rinne Robert Merton chun éifeachtacht ábhar oiliúna do shaighdiúirí agus topaicí eile a phlé. Úsáidtear grúpaí fócais anois i réimse leathan staidéar cáilíochtúla i réimse leathan earnálacha sa tsíceolaíocht, sa tsocheolaíocht, in eolaíochtaí an chomhshaoil, i ngnó, i dtaighde margaidh, i staidéar inscní agus eile. Is minic go n-úsáidtear grúpaí fócais i staidéir acadúla mar mhodh coimhdeacha go háirithe, faoi mar a déantar anseo. Chomh maith leis a n-inoiriúntacht d'earnálacha éagsúla cuirtear grúpaí fócais in oiriúint do réimsí leathan comhthéacsanna agus sa chás seo úsáidtear iad mar uirlis léirmhíneithe ar thorthaí cainníochtúla a bhí ag teacht chun cinn. Luann Vaughn, *et al.*, (1996: 15) an tairbhe a bhaineann le húsáid grúpaí fócais mar iomlánú ar iniúchtaí cainníochtúla. Bhí sé mar aidhm ag na grúpaí fócais seo, mar sin, níos mó eolais a bhailiú faoi na sonraí a bhí ag teacht chun cinn ón gceistneoir faoi chumas, úsáid agus dearcadh i leith na Gaeilge agus feacht ar an S20B i measc mhuintir na cathrach. Oireann grúpaí fócais do thaighde cáilíochtúil ina mbíonn raon tuairimí ag teastáil agus tugtar faoi ghrúpaí fócais a bhunú de ghnáth nuair a bhíonn faisnéis ag leibhéal an phobail ag teastáil.

Go traidisiúnta le heitneagrafaíocht laistigh de phleanáil agus bheartas teanga úsáidtear breathnóireacht ar rannpháirtithe mar phríomh-mhodh taighde. Os rud é go raibh daonra chomh mór i gceist sa taighde seo, áfach, níor oir breathnóireacht don staidéar seo. Pléann Suter (2000:

1) oiriúntacht grúpaí fócais sa chás sin:

Historically, ethnography of communication has viewed participant observation as the central and necessary methodological point of departure for any ethnographic endeavour. However, this becomes problematic when particular topics of enquiry do not provide ample opportunities for observation.

Nuair a bhí beogacht eitneagrafach teanga á mheá sa Phatagóin, baineadh leas as grúpaí fócais chun cleachtais agus creidimh faoin mBreatnais a phlé, mar shampla (Johnson, 2010). Socraíodh ar ghrúpaí fócais a eagrú mar chuid den taighde seo ar mhaithe leis na torthaí a bhí ag teacht chun cinn ón gceistneoir a phlé go mion le grúpaí níos lú go príomha. Nuair a phléigh Schensul (1999) na cúiseanna taobh thiar d'úsáid an mhodh seo san eitneagrafaíocht dúirt sí go bhféadfaí eolas a bhailiú sa tslí seo ar '*participants' interpretations of results gathered in earlier research studies*'. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an modh seo san eitneagrafaíocht dar le Schensul (*Ibid.*) ná go n-éascaíonn sé eolas cuimsitheach a bhailiú le grúpa mór duine nach bhfaighfeá ó mhodhanna níos ginearálta (.i. ceistneoirí amháin). Anuas air sin is féidir faisnéis agus léargais a tháirgeadh nach mbeadh fáil orthu gan an idirghníomhaíocht a fhaightear i ngrúpaí. Is é sainmharc an ghrúpa fócais ná úsáid fhollasach na hidirghníomhaíochta sa ghrúpa faoi thopaicí roghnaithe ag an taighdeoir chun faisnéis agus léargais a fháil nach bhfaighfí i mbealach eile (Morgan, 1997: 2). Soláthraíonn cuspóirí taighde an taighdeora an fócas mar sin, ach tagann an fhaisnéis féin ón idirghníomhaíocht i measc na rannpháirtithe.

4.7.2 Struchtúr na ngrúpaí fócais

Soláthraíonn Schensul (1999) cur chuige molta cuimsitheach d'úsáid grúpaí fócais i dtaighde eitneagrafach (agallaimh ghrúpa fócasaithe a thugann sí orthu uaireanta) agus úsáidtear an cur chuige sin mar threoir sa taighde. Soláthraíonn sí comhairle faoi conas tabhairt faoi ghrúpaí fócais eitneagrafacha a eagrú, a thosnú agus a stiúradh. Bíonn grúpaí fócais i dtaighde eitneagrafach neamhstruchtúrtha nó leath-struchtúrtha de ghnáth agus tá sé riachtanach go dtuigeann an t-éascaitheoir (an taighdeoir sa chás seo) creatlach theoriciúil an taighde (Schensul, 1999: 112). Má tá cur amach cuimsitheach ag an éascaitheoir ar an ábhar tá sé níos dóchúla go gcuirfí ceisteanna maithe, ábhartha faoi thopaicí a thagann suas le linn na gcomhráite nach raibh ullmhaithe roimh ré. Is ar an éascaitheoir atá an dualgas comhrá an ghrúpa (agus an t-idirghníomhaíocht grúpa go háirithe) a bhainistiú agus a stiúradh ionas go mbaileofaí a dóthain sonraí chun cuspóirí an taighde a bhaint amach. Ba chóir don éascaitheoir a bheith solúbtha sa chineál ghrúpaí fócais seo, dar le Schensul (*Ibid.*), sna bealaí ábhartha a úsáidtear le ceisteanna a chur.

Ag tús gach seisiún, ag leanúint moltaí Schensul, míníodh cuspóir an ghrúpaí fócais, an tábacht a bhaineann leis an eolas a mbaileofaí agus leagadh síos rialacha ginearálta (m.sh., go mba chóir éisteacht lena chéile, go bhfuil smaointe gach duine bailí, nach bhfuil freagraí cearta/míchearta ar an ceisteanna). Cumadh ocht gceist le cur sna grúpaí fócais ag eascairt as an eolas a bhí de dhíth. Baineann an t-eolas seo leis an gceithre ghné den obair pháirce a aithníodh- cumas, úsáid agus dearcadh na rannpháirtithe i leith na Gaeilge agus eolas ar an S20B go sonrach. Chuige sin, socraíodh go mbeadh leagan amach leath-struchtúrtha i gceist ach go ligfí le rannpháirtithe dul i mbun comhráite ina measc féin go nádúrtha chomh maith, go pointe. Eagraíodh na grúpaí fócais timpeall ar shraith loighiciúil ceisteanna chun an t-eolas

ábhartha a bhailiú agus cuireadh tús leis an gcomhrá sa tslí sin. Mar aon leis na buncheisteanna a pléadh, molann Schensul ceisteanna eile a chur faoi mar a ardaítear téamaí chun iniúchadh a dhéanamh ar thosca comhthéacsúla agus rinneadh amhlaidh (1999: 115). Rinneadh na grúpaí fócais a thairfead ag baint úsáide as gléas tairfeadta agus shínigh gach rannpháirtí foirm toilithe ag tús an seisiúin. Rinneadh rith tástála leis an ngléas ar dtús nuair a iarradh ar na faisnéiseoirí labhairt ina measc féin ar feadh nóiméid chun a chinntiú go raibh an fhuaim i gceart agus ansin cuireadh tús leis an ngrúpa fócais. Rinneadh tras-scríbhinn ar na grúpaí fócais sa teanga inar deineadh iad. Bhí uair go leith leagtha amach do gach grúpa ach ní raibh an t-amscála chomhdocht sin. Mhair na grúpaí fócais ar feadh idir 1.25- 2 uair a chloig an ceann.

4.7.3 Roghnú na bhfaisnéiseoirí

Dar le Schensul (1999: 63) ba chóir cuspóir an taighde a bheith ar intinn agus na rannpháirtithe á roghnú. Arís, ba é an t-aon fhráma samplála a bhí i gceist do na grúpaí fócais seo ná daoine a bhí ina gcónaí i gCathair Chorcaí agus os cionn ocht mbliana déag d'aois. Os rud é nach raibh ach na hathróa sin i gceist, ní raibh an earcaíocht srianta seachas sin. Rinneadh fógraíocht chun daoine a earcú chun páirt a ghlacadh sna grúpaí fócais. Rinneadh fógraíocht ar-líne trí na meáin shóisialta agus crochadh póstaer le cead timpeall na cathrach ag lorg rannpháirtithe. Fógraíodh go mbeadh deis ag rannpháirtithe dearbhán a bhuachaint mar dhreasú chun páirt a ghlacadh agus rinneadh crannchur ag deireadh gach grúpa fócais chun é a bhronnadh. Tháinig rannpháirtithe i dteagmháil trí ríomhphost agus trí ghuthán agus socraíodh sonraí na ndátaí, an ionaid agus mar sin de sa tslí sin. Cuireadh na grúpaí fócais seo ar siúl i samhradh 2015. Ar an iomlán, ghlac 40 duine páirt sna grúpaí fócais (seachtar sa chéad cheann ar an 5ú Iúil, naonúr sa dara grúpa fócais ar an 12ú Iúil, dáréag sa tríú ceann ar an 19ú

Iúil, seachtar sa cheathrú grúpa ar an 26ú Iúil agus seisear sa ghrúpa deireanach ar an 2ú Lúnasa 2015).

4.7.4 Modh anailíse

Leantar cur chuige Schensul & LeCompte (2013) san anailís ar an eolas a bailíodh sna grúpaí fócais. Tar éis don fhaisnéis a thras-scríbhinn agus a chur le chéile, moltar go n-eagraítear agus go gcoimrítear í ionas go dtiocfadh smaointe, bríonna agus téamaí chun cinn. Le linn na céime sin is minic go soiléirítear patrúin, athróga agus struchtúir laistigh den fhaisnéis. I ndiaidh sin tugadh faoi athbhreithniú ar an bhfaisnéis cúpla uair chun teacht ar thuiscint dhoimhin ar an eolas a bailíodh agus chun machnamh a dhéanamh. Tar éis na hathbhreithnithe sin, tugadh faoi na próisis a molann Schensul & LeCompte ar mhaithe le hanailís a dhéanamh ar fhaisnéis eitneagrafach- ‘*chunking*’, ‘*crunching*’ agus códú (2013: 80). Is é atá i gceist le ‘*chunking*’ ná scagadh leathan a dhéanamh ar an bhfaisnéis ina hiomláine chun coincheapa nó feiniméin ábhartha don taighde a aithint. Ansin tugadh faoin bpróiseas ‘*crunching*’, a bhfuil sé de aidhm aige an fhaisnéis cháilíochtúil a bailíodh a aistriú go faisnéis cainníochtúil trí théamaí coitianta a bhailiú le chéile. Le linn na céime seo, baineadh leas as an ríomhchlár *Excel* chun abairtí agus ráitis ghaolmhara a chur le chéile agus a eagrú. Roinneadh na ráitis in aonaid téacs (abairtí nó ailt) agus rinneadh códú ar an bhfaisnéis i ndiaidh sin. Cuireadh níos mó ná cód amháin le roinnt aonaid téacs má bhain siad le níos mó ná catagóir amháin. Rinneadh códú ar ainmneacha na rannpháirtithe na linn na céime seo chomh maith agus cuireadh in *Excel* iad. Baineadh leas as córas R1, R2...R5 (Rannpháirtí 1, Rannpháirtí 2...Rannpháirtí 5) chuige sin agus cuireadh dáta an ghrúpa fócais in aice le gach ceann, mar shampla R1: 12/07/2015. Eagraíodh an fhaisnéis i gcatagóirí atá gaolmhar leis na ceisteanna a

threoraigh na grúpaí fócais ar mhaithe le fianaise a sholáthar chun tacú leis an anailís agus leis an léirmhíniú.

4.8 Obair pháirce- agallaimh

4.8.1 Agallaimh leath-struchtúrtha i gCathair Chorcaí

4.8.1.1 Réasúnú

Úsáidtear agallaimh sa taighde seo mar bhealach eile chun eolas ar an nGaeilge i gCathair Chorcaí agus ar fheasacht faoin S20B i measc mhuintir na cathrach a bhailiú. Roghnaíodh agallaimh go príomha mar gheall ar a n-oiriúntacht do thaighde cáilíochtúil sna heolaíochtaí sóisialta go ginearálta, ina dtugtar daoine faoi agallaimh go minic mar mhodh bailithe sonraí. Pléitear ábharthacht an agallaimh i dtaighde ar phleanáil agus ar bheartas teanga (Kaplan & Baldauf, 1997: 111) go sonrath agus is minic go ndéantar agallaimh i dtaighde sa teangeolaíocht fheidhmeach a bhfuil fócas eitneagrafach aige go háirithe. San eitneagrafaíocht feictear borradh ar úsáid agallamh mar mhodh taighde le blianta beaga anuas. Scríobhann Hockey agus Forsey (2012: 69) faoi agallaimh eitneagrafacha mar uirlis taighde san eitneagrafaíocht, agus iad ag tógáil ar alt a scríobh Hockey ar an ábhar céanna i 2002: *‘Hockey’s argument that interview-based studies are ethnographic, or more specifically, are a culturally appropriate form of participatory research, remains remarkably unchallenged.’* Dar leis na húdair seo go soláthraíonn agallaimh taighde eitneagrafacha deis chun léargais a chruthú agus a thairfeadh atá níos doimhne ná mar a bheadh le fáil trí cheistneoir, breathnóireacht ná comhráite neamhfhoirmiúla. Is modh taighde tairbheach é an t-agallamh nuair atá eolas mion de dhíth os rud é go soláthraítear líon mór sonraí laistigh d’amscála gearr. Agallaimh leath-struchtúrtha a bhí sna hagallaimh ar tugadh fúthu don taighde seo. Ceann de

na buanna is mó a bhaineann leis an gcineál seo agallaimh ná an tsolúbthacht a ghabhann leis, sa chaoi is go mbíonn saoirse ag an taighdeoir níos mó ceisteanna a chur má thagann pointí spéise suas i rith an chomhrá. Ní bhíonn agallaimh leath-struchtúrtha chomh srianta is a bhíonn agallaimh struchtúrtha mar sin, rud a éascaíonn dul níos doimhne isteach sa scéal. Fós úsáidtear liosta ceisteanna réamhchumtha córasacha agus faightear freagraí ar na ceisteanna sin le linn an agallaimh.

Os rud é go bhfaightear eolas difriúil sna hagallaimh éagsúla, áfach, caithfidh an taighdeoir teacht ar chóras anailíse a théann i ngleic leis sin. Tráchtann Burgess (1991) agus Bryman (2001) ar na deiseanna taighde i staidéar eitneagrafach agus luann an bheirt acu agallaimh leath-struchtúrtha mar mhodhanna éifeachtacha féideartha. In agallamh mar seo, caithfidh an taighdeoir a bheith cúramach faoina ról féin agus a bheith feasach gan tionchar míchuí a imirt. Aithnítear an taighdeoir mar uirlis phríomhúil i dtaighde cáilíochtúil (Porter, 2002; Lofland, *et al.*, 2006). Ó thaobh cruinnis sna sonraí a bhailítear ó agallaimh de, tá sé tábhachtach nach gcuireann claontaí an taighdeora nó tuairimí an taighdeora isteach ar an bhfaisnéis, i gcás agallamh leath-struchtúrtha go háirithe. Glactar seasamh aisfhillteach tríd an taighde agus i léirmhíniú na dtorthaí chun dul i ngleic leis sin. Déantar machnamh criticiúil ar thoimhdí a aithnítear sa taighde agus ar thionchar na dtoimhdí sin agus láithreach an taighdeora féin ar léirmhíniú na dtorthaí.

4.8.1.2 *Struchtúr na n-agallamh*

Maidir le struchtúr na n-agallamh seo, cumadh ceisteanna a bhain leis na téamaí seo a leanas:

- 1) Ceisteanna a bhaineann lena n-idé-eolaíochtaí i leith na Gaeilge agus ról na Gaeilge ina saolta féin (más ann dó),
- 2) Cur chun cinn na Gaeilge i gCathair Chorcaí agus na dúshláin a bhaineann leis sin dar leo, agus
- 3) Feasacht na bhfaisnéiseoirí faoi bheartas an Rialtais i leith na Gaeilge (agus an S20B) agus an tionchar ag an mbeartas sin ar an nGaeilge sa chathair/ a gcuid oibre más ann dó.

Ar an iomlán, cumadh thart ar tríocha ceist bainteach leis na téamaí sin. Os rud é nár cuireadh gach ceist ar gach faisnéiseoir, rinneadh iad a chódú i ndiaidh sin le heochairfhocail a bhaineann le téama a tháinig chun cinn. Mar sin, is féidir an faisnéis a thugann na faisnéiseoirí a chomhcheangal leis na ceisteanna a bhaineann leis an ábhar céanna, is cuma an comhthéacs ina bhfuarthas iad (.i. ó cheist dhíreach nó mar chuid de chomhrá ar ábhar eile).

Tugadh faoi na hagallaimh seo idir lár mhí Eanáir agus deireadh Lúnasa 2015. Is dea-chleachtas é ligint do na faisnéiseoirí féin suíomh an agallaimh a roghnú agus rinneadh sin sa taighde seo. Cuireadh ar bun iad i meascán d'áiteanna- caiféanna den chuid is mó, ceann amháin i dteach an fhaisnéiseora agus dá cheann in oifigí. Mhair na hagallaimh ar feadh 52 nóiméad ar an meán. Lean an ceann is giorra ar feadh 40 nóiméad agus an t-agallamh is faide 78 nóiméad. Rinneadh taifead de na hagallaimh ar dhá ghléas taifeadta. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh chomh maith agus ina ndiaidh, rinneadh na nótaí sin a ath-léamh arís agus aibhsíodh focail, frasaí agus smaointe a cloiseadh go rialta iontu. Tógadh nótaí ginearálta faoin bpróiseas agallaimh i gcoitinne chomh maith. Rinneadh tras-scríbhinní ar na hagallaimh ansin. Stiúraigh an t-áiteamh gur gníomh polaitiúil é an tras-scríbhinn an cur chuige a glacadh (Green

et al., 1997: 172). Dar le Green, *et al.*, (*Ibid.*) gur próiseas léirmhínteach agus ionadaíoch araon é an tras-scríbhinn. I dtaca le haidhmeanna an taighde seo níor dírfódh ar ábhar neamhbhriathartha sna tras-scríbhinní. Mar sin, níor cuireadh san áireamh sna tras-scríbhinní rudaí cosúil le hiontonú, sosanna agus gothaí; níor áiríodh ach tréithe briathartha na n-agallamh.

4.8.1.3 Roghnú na bhfaisnéiseoirí

Don sraith agallamh seo roghnaíodh faisnéiseoirí d'aon ghnó de bharr go n-oibríonn (/gur oibrigh) siad nó go bpléann (/gur phléigh) siad le cúrsaí Gaeilge sa chathair ar bhealach éigin. Bhí baint ag gach rannpháirtí le cúrsaí Gaeilge sa chathair i slí éigin. Ba é príomh-aidhm na n-agallamh ná eolas a bhailiú faoina dtaithe leis an nGaeilge sa chathair agus chun an nasc idir a gcuid oibre (nó a saolta) ag leibhéal an phobail agus beartas teanga an Stáit a mheá. Bhíodhas ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar fhoghrúpa de dhaonra na cathrach anseo. Mar sin, níor roghnaíodh na rannpháirtithe go randamach os rud é nárbh aidhm leis an sraith agallaimh seo eolas a fháil ó shampla ionadaíoch. Roghnaíodh roinnt faisnéiseoirí ionchasacha ar dtús ag baint leas as straitéis samplála carnaí nó sampláil líonra (LeCompte, Schensul, 1999; Frank, 2005). Tugadh faoi agallaimh turgnamhacha neamhfhoirmiúla i gCathair Chorcaí in 2014 le meascán de dhaoine sa chathair a bhíonn ag plé le cur chun cinn na Gaeilge i slí éigin ar dtús. Ag eascairt as na hagallaimh sin, roghnaíodh ochtar ábhartha agus fiafraíodh díobh páirt a ghlacadh sa taighde seo. Roghnaíodh duine a oibríonn i nGaelscoil sa chathair, duine a oibríonn sa chomhairle cathrach, duine a oibríonn le comhlacht deonach leis an nGaeilge sa chathair, duine a oibríonn in Ionad na Gaeilge Labhartha (Ollscoil Chorcaí), duine a eagraíonn grúpa aclaíochta trí Ghaeilge sa chathair, máthair a fhreastalaíonn ar ghrúpa do thuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge sa chathair, duine a eagraíonn ciorcal comhrá sa chathair agus duine a eagraíonn oícheanta sóisialta trí mheán na Gaeilge sa chathair. Ní raibh aithne ag an

taighdeoir ar éinne de na rannpháirtithe roimh ré. Cuireadh aithne ar na faisnéiseoirí trí ríomhphost, tugadh cuireadh páirt a ghlacadh sa taighde agus níor dhiúltaigh éinne a bheith páirteach.

4.8.2 Agallaimh leantacha

4.8.2.1 Réasúnú

Tugadh faoi chineál eile agallamh sa taighde seo chomh maith, .i. agallaimh leantacha tar éis na ngrúpaí fócais. Is modh taighde coitianta é seo ina gcruthaítear léargas ginearálta trí mheán na ngrúpaí fócais agus ansin go dtéitear níos doimhne sa scéal le hagallaimh le baill de na grúpaí fócais sin. Is córas coitianta é sin, agallaimh aonair agus grúpaí fócais a úsáid lena chéile: *'focus groups could provide an introduction to the views of a variety of participants, a step that would be followed by a purposive selection of several participants for in-depth follow up interviews'* (Given, 2008: 353). Socraíodh ar agallaimh leantacha a dhéanamh le seisear rannpháirtithe ó na grúpaí fócais mar iomlánú ar an eolas a bailíodh sna grúpaí fócais, mar sin. Ní raibh ach cúig cheist le freagairt ach cuireadh treoir san áireamh faoin saghas eolais a bhí ag teastáil. Tá na ceisteanna a úsáideadh do na hagallaimh leantacha iniata mar aguisín.

4.8.2.2 Struchtúr na n-agallamh

Rinneadh na hagallaimh seo trí mheán ríomhphoist. Labhraíonn Gibson (2017: 214) faoi na buntáistí a bhaineann le hagallaimh trí ríomhphost i dtaighde cáilíochtúil, cé nach mbaintear leas as an modh chomh minic is a déantar agallaimh aghaidh-ar-aghaidh, dar léi. Is bealach áisiúil agus éifeachtúil ó thaobh costas de é chun eolas saibhir a fháil. Léiríonn Gibson an t-idirdhealú idir an dá phríomh-stíl nuair a tugtar faoi agallaimh a dhéanamh trí ríomhphost.

Is é an chéad stíl ná stíl aisioncranach, nuair nach ndéantar na hagallaimh i bhfíor-am ach go seoltar ceisteanna chuig rannpháirtithe agus go ligtear do rannpháirtithe iad a fhreagairt laistigh d'fhráma ama socraithe. An dara stíl ná stíl shioncranach, nuair a socraítear idir an t-agallóir agus an t-agallaí bheith ar-líne ag an am céanna, seolann an t-agallóir ceist ar aghaidh agus freagraíonn an t-agallaí i bhfíor-am mar sin. Sa chás seo, is é an chéad stíl a úsáideadh agus iarradh ar na rannpháirtithe freagra a sheoladh taobh istigh de choicís i ndiaidh na ngrúpaí fócais.

4.8.2.3 Roghnú na bhfaisnéiseoirí

An dara grúpa ar cuireadh agallamh orthu ná grúpa de sheisear a ghlac páirt sna grúpaí fócais. Luadh ag deireadh na ngrúpaí fócais féin go mbeadh eolas breise de dhíth agus iarradh ar rannpháirtithe ríomphost a sheoladh dá mbeadh suim acu sin a dhéanamh. Fuarthas freagra ó bheirt rannpháirtí ón ngrúpa fócais trí mheán na Gaeilge a bhí sásta tuilleadh eolais a sholáthar trí Ghaeilge agus ceathrar a sholáthraigh níos mó eolas trí mheán an Bhéarla.

Caibidil 5. Anailís Idirthéacsúil ar an ‘Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010- 2030’

5.1 Forbhreathnú

Is é is cúram don chaibidil seo ná anailís chuimsitheach idirthéacsúil a sholáthar ar an S20B agus ar na téamaí is mó a aithnítear sna dioscúrsaí le linn an taighde a chíoradh go criticiúil. Nuair a dhéantar iniúchadh anailíseach ar bheartas ar leith, uaireanta déantar neamhaird de bheartais eile atá ar an bhfód a mbíonn tionchar ag a n-achtú ar an mbeartas atá faoi chaibidil (Johnson, 2015: 168). Déantar an fhadhb sin a sheachaint in anailís idirthéacsúil trí ghuthanna agus téacsanna ábhartha eile a chur san áireamh san anailís. Is féidir le hanailís idirthéacsúil ar bheartas solas a chaitheamh ar cad as a dtagann na smaointe agus an teanga i ndoiciméid bheartais, an gaol atá acu le téacsanna agus le dioscúrsaí eile agus an tábhacht a bhaineann leis sin do na daoine atá freagrach as an mbeartas a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Phléigh Apthorpe (1986: 379) go mion cé chomh hábhartha is atá anailís dioscúrsa ar bheartais go ginearálta agus d’áitigh sé go mbaineann feidhm chuiditheach leis: *‘Always there are alternatives, some of which may remain to be considered again, even those which have been rejected on other grounds. So to deconstruct discourse about policy serves a constructive purpose’*. Le déanaí, tá béim bhreise ar thairbhe an mhodh anailíse seo ar bheartais teanga go sonrach, mar a pléitear i gCaibidil 3. Léiríonn leithéidí Barakos & Unger (2016), Johnson (2015) agus Wodak (2009) na buntáistí a bhaineann leis an saghas anailíse seo i gcomhthéacs bheartais teanga, sa mhéid is gur feiminéan ilshraitheach é beartas teanga a thógtar agus a achtaítear trí dhioscúrsa (Barakos & Unger, 2016: 1).

Tá forbhreathnú ar an tírdhreach cultúrtha agus soch-pholaitiúil ríthábhachtach do thuiscint ar idirthéacsanna sa S20B. Más aidhm d'anailís brí a bhaint as beartas teanga áirithe, ba chóir, dar le Johnson (2015:172), féachaint go dlúth ar phróiseas chur le chéile an bheartais agus an téacs féin a eascraíonn mar thoradh ar an bpróiseas. Pléadh cheana, i gCaibidil 2, stair bheartas an Rialtais i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit agus tá an comhthéacsú sin tábhachtach chun an S20B a shuíomh laistigh den chreatlach anailíseach seo. Sa chaibidil seo, ar mhaithe le cur leis an gcomhthéacsú sin agus chun anailís a éascú, pléitear ar dtús cúlra na Straitéise trí scagadh a dhéanamh ar phróiseas na slí inar cuireadh le chéile í. Ansin pléitear ábhar na Straitéise agus na téamaí is mó a tháinig chun cinn le linn an iniúchta. Le linn an taighde seo ar an S20B agus ar na téacsanna eile a chuirtear san áireamh san anailís, tháinig téamaí difriúla chun cinn. Tá an chuid eile den chaibidil seo scartha i gceannteidil a d'eascair ón iniúchadh sin. Comhfhreagraíonn na ceannteidil seo le hábhar na Straitéise agus leis na téamaí is mó a aithnítear i ndioscúrsa an Stáit, na meán agus an phobail i dtaca leis an S20B. D'éascaigh an cur chuige a tugadh faoi sa taighde seo sin a dhéanamh. Tarraingítear ar na téacsanna a luadh i gCaibidil 4 chun anailís ar an S20B a sholáthar.

5.2 An S20B- cúlra agus amlíne chur le chéile na S20B

I gCaibidil 2 pléitear stair bheartas an rialtais i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit. Baineann an S20B le tréimhse pleanála a thosaíonn sa bhliain 2000. Sa bhliain sin bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta ar mhaithe le taighde a dhéanamh agus moltaí a sholáthar faoi chonas a bhféadfaí staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí a láidriú. Ba thúsphointe é sin do phróiseas arbh í an S20B an toradh a bhí air, agus tá sraith théacsanna soiléire ar fáil a nascann moltaí an Choimisiúin leis an S20B. Foilsíodh an S20B i mí na Nollag 2010 tar éis di tacaíocht traspháirteach a fháil. Fágann an comhaontú traspháirteach sin go bhfuil dualgas ar pé rialtas

atá i gceannas le linn thréimhse na Straitéise í a chur i bhfeidhm. I dTuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta (2002) cáineadh an easpa soiléireachta i mbeartas an Rialtais i leith na Gaeilge agus easpa físe do thodhchaí na Gaeilge sa tír:

Ní heol don Choimisiún gurb ann do pholasaí rialtais ina léirítear dearcadh Rialtais ar áit na Gaeilge sa saol comhaimseartha ná aon fhís a léireodh go bhfuil an Rialtas tar éis áit na Gaeilge i saol na tíre a phlé ná plean gníomhaíochta a cheapadh ina bhfuil spriocanna tomhaiste. Ní heol don Choimisiún polasaí ná plean Rialtais bheith ann. (Mac an Iomaire, 2002: 5)

An bhliain i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála, achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla i 2003, rud a moladh i dTuarascáil an Choimisiúin. I 2004 bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga faoin Acht. Moladh i dTuarascáil an Choimisiúin chomh maith le plan náisiúnta don Ghaeilge a ullmhú agus a fheidhmiú. Cuireadh san áireamh sa tuarascáil naoi moladh déag le critéir agus cur chuige molta le gach ceann acu chun todhchaí na Gaeilge a chinntiú. Bunaíodh coiste comhairleach sa Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta sa bhliain chéanna arbh í an sprioc leis, dar le hÉamon Ó Cuív (Aire na Roinne ag an am): ‘chun comhairle a chur orm maidir leis na gníomhaíochtaí a theastaíonn le feidhm phraiticiúil, mar is cuí, a thabhairt do mholtaí atá déanta i dTuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta’ (DD, 2003a).

Ag caint sa Dáil i Márta 2004, d’áitigh an Teachta Dála Brian Ó Sé go raibh gá le cur chuige nua agus gur smaoineamh maith é go mbeadh baint ag daoine seachtracha lasmuigh den infreastruchtúr reatha i ndrúchtú an bheartais i leith na Gaeilge (DD, 2004a). Thagair sé d’óráid a thug an Dr. Peadar Ó Flatharta go luath roimh an dáta sin (ag Tóstal na Gaeilge, 2004) inar labhair Ó Flatharta faoin riachtanas tascfhórsa a bhunú chun reachtaíocht nua a fhorbairt. Dar le Ó Flatharta go raibh easpa fócais agus fuinnimh in iarrachtaí cothaithe na Gaeilge agus gur thoradh ar easpa beartais náisiúnta é sin. Leag Ó Flatharta agus Ó Sé béim ar a thábhachtaí

is a bheadh sé tascfhórsa seachtrach a bheith i gceannas ar dhréachtú an bheartais náisiúnta nua:

While I would normally welcome the establishment of an advisory committee or a board, Dr. Ó Flatharta was looking for something more. He sought the establishment of a task force. A task force is given a task, which in this case should be to draft a new policy for the language. (Ó Sé, DD, 2004a)

Agus:

While I acknowledge what the Minister is saying, I strongly put to him the view that the task force should draft a policy. The Government may then endorse, reject or amend it. A task-force which introduces fresh thinking will yield the best result in terms of the draft policy. The task force should be set the objective of coming up with a draft policy within a certain time frame. (*Ibid.*)

In ionad tascfhórsa, bunaíodh coiste comhairleach chun comhairle a chur ar an Aire faoi na féidearthachtaí chun ‘plean straitéiseach 20 bliain’ le ‘spriocanna réalaíocha’ a phlé mar aon le comhairle a chur ar fáil faoi na tosaíochtaí straitéiseacha gearrthéarmacha chun an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn laistigh den Stát (DD, 2004b). Bunaíodh Fóram na Gaeilge i Meitheamh 2004 chomh maith agus luaitear ‘plean straitéiseach 20 bliain a mholadh le spriocanna réadúla don Ghaeilge sa Stát’ mar cheann de phríomhfheidhmeanna an Fhórait i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta don bhliain sin (An RGPTG, 2004: 66). I measc ball an Fhórait seo bhí ionadaithe ábhartha d’eagraíochtaí Gaeilge deonacha agus Stáit (Ó Cuív, DD, 2005a). Socraíodh ag cruinniú den Fhóram in Aibreán 2005 go mba chóir Fóram na Gaeilge agus an coiste comhairleach a chónascadh, os rud é go raibh comóntacht shoiléir ann i gcomhdhéanamh an dá ghrúpa i gcomhthéacs na n-eagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu orthu (Ó Sé, DD, 2007a).

I Márta 2006, d’áitigh an tAire Ó Cuív ‘go [raibh] an tsaincheist maidir lena thábhachtaí is a bheadh ráiteas soiléir ón rialtas i ndáil le ról agus tábhacht na Gaeilge tar éis teacht chun cinn mar ábhar tosaíochta’ (DD, 2006a). Seoladh RanR i mí na Nollag na bliana céanna agus

deirtear sa réamhrá go ‘[n]-úsáidfear an ráiteas polasaí seo mar bhunchloch do shraith ghníomhaíochtaí chun leasa na Gaeilge agus na Gaeltachta. Cuirfear Straitéis fiche bliain don Ghaeilge le chéile bunaithe ar na cuspóirí atá leagtha amach sa cháipéis seo’ (Rialtas na hÉireann, 2006: 1). Chuige sin, leagtar amach trí chuspóir déag sa Ráiteas lena n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm go hiomlán agus tacaíocht speisialta a thabhairt don Ghaeltacht mar cheantair shainiúla ina labhraítear Gaeilge. Tugtar aitheantas sa Ráiteas don tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge don tír agus i bpreas-ráiteas tar éis sheoladh an Ráitis, labhair Ó Cuív faoi cé chomh tábhachtach is a bhí an ráiteas, gur tógadh é ar obair na rialtas roimhe agus go dtógfá beartas an Rialtais i leith na Gaeilge air:

Mar gheall ar thiomantas leanúnach na rialtas a tháinig i ndiaidh a chéile don teanga cinntíodh go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge- rud a léirítear sna Daonáirimh. Tá súil agam go bhfeicfear an ráiteas seo mar bhunchloch do pholasaí nua ar a mbunófar gníomh praiticiúil don Ghaeilge a bheas bunaithe ar chur chuige nua-aimseartha agus straitéis fhoirfe. (Tagartha ag Gaelport, 2006)

Faoin am seo, feictear brú méadaithe sna díospóireachtaí Dála maidir le cur le chéile na S20B féin. Sampla air sin is ea an comhrá seo a leanas nuair a chuirtear ceist ar Ó Cuív spriocdháta d’fhoilsiú na S20B a leagan amach (DD, 2007a):

Ó Sé: Is the Minister in a position to provide a watertight date in respect of the publication of the 20 Year Strategy on the Irish language?

Ó Cuív: December 2008 or before.

Ó Sé: Is the Minister categorically stating that, without fail, the strategy will be completed by the last day of next year?

Ó Cuív: Yes.

Plean 2028 a tugadh ar an S20B ag an am seo os rud é go rabhthas ag súil leis an straitéis a sheoladh i 2008.

Go comhuaineach le bunú na gcoistí sin agus ullmhú RanR, rud suntasach eile a cuireadh tús leis le linn na mblianta céanna ná an ‘Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar

Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht' (SCT as seo amach) faoi stiúir Sheosamh Mhic Donnacha agus Chonchur Uí Giollagáin. Tugadh conradh d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gcomhair leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach chun tabhairt faoin staidéar a chur ar bun. Tugadh le fios i ndíospóireacht Dála (2003a) gur toradh ar mholtaí an choiste comhairligh ab ea choimisiúnú an staidéir. Tagraítear i réamhrá thuarascáil an SCT gur eascair an taighde as moltaí Choimisiún na Gaeltachta: 'Léiríodh i dTuarascáil Choimisiúin na Gaeltachta 2002 an riachtanas a bhain le faisnéis theangeolaíoch a chur ar fáil don Stát mar chuid de phróiseas athbhreithnithe ar stádas na Gaeltachta' (2007: vii). Tugadh faoin taighde agus faoin tuarascáil a chur i dtoll a chéile idir Aibreán 2004 agus Deireadh Fómhair 2006. Foilsíodh an staidéar i bhFómhar 2007 agus i bhfianaise na moltaí a d'eascair as an staidéar bunaíodh coiste comh-aireachta chun na saincheisteanna a phlé. Foilsíodh Nuashonrú ar an SCT i 2015 mar uasdhátú ar thorthaí taighde an SCT i bhfianaise faisnéis nua teangeolaíochta a tháinig chun cinn ó shin, torthaí na gceisteanna teanga sna Daonáirimh 2006 agus 2011 ina measc.

Maidir le cur le chéile na S20B féin idir an dá linn, luadh an S20B i gClár Oibre an Rialtais 2007-2011:

The Department is continuing to develop a 20 year Strategy for the growth in the use of Irish and in bilingualism. Building on the Government's 13-point *Statement on the Irish Language* issued in December 2006, the Strategy will be a comprehensive blueprint for the expansion of the use of Irish in every urban and rural area. (An RGPTG, 2007)

Bhí feidhm chomhairleach fós ag Fóram na Gaeilge chuige sin in ullmhú na Straitéise. Ag cruinniú idir an tAire agus an Fóram ar an 5 Márta 2007, rinneadh cinneadh go mbunófaí fochoiste den Fhóram mar nasc leis an Roinn in ullmhú na Straitéise (DD 2007a). I measc an ábhair a pléadh ag cruinnithe an fhochoiste i 2007, pléadh ceapachán comhairleach chun

cabhrú leis an Straitéis a ullmhú. Le linn 2007 cuireadh próiseas tógáil i seilbh phoiblí ar bun chun comhairleoirí a fhostú chun moltaí a chur ar fáil (*Ibid.*). Mar thoradh ar an bpróiseas, ceapadh grúpa saineolaithe idirnáisiúnta faoi stiúir Fiontar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar chomhairleoirí neamhspleácha chun a gcuid moltaí i dtaca leis an Straitéis a sholáthar. Ba iad an fhoireann a ceapadh ná An Dr. Peadar Ó Flatharta (ceannaire na foirne), An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín, An tOllamh Colin Williams, an tOllamh Francois Grin, an tOllamh Joseph lo Bianco agus Adelaide Nic Chárthaigh. Grúpa ab ea iad le saineolas ar leith i réimse na pleanála teanga mionlaí. Thug an grúpa faoi chomhairliúchán poiblí ar a n-áiríodh suirbhé ar-líne agus cruinnithe poiblí. Chuathas i gcomhairle leis na príomh-gheallsealbhóirí chomh maith san earnáil phoiblí agus san earnáil dheonach. Foilsíodh Plépháipéar Fiontar i bhFeabhra 2009 agus deirtear sa bhrollach (4) gur toradh é an doiciméad ar an gcomhairliúchán poiblí, ar thaighde agus ar bhreithiúcháin fhoireann Fiontar.

Cuireadh sraith chruinnithe poiblí eile ar bun tar éis fhoilsiú an Phlépháipéir sin chun deis a thabhairt don phobal a gcuid tuairimí ina leith a léiriú. Tugadh le fios go raibh cumarsáid leis an bpobal an-tábhachtach i gcruthú na S20B: ‘Ní miste dom a lua go bhfuil i gceist go rachfar i gcomhairle leis an bpobal mar dhlúth-chuid den phróiseas chun an Straitéis a ullmhú’ (Ó Cuív, DD, 2008a). Foilsíodh dréacht den Straitéis i Samhain 2009 (DS20B as seo amach) agus cuireadh chuig Comhchoiste Oireachtais é chun é a mheas (An Comhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta). Bhuail an Comhchoiste le heagraíochtaí agus le baill den phobal a oibríonn chun an Ghaeilge a chur chun cinn in Eanáir 2010. Bhí cruinniú acu i bhFeabhra le grúpaí a dhéanann an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn sna ceantair Ghaeltachta agus i Márta bhuail baill den chomhchoiste le hionadaithe ó Údarás na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Fiontar DCU chun buanna

agus laigí na Straitéise a phlé chomh maith leis na leasuithe a mhol siad a phlé sula seolfaí an S20B. Rinne an rialtas an S20B a fhaomhadh ag cruinniú ar an 30 Samhain 2010 agus foilsíodh an cháipéis chríochnúil ar an 21 Nollaig 2010. Tugtar le fios sa S20B (Rialtas na hÉireann, 2010: 4) gur eascair sí as an stádas ag an nGaeilge sa Bhunreacht agus go dtógadh í ar RanR, 2006. Luaitear an S20B go sonrath sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016-2021:

Ní mór don Rialtas nua an Straitéis 20 Bliain a chur i bhfeidhm go córasach, an líon daoine a úsáideann an Ghaeilge ina ngnáthshaol laethúil a ardú agus a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí mar theanga i sochaí an lae inniu, mar theanga labhartha agus i réimsí amhail comharthaíocht agus litríocht araon. (Roinn an Taoisigh: 165-6)

5.3 Struchtúr na Straitéise

Cáipéis tríocha leathanach atá sa S20B atá leagtha amach i sé chuid éagsúla: 1. An Fhís, 2. Comhthéacs Polasaí, 3. Straitéis Chéimnithe, 4. Cuspóirí Sonracha, 5. Struchtúir Feidhmithe, agus 6. Réimsí Gnímh. Cuimsíonn an Straitéis naoi réimse gnímh a bhaineann le réimsí saoil éagsúla agus leis na bealaí ina bhféadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn iontu. Is iad na réimsí sin ná: (1) Oideachas, (2) an Ghaeltacht, (3) An Teaghlach ag cur na Teanga ar Aghaidh, (4) Riarachán, Seirbhísí agus Pobal, (5) Na Meáin agus an Teicneolaíocht, (6) Foclóirí, (7) Reachtaíocht agus Stádas, (8) Saol Eacnamaíochta agus (9) Tionsnaimh Leathana.

5.4 Fís an Rialtais sa Straitéis

Leagann an rialtas amach i gCuid 1 den S20B (3) ‘an Fhís’ don Ghaeilge as seo amach. Feictear codanna a bhaineann le fís an Rialtais don Ghaeilge in RanR (6-9) agus sa DS20B (3) chomh maith. Léirítear téamaí coitianta a bhaineann le mianta an Rialtais don Ghaeilge sa trí cháipéis. Sa DS20B agus sa leagan críochnúil den S20B, tá alt réamhráiteach san Fhís nach bhfuil sa chuid chéanna i RanR a leagann béim ar an bhfíric gur teanga bheo phobail í an

Ghaeilge go fóill in ainneoin na gcéadta bliain d’iompú teanga sa tír. Téama coitianta i ndioscúrsa i leith na Gaeilge i meáin Bhéarla na tíre go háirithe ná an t-áiteamh gur teanga mharbh í an Ghaeilge. B’fhéidir gur iarracht cur i gcoinne na smaointeoireachta coitianta sin atá sna línte seo. Ansin déantar trácht sa trí chaipéis ar an mbláthú in ealaíon agus litríocht na Gaeilge le céad bliain anuas, mar shainmharc gur teanga nua-aimseartha Eorpach í an Ghaeilge. Na téamaí móra eile a phléitear sa chuid seo ná an Ghaeilge mar theanga phobail, aidhm an dátheangachais, an tábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine chun todhchaí na Gaeilge a chinntiú agus an tábhacht a bhaineann le feiceálacht na Gaeilge.

Maidir leis an nGaeilge mar theanga phobail, deirtear sa chuid seo ‘is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil’ (3) agus bhí na línte céanna sin sa DS20B agus i RanR. Leagtar béim ar an nGaeilge mar theanga phobail i gcodanna eile den S20B chomh maith. Mar shampla, nuair a phléitear próisis pleanála teanga na gceantar Gaeltachta cuirtear béim ar lárnacht shainriachtanais na bpobal Gaeltachta sna pleananna teanga a chruthófaí faoi scáil an Achta (20) agus luaitear an tábhacht a bhainfidh le forbairt pobail Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith (24). Maidir le cúrsaí dátheangachais, pléitear seo sa trí cháipéis chomh maith: ‘Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus Béarla.’ (S20B: 3; DS20B: 3; RanR: 7), ach cuireadh línte breise isteach ina dhiaidh sin sa leagan críochnúil den S20B, chun stádas speisialta na nGaeltachtaí a aithint: ‘Tá sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht’ (3). Cuirtear deimhniú sa S20B chomh maith, nach bhfuil sa DS20B maidir leis an aidhm dhátheangach agus na ceantair Ghaeltachta: ‘Aithníonn an Rialtas chomh maith, áfach, na riachtanais ar leith atá ag an nGaeltacht mar cheantar saineúil

teanga agus sa chomhthéacs sin aithnítear nach i gcónaí a oireann polasaí dátheangach do cheantair Ghaeltachta' (3). Léirítear luach an dátheangachais agus na buntáistí a bhaineann le Béarla mar theanga náisiúnta na hÉireann sa S20B. Seo a leanas na línte ón Straitéis a bhaineann le mianta dátheangachais:

Aithníonn an Rialtas an buntáiste mór freisin dá gcuid saoránach líofacht Béarla a bheith acu, an teanga is mó úsáide i ngnóthaí idirnáisiúnta. Geallann an Rialtas go gcinnteoidh siad go gcoinneofar an buntáiste seo trí shochaí dhátheangach a fhorbairt ina mbeidh an oiread daoine agus is féidir in ann Gaeilge agus Béarla a húsáid chomh héasca a chéile. (3)

Maidir le feiceálacht na Gaeilge beartaítear go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe sa tsochaí mar theanga labhartha agus i gcomharthaíocht agus litríocht.

5.4.1 Fís- plé

5.4.1.1 Sprioc dátheangach sa S20B

Is coitianta go ndírítear ar sprioc dátheangach i mbeartas teanga do theangacha mionlaigh, mar shampla i mbeartais a bhaineann le hoideachas dátheangach i dTír na mBascach agus sa Chatalóin. I bplean gníomhaíochta náisiúnta i leith na Breatnaise a d'fhoilsigh Rialtas na Breataine Bige in 2003 '*Iaith Pawb*' áirítear cuid faoi fhís an Rialtais chomh maith, ina gcuirtear an-bhéim ar an dátheangachas agus ar an mianaidhm go mbainfí sochaí atá dátheangach go fírinneach amach sa Bhreatain Bheag. Moltar mar sprioc sochaí ina mbeadh rogha ag gach saoránach a saolta a chaitheamh trí cheachtar den dá theanga- Béarla/ Breatnais- a bhaint amach (1). Lean '*Iaith Pawb*' (teanga gach duine) foilsíú ráiteas beartais an Rialtais i leith na Breatnaise an bhliain roimhe '*Dyfodol Dwyieithog*' (todhchaí dátheangach) agus leagadh béim ar leith ar dhátheangachas sa ráiteas sin chomh maith:

Our aspiration is expressed in the title of that document- a truly bilingual Wales by which we mean a country where people can choose to live their lives through the medium of either or both Welsh or English and where the presence of both languages is a source of pride and strength to us all. (Rialtas na

Breataine Bige, 2002: 1)

Cé go ndírítear ar dhátheangachas sa S20B, leagtar níos mó béime ar dhátheangachas an duine aonair seachas ar dhátheangachas sochaíoch. Déantar idirdhealú i dtaighde ar dhátheangachas trí chéile idir na coincheapa seo. Seo a leanas conas a chuireann Ní Neachtain síos ar na difríochtaí eatarthu:

I gcás an duine aonair, bíonn níos mó ná aon teanga amháin ar a t(h)oil aige/aici ach seans nach bhfuil cónaí air/uirthi i bpobal dátheangach nó ilteangach. I gcás pobail urlabhra, bíonn níos mó ná aon teanga amháin á labhairt ann ach ní gá go mbeadh gach ball den phobal sin líofa i ngach teanga; go deimhin féin ní gá go mbeadh eolas ar bith ag daoine aonaracha ar aon teanga eile sa phobal seachas a ceann féin. (2012: 34)

Déantar tagairt d'fhorbairtí i ngnéithe den dá shaghas dátheangachais luaite thuas sa S20B agus i mbeartais don Bhreatnais, ach sa S20B leagtar níos mó béime ar dhátheangachas an duine aonair agus ar fhreagracht an duine aonair. Mar a chonacthas thuas, in *'Iaith Pawb'* tráchtar ar an gcuspóir go mbeadh muintir na Breatnaise in ann a rogha teanga a úsáid sa tsochaí (Breatnais/ Béarla). Sa S20B, luaitear an sprioc go mbeadh rogha ag saoránaigh Gaeilge nó Béarla a úsáid 'i ndioscúrsa poiblí agus i seirbhísí poiblí' (3) ach tá béim ar dhátheangachas an duine chuige sin: 'sochaí dhátheangach a fhorbairt ina mbeidh an oiread daoine agus is féidir in ann Gaeilge agus Béarla a úsáid chomh héasca a chéile' (*Ibid.*). Cé go ndírítear ar dhátheangachas an duine aonair i mbeartas na Breataine Bige chomh maith, mar shampla faoin réimse oideachais sa straitéis *'Cymraeg 2050'* deirtear *'We want all our learners to have the opportunity to be bilingual'* (21), tá i bhfad níos mó béime ar fhorbairt sochaithe dátheangach ina mbeidh rogha ag daoine Breatnais/ Béarla/ an dá theanga a úsáid. Fiú nuair a thráchtar ar chruthú dheiseanna úsáide don Ghaeilge sa S20B, cuirtear ualach fós ar an duine aonair chuige sin: 'Braitheann an méid atá i ndán don teanga ar dhaoine a roghnóidh go cinnte leas a bhaint as na deiseanna a chruthóidh an Straitéis seo.' (Rialtas na hÉireann: 3). Nuair a thug Ó Riain

(1994) a mheas ar phleanáil teanga don Ghaeilge ó bhunú an Stáit go dtí na 1980í, luaigh sé an bhéim a leagadh ar an duine aonair i mbeartais don Ghaeilge thar an tréimhse sin mar cheann de na dúshláin. Laige i mbeartais don Ghaeilge ab ea an t-ualach seo a cuireadh ar an duine aonair, dar leis, os rud é go mbíonn na roghanna a ndéantar maidir le húsáid teangacha i réimsí éagsúla sa tsochaí ‘faoi réir ag rialacha dochta’. Deir sé:

An duine aonair amháin, dá dheoin féin, a bhí in ann teanga a fhoghlaim nó cumas a fhorbairt i roinnt teangacha. Dá bhrí sin, deineadh talamh slán de, agus ba anseo a chuathas amú, gurb é an duine aonair a chineann i gcónaí cén teanga a úsáideann sé/sí, cé leis, agus ce na hócáidí ina n-úsáidfidh sé teanga seachas a chéile....Leis an bpobal a bhaineann úsáid teanga, agus tá sí faoi réir ag rialacha dochta a chineann cén teanga a úsáidtear i réimse ar bith. (Ó Riain, 1994: 92)

5.4.1.2 Seachadadh idirghlúine

Leagtar béim i bhFís an Rialtais chomh maith ar an tábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine chun an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den aonad teaghlaigh. I straitéis teanga reatha na Breataine Bige ‘*Cymraeg 2050*’, aithnítear an tábhacht a bhaineann leis sin chomh maith: ‘*This strategy recognises the key contribution of language transmission in the home to the future vitality of the Welsh language*’ (Rialtas na Breataine, 2017a: 17). Sa S20B deirtear: ‘tá an-tábhacht leis an nGaeilge mar theanga bheo a chur ar aghaidh laistigh den teaghlach agus idir na glúine’. Tá seachadadh idirghlúine ar cheann de na príomhthosaíochtaí a luaitear in an-chuid mhúnlaí pleanála teanga a bhaineann le haisiompú agus le hathneartú teanga. Labhair Fishman (1991) go mion faoina tábhacht mar shampla, i gcomhthéacs débhéascna seasmhach. Riachtanas do chothú teanga is ea é, dar leis: ‘*Without intergenerational mother tongue transmission ...no language maintenance is possible. That which is not transmitted cannot be maintained*’ (1991: 442). Aithníonn Fishman chomh maith, áfach, nach ionann seachadadh idirghlúine amháin agus caomhnú teanga. Sa tslí chéanna is go bhfuil caomhnú ag brath ar sheachadadh idirghlúine, ní leor seachadadh idirghlúine chun teanga a chaomhnú gan

gníomhaíochtaí iar-sheachadadh a bheith i bhfeidhm. Sa Scála Grádaithe um Briseadh Idirghlúine a d'fhorbair Fishman aithníonn sé nach cinneadh tuismitheoirí amháin atá i seachadadh idirghlúine ach go bhfuil roghanna sochaíocha agus institiúideacha ríthábhachtach sa tionchar a imríonn siad ar chinntí tuismitheoirí maidir le hiompar teanga a gcuid páistí. Is iad na tosca sochaíocha seo a chruthaíonn na spásanna sóisialta ina n-úsáidtear teangacha. I gcás na Gaeilge, phléigh Ó Laoire (2008a) agus Mac Giolla Chríost (2005) na leibhéil ísle den seachadadh céanna. Dar le húdair an SCT, 'níl an córas seachadta idirghlúineach teanga ag feidhmiú mar is ceart fiú sna limistéir Ghaeltachta is láidre' (2007: 27).

Aontaíonn Romaine (2007) leis an ríthábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine chun teangacha a chaomhnú ach áitíonn sí chomh maith nach gcuirtear go leor béime de ghnáth ar bhealaí sealbhaithe teanga eile. Éascaíonn anailís idirthéacsúil ní hamháin naisc idir théacsanna a aithint agus a scrúdú ach léirítear bearnaí chomh maith agus aithnítear bearna sa S20B maidir le nuachaintoirí na Gaeilge go sonrath. Rud atá in easnamh a bheag ná a mhór ó Fhís an Rialtais sa S20B ná an fás i líon na gcainteoirí Gaeilge a shealbhaíonn an teanga lasmuigh den aonad teaghlaigh, mar a léirítear sa 'Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoirí na Gaeilge' (2015). Tá san i gcodarsnacht le 'Cymraeg 2050', ina deirtear:

However, we also acknowledge that we cannot ensure an increase in the number of speakers on the required scale by increasing transmission rates alone. The contribution of speakers who acquire Welsh outside the home is vital to the success of our strategy. (17)

Luaitear nuachaintoirí go sonrath in 'Cymraeg 2050' chomh maith, rud nach ndéantar sa S20B. Is é an sainmhíniú ar nuachaintoirí a thugtar sa tuarascáil ná daoine a bhaineann úsáid rialta as teanga áirithe ach nach cainteoirí 'dúchais' traidisiúnta de chuid na teanga sin iad (Walsh *et al*, 5). Luaitear nuachaintoirí faoi dheich in 'Cymraeg 2050' agus áirítear nuachaintoirí nuair a pléitear cé leis a mbaineann an straitéis sin:

the whole nation has to be part of the journey- fluent Welsh speakers, Welsh speakers who are reluctant to use the language, new speakers who have learned the language, and also those who do not consider themselves to be Welsh speakers. (2/3)

Aithnítear in ‘*Cymraeg 2050*’ go mba chóir go ndíreodh tacaíochtaí i mbealach a thugann aird do na riachtanais éagsúla a bhíonn ag cainteoirí éagsúla. Tugtar an sampla go mbíonn riachtanais éagsúla ag nuachainteoirí agus ag tuismitheoirí a bhfuil páistí acu atá ag freastail ar scoileanna ina mbíonn teagasc trí mheán na Breatnais nach bhfuil na scileanna teanga acu i gcomparáid le cainteoirí líofa muiníneacha (Rialtas na Breataine Bige, 2017a: 47). Beartaítear go mba chóir go mbeadh dóthain deiseanna úsáide ag nuachainteoirí chun a gcuid scileanna sa Bhreatnais a chleachtadh: ‘*New speakers who learn the language as adults need sufficient opportunities to practise their Welsh language skills and to use it socially in order to achieve fluency*’ (Rialtas na Breataine Bige, 2017a: 57).

5.4.1.3 Feiceálacht na Gaeilge

Tugtar le fios sa S20B go bhfuil sé mar chuid d’fhís an Rialtais go mbeadh Gaeilge níos feiceálaí sa tsochaí mar theanga labhartha agus i gcomharthaíocht. Baineann léiriú na Gaeilge i gcomharthaíocht le coincheap an tírdhreacha teangeolaíoch. Cuirtear síos ar an tírdhreach teangeolaíoch mar seo a leanas:

The language of public road signs, advertising billboards, street names, place names, commercial shop signs, and public signs on government buildings combines to form the linguistic landscape of a given territory, region, or urban agglomeration. The linguistic landscape of a territory can serve two basic functions: an informal function and a symbolic function, (Landry & Bourhis, 1997: 25)

Ní luaitear an tírdhreach teangeolaíoch in ‘*Cymraeg 2050*’ agus ní luaitear feiceálacht na Breatnais ach mar a bhaineann sé le feacht ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil i mBreatnais agus i gcomhthéacs forbairt foclóra. Feictear níos mó taighde ar an ngné seo den phleanáil teanga le thart ar deich mbliana anuas (Shohamy, 2006; Backhaus, 2007; Shohamy & Gorter, 2009)

agus eile). Is féidir eolas a tharraingt ón tírdhreach teangeolaíoch faoin gcumhacht a bhaineann le teangacha éagsúla sa tsochaí agus faoin stádas a bhaineann le teangacha. Os rud é gur teanga oifigiúil na tíre í an Ghaeilge tá stádas ag an teanga agus cumhacht aici ó thaobh reachtaíochta de nach bhfuil ag go leor teangacha mionlaigh eile. Tá trí fhoráil in ‘Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003’ a phléann le feiceálacht na Gaeilge sa tsochaí agus a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí an Ghaeilge a úsáid i ngnó oifigiúil. Pléann na forálacha seo le comhfhreagras trí Ghaeilge le comhlachtaí stáit, faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a thabhairt don phobal trí Ghaeilge agus comharthaí bóthair, lipéid agus fógraí poiblí trí Ghaeilge (Tagartha ag Ó Laighin, 2012: 60). Dar le Ó Laighin (*Ibid.*) ‘tá sé tábhachtach mar mheicníocht sa spás poiblí a théann i bhfeidhm ar inghlacthacht na Gaeilge i gcoitinne’. Sa bhliain 2008 rinne an tAire Ó Cuív rialacháin faoin bhforáil i dtaca le fógairtí béil, stáiseanóireacht agus comharthaíocht:

Bunaíodh na rialacháin ar dhá bhunphrionsabal a bhí leagtha síos ag an Aire: (1) go mbeadh rogha idir an Ghaeilge, nó Gaeilge agus Béarla a úsáid, agus (2) go gcaithfeadh an Ghaeilge a bheith ar a laghad chomh feiceálach leis an mBéarla i gcomharthaí dátheangacha (Roinn Gnóthaí Pobail [...] 2007) (Tagartha ag Ó Laighin: 2012, 160)

Sa litríocht acadúil ar thábhacht an tírdhreacha teangeolaíoch pléitear an tionchar a bhaineann le feiceálacht teangacha sa spás poiblí agus ceaptar go dtéann an tírdhreach teangeolaíoch i bhfeidhm ar chleachtas teanga an phobail. In ainneoin an cúram a thugtar le cinntiú go mbeadh an Ghaeilge chun cinn ar chomharthaí, fágann na rialacháin comharthaí bóithre as an áireamh. Thug Conradh na Gaeilge faoi thuarascáil neamhspleách a chur le chéile ar chomharthaí dátheangacha na tíre agus cuireadh na moltaí chuig Leo Varadkar (an tAire Iompair ag an am). Mar thoradh ar an gcrúinniú seo ghlac Varadkar le moltaí córas a chur i bhfeidhm ionas go mbeadh Gaeilge agus Béarla ar chomhchéim ar chomharthaí bóthair, os rud é nach mbeadh costas breise ag baint leis. An moladh a bhí ann ná na comharthaí nua seo a

chur in áit nuair a bhí cinn eile ag teastáil. Chuir Paschal Donohoe, comharba Varadkar, an togra sin ar ceal, áfach. Is minic ar na meáin shóisialta go dtagraítear do chomharthaí i nGaeilge timpeall na tíre a bhfuil botúin bhunúsacha iontu. Sa dioscúrsa poiblí cloistear gearáin go minic faoi mhíchruinneas i gcomharthaí Gaeilge timpeall na tíre. Labhair Seargant (DD 2003c) faoi na botúin sin agus Bille na dTeangacha Oifigiúla á phlé sa Dáil; léiríonn an míchruinneas sin drochmheas ar an teanga dar leis:

...tá sé chomh tábhachtach go mbeadh an Ghaeilge feiceálach, cruinn agus beo ar chomharthaí. Feicim go minic botúin i gcomharthaí ar fud na háite. Caithfear deireadh a chur leis na botúin sin mar cuireann siad olc ar dhaoine agus is léiriú drochmheasa ar an dteanga é.

5.5 Comhthéacs polasaí

Sa chéad chuid eile den S20B pléitear an comhthéacs polasaí lena mbaineann an Straitéis. Go ginearálta bíonn comhthéacs polasaí casta agus bíonn sé deacair teorainneacha a tharraingt maidir le cad ba chóir a chur san áireamh mar, mar a chonacthas, ag leibhéal beartais, is amhlaidh a bhíonn tionchar ag an iliomad imeachtaí agus téacsanna ar a chéile (Pollitt, 2013). Déantar trácht sa chuid seo do chúilra na Straitéise agus do na rudaí a rinneadh go dtí seo a raibh tionchar acu uirthi. Luaitear an stádas atá ag an nGaeilge sa Bhunrecht agus déantar aithris ar an trí chuspóir déag a leagadh amach in RanR ar dtús. Ansin pléitear comhthéacs nua-aimseartha na Gaeilge agus luaitear roinnt staidéir a chuir bunús leis an S20B (a úsáidtear sa chaibidil seo mar théacsanna).

Pléitear an léargas idirnáisúnta sa chuid seo den S20B chomh maith agus an tábhacht a bhaineann le pleanáil don Ghaeilge i gcomhthéacs domhanda. Luaitear taighde atá déanta ag UNESCO ar mhaithe le beogacht teanga a mheas agus an rud ‘go bhfuil leath de na 6,700 teanga a labhraítear faoi láthair i gcontúirt dul i léig roimh dheireadh an chéid’ (6). Tráchtar ar

ardú stádais a tugadh don Ghaeilge i bhfoilseachán UNESCO- *Atlas of the World's Languages in Danger* – ó ‘*definitely endangered*’ go ‘*vulnerable*’ mar thoradh ar bhearta a bhí glactha ag an Rialtas le tacú leis an teanga le blianta beaga anuas. Tugtar le fios sa chuid seo chomh maith go bhfuil sé d’aidhm ag an S20B ná chun ‘cur le heolas ar an nGaeilge, deiseanna a chruthú le Gaeilge a úsáid agus dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú’ (4).

5.5.1 Comhthéacs polasaí- plé

Pléadh an comhthéacs polasaí seo cheana féin go cuimsitheach i gCaibidil 2 nuair a tugadh forbhreathnú ar stair phleanála i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit agus i gCuid 5.3 thuas nuair a bhí cúlra agus cur le chéile na Straitéise faoi chaibidil. Anois, in 2018, is féidir rudaí breise a chur san áireamh sa chomhthéacs sin le hAcht na Gaeltachta (2012) agus an Bille um Leasú Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is sa chuid seo den S20B a ardaítear na cúinsí lárnacha atá le forbairt chun teanga mhionlaigh a neartú i sochaí, a mbaintear leas astu mar threoir don obair pháirce: cumas, dearcadh agus úsáid. Is minic go ndírítear ar an trí thoisce seo i staidéir shochtheangeolaíochta, i dtaca le hathneartú teanga go háirithe. Mar shampla, labhraíonn Grin & Vaillancourt (1999: 98) faoi chumas teangeolaíoch, dearcadh dearfach agus deiseanna úsáide mar thosca riachtanacha do mhéadú úsáide teanga i bpobal agus labhraíonn Mac Donnacha (2000: 15) faoi na tosca céanna. Labhraíonn Grin faoin trí thoisce sin arís i 2003 agus é ag trácht ar an gCairt Eorpach do Theangacha Mionlaigh agus Réigiúnacha go sonrath. Dar leis, agus é ag trácht ar thorthaí bheartais teanga a bhaint amach (44):

..the type of behaviour ensuring that a regional or minority language keeps being used will obtain if three conditions are met: capacity, opportunity and desire (or willingness). It follows that policy measures must focus on guaranteeing people’s capacity to use their language, providing them with opportunities to use it, and encouraging their inclination, or desire to use it.

I straitéis teanga na Breataine Bige ‘*A Living Language- a Language for Living*’ (LLS as seo amach) a bhí i bhfeidhm idir 2012-2017 tá forbairtí i gcumas agus úsáid na Breatnaise lárnach sa straitéis le bearta sainiúla chun acmhainn/cumas na ndaoine sa Bhreatnais a fhorbairt agus bearta chun úsáid na Breatnaise ar bhonn laethúil a spreagadh. Cé go bpléitear dearchthaí sa straitéis sin chomh maith, is é an tríú cúinse a luaitear chun rath na straitéise a chinntiú ná cruthú cúinsí fabhracha– infreastruchtúr agus comhthéacs.

Maidir le stádas na Gaeilge san ‘*Atlas of the World’s Languages in Danger*’ a chruthaigh UNESCO, cé go luaitear gur tháinig athrú ar stádas na Gaeilge ó ‘*definitely endangered*’ go ‘*vulnerable*’ sa S20B mar thoradh ar bhearta glactha ag an rialtas, san eagrán is déanaí den ‘*Atlas*’ (2010) is é ‘*definitely endangered*’ an lipéad a chuirtear uirthi (Moseley, 2010: 32). Tá an méid sin suntasach sa mhéid is gurb é an cur síos a sholáthraítear do theangacha sa chatagóir seo den chóras rangaithe ná ‘*children no longer speak the language as a ‘mother tongue’ at home*’. Tagraíonn an chatagóir ‘*vulnerable*’ do theangacha a labhraíonn formhór na bpáistí ach atá srianta ag réimsí úsáide faoi leith, mar shampla sa bhaile. Tá bearna mhór idir an dá chatagóir seo agus b’fhéidir go luíonn an Ghaeilge idir an dá cheann.

5.6 Straitéis chéimnithe

Sa chéad chuid eile den S20B pléitear na céimeanna éagsúla a ghabhann le cur i bhfeidhm na Straitéise. Leagtar amach sa chuid seo conas a thabharfaí aghaidh ar chuspóirí sonracha na Straitéise go céimneach agus áirítear (8): ‘Céim an Bhunaithe’, ‘Céim Feidhmeanna I- Na Bunsraitheanna a Leagan Síos’, ‘Céim Feidhmithe II- Leathnú agus Doimhniú’, ‘Céim Feidhmithe III- Comhdhlúthú’. Soláthraítear cur síos ar cad ar a ndíreofar sna céimeanna éagsúla sin. Maidir le Céim an Bhunaithe tá béim ar fheasacht a ardú faoi ábhar

na Straitéise mar aon leis na struchtúir oibríochtúla a bhunú. I gCéim Feidhmeanna I tá sé beartaithe go ndéanfaí ‘cuid mhaith de na bearta a fheidhmiú nó a thosú ag an gcéim seo. Sa chéad chéim eile, Céim Feidhmeanna II, deirtear go bhfuil trí fhochéim i gceist lena n-áirítear ‘lánfheidhmiú na mbeart ábhartha ar fad’, ‘measúnaithe ar bhonn atrátha’ agus ‘feachtais a réachtáil do chur chun cinn agus do chothú dearcadh dearfach ó thaobh na teanga de’. Tugtar le fios sa chuid seo chomh maith cé chomh tábhachtach is a bheidh sé na hacmhainní agus na tacaíochtaí cuí a sholáthar. Deirtear ‘braitheann go leor de na tosaíochtaí sa Straitéis ar na tacaíochtaí agus na hacmhainní sin a bheith ar fáil agus is tosaíocht ard mar sin iad a eagrú chomh luath agus is féidir’ (8).

5.6.1 Straitéis chéimnithe- plé

Athrú amháin idir an DS20B agus an leagan críochnúil den S20B a seoladh is ea gur leagadh amach sa DS20B amscála soiléir le gach céim den chur i bhfeidhm le blianta sonracha luaite. Luadh bliain amháin do ‘Chéim an Bhunaithe’, blianta 2-3 do ‘Chéim Fheidhmithe I’, blianta 4-15 do ‘Chéim Fheidhmithe II’ agus blianta 16-20 do ‘Chéim Fheidhmithe III’ (Rialtas na hÉireann, 2009: 9-10). Cé nach luaitear na hamscálaí sonracha sa leagan críochnúil den S20B a foilsíodh, tá leideanna go gcomhfhreagraíonn na céimeanna de na frámaí ama céanna fós. Mar shampla, deirtear faoi Chéim an Bhunaithe sa S20B (8)- ‘*Díreofar sa bhliain seo*’, ag tabhairt le fios gur bliain amháin atá i gceist fós. Leanann sé moltaí an ghrúpa saineolaithe faoi stiúir Fiontar DCU nach mbeadh ach bliain amháin i gceist don chéad chéim seo chomh maith. Is é a moltar sa phlépháipéar ná go gcuirfeadh an Rialtas 12 mhí ar leataobh tar éis glacadh leis an Straitéis a bheadh ina ‘bliain réamh-fhorfheidhmiúcháin’ agus go gcaithfí an bhliain sin ‘ag cur spriocanna agus ábhar na Straitéise in iúl’ (Fiontar DCU, 2008: 12).

Anuas air sin, i gCéim Feidhmithe II den S20B deirtear: ‘Le linn na céime seo, déanfaidh Éire ceiliúradh ar chothrom 100 bliain d’Éirí Amach na Cásca agus ar ár neamhspleáchas agus déanfar nasc idir na hócáidí sin agus an Straitéis seo’ (8). Tugann an méid sin le fios go raibh sé beartaithe ‘Céim an Bhunaithe’ agus ‘Céim Feidhmithe I’ a bheith curtha i gcrích faoin am seo agus tús curtha le ‘Céim Feidhmithe II’. Ach tá doiléireacht ag baint leis seo chomh maith. Os rud é nár seoladh an S20B go dtí mí na Nollag 2010, luíonn sé le réasún gurbh é 2011 bliain a bunaithe. Agus sin a dúradh i ndíospóireacht Seanaid, agus Dinny McGinley ag caint mar Aire Stáit ar Ghnóthaí Gaeltachta ag an am: ‘Tugadh faoi chéim an bhunaithe den Straitéis a chur i gcrích in 2011 nuair a díríodh ar dhaoine a chur ar an eolas faoin Straitéis agus ar bhunú na struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil’ (DS, 2013a). I dTuarascáil ar Dhul chun Cinn na Straitéise a foilsíodh in Iúil 2013, áfach, agus a bhaineann leis an tréimhse ó 2010 go 2013 deirtear gur ar chéim an bhunaithe a díríodh iarrachtaí go dtí sin:

Aithnítear sa Straitéis féin an gá leis an gcur chuige céimnithe chun na bearta éagsúla a bhaint amach. Go dtí seo, ba ar chéim bhunaidh na Straitéise a bhí an bhéim. Bhain an chéim seo le faisnéis a sholáthar agus struchtúir oibríochta a bhunú. (1)

Sin tréimhse trí bliana seachas an bhliain amháin a leagadh amach don chéad chéim sin. Is iad an dá phríomh-rud le cur i bhfeidhm sa chéad chéim sin ná, daoine a chur ar an eolas faoi spriocanna agus ábhar na S20B agus chun na struchtúir eagraíochtúla agus oibríochtúla a bhunú. Chomh maith leis sin deirtear go ndéanfaí na hacmhainní foriomlána a leithroinnt agus go gcomhaontófar agus go mbunófar ‘na nósanna imeachta monatóireachta, measúnaithe agus modhnaithe’ (8).

5.7 Aidhmeanna sonracha na Straitéise

I gCuid 4 den S20B luaitear cuspóirí agus aidhmeanna sonracha na S20B atá le baint amach le linn tréimhse na Straitéise. Is iad na mórspriocanna sin ná:

- An líon daoine a mbeidh eolas acu ar an nGaeilge [a mhéadú] ón 1.66 milliún atá ann faoi láthair go 2 mhilliún; agus
- An líon daoine a úsáideann an Ghaeilge gach lá [a mhéadú] ón leibhéal atá ann faoi láthair de thart ar 83,000 go 250,000 (Rialtas na hÉireann, 2010: 9)

Tugtar le fios gur mar thoradh ar RanR a leagtar amach na mórspriocanna thuas agus gurbh é comhlíonadh na spriocanna sin an phríomhthreoir nuair a socraíodh ar na réimsí gnímh don S20B. Luaitear aidhmeanna eile chomh maith a bhaineann le hardú líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí Gaeilge agus a mbeidh fáil acu ar theilifís, raidió agus na meáin chlóite trí Ghaeilge. Soiléirítear sna haidhmeanna seo go mbaineann an méadú ó 83,000 go 250,000 a luaitear mar mhórsprioc thuas le labhairt na Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais. Baineann an aidhm shonrach eile a luaitear le hardú 25% ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht.

5.7.1 Aidhmeanna sonracha na Straitéise- plé

As an dá mhórsprioc sonracha sa S20B, slat tomhais níos cruinne ar bheogacht na teanga is ea na figiúirí faoi úsáid na Gaeilge (seachas eolas ar an nGaeilge) agus déantar trácht ar an mórsprioc sin go minic sa dioscúrsa faoin S20B. D'eascair an 83,000 duine a luaitear mar thúsphointe as na torthaí daonáirimh ba dhéanaí a foilsíodh sular seoladh an S20B (Daonáireamh 2006). Fágann an cuspóir líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú ó 83,000 go 250,000 go bhfuil méadú faoi thrí ag teastáil thar thréimhse fiche bliain. Feictear sprioc sonracha den tsórt céanna i mbeartas teanga reatha na

Breataine Bige chomh maith- ‘*Cymraeg 2050*’- ina luaitear baint amach milliún cainteoir Breatnaise faoi 2050 mar sprioc uileghabhálach. Is é an túsphointe ar a thógtar sa chás sin ná na figiúirí ó Dhaonáireamh 2011 inar mhaígh 562,000 freagróirí go raibh Breatnais acu (sin bunaithe ar cheist sa Daonáireamh inar iarradh ar fhreagróirí an mbeidís ábalta Breatnais labhartha a thuiscint agus Breatnais a labhairt, a léamh agus a scríobh) (Rialtas na Breataine Bige, 2017a: 11). Méadú faoi dhó thar thréimhse tríocha bliain atá i gceist mar sin ar chainteoirí na teanga agus dar le hAire na Breatnaise agus an Fhoghlaim ar feadh an tSaoil, Alun Davies, gur cuspóir atá uailmhianach d’aon ghnó é sin.

Anuas air sin, foilsíodh tuarascáil theicniúil, cáipéis eile mar chuid de ‘*Cymraeg 2050*’ ina bpléitear réamh-mheastachán do líon na gcainteoirí Breatnaise in aois trí bliana nó níos sine idir 2017 agus 2050. Mínítear gurb é is brí leis an réamh-mheastachán sin ná tuar ar líon na gcainteoirí Breatnaise dá leanfaí leis na patrúin agus treochtaí reatha thar thréimhse na straitéise (Rialtas na Breataine Bige, 2017c: 2). Chomh maith leis sin, forbraíodh ‘*trajectory*’ le bealach féideartha amháin chuig milliún cainteoirí Breatnaise a bhaint amach, bunaithe ar na spriocanna a leagtar síos sa Straitéis. D’oibrigh rialtas na Breataine Bige i gcomhair leis an ngrúpa ‘*Statistics for Wales*’ leis an taighde seo a dhéanamh. Dar leis an réamh-mheastachán a ríomhadh, bheadh 666,000 cainteoirí Breatnaise i 2050, sin 100,000 níos mó ná an figiúir reatha ach 334,000 níos lú ná sprioc na straitéise. Ansin ríomhadh an ‘*trajectory*’ ag baint leasa as modheolaíocht bunaithe ar cheithre ghné éagsúla a bhaineann le haidhmeanna na straitéise-seachadadh na Breatnaise sa bhaile a fheabhsú, forbairtí i bhfoghlaim na Breatnaise ar scoil, foghlaim na Breatnaise tríd an ngrúpa ‘*Welsh for Adults*’ agus leanúnachas feabhsaithe maidir le cumas labhartha na Breatnaise ó aois 16 mbliana ar aghaidh. Cuirtear na rudaí éagsúla sin san áireamh agus ríomhtar an méadú a shamhlófaí leis na gnéithe éagsúla sin chun an sprioc

iomlánaíoch a bhaint amach. Aithnítear sa tuarascáil seo chomh maith nach bhfuil in ‘*Cymraeg 2050*’ ach bealach amháin chun an sprioc a bhaint amach bunaithe ar aidhmeanna na straitéise agus deirtear go ndéanfaí athbhreithniú ar an ‘*trajectory*’ nuair is gá chun cúinsí athraithe a chur san áireamh: ‘*The trajectory will be revised as necessary throughout the life of the strategy to reflect any new data or trends, or any changes in the Government’s priorities.*’ (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 13)

Is sprioc uailmhianach í an sprioc méadú faoi thrí a bhaint amach ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge chomh maith. Mar a dúirt Seán Ó Cuirreáin, an chéad choimisinéar teanga: ‘creidim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an straitéis sin iomlán cuimsitheach agus trasrannach leis an tionchar is fearr a imirt agus go mbeadh spriocanna sonracha inti a bheadh uailmhianach ach insroichte’ (2008: 2). Ríomhann Ó Cuirreáin go mbeadh sé riachtanach méadú 6% a dhéanamh gach bliain den fhiche bliain ón staid reatha (bunaithe ar na torthaí ó Dhaonáireamh 2006) chun an uailmhian sin a bhaint amach. Sin rud nár tharla riamh ó bhunú an Stáit. Anuas air sin, níor áiríodh ceist i nDaonáireamh 2006 faoi labhairt laethúil na Gaeilge agus mar sin, ní féidir a chinntiú gur cainteoirí laethúla iad gach duine a d’fhreagair go labhraíonn siad Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais sa Daonáireamh. Sa phlépháipéar a d’ullmhaigh Fiontar DCU mar aon le grúpa saineolaithe idirnáisiúnta i réimse na sochtheangeolaíochta, luaitear an sprioc áirithe sin sa chuid ‘Teorainneacha na Straitéise’. Is é seo a leanas a bhí le rá faoin sprioc:

Cé gur cuspóir tábhachtach fiúntach é acmhainn a thógáil chun líon 250,000 úsáideoir laethúla Gaeilge a bhaint amach faoi 2028, níl fáil i láthair na huaire ar bhunlíne taighde de shonraí sochtheangeolaíochta chun tacú leis an réamh-mheastachán sin. (Fiontar DCU, 2008: 8)

Éamon Ó Cuív, an tAire ar an Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta nuair a seoladh an S20B, a shocraigh ar an gcuspóir seo. Ar an 10ú Márta, 9 mí roimh fhoilsiú an

leagain chríochnúil den Straitéis, thug Fiontar DCU ráiteas don Chomhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireacht, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus nuair a labhair siad faoina gcuid moltaí, tugadh le fios go raibh na moltaí bunaithe ar an sprioc sonrach sin: ‘Shocraigh an tAire Éamon Ó Cuív gurb é sprioc na straitéise 250,000 cainteoir Gaeilge a bheith ar fáil faoi cheann 20 bliain agus dá réir sin is ar an sprioc sin a dhíríomar ár gcuid sonraí don straitéis’ (Ó Flatharta, DC2010) agus níos déanaí: ‘Má táimid ag dul i dtreo an 250,000 duine sin a tháinig chugainn ón Aire’ ach dar le Ó Flatharta gur rud maith é sprioc a bheith ann os rud é go bhfuil daoine ag caint faoi mhéadú i líon na gcainteoirí Gaeilge mar thoradh air. I gcumarsáid phearsanta le Ó Cuív (Márta 2018), mhínigh sé nach bhfuil aon bhealach eolasach chun sprioc mar seo a leagan amach agus nach mór do sprioc mar seo a bheith dúshlánach. Dá gcuirfí an plean i bhfeidhm go hiomlán, dar leis, bhíodhas ag súil go mbeadh fás an-sciobtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge agus go mbeadh an ráta fáis ag fás i gcónaí thar thréimhse na Straitéise. Ach in ionad sin, bhí titim, agus de réir Uí Chuív gur tharla sin de bharr cúlú siar ón rialtas seachas an Straitéis a chur i bhfeidhm. Pléitear an dioscúrsa timpeall cur i bhfeidhm na S20B níos déanaí sa chaibidil seo.

Cáinte an cuspóir áirithe sin go minic sa dioscúrsa sna meáin chumarsáide Gaeilge. Fiú sa bhliain ar seoladh an S20B tugadh ‘*sprioc gan dealramh*’ ar an mórsprioc (Ó hÉallaithe, 2010) agus arís in 2017 agus an t-údar céanna ag déanamh scagadh ar thorthaí na nDaonáireamh idir an dá linn maíodh gur ‘*sprioc áiféiseach gan bhunús a bhí ann ón tús*’ (Ó hÉallaithe, 2017). Léiríodh méadú beag i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge ó 2006 go 2011 ach ansin feictear laghdú i dtorthaí 2016 i gcomparáid le 2011. Féach tábla 5.1 thíos:

Bliain	2002	2006	2011	2016
Líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu	1, 570, 894	1, 656, 790	1, 774, 437	1, 761, 420
Labhraíonn Gaeilge go laethúil	339, 941*	72, 148	77, 185	73, 803
Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil	155, 039	102, 861	110, 642	111, 473
Labhraíonn Gaeilge go rialta	494, 980*	175, 009	187, 827	185, 276

Tábla 5.1 Torthaí ó Dhaonáirimh 2002, 2006 2011, 2016

* *Cuireadh ceist nua san áireamh i nDaonáireamh 1996 faoi chumas agus mhinicíocht úsáid na Gaeilge. Roimhe sin bhí ar dhuine a bhreacadh síos ‘Gaeilge amháin’, ‘Gaeilge agus Béarla’ ‘Is féidir liom Gaeilge a léamh ach ní féidir í a labhairt’ nó gan é a líonadh isteach. Ó 1996-2002 bhí ceist níos díri ar an bhfoirm- ‘An féidir leis an duine Gaeilge a labhairt?’ agus bhí ceist faoi mhinicíocht ach ní dhearnadh idirdhealú idir labhairt na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais. Cuireadh an t-idirdhealú sin isteach i 2006 agus sin is cúis leis an méadú mór ar na figiúirí idir na blianta sin.*

Maidir leis na figiúirí ar líon na ndaoine a mhaígh go raibh Gaeilge acu ó Dhaonáireamh 2002 go Daonáireamh 2016, mar chéatadán de líon na bhfreagróirí go léir, mhaígh 39.8% d’fhreagróirí an Daonáirimh i 2016 go raibh Gaeilge acu i gcomparáid le 41.4% in 2011, 41.9% in 2006 agus 40.8% in 2002. Laghdú 3, 382 a bhí i gceist sna figiúirí a bhaineann le labhairt laethúil na Gaeilge i 2016 i gcomparáid le figiúirí 2011. Feictear titim chomh maith i líon na ndaoine a roghnaigh leagan Gaeilge den fhoirm Daonáirimh a líonadh in 2016 i gcomparáid le 2011. Líonadh 8,068 foirmeacha i nGaeilge in 2016 agus 8, 676 in 2011 (CSO, 2017: 66). Dar le torthaí Dhaonáireamh 2016, ní labhraíonn ach 10.5% de dhaoine go bhfuil Gaeilge acu an teanga go rialta (ar a laghad uair sa tseachtain). Dar leis an iar-choimisinéar teanga, ag trácht ar an sprioc go méadófaí líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge ó 83,000-250,000 tar éis a mheas a thabhairt ar an gcéad trí bliana d’fheidhmiú na Straitéise ‘*it would be difficult to meet anybody who thinks that the target is realisable*’ (Tagartha ag Kitt, DD2013c).

Is sprioc níos coimeádaí an sprioc a leagtar síos sa S20B ó thaobh líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht, is é sin ardtú 25% faoi 2030. Tugann Walsh (2011: 4) suntas don rud sin agus é ag caint faoi spriocanna na Straitéise. Tagraíonn sé don easpa bunúis leis an sprioc 250,000 cainteoirí dúchais a bhaint amach, ach dar leis ‘is deacra fós a thuiscint cén fáth a bhfuil sprioc na Gaeltachta níos ísle, áit ar dhóigh le duine gurbh fhusa cainteoirí nua Gaeilge a chruthú.’ Mar sin féin, feictear titim arís i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais sna ceantair Ghaeltachta sna torthaí Daonáirimh ó 2011-2016. Chonacthas titim ó 24.4% in 2011 go 21.4% in 2016. Slat tomhais eile chun beogacht na Gaeilge a mheas is ea líon na bpáistí réamhscoile le Gaeilge (.i. ag sealbhú na Gaeilge sa teaghlach). Feictear an patrún céanna sna figiúirí sin le 10.3% de pháistí réamhscoile le Gaeilge in 2002, 13.7% in 2006, 14.3% in 2011 agus titim arís in 2016 go 12.4%. Is léir ó na figiúirí sin nach bhfuil ag éirí leis an gcuspóir uailmhianach thuasluaite arb ionann é agus méadú 6% in aghaidh na bliana ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge.

5.8 Struchtúir feidhmithe

Maidir le struchtúir feidhmithe na Straitéise, leagtar amach i gCuid 5 den Straitéis (2010: 10) na príomhstruchtúir a bhí ceaptha le bheith ag an Rialtas chun í a sheachadadh agus a threorú mar seo a leanas:

- Déanfaidh an Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, a mbeidh an Taoiseach ina chathaoirleach air, maoirseacht ar an dul chun cinn agus tabharfaidh sé tuairisc don Rialtas mar is gá.
- Tacóidh Grúpa Oifigeach Sinsearach a bheidh comhdhéanta d’oifigigh ardleibhéil ó Ranna cuí leis an gCoiste Rialtais
- Beidh Aire sinsearach agus Roinn Rialtais (an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) ar a mbeidh lárfhreagracht maidir le cúrsaí Gaeilge fós ann.

Luaitear chomh maith go mbunófaí Aonad Straitéise laistigh den Roinn a bheadh freagrach as an méid seo a leanas:

- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála straitéise;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt acmhainní;
- A chinntiú go ndéantar feidhmiú tras-rannach ar thionscnaimh;
- Sainchomhairle a sholáthar;
- Maoirseachta a dhéanamh ar phleananna oibríochta mar a bheidh forbartha ag na comhlachtaí forfheidhmithe; agus
- Tuairiscí cothrom le dáta agus cáipeisíocht chuí a fhoilsiú mar eolas don phobal (Rialtas na hÉireann, 2010: 10)

Feictear ón méid thuas gur tugadh dualgas don Aonad feidhmiú na Straitéise a threorú agus dearbhaíodh go mbeadh ‘foireann thiomanta’ san Aonad. Chomh maith leis sin moltar Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta a bhunú mar ‘phríomhghníomhaireacht forfheidhmithe’ freagrach as an Straitéis a sheachadadh. Luaitear an ról atá ag Foras na Gaeilge i leith na Gaeilge go ginearálta anseo chomh maith, le léiriú go leanfaidh siad ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta. Rud eile a bhaineann le struchtúir feidhmithe ach a luaitear níos déanaí sa S20B faoin gcuid ‘tionscnaimh leathana’, áit a phléitear roinnt tionscnamh féideartha ar fud na réimsí gnímh, ná ‘meitheal smaointe’. Deirtear:

Ceapfar meitheal smaointe de smaointeoirí cruthaitheacha agus de nuálaithe ar bhonn ad hoc ó am go chéile le cineálacha nua cur chuige i dtaobh chothabháil agus chur chun cinn na teanga a fhorbairt agus le forbairtí san earnáil TFC a chur chun cinn. (30)

5.8.1 Na struchtúir feidhmithe: plé

5.8.1.1 An Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht

Mar a léirítear i gCuid 5.8, tá struchtúir ar leith leagtha amach sa S20B a bhfuil sé de dhualgas orthu an Straitéis a bhunú agus maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Ar dtús, bunaíodh fochoiste comh-aireachta arbh é an Taoiseach an cathaoirleach (an Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht) air, le grúpa stát-seirbhíseach ard-leibhéil ceaptha ó ranna

éagsúla chun tacaíocht a sholáthar don choiste. I ndoiciméad gearr a d'fhoilsigh Roinn an Taoisigh ar dhul chun cinn na Straitéise ó 2010-2015, deirtear go '[d]tagann an coiste le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise' (Roinn an Taoisigh, 2015: 1). I dtréimhse sé bliana ní raibh ach dá chruinniú déag ag an gcoiste rialtais sin. Fuarthas réidh leis an gcoiste i 2017, nuair a laghdaíodh líon na bhfochoistí rialtais ó dheich bhfochoiste go dtí cúig fhochoiste, cé gurbh é an coiste ba shinsearaí a bhíodh ag plé le cúrsaí Gaeilge é. Bunaíodh an coiste seo i 2011 agus cuireadh deireadh leis ar an 5ú Iúil 2017 nuair a socraíodh go raibh an iomarca coistí ar an bhfód. Dar le Seosamh Mac Donnacha, duine de phríomhúdair an SCT: 'go hiondúil sa bpolaitíocht ní chuirtear deireadh le rud má tá fiúntas leis. Is amhlaidh mar sin nár mheas an Taoiseach ná a chuid Airí sinsearacha go raibh fiúntas ná tábhacht ag baint le hobair an choiste ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht' (7 Lá, 20/03/2018) agus dá réir sin cuireadh deireadh leis. Tugadh le fios go n-aistreofaí cúramaí na gcoistí ar cuireadh deireadh leo idir an cúig choiste a fhágfaí. Aistríodh cúraimí a bhaineann leis an nGaeilge go 'fochoiste B' arb é 'polasaí sóisialta agus seirbhísí poiblí' príomhchúraimí an choiste. Gnéithe eile atá faoi chúram an choiste céanna ná na healaíona, oideachas agus cultúr. Is suntasach an chailliúint í seo don S20B ó thaobh struchtúir feidhmithe de. Cháin Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge an cinneadh deireadh a chur leis an gcoiste sin agus cúpla seachtain sular glacadh an cinneadh dúirt sé: 'is céim ollmhór ar gcúl atá ann dá ndéanfaí a leithéid' (de Spáinn, Tuairisc.ie, 05/07/2017).

5.8.1.2 An Grúpa Idir-Rannach

Maidir leis an ngrúpa stát-seirbhíseach idir-rannach, is iad na hionadaithe de na geallsealbhóirí ábhartha atá ina mbaill den ghrúpa ná baill an Roinn Oideachais agus Scileanna, an RGPTG, an Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Foras na Gaeilge

agus Údarás na Gaeltachta (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015: 1). Is é an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta cathaoirleach an ghrúpa seo agus is é is cúram don ghrúpa comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise (McGinley, DD 6/06/2012). Ocht gcinn de chruinnithe a bhí acu siúd, gan an tAire a bheith i láthair ag ceann ar bith acu. Ní raibh Ard-Rúnaí na Roinne (duine de na daoine is tábhachtaí sa rialtas buan mar a thugtar air) i láthair ag cruinniú ar bith ná aon duine de rúnaithe cúnta na Roinne. Agus cé go raibh ocht gcruinniú ag an ngrúpa stát-seirbhíseach idir-rannach, níor cuireadh aon pháipéar beartais ná aon mholtaí suntasacha faoi bhráid an ghrúpa. Bhí formhór ama an ghrúpa tógtha suas lena bheith ag plé agus ag tuairisciú sonraí a bhain le hobair an Roinn Oidhreachta, Ealaíon agus Gaeltachta féin agus mionsonraí a bhain le cúrsaí Gaeilge laistigh de na ranna eile. Ní raibh aon chruinniú ag an ngrúpa idir-rannach sin ó mhí Eanáir 2016 i leith.

5.8.1.3 An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Aire Sinsearach

An tríú ‘príomhstruchtúr’ a luaitear sa S20B ná an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta féin agus aire sinsearach sa Roinn. Deirtear go mbeadh an Roinn in ainm is a bheith ag déanamh maoirseachta ar an soláthar acmhainní agus tacaíochta chun feidhmiú na Straitéise a chinntiú. Feictear an ráiteas seo a leanas nó ráiteas cosúil leis seo go minic i ndíospóireachtaí sa Dáil agus i ndíospóireachtaí na gcoistí ábhartha:

Is ar mo Roinnse, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, atá an fhreagracht uileghabhálach an straitéis a chomhordú agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le réimse mór páirtithe leasmhara. (McGinley, DC 2014; ráitis chéanna- McHugh, DD 2015c; McHugh DD 2018c)

Is léir nach bhfuiltear ag cloí leis an mbeart sa S20B gur aire sinsearach a bheadh freagrach as sin, i bhfianaise na ndíospóireachtaí Dála. Tá feidhmiú na S20B fágtha faoi airí stáit le blianta beaga anuas- na Teachtaí Dála Dinny McGinley, Joe McHugh agus Seán Kyne go sonracha-

rud a thugann le fios nach bhfeictear an S20B mar thosaíocht ag an rialtas reatha. Is cosúil freisin, os rud é go bhfuil príomh-chúram maidir le feidhmiú na Straitéise fágtha faoi Aire sóisearach agus go bhfuil sí fágtha mar chúram ar fhoireann mheán-bhainistíochta, nach bhfeictear an S20B mar thosaíocht fiú laistigh den Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta. Sa phlépháipéar a foilsíodh faoi stiúir Fiontar DCU (2009), cuireadh béim ar a thábhachtaí is a bheadh sé sinsearach a bheith i gceist sna príomh-struchtúir feidhmithe, mar a chuirtear in iúl sa cháipéis: ‘Os Straitéis Rialtais Náisiúnta a bheidh ann go ceann fiche bliain, ba chóir go mbeadh buanchoiste comh-aireachta ina bhun agus á chur chun cinn’ (13). Bunaíodh Coiste Comhairleach i mí Aibreáin 2014 leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta mar chathaoirleach air chomh maith chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise.

5.8.1.4 An tAonad Straitéise

Maidir leis an Aonad Straitéise a luaitear sna struchtúir feidhmithe don S20B (féach Cuid 5.7.1) tugadh faoi iniúchadh sa taighde seo ar thagairtí don Aonad sna díospóireachtaí Dála. Luaitear an tAonad i ndíospóireacht in Aibreán 2011 agus Éamon Ó Cuív ag cur ceiste ar Aire Stáit do ghnóthaí Gaeltachta ag an am Dinny McGinley (2011-2014) faoi chur i bhfeidhm na Straitéise. Seo an méid a dúirt McGinley mar fhreagra ar an gceist:

Tá aonad straitéise bunaithe i mo Roinnse ó thús na bliana seo, mar atá molta sa Straitéis. Tá an t-aonad straitéise freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála straitéise agus ar phleananna oibríochta ó na comhlachtaí forfheidhmithe, chomh maith le cinntiú go ndéantar feidhmiú trasrannach ar thionscnaimh agus ar fhorbairt acmhainní. Go bunúsach, tá an t-aonad straitéise ag tabhairt aghaidh go córasach ar na céimeanna is gá a thógáil le cinntiú go gcuirtear an straitéis i bhfeidhm. (DD, 2011b)

Luaitear an tAonad Straitéise arís in Iúil 2011 ‘Tá plean forfheidhmithe bliana agus trí bliana do chur i bhfeidhm na Straitéise ag mo Roinn ullmhaithe ag an Aonad Straitéise’ (DD, 2011e) agus i nDeireadh Fómhair na bliana céanna: ‘Tá trí ghrúpa oibre ardleibhéil bunaithe ag an

Aonad Straitéise i mo Roinn chun dlús a chur le forfheidhmiú na straitéise... ’ (DD, 2011g). Rinneadh trácht arís ar an Aonad i mBealtaine, Meitheamh agus Iúil na bliana dar gcionn: ‘Tá aonad straitéise i mo Roinn freagrach as pleanáil agus feidhmiú na Straitéise a threorú’ (DD, 2012b). Leagadh béim sna díospóireachtaí Dála i 2011 agus 2012 ar an ról atá ag an Aonad Straitéise seo i gcur i bhfeidhm na Straitéise. I Márta 2014 i ndíospóireacht leis an bhFochoiste um an S20B agus Rudaí Gaolmhara, cuireadh ceist faoi cheathair ar an Aire Stáit McGinley: ‘Cé mhéad duine atá san Aonad Straitéise?’. Seo sampla d’fhreagra a fuarthas ar an gceist sin: ‘Tá an straitéis agus aidhmeanna na straitéise ar fud na ranna ar fad, agus tá freagracht ar gach roinn an straitéis a bhrú ar aghaidh’ (DC, 2014a). Ag an deireadh díríonn Ó Cuív aird an Aire Stáit ar leathanach a 10 sa S20B agus ar na struchtúir feidhmithe a luaitear agus seo an plé a leanann:

Ó Cuív: Baineann an cheist atá agam le leathanach 10. Deir sé ansin maidir leis an Aonad Straitéise: “Déanfar pleanáil agus feidhmiú na Straitéise a threorú as Aonad Straitéise laistigh den Roinn sin.” An bhfeiceann an tAire Stáit an abairt sin?

McGinley: Feicim

Ó Cuív: B’fhéidir go bhfreagróidh an tAire Stáit mar sin cé mhéad, cé mhéad acu sin, de na míreanna sin ar fad, atá curtha i bhfeidhm?

McGinley: Tá foireann na Roinne sna Forbacha, thiar i gceantar an Teachta, agus cuid d’fhoireann na Roinne i mo cheantar féin, in oifig i nGaoth Dobhair, fite fuaite le cur i bhfeidhm na Straitéise. I nGaoth Dobhair tá ionad ansin atá ag plé le scéimeanna teanga. Chomh maith leis sin tá freagracht ag gach duine sa Roinn maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise. Is cuid mhór de chuspóir na Roinne é, is cuid mhór de chuspóir an Rialtais é agus tá freagracht ar gach duine. Maidir le cé mhéad duine atá sa Roinn—

Ó Cuív: An t-aonad a bhí i gceist agam. (*Ibid.*)

Tugann Ó Cuív le fios gur aonad faoi leith a bhí i gceist leis an Aonad Straitéise sin nuair a cuireadh an Straitéis le chéile:

Nuair a bhí Fianna Fáil i Rialtas agus nuair a tháinig muid faoi bhráid an choiste leis an Straitéis a chur i láthair don choiste a bhí ann, ar chreid an tAire Stáit ina chroí istigh gurbh é a bhí i gceist againn ná an Roinn a bhí ann cheana féin agus gach aon duine a bhí ag obair sa Roinn a bheadh i mbun na straitéise-

bhí i bhfad níos mó ag obair sa Roinn an t-am sin ná mar atá anois ag plé le cúrsaí Gaeilge- nó ar chreid sé go raibh sé i gceist aonad a bhunú a bheadh tiomnaithe ó lá go lá le haidhm amháin- an straitéis a chur i bhfeidhm trasna na Ranna Stáit ar fad agus a thiomáinfeadh é? Creidim go dtuigfeadh aon duine a léifeadh an Straitéis gur sin a bhí i gceist. (*Ibid*)

Mar chuid den taighde seo chuathas i dteagmháil leis an teagmhálaí a luaitear ar shuíomh an RGPTG do cheisteanna faoin S20B chun an scéal a fhiosrú agus an freagra a fuarthas ná gur ‘saghas modus operandi’ a bhí i gceist leis an Aonad Straitéise agus nár cuireadh an tAonad sin ar bun ariamh. Is suntasach an rud é seo mar cuirtear síos ar an aonad sa S20B mar bhunchloch dá feidhmiú i bhfianaise na ndualgas a luaitear i dtaca leis an aonad. Áitítear go mbeadh foireann thiomanta san aonad a bheadh freagrach as pleanáil agus feidhmiú na Straitéise a stiúriú, go dtabharfaí sainchomhairle agus go gcinnteofaí feidhmiú tras-rannach na Straitéise ón Aonad. Rud suntasach eile ná, ní hamháin gur tugadh le fios sna díospóireachtaí Dála thuas go raibh an tAonad bunaithe ach tá ráite i dTuarascáil Bhliantúil an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta 2011 gur bunaíodh an tAonad an bhliain sin. Luaitear an tAonad i measc na bpríomhghníomhartha a cuireadh i gcrích i 2011 i dtaca leis an S20B: ‘Bunaíodh Aonad Straitéise sa Roinn chun pleanáil agus forfheidhmiú na Straitéise a stiúradh’ (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2011b: 21).

5.8.1.5 Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta

De réir na struchtúir feidhmithe a bhí beartaithe sa Straitéis luaitear go mbeadh Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta le bunú in áit Údarás na Gaeltachta. Moladh é seo mar fhéidearthacht sa Phlépháipéar ar an S20B (2009: 14): ‘Struchtúr úrnua neamhspleách a bhunú dar teideal Údarás na Gaeilge agus freagracht air an Straitéis a fhorfheidhmiú’. Struchtúr nua a bheadh ann le freagrachtaí a bhaineann le gnóthaí Gaeilge ar fud an Stáit, ina measc an earnáil réamhscolaíochta náisiúnta agus stiúradh seirbhísí sa Ghaeltacht nach seirbhísí teanga

iad. Bhí aird ar leith ar an saineolas atá ag teastáil sa réimse pleanála teanga mionlaí leis an Údarás nua seo (*Ibid.*). Sa S20B deirtear gurb é an tÚdarás nua i gcomhair leis na húdaráis áitiúla a shocródh teorainneacha na Gaeltachta freisin (Rialtas na hÉireann, 2010: 10). Is amhlaidh gur socraíodh gan an tÚdarás sin a bhunú agus chun feidhmeanna Údaráis na Gaeltachta a choimeád mar a bhí ach tá easpa mínithe ar fáil maidir leis sin. Níor thángthas ach ar chúpla trácht ar Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta le linn iniúchta ar na díospóireachtaí Dála (DD 2011a; DD2011b) agus an dá uair sin tagraítear don mholadh go mbunófaí an tÚdarás nua gan trácht ar phlean lena bhunú:

Mar is eol don Teachta, tá molta sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 go mbunófaí Údarás Gaeilge agus Gaeltachta (Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta), a ghníomhódh ar bhonn náisiúnta agus a chomhlíonfadh feidhmeanna ábhartha a dhéanann Údarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí Stáit agus neamhrialtasacha eile i láthair na huair, de réir mar is cuí. (DD, 2011b)

Sa Tuarascáil ar na Príomhthosaíochtaí Straitéise (2016), luaitear Údarás na Gaeilge agus Gaeltachta i dtagairt don fhoráil sin sa S20B maidir le struchtúir feidhmithe mar aon le Foras na Gaeilge agus deirtear go ‘léirítear sna haighneachtaí go bhfuil imní ar roinnt ball den phobal maidir leis na ciorruithe maoinithe atá déanta ar an dá eagraíocht seo le blianta beaga anuas agus tionchar suntasach dá réir ar cheanneagraíochtaí atá maoinithe ag an dá ghníomhaireacht’ (2016: 12) ach níl trácht ar an rud nár bunaíodh an tÚdarás nua faoi mar a moladh. Nuair a pléadh an S20B ar an gclár ‘7 Lá’ i Márta 2018, cuireadh ceist ar an Aire Stáit Joe McHugh cén fáth nár bunaíodh Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta agus freagra na ceiste ní bhfuarthas. Luadh mar fhreagra go raibh an tAire Stáit ag díriú ar phlean gníomhaíochta cúig bliana don Straitéis, agus níor luadh an cinneadh sin sa fhreagra:

Tá dualgas ormsa maidir leis an bplean gníomhaíochta cúig bliana agus nuair a bheidh an plean gníomhaíochta socraithe agus tá muinín ormsa maidir leis an Straitéis agus an plean gníomhaíochta cúig bliana a bheith déanta istigh le cúpla seachtain amach romhainn nuair a bheidh sin déanta beidh an struchtúr maidir leis an rannpháirtíocht idir na ranna éagsúla agus na páirtithe leasmhara éagsúla... (7 Lá: 20.03.2018)

Nuair a cuireadh an cheist chéanna ar Éamon Ó Cuív ar an gclár céanna faoi na struchtúir feidhmithe agus faoin gcúis nár bunaíodh an tÚdarás, dar leis gurbh í ba chúis leis an athrú teorach agus faoi easpa bhunaithe na struchtúir chuí ná an t-athrú rialtais an bhliain i ndiaidh seoladh na Straitéise:

mar bhí athrú rialtais ann agus go mbeadh meon éagsúil ar fad ag an rialtas a tháinig isteach. I dtaca leis an Straitéis seo i mí na Nollaig 2010 nuair a thuig muid go raibh brú leis an eacnamaíocht agus chuaigh an rialtas ag an am cinneadh go raibh an Ghaeilge agus todhchaí na Gaeilge níos tábhachtaí ná rud ar bith i gcomhthéacs caitheachais an stáit ní hé an oiread sin airgid a dhul a bheith i gceist agus go mba cheart tosaíocht a thabhairt do seo. (7 Lá: 20/03/2018)

5.8.1.6 Meitheal Smaointe

Níl tásc ná tuairisc ach an oiread ar chomhdhéanamh an Mheithil Smaointe a luaitear sa S20B agus is amhlaidh nár bunaíodh é go fóill. Luadh an meitheal i bplean forfheidhmithe na Roinne (an RGPTG) don bhliain 2011. Maíodh go dtabharfaí le chéile meitheal daoine le saineolas ar earnálacha éagsúla chun gnéithe éagsúla den straitéis a éascú agus a spreagadh ach níl trácht ar an meitheal fiú sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise a foilsíodh dhá bhliain ina dhiadh sin, mar shampla. Ba rud é an meitheal smaointe sin a mhol an grúpa saineolaithe faoi stiúir Fiontar DCU. Mhol an grúpa go mba chóir tabhairt faoi shraith tionscnamh a chabhródh leis an S20B a threorú. Mhol siad:

Ba chóir Meitheal Smaointe ardleibhéil a chruthú ar bhonn *ad hoc* ó am go ham ar a mbeadh smaointeoirí cruthaitheacha agus nuálaithe chun go ndéanfadh siad, mar shampla, bealaí nua chuir chuige a fhorbairt i leith chothú agus chur chun cinn na teanga agus úsáid á baint as forbairtí san earnáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. (Fiontar DCU, 2009: 36)

Déantar trácht ar an meitheal sa Tuarascáil ar na Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha, ina phléitear dóchas an phobail ina leith ach gan trácht ar a bhunaithe:

Bhraith roinnt daoine go rachadh meitheal den chineál seo, go háirithe meitheal a tharraingeodh ar shaineolaithe i réimse na margaíochta ag an tríd leibhéal agus lasmuigh de, go mór chun leasa feachtais feasachta a chuirfeadh buntáistí na Gaeilge chun cinn, go háirithe na buntáistí le bheith ag tógáil clainne

trí Ghaeilge. (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, 2016: 12)

5.8.2 Doiléireacht faoi na struchtúir feidhmithe

I ndioscúrsa an phobail mar a léirítear sna meáin Ghaeilge é, is léir go bhfuil míshástacht leis an doiléireacht a bhaineann leis na struchtúir feidhmithe seo. Fiú i measc na bpolaiteoirí a d'aontaigh an S20B go traspháirteach agus i measc pholaiteoirí na roinne féin atá freagrach as an S20B a threorú, léirítear mearbhall faoi cé go díreach atá i gceannas ar ghnéithe éagsúla den Straitéis a chur i bhfeidhm. Feictear sampla de sin thíos nuair a cuireadh ceist ag díospóireacht Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán i 2017 faoin méid cruinnithe den Choiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht a bhí ann:

Kyne: Bíonn an coiste idir-rannach ag plé le cúrsaí ealaíon, Gaeilge, Gaeltacht agus oileáin. Pléitear ceisteanna éagsúla. Mar shampla bhí an polasaí oideachas Gaeltachta ar an gclár le déanaí.

Ó Cuív: Pléitear cúrsaí ealaíne freisin?

Kyne: Is ea. Níl baint ag an gcoiste le forbairt réigiúnach nó forbairt tuaithe.

Cathaoirleach an Choiste: Cheap mé go ndearnadh cinneadh coiste faoi leith maidir leis an nGaeilge a bhunú, leis an Taoiseach mar chathaoirleach air.

Kyne: Tá an Taoiseach mar chathaoirleach---

Cathaoirleach an Choiste: Táim ag caint faoin gcoiste faoi leith maidir leis an nGaeilge.

Kyne: ---ar an gcoiste ealaíon, Gaeilge, Gaeltacht agus Oileáin. (DC 2017a)

Léiríonn an méid thuas an doiléireacht faoi na coistí éagsúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar an straitéis agus chun í a stiúradh. Le linn an iniúchta ar na díospóireachtaí Dála, Seanaid agus Coiste don taighde seo, tugadh faoi deara nuair a cuireadh ceist faoi threorú na Straitéise, gurbh é an freagra ba choitianta a tugadh ná ráiteas ginearálta, leathan, nach dtugann le fios go díreach conas a fheidhmíonn na páirtithe éagsúla chun an Straitéis a chur i bhfeidhm i mbealach córasach agus éifeachtach. Seo sampla amháin: ‘Tá an Straitéis á cur i bhfeidhm

go córasach ag réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ranna Rialtais, Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta’ (McHugh, DD, 2015c) agus níos déanaí sa díospóireacht chéanna:

Tá mórán oibre ar siúl ar an Straitéis 20 bliain. Mar shampla, tá Foras na Gaeilge freagrach as an gceantar taobh amuigh den Ghaeltacht agus as an obair Thuaidh-Theas. Tá Údarás na Gaeltachta freagrach as na limistéir pleanála agus tá neart oibre eile ar siúl ar an talamh. (*Ibid.*)

Nuair a cuireadh ceist ar McHugh (Aire Stáit na Gaeltachta ag an am) faoi cé go díreach atá freagrach as an S20B ar chlár ‘7 Lá’ a craoladh chun an Straitéis a phlé, an freagra a tugadh ná: ‘tá an rialtas freagrach as an teanga uilig, tá an tír freagrach as an teanga fosta’ (7 Lá, 20/03/2018). Níos déanaí sa díospóireacht, rinneadh iarracht eile soiléiriú a fháil ar na struchtúir fheidhmithe:

An bhfuil tusa ag rá anois nach raibh an tÚdarás sin ag teastáil [Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta]? Arbh é sin an cinneadh a deineadh? Agus nach bhfuil an tAonad Stráitéiseach ag teastáil? Gur féidir straitéis náisiúnta mar seo a chur i bhfeidhm ag brath ar chúpla duine? (Ó Cuív, 7 lá, 20/03/2018)

Ach ní thugann an freagra soiléireacht ar bith ar an scéal:

Ní bheidh cúpla duine nó duine amháin nó dream mar sin freagrach as sin. Tá mise páirteach agus tá mise lárnach sa chúram agus lárnach sa dualgas agus nuair a bheidh mise sna ceantair Ghaeltachta nó taobh amuigh den Ghaeltacht... (McHugh, 7 Lá, 20/03/2018)

Déantar trácht ar an doiléireacht maidir leis na struchtúir feidhmithe sa tuarascáil a d’ullmhaigh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoi choimirce na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta bunaithe ar dhíospóireacht oscailte faoin Straitéis agus a cur i bhfeidhm idir 2010-2015. I mbrollach na tuarascála, deirtear gurbh í aidhm na díospóireachta ‘breathnú siar ar an méid atá déanta faoin Straitéis le cúig bliana anuas agus breathnú chun tosaigh ar na tosaíochtaí faoin Straitéis don tréimhse cúig bliana atá romhainn’ (2016: 3). Ar mhaithe le heolas a bhailiú chuige sin, lorgaíodh aighneachtaí scríofa ón bpobal agus reachtáladh cruinnithe poiblí chomh

maith: trí cinn acu i gceantair Ghaeltachta agus cruinniú mullaigh i mBaile Átha Cliath. Tugtar aird ar leith do na struchtúir fheidhmithe sa tuarascáil tar éis na n-aighneachtaí a mheas:

Tugtar le fios i roinnt de na haighneachtaí gur constaic shuntasach i bhfeidhmiú na Straitéise i láthair na huaire an easpa maoirseachta agus tuairiscithe ar ghníomhaíochtaí na struchtúr feidhmithe. Tugtar le fios freisin sna haighneachtaí go bhfuil doiléire i measc an phobail maidir le struchtúr, ballraíocht agus feidhmiú na struchtúr sin. (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, 2016: 28)

Thug Fiontar DCU agus an grúpa saineolaithe le fios nuair a d’ullmhaigh siad a bplépháipéar ar an straitéis go mbeadh ‘gá le hathruithe eagrúcháin fadtéarmacha chun an Straitéis a fhorfheidhmiú go hiomlán’ (2008: 14) agus moladh ceithre fhéidearthacht maidir leis sin. Baineann gach moladh le hathruithe sa struchtúr reatha ach níor tharla sin. Níor tugadh freagrachtaí breise d’éinne ar mhaithe le feidhmiú na straitéise nach raibh dualgais eile orthu cheana féin. Déantar tagairt d’easpa sástachta an phobail maidir leis an doiléireacht faoi na struchtúir feidhmithe sna haighneachtaí a cuireadh isteach don díospóireacht oscailte ar pholasáí faoin Straitéis chomh maith:

Tugtar le fios sna haighneachtaí go bhfuil baill den phobal Gaeilge míshásta leis na struchtúir reatha fheidhmithe agus an bharna atá idir na struchtúir a moladh sa Straitéis féin agus an doiléire a bhaineann leis na struchtúir sin i láthair na huaire. (2016: 27)

Mar thoradh ar an iniúchadh ar struchtúir feidhmithe na Straitéise, dealraíonn sé nach bhfuil aon cheann de na struchtúir a bhí molta sa cháipéis le bheith freagrach as an S20B a chur i bhfeidhm, ag feidhmiú go héifeachtach. Fágann sin nach fios i ndáiríre cé atá freagrach as an Straitéis a fheidhmiú ná a threorú ná a chur i bhfeidhm. Is ríléir, ar an gcuid is lú go bhfuil an-doiléireacht ag baint leis na struchtúir a bunaíodh le feidhm a thabhairt don S20B.

5.9 Cur i bhfeidhm na Straitéise

Is iad an dá phríomhrud ar tugadh aghaidh orthu ó seoladh na Straitéise ó thaobh cur i bhfeidhm de ná gur cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála teanga faoi ‘Acht na Gaeltachta, 2012’ agus gur foilsíodh an ‘Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022’ a thugann aitheantas do riachtanais shainiúla na scoileanna Gaeltachta. Déantar tagairt don reachtaíocht nua faoi na ceantair Ghaeltachta sa S20B agus aithnítear gur glacadh le moltaí an SCT mar threoir chuige sin. Deirtear:

Glacann an Rialtas tríd is tríd le treo ghinearálta na moltaí sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht maidir le stádas na Gaeltachta a bheith bunaithe ar chritéir teanga. Tabharfar stádas reachtúil dó sin trí Acht Gaeltachta nua. (Rialtas na hÉireann, 2010: 20)

Seoladh Acht na Gaeltachta ar an 25ú Iúil 2012 agus faoin Acht seo sanntar sainmhínithe nua ar na ceantair Ghaeltachta agus aithnítear trí chatagóir nua, .i.: ‘Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta’, ‘Bailte Seirbhíse Gaeltachta’, ‘Líonraí Gaeilge’. Tá sé cinn is fiche de Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta ainmnithe faoin Acht. Is ionann na limistéir sin agus na ceantair Ghaeltachta mar a bhí roimh fhoilsiú an Achta, de réir dealraimh: ‘déanfar an Ghaeltacht mar atá sí faoi láthair a athainmniú mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta..’ (suíomh Údarás na Gaeltachta). Ainmníodh sé Bhaile Seirbhíse Gaeltachta déag agus cúig Líonra Gaeilge. Tá próiseas pleanála teanga lárnach san Acht agus cuireann an tAcht creatlach reachtúil ar fáil chun tabhairt faoin bpleanáil seo. Dar le McHugh:

Faoin Acht, beidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile chun tacú leis an Ghaeilge sna ceantair éagsúla atá agus a mbeidh aitheanta faoin Acht. Is trí phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ag leibhéal an phobail a thabharfar tacaíocht don Ghaeilge mar theanga phobail agus teaghlaiigh i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile taobh amuigh den Ghaeltacht. (DD, 2015b)

Tá tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga faoin Acht cheana féin. Tá Cathair Chorcaí ainmnithe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta agus tá comhaontú idir Gael-Taca agus na páirtithe ábhartha chun plean teanga don chathair a ullmhú faoi láthair. Is é an cur síos ar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta a tugtar san Acht ná:

bailte (...) suite i Limistéar Pleanála Teanga, nó tadhlaigh leis, má tá na nithe seo a leanas ar fáil sa bhaile sin-

- (a) seirbhísí poiblí le haghaidh an Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, agus
- (b) saoráidí sóisialta, áineasa agus tráchtála a théann chun tairbhe don Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta. (Rialtas na hÉireann, 2012: 19)

D'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil rian an nualibrálachais ar an bpróiseas pleanála teanga a moltar faoin Acht. Míníonn McEwan-Fujita (2005: 156), agus í ag caint ar nua-liobrálachas i bpleanáil teanga mhionlaigh go sonrach (i gcomhthéacs pleanála do Ghaidhlig na hAlban), gur buntáiste den chlaonadh polaitiúil sin é an maoiniú poiblí a chuirtear ar fáil do phleanálaithe teanga i mbealaí éagsúla, ach go gcruthaítear coinníollacha a bhfuil ar phleanálaithe teanga mionlaí cloí leo chun an maoiniú sin a fháil dá gcuid iarrachtaí. Feictear an meon sin sa chóras pleanála teanga faoi seo, a thugann feidhm reachtúil do mholtaí na S20B i dtaca le pleanáil don Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta. Sa chóras pleanála seo tugtar níos mó freagrachta agus cumhachta don phobal pleanáil don Ghaeilge a stiúradh dá gcuid riachtanas féin ach níor tugadh le fios agus na chéad pleananna seo á n-ullmhú ag coistí pobail sna limistéir pleanála teanga Gaeltachta cén teorainn airgid a bheadh i gceist chun na pleananna a ullmhaítear a chur i bhfeidhm go dtí gur cruthaíodh iad. Fiú go bhfuil córas na bpleananna teanga áitiúla fréamhaithe i riachtanais teanga na bpobal, mar sin, tá feidhmiú na bpleananna ag brath ar acmhainní ón rialtas agus bíonn comhréiteach i gceist. Dar le Williams & Morris (2000: 200), is féidir coinníollacha mar seo (coinníollacha airgeadais sa chás seo) cur isteach ar na cuspóirí sochtheangeolaíocha. Dar le Mac Fhlannchadha, Bainisteoir Cosaint Teanga agus Leas Ard-

Rúnaí Chonradh na Gaeilge, caithfear breathnú arís ar an gcur chuige ar an bpleanáil teanga faoi Acht na Gaeltachta (DC, 2015). Dar leis, go bhfuil easpa saineolais fós ann chuige sin. Oibríonn sé le pobail na Gaeltachta ar fud na tíre agus deir sé nár mhothaigh sé riamh ‘an leibhéal frustrachais agus soiniciúlachta a bhaineann leis na pobail sin fé láthair ó thaobh céard atá ag tarlú ó thaobh pleanáil teanga agus an brú a mhothaíonn siad’ (*Ibid.*)

Maidir le cúrsaí oideachais Ghaeltachta, d’fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna ‘Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022’ i 2016 agus luaitear aidhmeanna ábhartha na S20B sa réamhrá: ‘Cuideoidh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus na bearta atá ann le baint amach na huailmhéine atá luaite i ‘Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030’ an Rialtais maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha a chothabháil agus a leathnú’ (2017: 6). Is í aidhm an bheartais seo ná a chinntiú go gcuirfí oideachas ábhartha, ardchaighdeán ar fáil do na daoine óga go léir atá ina gcónaí sna ceantair Ghaeltachta. Beartaítear go mbainfidh ‘líon suntasach’ na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta leas as an nGaeilge mar theanga cumarsáide agus teagaisc sna Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta mar a sainíodh iad faoi Acht na Gaeltachta. Tugtar le fios sa cháipéis chomh maith gur forbraíodh an beartas i gcomhar leis an ngrúpa idir-rannach agus faoi threoir an Choiste ar an nGaeilge agus an nGaeltacht (*Ibid.*). Pléitear Oideachas sa Ghaeltacht sa S20B agus deirtear go ‘[n-]aithníonn an Rialtas an deacracht faoi leith a bhaineann le freastal ar riachtanais leanaí lena mbaineann cumais teanga éagsúla i scoileanna Gaeltachta’ (2010: 16). Is cinnte gur céim chun tosaigh é fhoilsiú an bheartais seo. I ndíospóireacht Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán i Márta 2018 ardaíodh an tábhacht a bhainfeadh le gach seirbhís a bhainfeadh le hoideachas Gaeltachta lasmuigh den seomra ranga a bheith ar fáil i nGaeilge chomh maith (DC, 2018a).

5.10 Easpa cur i bhfeidhm

Téama an-choitianta i ndioscúrsaí faoin S20B is ea easpa cur i bhfeidhm na Straitéise go dtí seo. Mar a chonacthas i gCuid 5.6.1 tugtar le fios sa S20B go gcuirfí i bhfeidhm í ‘go céimneach’ (2010: 8), agus go ndíreofaí i gcéim an bhunaidh go háirithe ar ardú feasachta faoi ábhar na S20B agus na stuchtúir oibríochtúla a bhunú. Pléifear feasacht i gcomhthéacs na S20B sin níos mine i gCaibidil 7 i bhfianaise na dtorthaí ón obair pháirce. Maidir leis na struchtúir eagraíochtúla agus oibríochtúla, pléitear i gCuid 5.8.2 thuas na heasnaimh agus an doiléireacht leis na struchtúir sin go dtí seo. An tríú rud a luaitear sa chéad chéim den fheidhmiú ná cúrsaí maoinithe agus cé chomh práinneach is atá sé na hacmhainní a chur ar fáil go luath i dtréimhse na Straitéise. Nuair a thug Fiontar DCU ráiteas ag Comhchoiste Oireachtais (DC, 2010a), mhínigh siad a gcoinníollacha chun toradh na Straitéise a bhaint amach agus áirigh siad mar riachtanas ‘dóthain acmhainní, idir mhaoiniú agus acmhainní daonna a bheith ar fáil.’ Pléitear an t-ábhar seo sna Díospóireachtaí Dála agus sna meáin Ghaeilge chomh maith, os rud é go raibh cúlú eacnamaíochta sa tír agus go raibh ciorruithe i gcláir agus i bhfeachtais rialtais trí chéile dá bharr. Dar le hÚachtarán Chonradh na Gaeilge in Aibreán 2017 gur ‘léir don dall nach bhfuil ag éirí leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 210-2030’ agus go ‘[m]baineann an teip seo go príomha leis an easpa infheistíochta ó Rialtas na hÉireann sa Straitéis ó 2010’ (Comer, Meon Eile, 10/04/2017). Déantar trácht ar thionchar na gciorruithe ar fheidhmiú na Straitéise sa tuarascáil ar na príomhthosaíochtaí straitéise: ‘tugtar le fios sna haighneachtaí go bhfuil rian na gciorruithe seo le brath go láidir sna heasnaimh agus sna laigí reatha i gcur i bhfeidhm na Straitéise’ (Ní Thuairisg, 2016: 28).

I gcuid mhaith den dioscúrsa faoin S20B, léirítear tuairim dhiúltach ina leith agus is faoi chur i bhfeidhm na Straitéise féin a nochtar an-chuid de na tuairimí sin. Ag am a seolta

moladh í agus léiríodh dóchas ina leith mar bheartas náisiúnta chun leasa na Gaeilge, mar shampla i bPlépháipéar Sheáin Uí Chuirreáin (2008) agus in alt Walsh (2011) don iris Comhar ‘An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: ní bheidh deis níos fearr ar fáil’. In alt a scríobh Ó Coileáin bliain roimh fhoilsiú na Straitéise dúirt sé: ‘D’fhéadfadh go mbeadh sé ar an straitéis is cinniúnaí fós ó thaobh phleanáil don Ghaeilge agus go háirithe dá todhchaí mar bheotheanga sa Ghaeltacht’ (2009: 14). Fiú sa dioscúrsa seo, áfach, leagadh béim ar a thábhachtaí is a bheadh sé feidhm a thabhairt do bhearta na straitéise. Ceithre mhí tar éis sheoladh na straitéise i mí Aibreáin 2011, léirigh an t-iar-Aire Gaeltachta inní faoin easpa cur i bhfeidhm go dtí sin sa Dáil: ‘Tá mé buartha freisin faoin méarfhadachas a bhaineann le cur i bhfeidhm na Straitéise’ (Ó Cuív, DD2011c). Labhair sé faoin bpróiseas a bhain le cur le chéile na Straitéise agus gur chaith siad an oiread sin ama le dréachtaí agus cruinnithe chun straitéis a chruthú go bhféadfadh an Rialtas a chur i bhfeidhm, in ainneoin na gciorruithe mar thoradh an athruithe sa gheilleagar. Tharla athrú rialtais ó Fhianna Fáil (a bhí i gceannas agus an S20B á chur le chéile is á seoladh) go Fine Gael in 2011 ach bhí glacadh tras-pháirtí ann maidir le feidhmiú na S20B, rud a chuireann dualgas ar pé rialtas a bheadh i gceannas thar thréimhse na Straitéise í a chur i bhfeidhm. I mBealtaine 2011 labhair Peadar Tóibín TD sa Dáil faoi roinnt beartais de chuid Fhine Gael a théann glan i gcoinne moltaí na S20B dar leis, cosúil le moltaí chun an stádas atá ag an nGaeilge mar ábhar riachtanach don Ardteist a bhaint agus rialacha maidir le bunú gaelscoileanna nua a dhéanamh níos déine (DD, 2011d). Is é seo a dúirt sé maidir leis an ngá an S20B a chur i bhfeidhm láithreach: ‘Impím ar an rialtas in áit a bheith ag caint faoin nGaeilge tosaigh obair an Straitéis 20 Bliain anois díreach’ (*Ibid.*). Feictear an meon céanna arís cúig bliana ar aghaidh agus Maureen O’Sullivan TD ag tabhairt a breithiúnais ar an S20B i dTithe an Oireachtais:

It is strong on rhetoric and aspirations but very weak on implementation and action. I accept there were specific structures for the setting up a number of committees. Unless there is implementation, committees are merely talking shops. (DD, 2016e)

Feictear an meon céanna sna meáin chumarsáide Gaeilge go minic nuair a phléitear an S20B thar thréimhse na Straitéise go dtí seo. Mar shampla, an tráchttaireacht seo i Meon Eile i 2013:

Ní chuirfeadh sé iontas orm dá mbeadh daoine ann nár chuala faoin Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge in aon chor, nó a bhfuil dearmad déanta acu air, mar is beag dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh é in 2010...Tá sé glactha go forleathan ag pobal atá buailte síos go mór nach bhfuil ann ach cur i geóill agus ceap magaidh agus sin a raibh ann riamh. (Ciarán Dunbhar, Meon Eile 07/10/2013)

Nuair a seoladh ‘*Cymraeg 2050*’ in 2017, foilsíodh Clár Oibre 2017-2021 go comhuaineach leis an mbeartas inar leagadh amach a bhfuil le déanamh sa tréimhse sin chun spriocanna na straitéise a bhaint amach. Deirtear sa chéad Chlár Oibre sin go bhfoilseofaí níos mó cláracha oibre amach anseo le linn thréimhse na straitéise agus go ndéanfaí machnamh ar chúinsí reatha agus na cláracha sin á n-ullmhú. Aithnítear go n-athraíonn cúinsí thar imeacht ama, cúinsí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmiú na straitéise agus go mbeidh machnamh rialta ag teastáil mar sin:

Keeping abreast of changing policies and responding proactively to those changes will ensure that we do not lose sight of our goals and of our vision of reaching a million Welsh speakers by 2050. (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 4)

Bhí caint chun plean forfheidhmiúchán don S20B a fhoilsiú chomh maith agus ba í Iúil 2017 an chéad sprioc a luadh chun plean gníomhaíochta cúig bliana a bheith foilsithe. D’fhiafraigh Catherine Connolly (Cathaoirleach Choiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na Oileán) ar Aire Stáit na Gaeltachta Joe McHugh ag deireadh Feabhra 2018 cén uair a fhoilseofar an plean gníomhaíochta seo: ‘Tá ceist dhíreach shimplí agam. Cén dáta a fhoilseofar an plean gníomhaíochta maidir le feidhmiú na straitéise, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, don thréimhse 2018-22?’ (DD, 2018a) agus fuarthas an freagra ‘Tá mé thar a bheith muiníneach agus

dóchasach go mbeidh muid in ann é a fhoilsiú laistigh de choicís nó trí sheachtaine'. Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta seo ag deireadh Mheithimh 2018, thart ar ocht mbliana ó sheoladh na Straitéise. Dar le Ó Cuív go raibh an plean sin ceaptha le bheith seolta sa chéad bhliain: '...tá áthas orm go bhfuil aitheantas ann, tar éis ocht mbliana, dul le plean gníomhaíochta. Tá sé sin ceaptha a bheith ann sa chéad bhliain ach is fearr deireanach ná go brách' (DD, 2018c). I measc na n-aidhmeanna a luaitear sa 'Phlean Gníomhaíochta, 2018-2022' tá athdhearbhú ar spriocanna an Pholasaí Oideachais don Ghaeltacht agus tugtar aitheantas do ról na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i múnú an oideachais Ghaelaigh. Bearta dearfacha atá iontu ach beidh toradh na mbearta ag brath ar a gcur i bhfeidhm.

5.11 Measúnú agus monatóireacht

5.11 .1 Measúnú agus monatóireacht ar an Straitéis

Téama coitianta eile i ndíoscúrsa ar an S20B is ea an cáineadh ar an easpa monatóireachta agus measúnaithe ar chur i bhfeidhm na spriocanna beartaithe inti. Mar shampla, ag caint in 2014 ag Fochoiste Oireachtais thug Seán Ó Cuirreáin le fios nach raibh sé cinnte an raibh an Straitéis á cur i bhfeidhm, go mbeadh sé sin deacair a dheimniú mar gheall ar an easpa béime ar mheasúnú neamhspleách agus gur easnamh mór é sin:

An bhfuil an Straitéis á cur i bhfeidhm? Níl a fhios agamsa. Agus, i gcead daoibh mar Fhochoiste, ní shílím go bhfuil a fhios agaibhse ach an oiread mar nach bhfuil aon iniúchadh ná léirmheastóireacht neamhspleách á dhéanamh ar fheidhmiú na Straitéise. (DC, 2004a)

Go deimhin, bhí sé tar éis 'meicníocht láidir, neamhspleách le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Straitéise' a mholadh mar riachtanas ina phlépháipéar féin (2008: 3). Nuair a bhí an S20B fós á cur le chéile, pléadh an tábhacht a bhainfeadh le monatóireacht agus measúnú neamhspleách ach cé gur luadh go minic an gá le huirlisí measúnaithe, is beag creatlach a


forbraíodh chuige sin. Tá tagairtí sna díospóireachtaí Dála faoi mheasúnú agus faoi mhonatóireacht ar an straitéis doiléir agus ginearálta. De ghnáth, tagraítear don RGPTG féin agus don fhreagracht uileghabhálach atá uirthi chun an straitéis a threorú. I dtuarascáil Roinn an Taoisigh ar dhul chun cinn na S20B ó 2010-2015 deirtear go bhfuil ‘an Coiste ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht’ ag déanamh maoirseachta ar an S20B ach más ea, níor bunaíodh an coiste céanna go dtí 2011 agus cuireadh deireadh leis arís i 2017 mar a pléadh i gCuid 5.8.1.1 thuas. Seo a deirtear sa tuarascáil sin:

Rinne an Rialtas reatha an Coiste ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na ‘Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030’ a athbhunú... Tagann an coiste le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ar chur i bhfeidhm na Straitéise. (Roinn an Taoisigh, 2015: 1)

Ní luaitear an focal ‘luacháil’ sa S20B in aon chor. Luaitear ‘measúnú’ sé bhabhta ach ní faoi mheasúnú ar an S20B ach faoi fhorbairtí i gcúrsaí measúnaithe sa chóras oideachais atá i gceist. Luaitear ‘monatóireacht’ faoi thrí sa S20B ach gach uair tráchtann sé ar an Aonad Straitéiseach (nár bunaíodh). Is amhlaidh gurb é an t-aon mheasúnú atá á dhéanamh ar an straitéis ná trí thuarascálacha ginearálta ó na ranna rialtais éagsúla atá á bhfoilsíú ar bhonn neamhsheasmhach ó 2010. Sna tuarascálacha sin tugann na ranna éagsúla léargas ar obair atá déanta acu a bhaineann leis an straitéis ach níl comhtháthú idir na tuarascálacha.

I bPlépháipéar Fiontar DCU leagadh béim ar cé chomh tábhachtach is a bheadh sé struchtúir a chur in áit i dtaca le measúnú agus monatóireacht. Ó thaobh measúnaithe de, dúradh: ‘Tá an aidhm luachála ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an bPlean Straitéiseach d’fhonn a chinntiú go mbeidh lúb aiseolais ann don phróiseas pleanála’ (2008: 13). Pléitear cé chomh tábhachtach is a bheadh sé go mbeadh neamhspleáchas ag baint leis an gcóras measúnaithe agus áirítear é mar chritéar don luacháil a bheith rathúil- ‘próisis luachála a bheith

uileghabhálach, a bheith neamhspleách agus é a bheith soiléir go bhfuil siad neamhspleách’ a moltar (*Ibid.*). Is iad an dá ionstram a mholtar mar ionstraim fhéideartha chun feidhm luachála a shannadh orthu ná Oifig Choimisinéar na dTeangacha Oifigiúla nó an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Nuair a labhair ionadaithe Fiontar ag Comhchoiste Oireachtais faoi na prionsabail éagsúla ar a bunaíodh a gcuid moltaí, dúradh ‘le go mbeadh toradh ar an Straitéis seo níor mhór go mbeadh coinníollacha áirithe i bhfeidhm’ agus ceann de na coinníollacha sin ná ‘córas le measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an bhfeidhmiú’ (DC, 2010a). Ó thaobh monatóireachta de, bhí moltaí cuimsitheacha soiléire i bPlépháipéar Fiontar DCU chomh maith. Moltar go mba chóir monatóireacht ar an Straitéis a fhágáil faoi Oifig Chláir i Roinn an Taoisigh. Fógraíodh bunú na hoifige sin sa tuarascáil ‘Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí’ a foilsíodh i Meitheamh 2009. Maidir leis na dualgais mholta éagsúla a luaitear leis an oifig seo, is amhlaidh gur tugadh na dualgais chéanna sin don Aonad Straitéise sa leagan críochnúil den Straitéis, mar shampla: ‘maoirseacht ar fhorbairt acmhainní, sainchomhairle a chur ar fáil, tuairiscí cothrom le dáta a fhoilsiú lena gcur ar fáil don phobal’ (Fiontar DCU: 13). Moltar go fiú go mba chóir don ghrúpa sin teacht le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad ‘agus cúram orthu saintreoir pleanála teanga a chur ar fáil don phróiseas iomlán’ (*Ibid.*). Féach thíos an léaráid a soláthraíodh sa Phlépháipéar maidir le struchtúir feidhmithe, monatóireachta agus measúnaithe:



Figiúr 5.1 Curtha in oiriúint ó Fiontar DCU 2009: 16

Dar leis an ngrúpa ‘molaimid é sin d’fhonn a chinntiú go mbeidh na heilimintí uile le forfheidhmiú, athbhreithniú, luacháil agus monatóireacht ar bhealach a n-éireoidh leo socraithe sula dtosófar go hiomlán ar an Straitéis’ ach is léir ón taighde nár socraíodh air sin a dhéanamh aige deireadh.

5.11.2 Béim ar mheasúnú agus mhonatóireacht i mbeartas teanga reatha na Breataine Bige

I gcodarsnacht leis sin, cuirtear an-bhéim ar mheasúnú agus mhonatóireacht in ‘*Cymraeg 2050*’. Luaitear ‘measúnú’ seacht mbabhta agus áirítear cuid shonrach ar ‘Measúnú agus Taighde’ sa Straitéis (Rialtas na Breataine Bige, 2017a: 77) ina ndéantar trácht ar an gcreatlach measúnaithe a foilsíodh i 2013 mar chuid den LLS. Nuair a foilsíodh an LLS, foilsíodh an creatlach measúnaithe mar cháipéis eile leis chun an córas measúnaithe a mhíniú go sonrach. Tugtar le fios in ‘*Cymraeg 2050*’ go mbainfí leas as an gcreatlach céanna le measúnú a dhéanamh ar an straitéis reatha agus gur cuireadh leis an bhfianaise ar mheasúnú idir an dá linn:

Since the *Welsh Language Strategy Evaluation Framework (2013)* was published, we have been looking at ways of measuring the effect of our strategy on the Welsh language, and we have been adding to our evidence base. We will continue with this work by considering, as programmes are being planned, the most appropriate methods of evaluating their effect. (2017: 77)

Ag trácht ar an tábhacht a bhaineann le measúnú sa LLS deirtear go bhfuil sé riachtanach go ndéanfaí measúnú ar fheidhmiú na straitéise ‘*in order to help assess its effectiveness against its strategic objectives and to ensure learning improvements are based on the available evidence*’ (Rialtas na Breataine Bige, 2012: 22). Leagtar amach pointí gníomhaíochta sonracha agus táscairí inmheasta do na réimsí éagsúla a áirítear sa LLS. Leagtar amach ar dtús an dá tháscaire príomha chun measúnú a dhéanamh ar an straitéis- .i. céatadán na bpáistí ar aois cúig

bliana (ag tús na bliana scoile) a labhraíonn Breatnais sa bhaile, agus céatadán na ndaoine a bhfuil sé de chumas acu Breatnais a scríobh agus a labhairt. Anuas ar an dá phríomh-tháscaire sin, leagtar táscairí difriúla amach don sé ‘ionad straitéiseach’ a pléitear sa straitéis. Mar shampla, is é ionad straitéiseach a dó ná ‘páistí agus daoine óga’ agus mar tháscaire measúnaithe luaitear tinreamh ag imeachtaí Breatnaise atá dírithe ar pháistí agus daoine óga (Rialtas na Breataine Bige, 2013: 30). Mar shampla eile, is é ionad straitéiseach a ceathair ná an t-ionad oibre agus na táscairí a luaitear ná (i) líon na n-eagraíochtaí atá faoi réir caighdeáin fheidmiúcháin dírithe ar úsáid na Breatnaise a leathnú agus a éascú san ionad oibre agus (ii) céatadán baill de rialtas na Breataine Bige a bhaineann úsáid as Breatnais san ionad oibre (Rialtas na Breataine Bige, 2013: 41). Pléitear an chastacht a bhaineann leis an straitéis, a bhfuil leis an gcastacht inghreamaithe a bhaineann le húsáid teanga, nádúr ilghnéitheach na pleanála teanga agus na gníomhaithe atá freagrach as a cur i bhfeidhm. Cuireann an chastacht seo leis an riachtanas le measúnú leanúnach atá solúbtha.

Ní hamháin go bpléitear conas a bhainfí na spriocanna amach sa chreatlach measúnaithe ag gach céim de chur i bhfeidhm na straitéise ach baineann feidhm eile leis chomh maith, is é sin go bhfeidhmíonn sé mar mheicníocht chun ról na bpáirtithe leasmhara éagsúla i dtaca le measúnú a shoiléiriú. Mar sin, tá níos mó soiléireachta faoi na struchtúir feidhmithe. Pléitear sa LLS an tábhacht a bhaineann le monatóireacht ar an straitéis chomh maith agus deirtear go mbeadh Roinn na Breatnaise, laistigh den rialtas, freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an straitéis agus go bhfoilseofaí tuarascáil bhliantúil ar chur i bhfeidhm na straitéise i dteannta le pleananna gníomhaíochta bliantúla (Rialtas na Breataine Bige, 2012: 22). Deirtear in ‘*Cymraeg 2050*’ go bhfuil a fhios ag an rialtas go bhfuil ról tábhachtach acu

maidir le tuiscint a chothú agus a chur chun cinn faoin gcaidreamh idir fianaise agus forbairt beartas éifeachtacha:

We will build on our work highlighting this connection, encouraging our partners and policymakers to become informed and enquiring users of research. Our aim: continue to build on our evidence about the effectiveness of our interventions and developing Welsh language policy (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 78).

Aithnítear go n-athraíonn cúinsí thar imeacht ama agus go mbeidh gá leis an bpróiseas measúnaithe a athrú ó am go chéile. Aithnítear chomh maith go bhfuil cothromaíocht de dhíth idir chur chun cinn agus éascú úsáid na Breataine, pleanáil, agus creatlach láidir rialála chun an straitéis a chur i bhfeidhm go rathúil. Leagtar béim ar mhonatóireacht agus mheasúnú leanúnach ar chur i bhfeidhm an bheartais chun a chinntiú go mbainfear na hathruithe riachtanacha amach (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 13).

5.11.3 Measúnú agus monatóireacht i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga

Le fada an lá tá taighde ar bun ar na bealaí is fearr le measúnú a dhéanamh ar bheartas i gcomhthéacs beartais poiblí agus i réimse leathan tionsclaíochta. Pléann Grin & Gazzola (2017: 91) cé chomh tábhachtach is atá measúnú i gcomhthéacs na pleanála teanga go sonrach. Dar leo, ní hamháin go soláthraíonn measúnú creatlach chun breithiúnas a dhéanamh ar thorthaí an bheartais ach cuireann sé leis an ngá freagracht a ghlacadh. Dar leis na húdair chéanna (*Ibid.*), nuair a thráchtar ar mheasúnú nó luacháil sa réimse de ghnáth díritear ar thrí bhrí éagsúla, .i. (i) aiseolas le linn na céime deireanaí i gclár pleanála, (ii) eolas a chuirtear i láthair do phleanálaithe ag gach céim chun ligint dóibh cinntí agus athruithe a dhéanamh agus (iii) breithiúnas ar éifeachtacht na bpróiseas i gclár pleanála atá curtha i gcrích. Phléigh Rubin ról na luachála sa pleanáil teanga sna 1970í agus dhírigh sé ar an dara cineál thuas (1971). Leag sí béim ar thábhacht na luachála sa chéim thosaigh nuair atá próisis bailithe eolais ar siúl,

ag céim na pleanála féin nuair atá spriocanna agus cuspóirí á leagadh amach (agus roghanna eile á bplé), agus ag céim an aiseolais nuair atá próisis mheasúnaithe á gceapadh. Nuair a labhair Haugen faoi phleanáil teanga don Ghaeilge go sonrach luaigh sé an tábhacht a bhainfeadh le measúnú a dhéanamh ar an bpleanáil sin: *‘If we set out to reintroduce Gaelic into Ireland one would hope that we should not forget to provide some way of evaluating the success of our program’* (1983: 274). Labhraíonn Kaplan & Baldauf faoin tábhacht a bhaineann le measúnú ar bheartas teanga chomh maith. Dar leo: *‘It is not enough to devise and implement strategies to modify a particular language situation; it is equally important to monitor and evaluate the success of the strategies and progress shown towards implementation’* (1997: 37). Ba chóir don mheasúnú sin a bheith leanúnach agus deartha i mbealach a sholáthraíonn aiseolas leanúnach d’fheidhmiú na straitéise, ionas go ndéanfaí athruithe ar an gcur i bhfeidhm sin i bhfianaise an eolais atá ag teacht chun cinn ón measúnú. Feictear sin i mbeartas teanga na Breataine Bige le foilsiú an chreatlaigh measúnaithe go háirithe agus leis an aitheantas go bhféadfadh spriocanna na pleanála a athrú thar imeacht ama i bhfianaise taighde nó cúinsí athraithe idir an dá linn.

Leagann De Korne (2012) béim ar thábhacht an mheasúnaithe neamhspleách ar bheartais teanga a bhíonn aidhmeanna móra leathana ag baint leo ach go háirithe, mar dar léi: *‘these broad goals can be difficult to operationalise in the implementation and evaluation of the policy’* (45). Rinne sí taighde ar thrí chreatlach measúnaithe éagsúla i gcomhthéacs na pleanála teanga agus rinneadh cíoradh ar cé chomh héifeachtach is a bhí na cuir chuige éagsúla. An ceann is cosúla leis an S20B ná *‘The Northwest Territories Official Languages Act’* ([1988] athbhreithnithe 2003) os rud é go bhfuil spriocanna leathana i gceist sa dá chás agus go bhfuil cur i bhfeidhm ar mhór-scála ag teastáil. Ní dhíríonn ceachtar acu ar shaincheist shonrach

amháin ach pléann siad leis na castachtaí a bhaineann le sochaithe dátheangacha. Os rud é go ndírítear ar phleanáil teanga mhór-scála sa dá chás, cuireann sin le cé chomh leathan is atá spriocanna na mbeartas. Ní dhírítear ar shaincheist amháin a bhaineann le cúrsaí teanga os rud é go bhfuil an iliomad saincheistanna eile a bheadh tionchar acu ar a chéile. Bhí an cur chuige measúnuithe i gcás an Achta thuasluaite ag brath ar thuarascálacha bliantúla ag leibhéal an Rialtais, rud a chuirtear i gcuimhne na tuarascálacha ranna a foilsítear mar mheasúnú ar an S20B:

For most goals no specific targets have been set, either by the Act itself or the authorities that it established. Without fixed targets such as the number and nature of services being made available, or the level and quantity of language instruction occurring in schools, the annual reports remain largely descriptive rather than evaluative. (De Korne, 2012: 45)

Pléitear féidearthachtaí chun feabhas a chur ar an gcur chuige seo chomh maith agus rud amháin a mholtar ná go mbunófaí ról soiléir do gheallsealbhóirí an phobail maidir le cur i bhfeidhm agus measúnú agus go gcabhródh sin leis an bpolasaí a aistriú ón struchtúr trom maorlathach (DeKorne, 2012: 48). Moltar chomh maith, i gcás an Achta thuas, go ndéanfaí na tuarascálacha bliantúla a eagrú i slí níos éifeachtaí. Moltar go mbainfeadh níos mó tairbhe leis na tuairiscí seo dá n-eagrófaí iad i mbealach comparáideach. Cosúil leis na tuarascálacha ranna ar fheidhmiú na S20B, sa chás seo, foilsítear tuarascálacha na ranna éagsúla go neamhspleách óna chéile, rud a fhágann go mbíonn ar an léitheoir le suim san ábhar iad a bhailiú le chéile agus comparáid a dhéanamh chun na patrúin san fhaisnéis a mheas.

5.12 Ceannaireacht

Téama eile a tháinig chun cinn i ndioscúrsa ar an S20B ná an easpa freagrachta a ghlacann an Rialtas maidir le cur i bhfeidhm na S20B, go háirithe i bhfianaise na míshástachta a léirítear ina leith. Fiú sa cháipéis féin, cuirtear ualach ar mhuintir na hÉireann chun rath na

Straitéise a chinntiú: ‘Braitheann an méid atá i ndán don teanga ar dhaoine a roghnóidh go cinnte leas a bhaint as na deiseanna a chruthóidh an Straitéis seo. Sin an dúshlán atá amach romhainn ar fad’ (2010: 3). Sa chuid chomhfhreagrach in ‘*Cymraeg 2050*’ nuair a phléitear fíis an rialtais, déantar trácht lom ar cheannaireacht a bheidh ag teastáil ag leibhéal an Rialtais:

In order to realise our vision we will-

-provide strong leadership, and use our influence for the benefit of the language

-provide financial support to support and facilitate the use of Welsh

-legislate to provide a strong infrastructure for the language

-lead by example in our use and approach towards the Welsh language (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 13)

Feictear béim ar thábhachta ceannaireachta ag leibhéal an rialtais sa LLS (2012) chomh maith, agus an t-aitheantas go mba chóir don rialtas an straitéis a threorú: ‘*We need to think big, have ambition and aim high. We should shout out for the Welsh language and Welsh Government should lead the way*’ (2012: 6). Cáintear easpa ceannaireachta an rialtais i leith chur i bhfeidhm na Straitéise go minic i ndioscúrsa sna meáin Ghaeilge. Mar shampla déanann Ó hÉallaithe (2010) tagairt do ráiteas i gClár Oibre an Rialtais 2011-2016: ‘*Tacóimid leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus déanfaimid na spriocanna indéanta atá molta inti a sheachadadh*’ (Rialtas na hÉireann, 2011: 58). Dar le Ó hÉallaithe gur bealach éalaithe agus bealach chun freagracht a sheachaint is ea a leithéid de ráiteas. Tá an ráiteas sin suntasach os rud é gur glacadh leis an straitéis go traspháirteach agus go mbeifí ag súil go mbeadh na spriocanna go léir sa straitéis ‘indéanta’. Ag caint sa Dáil i 2011 thagair McGinley (Aire Stáit don Ghaeilge ag an am) d’fhreagracht an rialtais na spriocanna ‘indéanta’ sa S20B a bhrú chun cinn arís. Dúirt sé: ‘*Tabharfaidh an Rialtas tacaíocht don Straitéis chomh fada is a bhaineann sé leis na spriocanna indéanta atá molta ann a sheachadadh*’ (DD, 2011c). Ardaíodh ceisteanna

faoi chúrsaí ceannaireachta i leith na Gaeilge agus i leith na Straitéise arís ag díospóireacht coiste i 2018. Labhair Aindrias Moynihan TD faoin easpa oifigeach Gaeilge ag go leor ranna rialtais. Thug sé le fios nach bhfuil Oifigeach Gaeilge ag thart ar leath de na ranna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina measc (DC, 2018c). Luaigh sé cé chomh tábhachtach is a bheadh ceannaireacht shoiléir ón rialtas i leith an Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 den S20B. I bhfreagra an Aire Stáit McHugh d’aontaigh sé go mbeadh ceannaireacht ón rialtas tábhachtach ach rinne sé tagairt láithreach ansin do ghrúpaí eile atá freagrach as an S20B a threorú chomh maith:

Chomh maith leis an ról ceannaireachta fosta, beidh ról an-mhór ar son a leithéid d’Údarás na Gaeltachta, d’Fhoras na Gaeilge agus de Chonradh na Gaeilge agus dreamanna eile fosta. Bhí na dreamanna uilig sin páirteach sa chomhairliúchán. (DC, 2018c)

5.13 Ról an phobail

Téama eile atá go mór chun tosaigh sa dioscúrsa ar an S20B ná ról an phobail i bhfeidhmiú na Straitéise. Chuaigh an Rialtas i gcomhairle leis an bpobal ag tréimhsí éagsúla dá cur le chéile agus dá cur i bhfeidhm go dtí an pointe seo. Nuair a bhí an Straitéis fós á hullmhú tionóladh dhá shraith cruinnithe poiblí agus iarradh ar mholtaí scríofa ón bpobal faoin Straitéis a sheol isteach chomh maith. Seoladh litir chuig geallshealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil dheonach ag lorg moltaí. Tugadh le fios i dtuarascáil ar dhul chun cinn mar chuid den Chlár Rialtais 2007-2011 gur cuireadh an chéad chéim den chomhairliúchán poiblí i gcrích in Iúil 2008. Deirtear sa tuarascáil chéanna go raibh plécháipéis á cur le chéile ‘*to focus debate and input by the public on the possible shape of the strategy*’ (An RGPTG, 2008). Bhí an plécháipéar bunaithe ar eolas a bailíodh ó na cruinnithe, ó mholtaí scríofa ón bpobal agus ó cheistneoir poiblí. Cuireadh sraith cruinnithe eile ar siúl tar éis don plécháipéar a bheith curtha

le chéile ag deireadh na bliana sin (2008) i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh ocht gcruinniú ar siúl sna háiteanna seo a leanas: Trá Lí, Leitir Ceanainn, Sligeach, Inis, Gaillimh, Baile Átha Cliath, an Tullach Mór agus Cathair Chorcaí. Mar chuid den díospóireacht oscailte ar an S20B a bhí ar bun i 2015 iarradh ar an bpobal a gcuid moltaí a chur in iúl chomh maith. Tionóladh sraith cruinnithe poiblí eile mar chuid den phróiseas comhairliúchán seo mar aon le comhdháil i mBaile Átha Cliath. Tugtar le fios i bplépháipéar faoin díospóireacht oscailte (Ní Thuairisg, 2015) gur cruinnithe Gaeltachta a bhí ann an uair seo a bhí ‘dírithe go háirithe ar chur i bhfeidhm praiticiúil an phróisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta’ (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2015: 1). Dhírigh an chomhdháil i mBaile Átha Cliath ar réimsí gnímh na Straitéise.

Léirítear i ráitis ó na díospóireachtaí Dála agus ó na meáin nach bhfuil sástacht leis an bhfeidhm a tugadh don phobal maidir le cur i bhfeidhm na S20B. I 2013, an bhliain chéanna a foilsíodh an tuarascáil ar dhul chun cinn na Straitéise, ardaíodh ceisteanna ar an ábhar seo tar éis aighneachtaí ón bpobal a fháil faoina dul chun cinn. Mar shampla, ag deireadh Aibreáin, chuir Maureen O’Sullivan TD ceist ar an Aire an raibh sé chun éisteacht leis an 63 aighneacht a tháinig isteach ón bpobal ‘á mholadh go n-aithneofaí pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta mar gheallsealbhóirí ar chur i bhfeidhm na Straitéise’ agus fuarthas an freagra ‘maidir leis an éileamh atá déanta ag an earnáil dheonach go mbeidh ról níos lárnaí acu i gcur i bhfeidhm na Straitéise, tá sé i gceist seimineár a reachtáil leis na heagraíochtaí seo ó am go chéile’ (DD, 2013a). Bhí an cheist chéanna á cur ag tréimhsí éagsúla ó shin, mar shampla ag Seán Ó Fearghaill TD (DD, 2013b) agus Michael P. Kitt TD (DD, 2013c). Arís an bhliain dar gcionn chuir Michael P. Kitt ceist ar an Aire ‘an bhfuil sé sásta pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a aithint mar gheallsealbhóirí i gcur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge’ (DD,

2014a) agus tugadh le fios gur reachtáladh seimineár i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus go raibh na moltaí a fuarthas ó na heagraíochtaí deonacha á meas go cúramach. Labhair Donnchadh Ó hAodha, Uachtarán Chonradh na Gaeilge idir 2011-2014, ar an ábhar seo chomh maith ag cruinniú i bhFeabhra 2013 a tionóladh ar mhaithe le plé a spreagadh i measc phobal na Gaeilge ar a ról i bhfeidhmiú na Straitéise. Pléadh ag an gcruinniú an riachtanas an bhearna idir an pobal agus an chumhacht a dhúnadh maidir le cur i bhfeidhm na S20B agus go n-aithneofaí an pobal Gaeilge agus Gaeltachta mar gheallsealbhóirí i gcur i bhfeidhm na Straitéise. Seo a raibh le rá ag Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge:

Tá ag teipeadh ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge mórán tionchar a imirt ar an bpobal toisc nach bhfuil ceannasaíocht ná úinéireacht ag an bpobal Gaeilge agus Gaeltachta ar a cur i bhfeidhm; níl ionadaíocht ag an bpobal ar na boird a dhéanann na cinntí maidir leis an reachtaíocht teanga agus dá réir, níl an saineolas ná taithí an phobail ar an talamh ag baint le cinntí an Rialtais chun na húdaráis a threorú sa treo ceart chun an Ghaeilge a chothú mar is cóir. (Tagartha in Conradh na Gaeilge, 2013)

Tá samplaí den dioscúrsa seo sna meáin chumarsáide chomh maith, mar shampla foilsíodh alt dar teideal ‘Dóchas cailte ag an bpobal sa Straitéis 20 Bliain agus gá le seilbh a ghlacadh uirthi- Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge’ (2017b) in Eanáir 2017. Áirítear sa teideal sin ráiteas le Seán Ó Coinn as agallamh a rinneadh leis. Leagadh béim arís ar a thábhachtaí is atá seilbh an phobail ar an Straitéis agus cáintear an easpa róil ag an bpobal i bhfeidhmiú na S20B go dtí seo. Dar le Ó Coinn: ‘Tá Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge ann ach tá deireadh dúile bainte ag mórán de phobal na Gaeilge agus de phobal na tíre de chur i gcrích na Straitéise sin’ (*Ibid.*).

Tá ról lárnach ag an bpobal sa phróiseas pleanála teanga a moladh sa S20B agus a thug ‘Acht na Gaeltachta, 2012’ feidhm dó. Faoin Acht seo, tugann fóraim pleanála faoi phleananna teanga dá gceantair a ullmhú agus déanann Údarás na Gaeltachta na pleananna a aontú do na ceantair Ghaeltachta agus Foras na Gaeilge do cheantair lasmuigh den Ghaeltacht. Sa dioscúrsa

faoin Acht, feictear an tuairim go bhfuil an iomarca freagrachta ar an bpobal sa chur chuige seo agus go mba chóir níos mó comhorduithe a bheith ann. Dar le de Spáinn, mar shampla: ‘In ionad freagracht a bheith ar an bpobal féin, ba chóir go mbeadh an Stát agus an pobal ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile. Níl sé féarálte an oiread sin den fhreagracht a chur ar an bpobal gan na hacmhainní, an saineolas agus eile a theastaíonn a bheith ar fáil’ (2012). In agallamh leis an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ag an am, Pat Carey, le Beo faoi atarraingt na dtéorainneacha Gaeltachta thug an tAire le fios go réiteódh an Straitéis an cheist sin. Ach dhírigh sé aird, leis, ar fhreagracht an phobail chuige sin. Dúirt sé:

I ndeireadh an lae, braithfidh teorainneacha na Gaeltachta ar na pobail féin agus ar an iarracht a dhéanann siad an teanga a chur chun cinn. Tabharfar deis dóibh iad féin a chruthú, tabharfar gach tacaíocht dóibh, ach i ndeireadh na Dála, is faoi na pobail féin a bheidh sé plean a chur le chéile agus a fheidhmiú má tá stádas Gaeltachta uathu. (Tagartha in Delap, 2010)

Faoin Acht, tugtar níos mó úinéireachta don phobal a riachtanais teanga a leagan amach sna pleananna teanga a ullmhaítear. Le tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga, áfach, feictear easpa comhorduithe idir an pobal agus an Stáit maidir leis na hacmhainní ábhartha do chur i bhfeidhm na pleananna a n-ullmhaítear. Mar shampla, bhí ar fhóram pleanála amháin i gCois Ferraige cur isteach ar mhaoiniú breise nuair a dhiúltaigh siad an chéad tairiscint maoinithe ó Údarás na Gaeltachta mar nárbh leor é chun an plean a chur i gcrích (Ó Coimín, 2017c).

5.14 Béim ar shuíomhanna uirbeacha

Feictear leis na sainmhínithe athraithe ó bhunú an Stáit ar na ceantair Ghaeltachta agus leis an athrú sa chritéir ó chritéir thíreolaíochá go critéir theangeolaíochá go bhfuil pobail na Gaeilge sa tír ag athrú an t-am ar fad. Aithnítear pobail Ghaeilge eile sa tír lasmuigh de na ceantair thraidisiúnta Gaeltachta agus aithnítear go bhfuil riachtanais éagsúla ag na pobail úd, rud a pléitear sa Tuarascáil ar Nuachaintoirí (2015) a luadh cheana. Fiú agus é ag cáineadh

staid na Gaeilge in 1990 tráchtann Hindley (2) ar cé chomh rathúil is a bhí an borradh faoi úsáid na Gaeilge lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. Is cinnte go bhfuil borradh faoi chainteoirí Gaeilge i gcathracha na tíre i bhfianaise thorthaí na nDaonáireamh le blianta beaga anuas. Dírítear ar phobail uirbeacha na Gaeilge sa S20B agus luaitear go mba chóir tógáil ar na gréasáin Ghaeilge atá ann cheana agus cur leo: ‘pobail/gréasáin nua teanga a fhorbairt lasmuigh den Ghaeltacht. I bpobail uirbeacha is mó a bheidh siad sin, pobail a bhfuil an mhais chriticiúil riachtanach de thacaíocht Stáit agus pobail acu don Ghaeilge’ (Rialtas na hÉireann, 2010: 23). Cé go luaitear sin sa Straitéis, áfach, ní fheictear mórán dul chun cinn air ó 2010 seachas leanúint leis an tacaíocht d’Fhoras na Gaeilge. Luaitear Baile Átha Cliath go sonrach sa Straitéis maidir le bearta chun ‘ionad nó spás fisiciúil Gaeilge amháin ar a laghad’ (Rialtas na hÉireann, 2010: 27) a fhorbairt ach níor aimsíodh níos mó tagartha dá leithéid san iniúchadh seo. Dar ndóigh, níl leath de thréimhse na Straitéise caite go fóill agus d’fhéadfadh tús a chur leis na bearta sin as seo amach. Ag caint ar an gclár ‘7 Lá’ leag Seosamh Mac Donnachadh, duine d’údair an SCT, béim ar an rud nach bhfuil aon trácht sa chaint ar chur i bhfeidhm na Straitéise lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta:

Níos suntasaí domsa ná níl aon duine ag caint faoi chur i bhfeidhm na Straitéise lasmuigh den Ghaeltacht agus feictear domsa gur b’shin ceist i bhfad níos mó. Is beag an dul chun cinn atá déanta- na pleananna teanga sin faofa tar éis fiche bliain ach ar a laghad d’fhéadfá a rá go bhfuil rud éigin déanta laistigh den ghaeltacht. Feictear domsa go mbeadh sé deacair méar a leagaint ar aon dhul chun cinn atá déanta lasmuigh den Ghaeltacht. (Mac Donnachadh: 20/03/2018)

Sa Straitéis LLS sa Bhreatain Bheag pléitear na hathruithe sna pobail Bhreatnaise thar na blianta chomh maith (2012: 35). Tá cosúlachtaí idir chás na Breataine Bige agus chás na hÉireann, sa mhéid is go bhfeictear iompú deimeagrafach sna cathracha chomh maith leis na ceantair thuaithe agus maidir le cainteoirí na Breatnaise agus na Gaeilge. Leis sin, tá méadú

suntasach tagtha ar líon na gcainteoirí Breatnaise sna cathracha agus i gCaerdydd go háirithe.

Tagraítear don rud sin sa LLS:

...we need to respond to this shift and a different community development model is required in cities and large towns such as Cardiff, Swansea and Wrexham, where the percentage of Welsh speakers may be comparatively small but where the numbers of speakers are significant. (2012: 17)

Luaitear go bhfuil na deiseanna níos ilchineálaí agus níos forleithne chun Breatnais a úsáid sna cathracha ná i roinnt pobal tuaithe agus aithnítear gurb é an dúshlán anois ná chun cur leis na gréasáin atá ann cheana féin sna háiteanna seo agus chun gréasáin nua a chruthú, chun stádas na Breatnaise agus an dátheangachais a ardú sna cathracha agus sna bailte. Sa Straitéis ‘*Cymraeg 2050*’ cuirtear síos ar chainteoirí mar rannpháirtithe i ngréasáin agus i bpobail ilghnéitheacha. Cuirtear síos ar an teanga mar: ‘*a vibrant language, equally viable in close-knit rural communities, dispersed social networks in urban settings, and in virtual communities reaching across geographical spaces.*’ (2017: 16) Pléitear chomh maith an feiminéan nua a ghabhann leis an ngluaiseacht daonra go bhfuil áiteanna le céatadán beag cainteoirí ach le líon cainteoirí atá ard go leor: ‘*The challenge in these areas, where Welsh is heard less often than in areas of higher percentages is to expand the opportunities for people to be able to use the language in their daily life*’ (*Ibid.*). Moltar, mar sin, sa chuid den straitéis a bhaineann leis an mbunús coincheapúil agus na prionsabail taobh thiar den taighde go mba chóir cur chuige saolré a ghlacadh. Is cur chuige é seo a úsáidtear de ghnáth i réimsí sláinte agus socheacnamaíochta agus roinnt de na heilimintí a bhaineann leis an gcur chuige ná tionchar comhthéacsanna stairiúla agus tíreolaíochta ar thaithí agus dheiseanna daoine agus an t-aitheantas ar an iliomad slite ina bhfreagraíonn daoine dá gcuid cúinsí féin.

5.15 Plé

Nuair a thugtar faoi anailís ar bheartas teanga, tá sé tábhachtach don léitheoir agus don taighdeoir go dtabharfaí aird agus na téacsanna á léamh agus á scagadh ar chomhthéacs táirgthe agus cuspóir chumarsáideach an scríbhneora. Anuas air sin, tá sé tábhachtach nach bhféachfaí ar na téacsanna seo mar cháipéisí soiléire, críochnaithe, dúnta. Éascaíonn anailís idirthéacsúil mar seo an próiseas sin a dhéanamh. Tá sé tábhachtach gan téacsanna beartais a réadú agus gan polasaí a aithint mar shraith téacsanna amháin; is coitianta nach ndéantar na téacsanna féin a léamh in aon chor. Mar a pléifear i gCaibidil 7, níor léigh formhór na ndaoine a ghlac páirt san obair pháirce, fiú na daoine le leas dílsithe in ábhar na Straitéise, an cháipéis féin. I réimse na polaitíochta, aistrítear agus athraítear bríonna beartais le haistriú léirmhínteoirí lárnacha (m.sh: Teachtaí Dála, airí agus cathaoirligh), faoi mar a chonacthas le tionchar an athrú rialtais i bhfeidhmiú na S20B. Tagann athruithe ar chúinsí an Stáit thar imeacht ama agus tosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara dá réir (cúrsaí eacnamaíochta, mar shampla). Agus ag na céimeanna éagsúla den phróiseas tugtar aghaidh ar léirmhínte éagsúla agus déantar ionadaíocht ar an mbeartas i mbealaí éagsúla chomh maith, ionas nach maireann an téacs féin i bhfolús léirmhínte nó ionadaíochta.

Ní insíonn beartais de ghnáth cad iad na gníomhaíochtaí ar chóir a dhéanamh ach cruthaíonn siad cúinsí ina gcúngaítear na roghanna féideartha gníomhaíochtaí le cuspóirí nó aidhmeanna áirithe a bhaint amach. Tá freagairt do bheartas fós ag teastáil chun aon rud a athrú, freagairt a thógtar i gcómhthéacs. Dar le Ball (1996: 19) chun beartas a chur i bhfeidhm, teastaíonn gníomhaíocht shóisialta chruthaitheach agus ní ‘*robotic reactivity*’. Dar leis, téann achtú beartais i dtuilleamaí nithe éagsúla lena n-áirítear tiomantas, tuiscint, cumas, acmhainní, comhoibriú agus comhoiriúnacht idirthéacsúil. Ag trácht ar a bhí i gceist leis an S20B nuair a

foilsíodh í, deir Ó Cuív ar an gclár 7 Lá (20/03/2018) gur beartaíodh go soláthródh an S20B bunús do ghníomhaíocht phraiticiúil do thacú agus do chur chun cinn na Gaeilge, bunaithe ar chur chuige comhtháite agus nua-aimseartha. Faraor, de bharr easpa feasachta a ardú, easpa ceannaireachta an Rialtais chun an Straitéis a bhrú ar aghaidh agus easpa idirghníomhachta éifeachtach idir an Stát agus an pobal, fágann sé go mbeadh sé fíordheacair feidhm a thabhairt don ghníomhaíocht phraiticiúil seo chun leasa na Gaeilge. Léiríonn an anailís sa chaibidil seo an mhíshástacht faoi chur i bhfeidhm na Straitéise go dtí seo agus léiríonn an dioscúrsa go gcuireann easpa práinne an Rialtais faoi ghéarchéim mhaolú labhairt na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta (mar a léirítear sa SCT agus sa nuashonrú) níos mó leis an míshástacht chéanna. Mar a deirtear sa nuashonrú ar an SCT:

In ainneoin an dua a caitheadh le réiteach na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus Acht na Gaeltachta 2012, mheabhródh práinn agus íogaire staid reatha na Gaeltachta nach mbeidh a bhfuil á shamhlú le cuir chuige na Straitéise ná an Achta acmhainneach ná ábhartha go leor le tabhairt faoi na dúshláin atá roimh phobal Gaelach na Gaeltachta. (Ó Giollagáin, Charlton, 2015: 10)

Tagraítear don fhócas nua atá ag teastáil i bhfianaise na faisnéise nua i dTuarascáil Shinn Féin ar an nGaeilge (2016: 7) chomh maith agus i roinnt mhaith den dioscúrsa ar an Straitéis trí chéile. Tá easpa solúbthachta sa bheartas chuige sin, rud atá an-difriúil ó bheartas reatha don Bhreatnais ina dtugtar aird do na hathruithe a thiochfaidh ar chúinsí agus don ghá bheith solúbtha le haidhmeanna an bheartais más gá. Feictear athrú sa dioscúrsa ón dóchas a léiríodh i leith na Straitéise nuair a seoladh í, go laghmhisneach maidir le teip an Rialtais bearta tábhachtacha a luaitear inti a chur i bhfeidhm.

Is táirgí iad beartais de chomhréitigh ag céimeanna éagsúla a gcruthaithe- idir na tionchair thosaithe, polaitíocht mhion-scála i bhfoirmlíú reachtaíochta, agus in conas a éistear le grúpaí sainleasa. Mar a léiríonn an anailís seo níor glacadh le han-chuid moltaí a bhí ag an

ngrúpa sin i leith na struchtúr feidhmithe agus i leith próisis mheasúnaithe riachtanacha. Tá macallaí sa mhéid sin ar fhocail Fishman tar éis dó tréimhse a chaitheamh ag obair mar chomhairleoir don Stát chomh maith, mar a deir sé:

What does disturb me... is the now quite apparent delaying tactics whereby recommendations are neither rejected nor implemented but simply surrounded by administrative silence and inaction. After four years of waiting I have come to the conclusion that I have been used not as a consultant but as an unwitting participant in a master plan to do nothing (Tagartha ag Ó Huallacháin, 1991, 133).

Mhol an grúpa comhairleoirí faoi Fiontar DCU struchtúir chuimsitheacha ag eascairt as a gcomhshaineolas i réimse na sochtheangeolaíocht ach is beag dá moltaí atá le feiceáil ó thaobh measúnaithe go háirithe (cuid chuimsitheach de chur i bhfeidhm beartais) sa leagan críochnúil den Straitéis. Fiú i measc na struchtúr atá sa leagan críochnúil is beag díobh a cuireadh in áit in aon chor ná a bhfuil ag feidhmiú i mbealach ciallmhar agus éifeachtach. Léiríonn an anailís nár tugadh faoi aon socrúithe faoi leith a dhéanamh chun a chinntiú go mbeadh foireann thiomanta i bhfeighil ar stiúradh na Straitéise. Cuireadh an obair maidir le feidhmiú agus treorú na Straitéise mar chúram breise ar fhoireann na Roinne mar a bhí i 2010. Is léir go bhfuil aghaidh tugtha ar ghnéithe áirithe den Straitéis le hachtú Acht na Gaeltachta agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus gur rud dearfach é foilsíú an ‘Phlean Gníomhaíochta, 2018-2022’ ach is léir ó dhioscúrsa na meán agus na bpolaiteoirí mar a sonraítear sa chabidil seo nach mó ná sásta is atáthar faoin S20B ná a cur i bhfeidhm tar éis ocht mbliana ar an bhfód.

Caibidil 6. Próifíl Shochteangeolaíoch na Gaeilge i gCathair Chorcaí

6.1 Forbhreathnú- cathair Chorcaí- réasúnú

Pléitear go minic i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga an tábhacht a bhaineann le taighde agus le tuiscint a fháil ar an bpobal atá faoi chaibidil sula dtugtar faoi aon phleanáil éifeachtach (Ó hIfeárnáin, 2012: 132). Dar le Dauenhauer agus Dauenhauer go bhfuil sé tábhachtach measúnú macánta a dhéanamh ar an staid reatha agus ar dhearcthaí bhaill phobail sula dtabharfaí faoi phleanáil teanga:

This calls for an open and honest assessment of the state of the language and how people really feel about using it and preserving it, replacing wishful thinking and denial of reality with an honest evaluation leading to realistic recommendations (1998: 63).

Pléitear sa chaibidil seo na torthaí a d'eascair as obair pháirce a rinneadh i gcathair Chorcaí ar mhaithe le próifíl shochteangeolaíoch na Gaeilge sa chathair a chruthú. Rinneadh sin trí bhailiú faisnéise ar chumas sa Ghaeilge, úsáid na Gaeilge agus dearcthaí i leith na Gaeilge sa chathair. Ba chás don obair pháirce seo chomh maith eolas a bhailiú faoi fheasacht mhuintir na cathrach faoin S20B agus a cuid aidhmeanna agus pléitear na torthaí a tháinig chun cinn chuige sin i gCaibidil 7. Roghnaíodh cathair Chorcaí mar shuíomh taighde ar roinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, is as cathair Chorcaí don taighdeoir agus, mar a dúirt Zhou (2015) agus é ag trácht ar roghnú an chomhthéacs i dtaighde ar bheartais phoiblí agus shóisialta cosúil le beartas teanga, ní hamháin go mba chóir ceisteanna disciplíneacha, teoriciúla agus modheolaíochtúla a chur san áireamh ach ba chóir go n-áirítear taithí phearsanta an taighdeora chomh maith leis na hacmhainní ar fáil: *'First, our personal experience may unfold a perspective that is otherwise invisible as basis for initial research questions.'* (2015: 207).

Ní leor, dar ndóigh, taithí phearsanta amháin le comhthéacs taighde a roghnú agus is é ar cheann de na príomhchúiseanna le roghnú chathair Chorcaí ná gur aithníodh bearna sa taighde ar staid chomhaimseartha na Gaeilge lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta agus i suíomhanna uirbeacha sonracha go háirithe. Ní hé sin a rá dar ndóigh nach bhfuil roinnt taighde déanta chuige sin, áfach. Tá staidéir déanta ar Ghaeltacht uirbeach Bhéal Feirste ar bhóthar Seoighe (Walsh: 2011, Moriarty: 2015) a bunaíodh sna 1960í. I staidéar an Athair Mhic Gréill (2009) *'The Irish Language and the Irish People'* leagadh béim ar Bhaile Átha Cliath agus luaitear an phríomhchathair go sonracha sa S20B maidir le 'forbairt a dhéanamh ar ionad nó spás fisiciúil Gaeilge amháin ar a laghad' (27). Maidir le cathair na Gaillimhe, tugadh aitheantas don chathair mar chathair dhátheangach nuair a sheol an tÚachtarán Michael D. Ó hUiginn togra chun an stádas a bhronnadh mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge in 2016, trí Ghailimh le Gaeilge. Ní raibh fáil ar mhórán taighde faoin nGaeilge chomhaimseartha sa dara cathair is mó sa tír, áfach, cathair Chorcaí. Tá stair shaibhir i gcathair Chorcaí i dtaca leis an nGaeilge le go leor daoine mór le rá i saol na Gaeilge lonnaithe ann thar na blianta, Seán Ó Ríordáin, Seán Ó Riada, Liam Ó Muirthile mar shamplaí. Nuair a rinne Ó Ríordáin (2000) grin-staidéar ar an nGaeilge sa chathair agus sa chontae ó 1894-1910 agus é ag déanamh iniúchta ar thréimhse bhunaithe Chonradh na Gaeilge labhair sé faoi fhairsinge na Gaeilge sa chathair le linn na tréimhse sin. Labhair Ó Ríordáin faoi luath-chraobhacha an Chonartha sa chathair agus ar thorthaí dhaltaí an Pharóiste Thuaidh i dtuaisceart na cathrach go háirithe i scrúduithe Gaeilge a cuireadh ar siúl ar bhonn náisiúnta thart ar an am sin. Rinne sé tagairt d'alt a foilsíodh sa Chlaidheamh Soluis ag an am inar pléadh torthaí scrúduithe cumais timpeall na tíre. Léirítear san alt nach raibh sárú ar thorthaí an Pharóiste Thuaidh i measc na gceantar uirbeacha eile:

This is unquestionably the most encouraging set of returns we have seen from any urban area. We fear the Dublin schools would show up very badly if placed side by side with those of the North Cork Parish. (Tagartha ag Ó Ríordáin, 2000: 87)

Os rud é go bhfuil méadú chomh mór sin ag teastáil chun sprioc na S20B a bhaint amach ó thaobh líon na gcainteoirí Gaeilge laethúla lasmuigh den chóras oideachais meastar go bhfuil sé tábhachtach béim ar leith a leagan ar na ceantair leis na daonraí is mó chun seans níos réadúla a bheith ann an sprioc seo a shroichint. Dar ndóigh, tá Corcaigh ar cheann de na seacht gcontae a bhfuil Gaeltacht lonnaithe iontu le Gaeltacht Mhúscraí suite in iarthar an chontae. Anuas air sin ainmníodh cathair Chorcaí mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi ‘Acht na Gaeltachta 2012’. D’aontaigh Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge go gcuirfí tús leis an bpróiseas (pleanála teanga mar a bhaineann sé leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta) i gcathair Chorcaí, sa Chlochán Liath, i mBéal an Mhuirthead, i nDún Garbhán agus i dTrá Lí. Léirigh an ráiteas seo ó dhíospóireach Dála go bhfuil an próiseas tosaithe cheana féin sa chathair: *‘Maidir leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta, tá obair idir lámha féin chun plean teanga a ullmhú faoin bpróiseas i leith na mbailte: Daingean Uí Chúis, Leitir Ceannain, Cathair na Gaillimhe agus Cathair Chorcaí’* (DD, 2017e) Ainmníodh Gael-Taca le déanaí le bheith freagrach as an bplean teanga don chathair a chur i dtoll a chéile. Comhlacht is ea Gael-Taca a bhíonn ag plé le cur chun cinn na Gaeilge i gcathair Chorcaí i mbealaí éagsúla.

6.2 Struchtúr na caibidle

Roinntear an chaibidil de réir na bpríomh-théamaí ar a díríodh sa bhailiú faisnéise seo-cumas, úsáid agus dearcadh i leith na Gaeilge. Chuige sin díritear ar chumas braite na rannpháirtithe sa Ghaeilge, úsáid na Gaeilge agus deiseanna sonracha úsáide na Gaeilge sa chathair mar aon le dearcadh mhuintir na cathrach i leith na Gaeilge. Luaitear an trí chomhpháirt seo sa S20B mar bhunús ar a tógadh í: *‘Leanann úsáid iarbhír teanga as cumas,*

deis agus dearcthaí dearfacha a bheith in éineacht a chéile (Rialtas na hÉireann, 2010: 7)'. Déantar triantánú leis na torthaí a tháinig chun cinn ón gceistneoir, ó na hagallaimh, ó na grúpaí fócais agus ó na hagallaimh leantacha. Tá an chuid eile den chaibidil roinnte i gcodanna a bhaineann leis na gnéithe éagsúla den obair pháirce seo. Ar dtús pléitear na torthaí déimeagrafacha a fuarthas ó na ceistneoirí. Níor pléadh ceisteanna déimeagrafacha sna grúpaí fócais ná sna hagallaimh. Ansin mínítear na torthaí a fuarthas faoi chumas sa Ghaeilge ón gceistneoir agus ó na grúpaí fócais (agus agallaimh leantacha) agus déantar amhlaidh leis an bhfaisnéis a bailíodh ar úsáid agus ar dhearcadh. Nuair a cuireadh daoine sonracha a bhíonn ag plé leis an nGaeilge sa chathair i mbealaí éagsúla faoi agallamh, soláthraíodh eolas a bhaineann le húsáid na Gaeilge sa chathair agus cuirtear an fhaisnéis sin san áireamh nuair a phléitear úsáid sa chaibidil seo. Ag deireadh na caibidle, pléitear an pictiúr iomlán a cruthaíodh de chúrsaí Gaeilge sa chathair mar thoradh ar an obair pháirce seo.

Mar a pléadh i gCaibidil 4, baineadh leas as an bpacáiste staitisticiúil SPSS chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bailíodh ón gceistneoir. Déantar níos mó anailísí ar na bunthorthaí a fuarthas sa cheistneoir chun tuiscint a fháil ar an tionchar (más ann dó) a bhíonn ag athróa sóisialta na rannpháirtithe ar a n-iompar teangeolaíoch. Déantar cros-tablú idir na sonraí a bailíodh ar chumas, úsáid agus dearcadh le hathróa déimeagrafacha éagsúla. Seo rud a mholtar go minic sa réimse. *'The method of grouping and correlating social and linguistic factors has certainly stood the test of time and will be the basis of future research in the field, with big-data approaches as a natural extension'* (Smakman, Heinrich: 2018, 7). Socraíodh ar an gcrostablelú sin a dheanamh ar bhonn **inscne, aoise, oideachais** agus **méid ama ó scoil a fhágáil**. Áiríodh stádas fostaíochta na rannpháirtithe mar athróg chomh maith ar dtús ach níor léiríodh suntas sna torthaí a fuarthas agus fágtagar ar lár na torthaí sin ón anailís, mar sin.

6.3 Ceisteanna déimeagrafacha- an ceistneoir

Mar a pléadh i gCaibidil 3 agus cur chuige an staidéir faoi chaibidil, líon 564 duine an ceistneoir ar deireadh. Bhí coinníoll ann go mbeadh rannpháirtithe os cionn seacht mbliana déag d’aois chun coinníollacha MIREC (an Choiste Eitice Mhuire gan Smál) a chomhlíonadh. Bhí fáil ar leagan Gaeilge agus leagan Béarla den cheistneoir agus tugadh rogha do na freagróirí an ceistneoir a líonadh ina rogha teanga. Líon 11% (64 duine) an leagan Gaeilge agus líon 89% (500 duine) an leagan Béarla. Baineann Cuid A den cheistneoir le ceisteanna déimeagrafacha. Socraíodh go mbeadh sé tairbheach an fhaisnéis dhéimeagrafach seo a chur san áireamh chun coibhnis idir athróa nach mbaineann le teanga agus na príomhthorthaí a scrúdú. Úsáidtear sonraí ar cheisteanna déimeagrafacha mar athróa catagóireacha in SPSS. Chomh maith leis sin, feidhmíonn ceisteanna déimeagrafacha mar chinntiú go bhfaightear pictiúr soiléir d’ionadaíocht an tsampla. Dar le Zhou:

To understand the impact of a specific LP on its target community, we need some measurements to assess the policy’s effects there. This is where census data and demography may play a crucial role in our critique and evaluation of LP and its impact. (2015: 205)

Maidir le haois fhreagróirí an cheistneora, is é seo a leanas briseadh síos na dtorthaí ar bhonn aoise:

Aoisghrúpa	Céatadán	Minicíocht
18-24	11.7	66
25-34	37.9	214
35-44	16.3	92
45-54	15.4	87
55-64	11.5	65

65-74	6.0	34
75+	0.9	5
iomlán	100	564

Tábla 6.1 Dáileadh aoiseanna- ceistneoir


Is í an chatagóir leis an líon daoine is airde ar fad ná daoine san aoisghrúpa 25-34 ach d'fhreagair faisnéiseoirí ó gach aoisghrúpa ó 18-75+ an ceistneoir. Feictear ó na torthaí thuas go bhfuil formhór mór fhreagróirí an cheistneora (70.6%) idir 25-54 bliana d'aois. Ó thaobh inscne de, mná is ea 55.1% de na faisnéiseoirí agus fir is ea 44.9% díobh. Tagann na céatadán seo leis na sonraí déimeagrafacha ó Dhaonáireamh 2016, ó thaobh ionadaíochta de, go bhfuil níos mó ban ná fear ina gcónaí sa chathair (52%- 47.9%).

Léiríonn an fhaisnéis a bailíodh ó na torthaí seo gurb as Éirinn ó dhúchas 97.6% de na freagróirí. Is é Béarla an chéad teanga ag 94.9%. Cuireadh ceist san áireamh faoi na teangacha a labhraítear sa bhaile agus d'fhreagair 80% go labhraítear Béarla amháin, d'fhreagair 0.5% (triúr) go labhraítear Gaeilge amháin, d'fhreagair 17.6% go labhraítear Gaeilge agus Béarla agus 1.6% go labhraítear teanga eile. Níor cuireadh ceist faoi mhinicíocht labhairt na dteangacha éagsúla sa chuid seo agus ní fhéadfaí a rá mar sin, ó na daoine a d'fhreagair go labhraíonn siad Gaeilge agus Béarla sa bhaile, cé chomh minic is a labhraítear an dá theanga. Baineann ceist dhéimeagrafach eile leis an leibhéal is airde a shroich na rannpháirtithe sa chóras oideachais. Is san ord seo thíos na leibhéil is airde a sroicheadh dar leis na freagróirí, in ord ón bhfreagra is coitianta a tugadh:

- Tá céim bhaisiléara agam: 31.4%
- Tá an Ardeist déanta agam: 24.6%
- Tá dioplóma/ teastas agam: 13.8%
- Tá céim mháistreachta agam: 12.9%
- Tá an teastas sóisearach déanta agam: 7.3%
- Tá oideachas bunscoile agam: 6%
- Tá céim dochtúireachta agam: 1.6%
- Níl aon scolaíocht agam: 0.5%
- Eile: 1.8%

Tábla 6.2 Dáileadh leibhéal oideachais- ceistneoir

Maidir le taithí na bhfreagróirí leis an nGaeilge sa chóras oideachais, d'fhreagair 97.9% díobh go ndearna siad staidéar ar an nGaeilge ar scoil. Cuireadh ceist chomh maith faoi cé mhéad ama a caitheadh ag foghlaim na Gaeilge ar scoil. D'fhreagair formhór na bhfaisnéiseoirí gur chaith siad 13+ bliana ag foghlaim Gaeilge (59.8%) agus chaith 22.5% 10-12 bliana ag foghlaim Gaeilge ar scoil. Léiríonn an graf thíos dáileadh na gcéatadán i ngach catagóir:



Figiúr 6.1 Méid ama caite ag foghlaim na Gaeilge- ceistneoir

Bailíodh faisnéis sa chuid seo chomh maith faoi líon na mblianta ó d'fhág na freagróirí an córas oideachais agus úsáidtear na torthaí a fuarthas mar athróg chomparáideach i dtaca le cumas, úsáid agus dearcadh le linn na caibidle.

6.4 Cumas braite sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora: forbhreathnú


Baineann Cuid B den cheistneoir le cumas sa Ghaeilge. Áiríodh ceisteanna sa chuid seo faoi scolaíocht trí Ghaeilge agus faoi fhreastail ar chúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge. Dar le 18.1% gur fhreastail/go bhfreastlaíonn siad ar ghaelscoil/ ghaelcholáiste agus dar le 19.4% go

ndearna/ ndéanann siad staidéar ar an nGaeilge in institiúid tríú leibhéal. Baineann na ceisteanna eile sa chuid le cumas braite na bhfreagróirí agus áirítear ceisteanna faoi chumas ginearálta agus faoi chumas sna scileanna éagsúla teanga i slite éagsúla. Is ionann cumas i dteanga agus scileanna labhartha, léitheoireachta, scríofa agus tuisceana (nó éisteachta) a bheith forbartha. Aithnítear na scileanna sin go forleathan mar scileanna bunúsacha i bhfoghlaím teangacha (Usó-Juan, Martínez-Flor, 2006; Burns, Siegel, 2017).

Is riachtanas glan é cumas i dteanga chun í a úsáid. Lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta, forbraítear cumas go príomha tríd an gcóras oideachais agus mar a pléadh i gCaibidil 2, cuireadh ualach ar an gcóras oideachais Gaeilge a chur ar ais i mbéal an phobail i mbeartais na Gaeilge ó bhunú an Stáit. Aithníonn Grin (2003: 43) cumas mar cheann de thrí chúinse d'úsáid teanga (deis agus fonn na cinn eile), agus é ag caint go sonrath faoin gCairt Eorpach do Theangacha Mionlaigh agus Réigiúnacha. Míníonn Grin go n-úsáideann sé 'cumas' le ciall leathan agus go n-áiríonn sé na scileanna teanga *agus* an muinín chun iad a úsáid. Sa cheistneoir seo luaitear na scileanna teanga éagsúla go sonrath sna ceisteanna faoi chumas ach ní luaitear 'muinín'. Tháinig pointí faoi mhúinín i gcumas na bhfreagróirí sa Ghaeilge chun cinn sna ceisteanna oscailte, áfach, agus sna grúpaí fócais agus sna hagallaimh. Pléifear sin níos mó i gCuid 6.5. Féin-mheastóireacht a bhí i gceist anseo, faoi mar a dhéantar sna Daonáirimh. Maidir le hiontaofacht i bhféin-mheastóireacht, léiríonn taighde Ross (2006) go bhfuil leibhéal ard comhsheasmhachta inmheánachaí maidir le rath an mhodha seo torthaí comhsheasmhachta a bhaint amach. Dar leis: '*The psychometric properties of self-assessment suggest that it is a reliable technique producing consistent results across items, tasks and contexts.*' (11). Is ar thuairimí na rannpháirtithe i dtaca lena gcumas féin sa Ghaeilge atá an anailís seo bunaithe.

6.4.1 Cumas ginearálta sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora

Is í an chéad cheist sa cheistneoir faoi chumas sa Ghaeilge ná ‘An í Gaeilge do chéad teanga?’. D’fhreagair 5.5% de na freagróirí (nó 31 duine) gurb í agus 94.5% (nó 533 duine) nach í. Ansin bhí ceist faoi chumas ginearálta sa Ghaeilge- ‘Conas a chuirfeá síos ar do chumas sa Ghaeilge?’. Mar a léiríonn an graf thíos, an freagra is mó a tugadh ná ‘Tá beagán Gaeilge agam’. D’fhreagair 38.3% d’fhaisnéiseoirí leis an bhfreagra sin. Seo dáileadh na dtorthaí:



Figiúr 6.2 Cumas ginearálta sa Ghaeilge- ceistneoir

I staidéar an Athar Mhic Gréil sonraíodh torthaí chumas na bhfreagróirí cosúil leis na torthaí seo sa mhéid is gur fhreagair 36.9% de na faisnéiseoirí go raibh beagán Gaeilge acu.

Soláthraíonn Mac Gréil mar chúis fhéideartha leis seo an tacaíocht oifigiúil laghdaithe ón rialtas i mbunscoileanna agus meánscoileanna príomhshrutha (2009: 40). Ar an taobh eile caithfear ról an chórais oideachais sna torthaí maithe a aithint chomh maith. D’áitigh 34% go bhfuil cumas líofa nó maith acu sa Ghaeilge agus 23.4% go bhfuil Gaeilge mheasartha acu. Níor mhaígh ach 4.3% (24 duine) nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Tá suntas sa toradh gur mhaígh 11.3% go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge (ag leibhéal an chainteora dhúchais) nuair nár mhaígh ach 5.5% gurb í an Ghaeilge a gcéad teanga.

6.4.2 Cumas tuisceana, léitheoireachta, labhartha agus scríofa- torthaí an cheistneora

Is minic go mbíonn leibhéal éagsúla cumais ag daoine sna scileanna teanga éagsúla. Tugtar scileanna gabhchumais ar na scileanna a bhaineann leis an teanga a thuiscint agus tugtar scileanna ginchumais ar na scileanna atá riachtanach chun teanga a thairgeadh. Baintear leas as scileanna a shealbhaítear chun teachtaireacht a thairgeadh trí labhairt nó scríobh. Is scileanna glacacha iad léitheoireacht agus éisteacht. Is í an cheist a cuireadh chun cumas sna scileanna éagsúla teanga a mheas ná ‘Conas a chuirfeá síos ar do chumas sna scileanna teanga seo a leanas sa Ghaeilge?’ agus bhí labhairt, scríobh, tuiscint agus léitheoireacht na Gaeilge faoi chaibidil. Is iad na roghanna a soláthraíodh sa chás seo ná ‘an-mhaith’, ‘maith’, ‘cuíosach’, ‘lag’ agus ‘an-lag’ i bhfoirm scála Likert. D’fhreagair an céatadán is mó daoine go bhfuil cumas ‘cuíosach’ acu i ngach ceann de na scileanna teanga ach amháin i scríobh na Gaeilge, áit a d’áitigh formhór na bhfreagróirí go bhfuil cumas ‘lag’ acu.

Nuair a fhágtar an freagra ‘cuíosach’ ar lár ó na torthaí agus má thógtar na freagraí ‘an-mhaith’ agus ‘maith’ le chéile mar ‘ardchumas’ agus na freagraí ‘lag’ agus ‘an-lag’ le chéile mar ‘cumas íseal’ feictear gur mhaígh níos mó daoine go bhfuil cumas níos airde acu sna

scileanna gabhchumais teanga ná sna scileanna ginchumais teanga. Is feiniméan coitianta i bhfoghlaim teangacha mar dhara teanga go bhforbraítear scileanna gabhchumais go leibhéal níos airde níos tapúla ná go bhforbraítear scileanna ginchumais teanga (Ellis, *et al.*, 1994; Harris & Murtagh, 1999). Dar le hipitéis an chúlchéimnithe go gcailltear na scileanna ginchumais teanga níos tapúla ná scileanna gabhchumais teanga nuair nach n-úsáidtear iad. Mar a deir Corson, Tucker (1997: 54):

It is a well known finding in psycholinguistic research that generally language perception is easier than language production. Accordingly it is conceivable that productive skills will be more vulnerable to attrition than language production.

Ó thaobh chumas tuisceana de, d’fhreagair 71.7% go bhfuil ‘ardchumas’ acu agus d’fhreagair 68.6% go bhfuil ‘ardchumas’ léitheoireachta acu. Maidir leis na scileanna ginchumais teanga, d’fhreagair 65.7% go bhfuil ‘cumas íseal’ acu i labhairt na Gaeilge. Níor fhreagair ach 11.8% go bhfuil cumas ‘an-mhaith’ labhartha acu. D’fhreagair 78.2% go bhfuil ‘cumas íseal’ acu i scríobh na Gaeilge.

6.4.3 Cumas comhrá sa Ghaeilge agus scileanna teanga eile- torthaí an cheistneora

Cuireadh ceist ar fhreagróirí an cheistneora chomh maith faoi conas a chuirfidís síos ar a gcumas comhrá sa Ghaeilge go sonrath. Os rud é go bhfuil béim chomh mór sin ar chainteoirí gníomhacha Gaeilge a chruthú i spriocanna na S20B, socraíodh gurbh fhiú ceist mar seo a chur san áireamh. Féach sa tábla thíos na torthaí leis na roghanna a tugadh agus an bhfreagra is coitianta i gcló trom:

	Minicíocht	Céatadán
Tá mé breá ábalta comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge	68	12.1%
Tá mé ábalta comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge	68	12.1%
Is féidir liom comhrá réasúnta a bheith agam gan aon chúnamh	171	30.3%
Ní féidir liom ach cúpla focal a labhairt	208	36.9%
Ní féidir liom comhrá a dhéanamh	45	8%

Tábla 6.3 Dáileadh chumas comhrá- ceistneoir

Mar a shonraítear sa tábla, maíonn an céatadán is mó de na freagróirí (36.9%, 208 duine) nach féidir leo ach cúpla focal Gaeilge a labhairt. Áitíonn 24.2% go bhfuil siad ‘ábalta’ nó ‘breá ábalta’ comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge. Is é 5.5% an líon freagróirí a bhfuil Gaeilge mar chéad teanga acu, rud a fhágann gur shealbhaigh formhór na ndaoine seo Gaeilge mar dara teanga go leibhéal sách ard, dar leo féin. D’fhreagair 30.3% gur féidir leo comhrá réasúnta gan aon chúnamh a dhéanamh trí Ghaeilge.

Chun níos mó eolais a fháil faoi scileanna sonracha laistigh de na scileanna teanga eile a pléadh go dtí seo, cuireadh ceist sa cheistneoir chomh maith an mbeadh deacracht ag an bhfaisnéiseoir leis na rudaí seo a leanas i dtaca leis an nGaeilge: ‘an ghramadach cheart a úsáid’, ‘fuaimniú na Gaeilge’, ‘litríú na Gaeilge’, ‘comhrá a thuiscint i nGaeilge’ agus ‘do ghnó laethúil a dhéanamh trí Ghaeilge’. Dar leis na torthaí ní bheadh mórán deacrachta ag daoine le fuaimniú na Gaeilge ná le litriú na Gaeilge. Tiomsaítear thíos roinnt de na torthaí is suntasaí a tháinig chun cinn, i bhfianaise na dtorthaí eile a fuarthas ón gcuid seo den cheistneoir ar chumas sa Ghaeilge:

-D’fhreagair beagnach leath de na freagróirí (48.4%) nach mbeadh deacracht ar bith acu le fuaimniú na Gaeilge.

-D’fhreagair formhór na bhfreagróirí (60.9%) go mbeadh a lán deacrachta acu a ngnó laethúil a dhéanamh trí Ghaeilge.

-D’fhreagair 7.8% nach mbeadh deacracht ar bith acu a ngnó laethúil a dhéanamh trí mhéan na Gaeilge, sin an céatadán céanna is a d’fhreagair go bhfuil cumas ‘an-mhaith’ labhartha acu.

-D’fhreagair 92.2% de dhaoine a d’fhreagair go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge go mbeidís sásta a ngnó laethúil a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

-D’fhreagair 40.4% go mbeadh a lán deacrachta acu an ghramadach cheart a úsáid sa Ghaeilge.

6.4.4 Cumas braite na bhfaisnéiseoirí: athróa pearsanta

Chomh maith le tástálacha staitisticiúla a bhaint de na bunthorthaí a tháinig chun cinn ón gceistneoir i dtaca le cumas sa Ghaeilge, rinneadh trastáblú chun naisc idir chumas agus athróa pearsanta na bhfaisnéiseoirí a scrúdú. Rinneadh sin ar bhonn inscne, aoise, oideachais agus méid ama ó scoil a fhágáil. Baintear leas as trastáblú chun an caidreamh idir dhá athróg chatagóireacha a scrúdú. Táblaí sonraí atá i gceist ina gcuirtear i láthair torthaí an ghrúpa iomlán d'fhreagróirí chomh maith le torthaí ó fhoghrúpaí. Aibhsíonn trastábluithe gaolta idir athróa (Kirkpatrick, Feeney, 2015: 99).

6.4.4.1 Inscne agus cumas sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora

Ó thaobh inscne na bhfreagróirí de, ní raibh sainbhír sna torthaí ó thaobh comhchoibhnis idir inscne agus cumas. Tuairiscítear cumas ábhairín níos airde ag na mná a líon an ceistneoir ach bhí an difríocht laistigh den lamháil earráide. Mar sin glactar leis gurb ionann an cumas a thuairiscítear sna torthaí a fuarthas faoi chumas sa Ghaeilge ar bhonn inscne de, a bheag ná a mhór.

6.4.4.2 Aois agus cumas sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora

Sonraítear i dtábla 6.5 céatadán iomlán na ndaoine i ngach catagóir aois-ghrúpa agus a gcumas braite sa Ghaeilge. Cuireadh an freagra is coitianta a tugadh i ngach catagóir i gcló trom le líne faoi:

Aois	n/a Gaeilge	Beagán	Measartha	Maith	Líofa
18-24	10.6	22.7	<u>28.8</u>	22.7	15.2
25-34	0.9	<u>35.6</u>	25.6	25.3	12.6
35-44	7.6	<u>39.9</u>	28.6	19.6	4.3
45-54	4.6	<u>50.6</u>	23.0	11.5	10.3
55-64	4.6	<u>49.2</u>	23.1	10.7	12.4
65-74	2.9	<u>34.4</u>	29.4	21.5	11.8
75+	0	0	<u>60.0</u>	40.0	0

Tábla 6.5 Comhchoibhneas cumas sa Ghaeilge agus aois

I bhformhór na n-aoisghrúpaí d’fhreagair an céatadán is mó de na faisnéiseoirí go bhfuil beagán Gaeilge acu. D’fhreagair formhór na bhfreagróirí sna haoisghrúpaí 18-24 agus 75+ go bhfuil cumas measartha acu sa Ghaeilge; níl ach cúigear sa chatagóir 75+ áfach. Tá an céatadán is mó d’fhreagróirí a áitíonn go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge san aoisghrúpa 25-34. Tá 42.2% de dhaoine a d’fhreagair go bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu san aoisghrúpa seo. Má fhéachtar ar dháileadh na dtorthaí i measc rannpháirtithe a d’fhreagair go bhfuil cumas ‘líofa’ nó ‘maith’ acu sa Ghaeilge, ábhar dóchais do thodhchaí na Gaeilge é céatadán na bhfreagróirí sna haoisghrúpaí 18-24 agus 25-34 a d’fhreagair amhlaidh. D’fhreagair an céatadán céanna sa dá chatagóir sin, 37.9%, go bhfuil cumas ‘líofa’ nó ‘maith’ acu sa Ghaeilge. I ndiaidh sin feictear titim go 23.9% san aoisghrúpa 35-44, 21.8% san aoisghrúpa 35-44, méadú beag arís i ndiaidh sin (23.1% san aoisghrúpa 55-64) agus tá méadú suntasach arís sa chatagóir 65-74 go 33.3%. Os rud é go léiríonn na torthaí ó na ceisteanna déimeagrafacha gur fhoglaím formhór freagróirí an cheistneora an Ghaeilge mar dhara teanga sa chóras oideachais, seans gur léirú é an titim sin ar chreimeadh teanga thar na blianta. Pléitear an coincheap sin níos mó i gcomhthéacs an

méid ama ó scoil a fhágáil agus cumas i gCuid 6.4.4.4. In ainneoin na dtorthaí dearfacha a sonraíodh san aoisghrúpa 18-24, áfach, tá sé suimiúil go maíonn 10.6% de na freagróirí san aoisghrúpa seo nach bhfuil aon Ghaeilge acu.

6.4.4.3 Oideachas agus cumas sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora

Tá suntas sa trastáblú a bhaineann le hoideachas agus cumas sa Ghaeilge agus ní haon iontas é sin ón méid a phléitear go dtí seo faoin gcóras oideachais mar phríomh-uirlis sealbhaithe na Gaeilge lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. Sa tábla thíos, léirítear tionchar an oideachais ar chumas braite na bhfreagróirí sa Ghaeilge. Tá an toradh is coitianta i ngach catagóir i gcló trom le líne faoi:

	n/a Gaeilge	Beagán	Measartha	Maith	Líofa
Níl aon scolaíocht agam	0	0	0	<u>100</u>	0
Tá oideachas bunscoile agam	5.9	<u>70.6</u>	14.7	5.9	2.9
Tá an teastas sóisearach agam	14.6	<u>36.6</u>	<u>36.6</u>	9.8	2.4
Tá an ardteist agam	7.2	<u>46.8</u>	25.2	17.3	3.6
Tá dioplóma/ teastas agam	2.6	<u>56.4</u>	23.1	12.8	5.1
Tá céim bhaitisiléara agam	1.7	24.3	25.4	<u>32.2</u>	16.4
Tá céim mháistreachta agam	0	30.1	13.7	<u>34.2</u>	21.9
Tá céim dhochtúireachta agam	0	22.2	11.1	22.2	<u>44.4</u>

Tábla 6.6 Comhchoibhneas cumas sa Ghaeilge agus leibhéal oideachais

Feictear ó na torthaí go maíonn céatadán níos airde freagróirí go bhfuil cumas níos fearr acu sa Ghaeilge má tá siad tar éis leibhéal níos airde oideachais a shroicheadh, go ginearálta (eisceacht amháin atá sa chatagóir ‘níl aon scolaíocht agam’, ach níl ach triúr freagróirí sa

ghrúpa seo). Sa cholún ‘líofa’, feictear go méadaíonn céatadán na bhfreagróirí a d’fhreagair go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge de réir na leibhéal oideachais atá sroichte acu go comhsheasmhach (ach amháin ó na catagóirí ‘tá oideachas bunscoile agam’ agus ‘tá an teastas sóisearach agam’). A mhalairt de phatrún a fheictear sa cholún ‘n/a Gaeilge’ le líon na bhfreagróirí i ngach catagóir a mhaíonn nach bhfuil aon Ghaeilge acu ag titim de réir na leibhéal oideachais atá sroichte acu (arís is eisceacht é an méadú ó 5.9% de na freagróirí le hoideachas bunscoile a maíonn nach bhfuil aon Ghaeilge acu go 14.6% d’fhreagróirí a bhfuil an teastas sóisearach déanta acu a maíonn amhlaidh). Fianaise atá sna torthaí seo ar rath áirithe i gcur chun cinn na Gaeilge sa chóras oideachais.

6.4.4.4 Méid ama ó scoil a fhágáil agus cumas sa Ghaeilge- torthaí an cheistneora

Rinneadh trastáblú chun a fháil amach an raibh comhghaol idir an méid ama ó scoil a fhágáil agus cumas sa Ghaeilge chomh maith. Léirítear sa tábla thíos dáileadh na dtorthaí leis an bhfreagra is coitianta i ngach catagóir i gcló trom le líne faoi:

	n/a Gaeilge	Beagán	Measartha	Maith	Líofa
Fós ar scoil	6.7	<u>40.0</u>	20.0	20.0	13.3
1-5 bliana	9.4	<u>30.2</u>	26.4	24.5	9.4
6-11 bliana	4.5	<u>32.7</u>	25.2	31.7	11.7
12-17 bliana	5.4	<u>42.3</u>	22.2	22.0	8.1
18+ bliana	5.7	<u>41.0</u>	24.6	17.9	10.8

Tábla 6.7 Comhchoibhneas cumas sa Ghaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil

Is é an freagra is coitianta a tugadh i ngach catagóir ná ‘tá beagán Gaeilge agam’ fiú i measc rannpháirtithe a bhí fós ar scoil. Ó thaobh líofachta de, áfach, áitíonn céatadán níos mó sa chatagóir ‘fós ar scoil’ go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge ná mar a dhéantar sna catagóirí eile. Tá taighde déanta ar chreimeadh teanga mar a bhaineann sé le sealbhú an dara teanga i dtimpeallacht T1 ó na 1960í ar leith (Clyne, 1967; Yagmur, 1997; Hulsen, 2000). Baineann staidéir ar chreimeadh teanga sa chomhthéacs sin le próisis shíctheangeolaíocha agus cúinsí sochtheangeolaíocha. Tugann na sonraí ar líofacht sa Ghaeilge le tuiscint go bhfuil creimeadh éigin ar siúl i measc na bhfreagróirí tar éis scoil a fhágáil ach ní léiríonn na torthaí seo go húdaráisach leibhéal an chreimthe atá ar siúl, os rud é go bhfuil na torthaí measctha sna catagóirí éagsúla. Cé go bhfuil na torthaí sa chatagóir ‘líofa’ i measc na bhfreagróirí atá fós ar scoil dearfach i gcomparáid leis an bhfaisnéis ar líofacht i measc freagróirí eile, tá sé suntasach chomh maith go maíonn 40% de na freagróirí a bhí fós ar scoil (i 2015) go bhfuil beagán Gaeilge acu agus 6.7% díobh nach bhfuil aon Ghaeilge acu.

6.5 Cumas rannpháirtithe na ngrúpaí fócais (agus agallaimh leantacha) sa Ghaeilge

Tugtar forbheathnú anseo ar chumas braite rannpháirtithe na ngrúpaí fócais sa Ghaeilge. Cuireadh dhá cheist shonracha ar na rannpháirtithe chuige sin. Bhain an chéad cheist le cumas ginearálta- ‘Conas a chuirfeá síos ar do chumas sa Ghaeilge?’. Agus leis an dara ceist díríodh ar chumas comhrá sa Ghaeilge, os rud é go mbaineann cuspóirí na S20B go dlúth le cruthú chainteoirí gníomhacha Gaeilge. Is í an cheist sin ná ‘An mbeifeá in ann comhrá a bheith agat trí Ghaeilge?’. Os rud é gur grúpaí fócais eitneagrafacha, leath-struchtúrtha, a bhí i gceist níor cloíodh leis na ceisteanna réamh-ullmhaithe amháin, áfach. Mar a phléitear sa chaibidil ar chur chuige an taighde (Cuid 4.7.3) cuireadh cúig ghrúpa fócais ar siúl san iomlán i samhradh

2015. Bhí grúpa fócais amháin trí mheán na Gaeilge (ar an 19ú Iúil) agus ceithre cinn eile trí mheán na Gaeilge. As an dáréag rannpháirtithe a d'fhreastail ar an ngrúpa fócais trí Ghaeilge is í Gaeilge céad teanga cúigear acu; is é Béarla céad teanga an seachtar eile. Ar an iomlán, is í Gaeilge céad teanga seisear as daichead a d'fhreastail ar na grúpaí fócais go léir agus shealbhaigh an seisear sin Gaeilge sa bhaile sa teaghlach. Is as ceantair Ghaeltachta ó dhúchas ceathrar den seisear sin agus bhog siad go cathair Chorcaí níos déanaí; rugadh agus tógadh an bheirt eile le Gaeilge sa chathair agus de bhunadh cheantair Ghaeltachta ar a laghad tuismitheoir amháin na beirte. Shealbhaigh na rannpháirtithe eile (34) Gaeilge sa chóras oideachais.

Tháinig téamaí coitianta chun cinn nuair a bhí na rannpháirtithe i mbun comhrá ar chúrsaí cumais, lena n-áirítear creimeadh teanga agus tionchar an chóras oideachais ar a gcumas. Rinneadh códú ar na téamaí coitianta a tháinig chun cinn a bhí ábhartha don taighde. Nuair a tugadh faoi bhainistíocht sonraí, bailíodh catagóirí ráitis choibhéiseacha a i ngrúpaí ar bhonn feiniméagrafach. Nuair a bailíodh na ráitis ábhartha le chéile comhairíodh iad chun tuairim a fháil ar cé chomh coitianta is a bhí na smaointe sin. Cuireadh san áireamh sna comhairimh seo rannpháirtithe a d'aontaigh le ráitis a dúradh agus caithfear cuimhneamh air sin ó thaobh chruinneas na dtorthaí de. Is meastacháin iad na comhairimh ar leitheadúlacht na smaointe. Níor tháinig na téamaí céanna chun cinn i ngach seisiún. Mar sin, ní uimhir as daichead (iomlán na rannpháirtithe) atá i gceist le gach grúpa catagóirí ach áirítear na huimhreacha mar léiriú ar mhinicíocht na dtéamaí céanna. Don chúis chéanna ní áirítear céatadáin leis na téamaí éagsúla. Seo thíos tábla leis na téamaí is coitianta agus is ábhartha a pléadh sna grúpaí fócais ó thaobh cumais sa Ghaeilge de. Féach Aguisín K don tábla leis an

achóimre cainníochtúil ar thorthaí iomlán na ngrúpaí fócais. Sna codanna a leanann, pléitear na téamaí éagsúla agus áirítear ráitis ábhartha a bailíodh ina leith:

Toradh	Minicíocht
Ardchumas sa Ghaeilge	n = 12
Cumas réasúnta sa Ghaeilge	n = 9
Cumas íseal sa Ghaeilge/ gan aon chumas sa Ghaeilge	n = 19
Tionchar dearfach ag an gcóras oideachais (an scoil, an múinteoir, an cúrsa) ar chumas sa Ghaeilge	n = 5
Tionchar diúltach ag an gcóras oideachais (an scoil, an múinteoir, an cúrsa) ar chumas sa Ghaeilge	n = 11
Éagsúlacht i gcumas sna scileanna glacacha agus sna scileanna tairgiúla teanga	n = 9
Creimeadh teanga	n = 6
Cad a spreagann daoine le Gaeilge a fhoghlaim	n = 7
Muinín mar thoisic i sealbhú na Gaeilge	n = 7

Tábla 6.8 Achóimre cainníochtúil de chumas sa Ghaeilge- grúpaí fócais

6.5.1 Plé ar chumas braite sa Ghaeilge sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Ardchumas sa Ghaeilge	n = 9
Cumas réasúnta sa Ghaeilge	n = 7
Cumas íseal sa Ghaeilge/ gan aon chumas sa Ghaeilge	n = 18

Nuair a pléadh cumas sa Ghaeilge bhí sé i bhfad níos coitianta gur mhaígh rannpháirtithe na ngrúpaí fócais go bhfuil cumas íseal acu nó nach bhfuil aon Ghaeilge acu ná gur mhaígh rannpháirtithe go bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu. B'fhíor sin sna ghrúpa fócais ar fad ach amháin an grúpa fócais a cuireadh ar siúl trí mheán na Gaeilge. Seo thíos freagra a tugadh ar an gceist 'conas a chuirfeá síos ar do chumas sa Ghaeilge?' sa ghrúpa fócais sin:

Bhuel is í Gaeilge mo chéad teanga agus an t-aon teanga amháin a labhraíomar sa bhaile agus mé i mo pháiste agus tá caighdeán maith agam i gcónaí sa Ghaeilge. (R9: 19/07/2015)

Seo thíos samplaí de ráitis a fuarthas nuair a cuireadh ceist faoi chumas comhrá sa Ghaeilge go sonrach sa ghrúpa fócais céanna. Is í Gaeilge céad teanga R8 agus Béarla céad teanga R7 agus R3:

Tá sé nádúrtha domsa Gaeilge a labhairt. Is í Gaeilge amháin a labhraím le mo chlann. Tá beirt pháiste óga agam...trí bliana d'aois agus sé bliana d'aois...agus is í Gaeilge an teanga chumarsáide s'againne. (R8: 19/07/2015)

Déanaim Gaeilge mar ábhar san ollscoil faoi láthair agus mar sin, bím ag labhairt as Gaeilge go minic agus bheinn in ann comhrá a bheith agam le duine eile gan deacracht. (R7: 19/07/2015)

Níl a fhios agam faoi chumas, bhí cumas réasúnta agam nó cumas maith agam is dócha sa Ghaeilge i gcónaí ó bhí mé ar scoil. (R3: 19/07/2015)

Fiú sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge, áfach, maíonn roinnt de na rannpháirtithe nach bhfuil ach cumas réasúnta acu sa Ghaeilge, agus uaireanta maíodh go mbeadh cumas níos fearr ag rannpháirtithe i scileanna teanga ar leith thar a chéile. I measc na rannpháirtithe a raibh Béarla mar chéad teanga acu sa ghrúpa fócais seo pléadh easpa muiníne agus iad i mbun chomhrá le cainteoirí dúchais na Gaeilge. Pléitear muinín níos mó i gCuid 6.5.6. Dar leis an rannpháirtí thíos go bhfuil cumas réasúnta aici sa Ghaeilge ach go mbeadh sí in ann comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge gan mórán deacrachta. Os rud é gur cuireadh an grúpa fócais seo ar siúl

go hiomlán trí mheán na Gaeilge, ardaíonn ráitis mar sin ceisteanna faoi fhéinmheastóireacht ar chumas:

Tá cumas réasúnta agam. Bheinn in ann comhrá a bheith agam ceart go leor ach uaireanta caithim focail i mBéarla isteach uaireanta. Ach úsáidim Gaeilge go minic agus mar sin ní bheadh sé ródheacair agam comhrá Gaeilge comhrá i nGaeilge a bheith agam le duine eile. (R1: 19/07/2015)

I ngach grúpa fócais a cuireadh ar siúl trí mheán an Bhéarla, ba choitianta i measc na rannpháirtithe an tuairim go bhfuil cumas íseal sa Ghaeilge acu nó nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Seo sampla de na ráitis a bailíodh sna grúpaí fócais sin ó thaobh chumas ginearálta agus chumas comhrá de:

[maidir le cumas comhrá sa Ghaeilge]: Oh there is no way I would be able to. I have no Irish now at this stage like. (R2: 12/07/2015)

Oh there is no chance I could have a conversation with someone in Irish anyway. No chance. (R2: 02/08/2015)

I know about three odd words and that's it. I'd have absolutely no Irish. (R5: 02/08/2015)

My Irish would be very limited at this stage but I think I would be able to have a very, very basic conversation alright. It would all have to be in the present tense though. If whoever I was talking to moved onto the past tense or the future tense then I wouldn't know what to do. (R2: 05/07/2015)

My Irish is very limited. I definitely would not be able to hold a conversation on a wide variety of topics. My conversation skills would always have been very much dependent on topics we would have covered at school that don't come up in real life. (Agallamh Leantach 4)

Bhí rannpháirtithe eile sna grúpaí fócais trí mheán an Bhéarla a bhí cumas réasúnta nó ardchumas acu sa Ghaeilge, mar a léiríonn na ráitis thíos, ach mionlach beag na rannpháirtithe a bhí i gceist:

I'd describe my ability in Irish as reasonable to good. I could have a conversation in Irish without too much difficulty. My vocabulary would be limited on certain topics but I could have a general conversation alright. (R3: 12/ 07/2015)

I grew up speaking Irish at home so yeah, I would still be able to have a conversation in Irish now. (R6: 05/07/2015)

6.5.2 Plé ar thionchar an chóras oideachais ar chumas sa Ghaeilge sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Tionchar dearfach ag an gcóras oideachais (an scoil, an múinteoir, an cúrsa) ar chumas sa Ghaeilge	n = 7
Tionchar diúltach ag an gcóras oideachais (an scoil, an múinteoir, an cúrsa) ar chumas sa Ghaeilge	n = 12

Labhair rannpháirtithe ó fhor mhór na ngrúpaí faoin tionchar ag an gcóras oideachais ar chumas na rannpháirtithe sa Ghaeilge. I gceithre as cúig ghrúpa fócais pléadh tionchar a bhí ag an scoil, ag an múinteoir nó ag an gcúrsa ar chumas, bíodh sé dearfach nó diúltach. Luadh múinteoirí go minic mar dhaoine lárnacha sa taithí foghlama agus an fíorthionchar a bhíonn acu ar an taithí sin, bíodh sin maith nó olc. Téama coitianta a tháinig chun cinn sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge ná dea-thionchar múinteoirí ar chumas na rannpháirtithe agus ar a ndearcadh i leith na Gaeilge. Seo thíos sampla de na ráitis sin ón ngrúpa fócais trí mheán na Gaeilge:

Nuair a bhíos sa mheánscoil in Inis bhí múinteoir againn ó Chorca Dhuibhne agus fear iontach don Ghaeilge a bhí ann agus ní raibh sé ródhian orainn agus mar sin thug sé grá dúinn don teanga. (R7: 19/07/2015)

Is cinnte go ndéanann sin difríocht. An chéad mhúinteoir a bhí agam sa bhunscoil ní raibh grá aige don teanga in aon chor ach ansin bhog sé go scoil eile agus bhí múinteoir nua againn agus bhí sé i bhfad bhfad níos fearr. Bhí tionchar an-dearfach aige ar an rang agus bhí gach duine lánsásta Gaeilge a chleachtadh leis. Bhí se go hiontach. (R11: 19/07/2015)

Déanann an múinteoir an-difríocht. Bhí ár múinteoir Gaeilge an-deas dúinn. Agus thug sé pointe dúinn i rith na seachtaine faoi ábhar amháin agus dá mbeadh siad go léir agat ag deireadh na seachtaine thug sé dhá phingin duit. Ach tá sé an-thábhachtach. Mar cuireann sé brón orm nuair a chloisim daoine óga ag rá: *'Oh Irish in school'* agus nuair a bhíonn daoine fiordhiúltach faoin teanga agus an tslí a múintear í. Braitheann sé go mór ar an múinteoir grá don teanga a thabhairt do na páistí. (R3: 19/07/2015)

Is léir go raibh tionchar nach beag ag na múinteoirí a bhí ag na rannpháirtithe thuas ar a gcumas sa Ghaeilge; ní hí an Ghaeilge céad teanga na rannpháirtithe áirithe seo agus an triúr acu níos mó ná fiche bliain tar éis scoil a fhágáil. Labhair an rannpháirtí thíos faoin tionchar dearfach a bhí ag an scoil féin ar a thaithí foghlama:

Aontaím go mór leis sin. Nuair a bhí mé ar scoil, níor fhreastail mé ar ghaelscoil ach fiú ón mbunscoil bhí béim mhór go leor ar an nGaeilge ar scoil. Agus bhain mé an-taitneamh as ar scoil. Thaitin na ceachtanna liom agus bhí sé níos éasca mar sin an obair a dhéanamh. Agus is cuimhin liom a bheith ag caint le cairde liom sa bhaile a bhí ag freastail ar scoileanna difriúla sa chathair agus nuair a bhíomar ag déanamh obair bhaile le chéile abair bhí i bhfad níos mó deacrachta acu le Gaeilge. Agus ceapaim go mbaineann sé ní hamháin leis an múinteoir ach le dearcadh na scoile chomh maith mar sin. (R1: 19/07/2015)

Os a choinne sin, léiríonn an ráiteas thíos an toradh diúltach nuair nach mbíonn an bhéim chéanna ar an nGaeilge sa bhunscoil agus an tionchar aige sin ar fhoghlaim na Gaeilge ag leibhéil níos airde sa chóras oideachais:

I loved learning about it and I loved being immersed in it in the classes, but I was never good at it. But I think it was because in my primary school there wasn't much emphasis on it and our secondary school teachers actually noticed it when we came in that the students coming from my primary school weren't good at Irish or maths. (R3: 02/08/2015)

Luadh easpa suime an mhúinteora agus an droch-thionchar aige sin ar sheachadadh na Gaeilge in áiteanna eile sna grúpaí fócais chomh maith. Bhí tuairim láidir dhiúltach ag an rannpháirtí thíos ag faoin múinteoir Gaeilge a bhí aige agus é ar scoil. Dar leis nach raibh suim ná cumas sa Ghaeilge ag an múinteoir agus bhí tionchar ag sin ar an rang go léir:

Even when I was at school I was no good at it really and it did not help that my teacher was absolutely useless. Like it was very obvious that he did not have interest in the language himself and I do not think he even had great Irish himself because literally everyone in my class just scraped through in the Leaving Cert. (R2: 12/07/2015)

Labhair an rannpháirtí thíos faoin tionchar a bhíonn ag dearcadh an mhúinteora ar thaithí foghlama na mac léinn chomh maith:

I think that a big part of the problem with Irish in primary school is that even though the teaching has changed and it does allow for the children to speak more Irish, a lot of teachers hate Irish. They're not confident and they don't want to teach it and you pass on resentment. You pass on resentment faster than you'd pass on happiness. And teachers who aren't enthusiastic about Irish...or not even enthusiastic but teachers who aren't confident about Irish, that gets passed on.

Feictear thíos ráitis dhiúltacha eile faoin nGaeilge sa chóras oideachais agus faoin easpa béime ar chumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ag an dara leibhéal go háirithe:

..in general I thought on the course there was definitely way too much emphasis on learning off poems and stories and for the oral we just learned a few things off by heart for that too. (R1: 12/07/2015)

It was like that for us too. Even for the oral exam we would have things written out to learn off by heart. And we had kind of one slot a week coming up to the exam where we would practice then.. but I think they nearly expect that, especially at ordinary level. It seemed like the examiners had a set list of questions too so you already knew what you had to answer going into it. (R4: 12/07/2015)

Our school teacher was basically...from first year he'd just sit back and say just read page four and five. There wasn't actually any communication with the class and the teacher with the actual language. It would just be "read it" and that was it. (R5: 02/08/2015)

Labhair an rannpháirtí seo, a d'fhreastail ar ghaelscoil agus ar ghaelcholáiste go mbíonn tionchar ag dearcthaí agus ag smaointí réamhcheaptha faoin nGaeilge sa chóras oideachais ar chumas sa Ghaeilge:

There's such a sense out there, it's almost like an unspoken assumption that Irish is taught badly and you know, teachers aren't enthusiastic, kids aren't enthusiastic and because that's out there I think that tends to reinforce people if they struggle with it at all...what reinforces the difficulties that are there is the consensus out there that it's not taught well, nobody's enthusiastic about it. (R4: 12/07/2015)

6.5.3 Plé ar éagsúlacht i gcumas sna scileanna gabhchumais teanga agus sna scileanna ginchumais teanga sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Éagsúlacht i gcumas sna scileanna glacacha agus sna scileanna tairgiúla teanga sa Ghaeilge	n = 9

Léiríodh éagsúlacht i gcumas sna scileanna glacacha teanga agus sna scileanna ginchumais teanga sna grúpaí fócais. I measc na rannpháirtithe a labhair Gaeilge go rialta, uaireanta tugadh le fios nach mbíonn scileanna scríofa chomh forbartha is atá na scileanna labhartha. Thug cúpla rannpháirtí le fios nach mbeidís muiníneach faoina gcumas i ngramadach chruinn na Gaeilge a úsáid agus iad ag scríobh:

Tá sé i bhfad níos éasca a bheith ag caint ná ag scríobh domsa ar aon nós. Bheinn in ann comhrá a bheith agam gan mórán stró ach dá mbeadh orm aiste a scríobh, abair, nó alt a scríobh, bheadh sé i bhfad níos deacra dom. Ach is ea, ó thaobh comhrá de, ní bheadh mórán deacrachta agam. (R3: 19/07/2015)

Bheinnse mar an gcéanna le R3. Ní bheadh deacracht agam i labhairt na Gaeilge ach nuair a bhíonn orm Gaeilge a scríobh ní bhím cinnte faoin ngramadach uaireanta. (R10: 19/07/2015)

Sna grúpaí fócais trí mheán an Bhéarla ba choitianta gur maíodh go mbeadh i bhfad níos mó deacrachta leis na scileanna ginchumais teanga (labhairt na Gaeilge go háirithe) ná leis na scileanna gabhchumais (tuiscint go háirithe). Nuair a pléadh cumas comhrá sa Ghaeilge b'iondúil gur mhaígh na rannpháirtithe a chuir in iúl nach mbeidís in ann comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge go mbeidís in ann Gaeilge a thuiscint. Seo roinnt samplaí:

I would definitely understand it to a certain extent but there is no way I would be able to speak it. (R2: 02/08/2015)

The same as R7 I would understand most things then. I was in the car with a cousin of mine a couple weeks ago and he would have good enough Irish, even though he had not studied it since school now in the same way. But he started kind of getting back into it over the last while and he's kind of trying to teach himself a bit again and he was listening to Raidió na Gaeltachta as were driving along and I was able to get the jist of the conversation. I surprised myself to be honest; I did not think I would be able to remember as much as I did. (R2: 05/07/2015)

Tagann na ráitis sin leis an bhfaisnéis a fuarthas ó na ceistneoirí go bhfuil na scileanna gabhchumais teanga níos forbartha ná scileanna ginchumais teanga i measc rannpháirtithe. I sealbhú an dara teanga bíonn scileanna tairgiúla teanga níos leochailí ná scileanna

gabhcumas teanga de ghnáth, dar le taighde ar chreimeadh teanga (Tucker & Corson, 1997; Hansen, 2000).

6.5.4 Plé ar chreimeadh teanga sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Creimeadh teanga ó scoil a fhágáil	n = 6

Labhair seisear rannpháirtithe faoi laghdú ina gcumas sa Ghaeilge ó d'fhág siad an córas oideachais. Bhí na rannpháirtithe sin go léir tar éis scoil a fhágáil níos mó ná ocht mbliana roimhe sin. Nuair a cuireadh ceist ar rannpháirtí amháin ‘conas a chuirfeá síos ar do chumas sa Ghaeilge?’ thosaigh sí ag caint faoin gcreimeadh teanga sin. Anois is múinteoir i naíonra í an rannpháirtí áirithe seo agus bhí uirthi Gaeilge a fhoghlaim arís mar chuid dá post. B'iontas di an méid a bhí le foghlaim arís. Dúirt sí:

I teach Irish in a montessori school and there's a teacher in the room next door and she's fluent in Irish. I had to go away and learn Irish this year because of it and I mean, to teach five year olds. I had to go away and learn Irish for that. You'd think I'd have learned enough. (R2: 02/08/2015)

Labhair gach rannpháirtí a thagair don chreimeadh ina gcumas sa Ghaeilge faoin tionchar a bhíonn ag easpa úsáide na Gaeilge ar an gcumas sin. Dar leis an dara rannpháirtí thíos nár chleachtaigh sí a scileanna Gaeilge ó d'fhág sí an scoil. Seo sampla de ráitis ó rannpháirtithe eile, a dhéanann trácht ar an gcreimeadh teanga tar éis blianta a chaitheamh lasmuigh den chóras oideachais:

Well actually I think, when you say beginner level [dírithé ag R1], I would say my Irish after how many years out of secondary school that my Irish is non-existent now. (R2: 05/07/2018)

I am out of school about fifteen years now and it has been about fifteen years since I last practised speaking Irish. I would love to be able to [speak the language] really now but I would not have the

language skills whatsoever to have a full blown conversation in Irish. (R2: 02/08/2015)

I did the Leaving Cert ten years ago in 2005. I loved Irish at school, I always did well at Irish and I got a good grade in the LC. Since then I haven't used Irish much apart from sometimes on holidays with friends when we would use Irish almost as a code language amongst ourselves. I have definitely a lost of my Irish in the intervening years. (Agallamh Leantach 3)

6.5.5 Plé ar cad a spreagann daoine le Gaeilge a fhoghlaim sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Plé ar cad a spreagann daoine le Gaeilge a fhoghlaim	n = 6

Go minic sa litríocht ar shealbhú an dara teanga pléitear an tionchar atá ag riachtanas mar inspreagadh d'fhoghlaim teangacha eile. Pléitear go forleathan chomh maith an tionchar ag 'mothachtáil' ar shealbhú an dara teanga. Glacann Stevick (1999: 44) le sainmhíniú Dulay, Bert agus Krashen (1982) agus í ag trácht ar cad atá i gceist leis an téarma sin. Is é atá i gceist le 'mothachtáil' duine i leith ruda nó gnímh nó cúinse, dar léi, ná conas a bhfeileann an rud nó gníomh nó cúinse do riachtanais nó spriocanna an duine mar aon leis an tionchar ar mhothúcháin an duine mar thoradh. Dar le Stevick nach iontas go gcuirtear mothúcháin san áireamh sa sainmhíniú sin os rud é gur freagairtí ar conas atá nó nach bhfuil riachtanais nó spriocanna an duine á gcomhlíonadh iad mothúcháin (*Ibid.*). Luaigh beirt rannpháirtithe sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge go raibh grá acu don Ghaeilge i gcónaí agus go raibh tionchar aige sin ar a gcumas:

Níl a fhios agam faoi chumas, bhí cumas réasúnta agam nó cumas maith agam is dócha sa Ghaeilge ó bhí mé ar scoil. Ach bhí grá agam don Ghaeilge an t-am go léir chomh maith. Níl a fhios agam cén fáth. Agus an clan go léir, bhí an-ghrá acu don Ghaeilge. Ceapaim go mbíonn an grá sin sa chroí. Bhí deirfiúr agam agus bhí sí i gcónaí i bhfad níos fearr ag scríobh aistí i nGaeilge ná i mBéarla agus níl a fhios agam cén fáth. (R3: 19/07/2015)

Bhí sé mar an gcéanna domsa. Bhí grá agam don teanga i gcónaí agus ceapaim go mbíonn sé níos éasca ansin caighdeán nó cumas maith sa teanga a bhaint amach mar tá sé difriúil óna bheith ag foghlaim ábhair cosúil le mata, nó eolaíocht nó pé rud é. (R2: 19/07/2015)

Luaitear an tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach i leith teanga agus cumas foghlama i dtaighde ar fhoghlaim teangacha agus i dtaca le foghlaim an dara teanga go sonrath (Hidri: 2018; Kondo, 1997). Pléitear an coincheap sin go minic sa tsíceolaíocht i dtaighde ar cad a spreagann daoine le dara teanga a fhoghlaim agus a choinneáil. Mar a deir Oroujlou & Vahedi (2011: 994): *'motivation and attitude provide primary impetus to initiate learning language 2 and later the driving force to sustain the long and often tedious learning process.'* Labhair rannpháirtithe eile faoina n-easpa cumais sa Ghaeilge os rud é nach n-úsáideann siad Gaeilge agus nach bhfeiceann siad feidhm phraiticiúil léi. Pléitear sin níos mó i dtaca leis an eolas a bailíodh ar úsáid na Gaeilge sna grúpaí fócais (Cuid 6.10.5).

6.5.6 Plé ar mhuinín mar thoisic i sealbhú na Gaeilge sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Muinín mar thoisic i sealbhú na Gaeilge	n = 7

Rud eile a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais ná muinín na rannpháirtithe ina gcumas féin sa Ghaeilge agus an tionchar a bhíonn aige sin ar thoilteanas í a úsáid. Níor cuireadh ceist shonrach ar na rannpháirtithe faoi seo ach tháinig sé suas mar théama i gceithre as an gcúig ghrúpa fócais. Labhair go leor rannpháirtithe faoin easpa muiníne atá acu ina gcumas sa Ghaeilge agus an tionchar a bhíonn aige sin ar úsáid na Gaeilge. Dar le rannpháirtí amháin:

I would say that I have the ability to have a very basic conversation in Irish but if I was to come in here say and someone started talking to me in Irish, I would just shut down. I wouldn't be able to think of things on the spot I'd say and then I'd just get flustered and not be able to speak. I think I would be assuming that the person working here would have way better Irish obviously so I wouldn't have the confidence. I'd feel like I'd be given out to if I got something wrong like being back in school. (R5:

02/08/2015)

Tagraítear d'fhéin-mhuinín go minic sa litríocht ar thosca tábhachtacha do shealbhú an dara teanga sa tsíceolaíocht. Soláthraíonn Clément, Dornyei agus Noels (1994) fianaise ina dtaighde gur fórsa inspreagtha mór é féinmhuinín theangeolaíoch i bhfoghlaim an dara teanga go háirithe nuair a bhíonn pobail éagsúla teanga i dteagmháil lena chéile. Áitíonn Clément (1980) gur constráid shóisialta go príomha é féinmhuinín theangeolaíoch ach go bhfuil comhpháirt chognaíoch ag baint leis chomh maith i bhfoirm cumas braite an duine sa teanga. Labhair an rannpháirtí thíos faoin easpa muiníne a bhí aici i dtaca lena cumas sa Ghaeilge agus í ar an meánscoil mar gheall ar an easpa béime a cuireadh ar an nGaeilge sa bhunscoil ar a d'fhreastail sí, sin in ainneoin an fonn a bhí uirthi an teanga a shealbhú:

So we had to work extra hard. And I was very good at all the other languages but then Irish I was never good at...I actually would have had more of an interest in the Irish language. So for me it was the confidence thing. (R3: 02/08/2015)

Seo thíos sampla eile de ráiteas rannpháirtithe faoin tionchar a bhíonn ag muinín i gcumas sa Ghaeilge ar úsáid ó fhreagra in agallamh leantach, a léiríonn an nasc idir muinín agus cumas braite an duine:

I would like to use it more but I don't feel confident enough in my ability to join a conversation circle in the city or anything like that because I would assume that everyone there would have a better level of Irish than I do and I would find that intimidating. (Agallamh Leantach 3)

6.6 Úsáid na Gaeilge- torthaí an cheistneora: forbhreathnú

I gcuid C den cheistneoir bailíodh torthaí faoi úsáid na Gaeilge agus faoi mhinicíocht úsáid na Gaeilge i measc na bhfreagróirí. Glactar leis go forleathan go mbrathann marthanacht teanga, dar ndóigh, ar a húsáid (Fishman, 1972, 1991). I straitéis reatha na Breatnaise 'Cymraeg 2050' labhraítear faoin tábhacht a bhaineann le deiseanna úsáide i suíomhanna

éagsúla chun ilghnéitheacht shaolta na gcainteoirí a léiriú agus deirtear go mba chóir deiseanna a sholáthar go gníomhach ‘*opportunities and services in Welsh should be offered proactively*’ (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 47). Cuireadh béim ar an tairiscint ghníomhach seo freisin sa straitéis ‘*A Living Language: A Language for Living*’ chomh maith. Déantar trácht ar na baic a bhaineann le húsáid sheirbhísí i mBreatain sa Bhreatain Bheag agus ar an ngá le fógraíocht a dhéanamh ar infhaighteacht na seirbhísí céanna: ‘*Evidence on the effectiveness of specific ways of addressing these barriers is lacking, although there is some evidence to suggest that marketing of the availability of Welsh Language services can lead to increased uptake*’ (Rialtas na Breataine Bige, 2012: 12). Aithnítear an tábhacht a bhaineann ní hamháin le soláthar seirbhísí teanga féin, ach le feasacht a ardú faoi na seirbhísí a bheith ar fáil. Tá meon Rialtas na Breataine Bige ceannasach anseo agus suimiúil i gcomhthéacs na tráchtairachta seo ó Enda Kenny i ndíospóireacht Dála nuair a labhraíonn sé faoin easpa éilimh ar sheirbhísí Gaeilge. Cuireadh ceist ar Kenny, a bhí ina Thaoiseach ag an am, an raibh iniúchadh déanta aige ar na poist agus na réimsí oibre ina mbeidh státseirbhísigh inniúil i nGaeilge agus i mBéarla, rud a mhol an Roinn Caiteachas Phoiblí agus Athchóirithe agus seo an freagra a tugadh:


Díríonn obair mo Roinne go príomha ar dhéileálacha leis an Rialtas agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. Mar thoradh air sin, ní thugaimid leibhéal mór éilimh faoi deara ón bpobal ar sheirbhísí i nGaeilge. (DD, 2015a)

Thug sé le fios gur ceapadh beirt oifigeach ina Roinn chun seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil don phobal agus dar leis, ‘is leor an líon oifigeach seo chun freastal ar an éileamh reatha’ (*Ibid.*). Mar a chonacthas i gCaibidil 2, is é aistriú cumas sa Ghaeilge go húsáid na Gaeilge sa tsochaí ceann de na príomh-laigí i mbeartas an Rialtais i leith na Gaeilge ó bhunú an Stáit. Cuirtear an-bhéim sa S20B ar leathnú úsáide na Gaeilge. Áirítear ceisteanna sa chuid seo faoi úsáid na

Gaeilge mar aon le feacht ar dheiseanna úsáide na Gaeilge sa chathair. I ndiaidh sin, arís, déantar tástálacha staitisticiúla chun comhchoibneas idir athróa pearsanta agus úsáid na Gaeilge a aithint. Ina theannta sin, déantar scagadh ar an gcomhchoibhneas idir cumas sa Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge.

6.6.1 Minicíocht úsáide agus cumas sa Ghaeilge


Baineann an chéad cheist sa chuid seo le minicíocht úsáide na Gaeilge. Is í an cheist féin ná ‘Cé chomh minic is a úsáideann tú Gaeilge?’ agus na roghanna a tugadh ná ‘go laethúil’, ‘cúpla uair sa mhí’, ‘anois is arís’, ‘go hannamh’, ‘riamh’ nó ‘riamh lasmuigh den chóras oideachais’. Tá na torthaí a fuarthas ar an gceist seo measctha go maith thar na roghanna éagsúla. Féach thíos dáileadh na bhfreagraí:



Figiúr 6.3 Minicíocht úsáide na Gaeilge- ceisteoir

D'fhreagair an líon céanna freagróirí go n-úsáideann siad Gaeilge go hannamh is a d'fhreagair go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil (20.1%- 113 duine). B'fhéidir go raibh locht ar an gcatagóiríú anseo os rud é go léimeann sé ó 'go laethúil' go 'cúpla uair sa mhí'. Aithnítear b'fhéidir gurbh fhearr rogha eile ('go seachtainiúil', b'fhéidir) a chur isteach idir na roghanna sin. Chomh maith leis sin, b'fhéidir gurbh fhearr ceist faoi mhinicíocht 'labhairt' na Gaeilge anseo seachas 'úsáid' mar shoiléiriú, mar is amhlaidh go bhfuil neamhréiteach éigin ann idir chumas (measartha/ íseal den chuid is mó) agus úsáid (rialta) na Gaeilge.

Mar iarracht ar dhul i ngleic leis an neamhréiteach sin pléitear thíos minicíocht úsáide i measc rannpháirtithe a d'fhreagair go raibh cumas 'líofa', 'maith' nó 'measartha' acu, gan torthaí na rannpháirtithe a d'fhreagair nach raibh ach beagán Gaeilge acu ná nach raibh aon Ghaeilge acu a chur san áireamh. Cuirtear 'cumas cuíosach' ar na rannpháirtithe sin as seo amach. Má ghlactar le céatadán na rannpháirtithe a d'fhreagair go n-úsáideann siad Gaeilge 'ar bhonn laethúil' nó 'cúpla uair sa mhí' mar úsáid 'rialta' na Gaeilge, is é 38.3% a d'fhreagair go n-úsáideann siad Gaeilge ar bhonn rialta. Nuair a thógtar líon na bhfreagróirí a d'fhreagair go raibh cumas cuíosach acu sa Ghaeilge (mar a míníodh thuas), is iad seo a leanas na torthaí a fuarthas:




Figiúr 6.4 Minicíocht úsáide na Gaeilge i measc rannpháirtithe le cumas cuíosach

Iarracht is ea é seo ar léargas níos cruinne a sholáthar ar úsáid na Gaeilge sa chathair os rud é nach gcuirtear rannpháirtithe le beagán Gaeilge nó nach bhfuil aon Ghaeilge acu san áireamh sna torthaí. D’fhreagair 76.2% de rannpháirtithe a mhaígh go raibh líofacht sa teanga acu go n-úsáideann siad Gaeilge gach lá. D’fhreagair 15.9% de na freagróirí sin go n-úsáideann siad Gaeilge cúpla uair sa mhí agus 7.9% go n-úsáideann siad Gaeilge anois is arís. Níor fhreagair éinne le líofacht sa Ghaeilge go n-úsáideann siad an teanga níos annaimhe ná sin. D’fhreagair formhór na rannpháirtithe le Gaeilge mhaith go n-úsáideann siad Gaeilge go rialta chomh maith; d’fhreagair 63.3% díobh go n-úsáideann siad Gaeilge ‘ar bhonn laethúil’ nó ‘cúpla uair sa mhí’ (63.3%). D’fhreagair formhór na rannpháirtithe le Gaeilge mheasartha go n-úsáideann siad Gaeilge ‘cúpla uair sa mhí’ nó ‘anois is arís’ (55.3%). Léirítear comhghaolú soiléir, mar sin, idir chumas agus úsáid, mar a bheifí ag súil leis.

Labhair Chomsky faoi chumas agus chur i láthair i 1965 ina leabhar *‘Aspects of the Theory of Syntax’*. Léiríonn sé gur constráid bhréige é an cainteoir-éisteoir idéalach agus gur constráid bhréige é an pobal urlabhra aonchineálach, leis. Dar leis, tá idirdhealú bunúsach le déanamh idir cumas (eolas an chainteora-éisteora ar an teanga) agus cur i láthair (fíor-úsáid na teanga i suíomhanna coinchréiteacha) (1965: 4). Tá an comhghaol idir cumas agus úsáid á phlé ó shin i leith sa litríocht acadúil, i dtaighde ar theoiric teangeolaíochta go háirithe (Bachman, 1990; Celce-Murcia, *et al.*, 1995; Kasper & Schmidt, 1996; Kasper & Rose, 2002). Ní chinntíonn cumas i dteanga úsáid na teanga sin sa tsochaí. Dar ndóigh, áfach, mar a léiríonn na torthaí a fuarthas go soiléir, tá sé i bhfad níos dóchúla go n-úsáidfí an Ghaeilge dá mbeadh cumas níos airde ag an duine.

Mar thástál eile air sin, rinneadh iomlán de leibhéil chumais sna scileanna teanga éagsúla a pléadh i gCuid 6.4.2 thuas (.i. cumas tuisceana, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta) agus scrúdaíodh an comhchoibhneas idir an ‘cumas iomlán’ sin agus minicíocht úsáide na Gaeilge. Léirítear na torthaí sa ghráf thíos. Tugtar luach as 5 do chumas i ngach scil teanga le 1 ag comhfhreagairt do ‘an-mhaith’, 2 ‘maith’, 3 ‘measartha’, 4 ‘lag’ agus 5 ‘an-lag’. Mar sin, is iad na luachanna is lú as 20 na luachanna a léiríonn cumas braite níos fearr thar na scileanna teanga ar fad. Rinneadh tástál ANOVA ar SPSS chuige sin. Leis an tástáil seo, léiríonn luach níos lú ná 0.5 go bhfuil sainbhrí sa toradh. Bhí sainbhrí i ngach toradh anseo ach amháin sa difríocht idir ‘go hannamh’ agus ‘riamh lasmuigh den chóras oideachais’, ach fós lean na torthaí sin an patrún céanna go bhfuil sé níos dóchúla go n-úsáidfí Gaeilge le ardchumas sna scileanna teanga éagsúla:



Cé chomh minic is a bhaineann tú úsáid as an nGaeilge?

Figiúr 6.5 Minicíocht úsáide na Gaeilge agus cumas iomlán sna scileanna teanga

6.6.2 Minicíocht úsáide agus toilteanas úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna sonracha-torthaí an cheisteora

Cuireadh dhá cheist san áireamh sa chuid seo den cheistneoir (Cuid C) faoi mhinicíocht úsáid na Gaeilge i ngníomhaíochtaí agus i gcomhthéacsanna ar leith. Cuirtear ceist ar dtús faoi cé chomh minic is a úsáideann rannpháirtithe an leagan Gaeilge dá n-ainmneacha agus dá seolta bailte, cé chomh minic is a sheolann siad teachtaireachtaí téacs, ríomhphostanna agus litreacha trí mheán na Gaeilge agus cé chomh minic is a úsáideann siad Gaeilge ar na meáin shóisialta. Is iad na roghanna a tugadh ó thaobh minicíochta de ná ‘i gcónaí’, ‘go minic’, ‘anois is arís’, ‘go hannamh’ agus ‘riamh’. Léirítear sa bhosca thíos an freagra is coitianta a tugadh i

ngach comhthéacs agus céatadán na bhfreagróirí a d'fhreagair amhlaidh i ngach cás. Is í an cheist féin ná ‘Cé chomh minic is a dhéanann tú na rudaí seo a leanas?’:

- An leagan Gaeilge de d'ainm a úsáid: **anois is arís** (32.1%)
- An leagan Gaeilge de do sheoladh baile a úsáid: **riamh** (60.8%)
- Téacsanna fón póca a sheoladh i nGaeilge: **riamh** (49.6%)
- Teachtaireachtaí ríomhphoist i nGaeilge a sheoladh: **riamh** (57.4%)
- Litreacha i nGaeilge a scríobh: **riamh** (66%)
- Gaeilge a úsáid sna meáin shóisialta: **riamh** (48%)

Tábla 6-0-9 Na freagraí is coitianta i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna áirithe

Maíonn 32.1% d'fhreagróirí go n-úsáideann siad an leagan Gaeilge dá n-ainmneacha anois is arís. Seachas sin is é ‘riamh’ an freagra is coitianta i dtaca le Gaeilge a úsáid sna comhthéacsanna eile luaite.

Baineann an dara ceist le comhthéacsanna sonracha arís chun toilteanas na bhfaisnéiseoirí an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla a mheá. Cuireann Grin ‘toilteanas’ teanga mhionlaigh a úsáid san áireamh mar chúinse riachtanach amháin a chinnteodh úsáid theanga mionlaigh (cumas agus deiseanna úsáide na cúinsí eile). Dar leis gur léiriú ar dhearcadh i leith teanga an toilteanas í a úsáid (2003: 45). Cuirtear béim sa S20B ar rath na Straitéise a bheith ag brath ar dhaoine a bhainfidh leas as na deiseanna a chruthóidh an Straitéis (Rialtas na hÉireann, 2010: 3). An uair seo, iarradh ar fhreagróirí tic a chur sa bhosca in aice le gach comhthéacs ina mbeidís toilteanach Gaeilge a úsáid. Féach thíos céatadán na bhfreagróirí a mhaígh go mbeidís sásta tabhairt faoi na rudaí seo a leanas trí Ghaeilge. Léirítear

na torthaí in ord ón ngníomhaíocht is dóchúla a d'fhreagair rannpháirtithe a bheidís sásta tabhairt fúithi trí Ghaeilge:

- Bia nó deoch a ordú i mbialann nó i dteach tábhairne: 62.2%
- Comhrá trí Ghaeilge a bheith agat le hoibrí i dteach tábhairne nó i mbialann: 61.3%
- Seirbhísí bainc a úsáid: 46.5%
- Rud éigin a cheannach ar-líne: 37.2%
- Glaoch teileafóin a chur le híoc as bille: 27%
- Déileáil leis an nGarda Síochána: 23%
- Glaoch teileafóin a chur le gearán a dhéanamh: 21.6%

Tábla 6.10 Toilteanas úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna áirithe

Léiríonn na torthaí go mbeadh daoine níos toilteanaí Gaeilge a úsáid i suíomhanna neamhfhoirmiúla, mar shampla ag ordú bia nó dí i mbialann/ teach tábhairne, ná mar a bheidís i suíomh níos foirmeálta nó oifigiúla, mar shampla ag déanamh gearáin ar an teileafón. Tá suntas sa toradh nach mbeadh ach 23% d'fhreagróirí sásta deileáil leis an nGarda Síochána trí Ghaeilge. Sna seascaidí chruthaigh Fishman teoiric ar réimsí mar luath-mhúnla ar roghnú teanga i suíomhanna ilteangacha (1965, 1972). Ó shin i leith, tá taighde déanta ar réimsí úsáide i suíomhanna ina mbíonn teanga mhionlaigh i dteagmháil dhíreach le mórtheanga (Fase, Jaspaert, Kroon, 1992; Matras, 2009; Hickey, 2013). Feictear imeallú na teanga mionlaí sa tsochaí nuair nach mbíonn sí in úsáid ach i réimsí teoranta áirithe agus nuair nach mbaineann ach feidhmeanna teoranta léi. D'fhorbair *UNESCO* creatlach chun an gaol idir réimsí úsáide agus beogacht teanga a léiriú agus cuirtear in iúl go mbíonn teanga faoi bhagairt nuair nach mbíonn sí in úsáid ach i réimsí sóisialta teoranta agus nuair nach n-aithnítear ach roinnt

feidhmeanna léi. I gcás na Gaeilge tá sé beartaithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) go mbeadh soláthar feabhsaithe ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí a bhfuil dualgais orthu seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar. Ag caint ag an bhFochoiste Oireachtais faoin S20B, rinne Seán Ó Cuirreáin tagairt d'easpa acmhainní na hoifige chuige sin, áfach:

Creidim go bhfuil an teanga á ruaigeadh ar leataobh go leanúnach chuig imeall na sochaí, agus áirím anseo cuid mhaith den riarachán poiblí... Creidim nár tugadh don Oifig riamh na hacmhainní riachtanacha lena cúraimí reachtúla a chomhlíonadh go cuí agus go hiomlán. (DC, 2014)

6.6.3 Deiseanna úsáide na Gaeilge i gcathair Chorcaí- torthaí an cheistneora

Cuireadh ceisteanna san áireamh i gCuid C den cheistneoir chomh maith faoi dheiseanna úsáide na Gaeilge i gcathair Chorcaí. Roghnaíodh ceithre ghrúpa a phléann leis an nGaeilge sa chathair i slí éigin ar mhaithe le heolas a bhailiú faoi fheasacht mhuintir na cathrach faoi na grúpaí sin. Is iad na grúpaí a roghnaíodh ná 'Gael-Taca' - comhlacht a oibríonn chun an Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn sa chathair i mbealaí éagsúla, 'ReRá' - oíche shóisialta mhíosúil trí mheán na Gaeilge a eagraíonn scata beag duine, 'Gaeilgeoirí Cois Laoi' - ciorcal comhrá mór a bhíonn ar siúl gach coicís i lár na cathrach, agus 'an Chuallacht (UCC)' - an cumann Gaeilge san ollscoil. Cuireadh ceist 'ar chuala tú trácht ar na grúpaí Gaeilge seo a leanas sa chathair?' agus tugadh deis do dhaoine grúpaí eile sa chathair a bhfuil eolas acu orthu a lua chomh maith. Roinnt de na grúpaí eile a luadh ná 'Ionad na Gaeilge Labhartha, UCC' (x4), 'An Cumann Drámaíochta, UCC' (x2) agus roinnt ciorcail chomhrá eile a bhíonn ar siúl timpeall na cathrach.

Maíonn 56.6% d'fhreagróirí gur chuala siad trácht ar ghrúpaí Gaeilge sa chathair. Chuala beagnach leath de na faisnéiseoirí trácht ar Ghael-Taca cheana féin (49.6%) agus

chuala 30% trácht ar an gCuallacht. 16.8% a chuala trácht ar ReRá agus 18.8% ar Ghaeilgeoirí Cois Laoi. Ansin bhí ceist ar fhreastail na rannpháirtithe ar imeacht Gaeilge sa chathair riamh. D'fhreagair 25.4% de rannpháirtithe gur fhreastail. Cuireadh ceist ansin ar fhreastail na freagróirí ar imeacht a bhí eagraithe ag na grúpaí céanna thuas agus arís fágadh spás d'imeachtaí Gaeilge eagraithe ag grúpaí eile a chur isteach. Bhí cead ag freagróirí níos mó ná freagra amháin a roghnú. I measc na bhfreagróirí a d'fhreagair gur fhreastail siad ar imeacht Gaeilge, ba choitianta freastail ar imeacht eagraithe ag Gael-Taca ná ag na grúpaí eile. D'fhreagair 19.9% de dhaoine a d'fhreastail ar imeacht Gaeilge sa chathair gur fhreastail siad ar imeacht a d'eagraigh Gael-Taca. D'fhreagair 5.5% gur fhreastail siad ar imeacht eagraithe ag 'ReRá', 9.2% gur fhreastail siad ar imeacht eagraithe ag 'An Chuallacht' agus an céatadán céanna a d'fhreagair gur fhreastail siad ar imeacht eagraithe ag Gaeilgeoirí Cois Laoi (9.2%).

Bailíodh eolas sa cheistneoir chomh maith ar conas a chloiseann daoine faoi ócáidí Gaeilge sa chathair, faoin saghas imeachta is coitianta freastail air agus faoi thuairim na bhfreagróirí a d'fhreastail ar imeacht(aí) Gaeilge ina leith. Chun eolas a bhailiú faoi na bealaí is coitianta go bhfaightear eolas ar imeachtaí Gaeilge, cuireadh ceist ar fhreagróirí a d'fhreastail ar imeachtaí Gaeilge, conas a fuair siad an t-eolas fúthu. Ba iad na roghanna a tugadh sa chás seo ná 'ar-líne', 'fógra i nuachtán', 'fógra timpeall na cathrach', 'nuachtlitir', 'ó chara nó dhuine muinteartha' agus 'eile'. An freagra is coitianta a tugadh ná go bhfuarthas an t-eolas faoin imeacht ó chara nó ó dhuine muinteartha (53.1%) agus ansin go bhfuarthas eolas ar shuíomh gréasáin (41.5%). Roghnaigh 19% 'eile' mar fhreagra ar an gceist seo. Is iad roinnt de na bealaí eile sin a luaigh rannpháirtithe ná- 'ríomhphost' (x9), 'cuireadh' (x4) agus 'ó scoil mo pháistí' (x1). An freagra is coitianta a tugadh ar an gceist faoin saghas ócáide a d'fhreastail freagróirí air ná 'oíche shóisialta' (64.4% de dhaoine a d'fhreastail ar imeacht

Gaeilge) agus ansin ‘ciorcal comhrá’ (45.6%). Cuireadh ceist ar dhaoine a d’fhreagair gur fhreastail siad ar imeacht Gaeilge sa chathair chomh maith an rabhadar sásta leis an imeacht. D’fhreagair 87.1% go raibh siad ‘an-sásta’ nó ‘sásta’ faoin imeacht, 9.8% nach raibh aon tuairim láidir acu faoi agus 3% nach raibh siad sásta leis an imeacht.

Ó na daoine a d’fhreagair nár fhreastail siad ar imeacht Gaeilge sa chathair, cuireadh ceist orthu cén fáth nár fhreastail. D’fhreagair formhór mór acu gurb í an chúis nár fhreastail siad ar imeacht Gaeilge sa chathair ná nach gcloiseann siad fúthu- 69.6%. Ina dhiaidh sin, d’fhreagair 32.9% nár fhreastail siad ar imeacht mar tá easpa suime acu in imeachtaí Gaeilge. D’fhreagair 22.9% nár fhreastail siad ar imeacht Gaeilge de bharr easpa ama agus 9.5% nár fhreastail siad ar imeacht Gaeilge de bharr easpa airgid. Roghnaigh 5.5% (22 duine) ‘eile’ agus sa chás sin iarradh ar rannpháirtithe a bhfreagra a shonrú. Seo roinnt de na cúiseanna eile a shonraigh freagróirí- *‘lack of confidence in my ability to converse’, ‘embarrassment’, ‘I would be apprehensive of my own abilities in Irish in comparison to others’, ‘Nílím líofa’ agus ‘It feels a bit pointless attending an event if everybody is speaking Irish if you can’t speak it’.* Taispeánann a lán de na freagraí a tugadh anseo go bhfuil baint ag muinín na bhfreagróirí ina gcumas sa Ghaeilge lena gcinneadh gan freastal ar imeacht Gaeilge sa chathair.

6.6.4 Úsáid na Gaeilge: athróga pearsanta

6.6.4.1 Inscne agus úsáid na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Arís nuair a rinneadh trastablú idir inscne agus úsáid na Gaeilge in SPSS, ní raibh sainbhrí le tuairisciú sna torthaí ó thaobh comhchoibhnis idir an dá athróg. Bhí aon difríocht sna torthaí a tuairiscítear laistigh den lamháil earráide.

6.6.4.2 Aois agus Úsáid na Gaeilge- Torthaí an Cheistneora

Seo thíos na torthaí a bhaineann le haois agus úsáid na Gaeilge. Arís tá an céatadán is mó i ngach catagóir i gcló trom le líne faoi:

	Riamh	Riamh/CO*	Annamh	Anois is Arís	Cúpla Uair sa Mhí	Laethúil
18-24	12.3	<u>27.7</u>	18.5	10.8	9.2	21.5
25-34	8.9	12.1	19.6	17.3	19.2	<u>22.9</u>
35-44	12.1	11.0	18.7	<u>23.1</u>	15.4	19.8
45-54	9.2	8.0	<u>28.7</u>	18.4	21.8	13.8
55-64	21.5	7.7	16.9	<u>23.1</u>	15.8	14.9
65-74	8.8	5.9	1,4.7	<u>32.4</u>	14.7	23.5
75+	0.0	0.0	0.0	<u>40.0</u>	<u>40.0</u>	20.0

Tábla 6.11 Comhchoibhneas úsáid na Gaeilge agus aois

*Riamh, lasmuigh den chóras oideachais

Tá sé suntasach gur fhreagair an céatadán is mó de na rannpháirtithe san aoisghrúpa 18-24 nach n-úsáideann siad Gaeilge in aon chor lasmuigh den chóras oideachais, os rud é go mbeadh go leor rannpháirtithe san aoisghrúpa seo fós sa chóras oideachais nó go luath i ndiaidh fhágáil an chórais. I ndiaidh sin, d'fhreagair an céatadán is mó san aoisghrúpa céanna go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil, áfach. D'fhreagair 37.9% d'fhreagróirí san aoisghrúpa 18-24 go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge nó go bhfuil Gaeilge mhaith acu, céatadán níos mó ná a mhaíonn go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil nó cúpla uair sa mhí san aoisghrúpa céanna (30.7%). Ardaítear ceisteanna faoi dheiseanna úsáide na Gaeilge, rud a pléitear níos mó i bhfianaise thorthaí na ngrúpaí fócais. Maidir leis an bhfigiúr iomlán de dhaoine a áitíonn go n-úsáideann siad Gaeilge ar bhonn laethúil (113 duine, 20.1% den iomlán), ó thaobh aoise de bhí an

céatadán is mó a d'fhreagair go n-úsáideann siad Gaeilge gach lá sa chatagóir 25-34 (22.9%-49 duine).

6.6.4.3 Oideachas agus úsáid na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Léirítear sa tábla thíos torthaí an trastáblaithe i dtaca le húsáid na Gaeilge agus an leibhéal is airde san oideachas a shroich na freagróirí i bhfianaise na dtorthaí:

Léiríonn na torthaí seo gurb iad na grúpaí ina maíonn formhór na rannpháirtithe go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil sna catagóirí ‘tá céim bhaitisiléara agam’, ‘tá céim mháistreachta agam’ agus ‘tá céim dhochtúireachta agam’. Sin an patrún céanna a chonacthas i gcumas agus leibhéal oideachais, rud a léiríonn go bhfuil tionchar cinnte ag an gcóras oideachais i gcumas agus in úsáid na Gaeilge a chothú. As na daoine a mhaíonn go n-úsáideann siad Gaeilge gach lá d'fhreagair an céatadán is mó acu go bhfuil céim bhaitisiléara acu (48.7%).

	Riamh	Riamh/CO	Annamh	Anois is Arís	Cúpla uair sa mhí	Laethúil
Níl aon scolaíocht agam	33.3	0	0	33.3	33.3	0
Tá oideachas bunscoile agam	35.3	0	23.5	14.7	20.6	5.9
Tá an Teastas Sóisearach agam	9.8	17.1	31.7	17.1	17.1	7.3
Tá an Ardteist agam	15.1	18	19.4	16.5	19.4	11.5
Tá diplóma/ teastas agam	13	22.1	16.9	33.8	2.6	11.7
Tá céim bhaitisiléara agam	5.7	8.5	18.2	15.3	21	31.3
Tá céim mháistreachta agam	5.5	4.1	23.3	13.7	21.9	31.5
Tá céim dhochtúireachta agam	0	11.1	22.2	11.1	22.2	33.3

Tábla 6.12 Comhchoibhneas úsáid agus leibhéal oideachais

6.6.4.4 Méid ama ó scoil a fhágáil agus úsáid- torthaí an cheistneora

Maidir leis an trastáblú d’úsáid na Gaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil tá sé suntasach gurb é an toradh is coitianta i measc mac léinn (daoine a roghnaigh an freagra ‘fós ar scoil’) maidir le minicíocht úsáide na Gaeilge ná nach n-úsáideann siad Gaeilge ach amháin laistigh den chóras oideachais (46.7%).

	Riamh	Riamh/CO	Annamh	Anois Arís	is Cúpla uair sa mhí	Laethúil
Fós ar scoil	0.0	<u>46.7</u>	20.0	0.0	6.7	26.7
1-5 bliana	13.5	15.4	17.3	<u>21.2</u>	17.3	15.4
6-11 bliana	9.2	16.3	14.4	15.7	<u>22.9</u>	21.6
12-17 bliana	11.4	10.6	<u>23.6</u>	21.1	13.0	20.3
18+ bliana	12.8	7.1	<u>22.3</u>	19.4	19.0	19.4

Tábla 6.13 Comhchoibhneas úsáid na Gaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil

Mhaígh céatadán níos mó freagróirí atá fós ar scoil go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil i gcomparáid leis na catagóirí eile, ach tá sé suimiúil nach maíonn ach 26.7% de dhaoine atá fós ar scoil go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil. Má ghlactar le húsáid laethúil agus úsáid cúpla uair sa mhí mar ‘úsáid rialta’, maíonn céatadán níos mó daoine atá tar éis scoil a fhágáil 6-11 bliana ó shin go n-úsáideann siad Gaeilge go rialta ná aon ghrúpa eile.

6.7 Úsáid na Gaeilge i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais (agus agallaimh leantacha)

Pléadh minicíocht úsáide na Gaeilge le rannpháirtithe na ngrúpaí fócais. Ardaíodh ceisteanna chomh maith faoi dheiseanna úsáide na Gaeilge agus úsáid sheirbhísí i nGaeilge sa chathair. Baineadh leas as an gcéad cheist faoi úsáid sa cheistneoir mar threoir ghinearálta, ach amháin gur díríodh arís (mar is ionann agus an plé ar chumas sa Ghaeilge sna grúpaí fócais) ar labhairt na Gaeilge seachas ar ‘úsáid na Gaeilge’. Is í an cheist threorach sin a úsáideadh ná ‘Cé chomh minic is a labhraíonn tú Gaeilge?’. Cuireadh ceist leantach chomh maith i ngach grúpa fócais ‘An mbaineann tú úsáid as sheirbhísí i nGaeilge sa chathair’. Maidir le deiseana úsáide na Gaeilge sa chathair, faoi mar a mholann Schensul (1999: 113) nuair a chuirtear na buncheisteanna a ullmhaíodh i ngrúpaí fócais ba chóir don éascaitheoir bheith solúbtha agus in ann smaoineamh ar cheisteana eile má ardaítear iad le linn an chomhrá. Mar sin, pléadh deiseanna úsáide na Gaeilge le linn na grúpaí fócais chomh maith. Seo thíos an tábla le líon na dtorthaí i dtaca leis na téamaí is coitianta a pléadh sna grúpaí fócais ó thaobh úsáid na Gaeilge de:

Catagóir	Minicíocht
Labhraítear Gaeilge go rialta	n = 9
Ní labhraítear Gaeilge ach go hannamh	n = 8
Ní labhraítear Gaeilge riamh	n = 15
Na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair	n = 11
Deiseanna sonracha úsáide na Gaeilge	n = 12
Úsáid sheirbhísí i nGaeilge	n = 12
Feiceálacht na Gaeilge sa chathair	n = 11

Tábla 0-14 Achoimre cainníochtúil d'úsáid na Gaeilge- grúpaí fócais

6.7.1 Plé ar mhinicíocht labhairt na Gaeilge sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Labhraítear Gaeilge go rialta	n = 8
Labhraítear Gaeilge go hannamh	n = 7
Ní labhraítear Gaeilge riamh	n = 15

Tuairiscíodh meascán d'fhreagraí anseo ach an freagra ba mhó a tugadh, ach amháin sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge, ná nach labhraíonn rannpháirtithe Gaeilge sa chathair ariamh nó go labhraíonn siad Gaeilge go hannamh. Sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge, deir formhór na rannpháirtithe go labhraíonn siad Gaeilge gach lá nó go minic. Dar le triúir rannpháirtithe, ní labhraíonn siad Gaeilge ach amháin lena dteaghlaigh:

Gaeilge amháin a labhraím le mo chlann (R9: 19/07/2015)

Is í Gaeilge amháin a labhraím le mo chlann. Tá beirt pháiste óga agam...trí bliana d'aois agus sé bliana d'aois...agus is í Gaeilge an teanga chumarsáide s'againne. (R8: 19/07/2015)

Sa bhaile, Gaeilge amháin a labhraimid (R12: 19/07/2015)

Agus thug rannpháirtithe eile an ghrúpa fócais sin le fios go n-úsáideann siad Gaeilge go minic:

Labhraím Gaeilge go minic; déanaim iarracht í a labhairt gach lá (R6: 19/07/2015)

Labhraím Gaeilge ar a laghad cúpla uair gach seachtain. Freastlaím ar chiorcal comhrá gach Luan agus déanaim iarracht í a labhairt lasmuigh den uair sin chomh maith (R3: 19/07/2015)

Níor mhaígh ach triúr rannpháirtithe sna grúpaí fócais trí mheán an Bhéarla go labhraíonn siad Gaeilge ar bhonn rialta- rannpháirtí amháin a ndéanann staidéar ar an nGaeilge san ollscoil agus beirt eile:

I speak Irish whenever I can. From my work I have met other Irish speakers in the city and there are certain people that I only speak Irish with. When I know that someone speaks Irish I tend to speak Irish with them. (R6: 05/07/2015)

I speak Irish with the other people on my course. We try to meet up as often as possible to practice. We try to meet for an extra hour on the days we're in college. (R6: 12/07/2015)

I measc na rannpháirtithe eile sna grúpaí fócais trí mheán an Bhéarla ba mhinic á rá nach labhraíonn rannpháirtithe i nGaeilge agus ba mhinic gur luadh easpa cumais sa Ghaeilge mar chúis air sin:

No, I never speak Irish. I don't have much ability in Irish at all. I think I could say a few sentences at most but I wouldn't be able to hold a conversation or anything. (R5: 12/07/2015)

I couldn't speak Irish if I wanted to. I don't have the ability. (R5: 05/08/2015)

Bhí sé níos coitianta i measc na rannpháirtithe a rá go n-úsáideann siad Gaeilge go minic nó nach n-úsáideann siad Gaeilge in aon chor. Ach dar le seachtar, labhraíonn siad Gaeilge go hannamh ach déanann siad iarracht í a labhairt le scoil a bpáistí nó le duine áirithe ina saol a labhraíonn Gaeilge ar bhonn rialta.

6.7.2 Plé ar na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair	n = 11

Labhair 11 rannpháirtithe faoi na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair ar chúiseanna éagsúla. I measc na rannpháirtithe sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge labhair cúpla rannpháirtithe faoin tábhacht a bhaineann le haithne a bheith acu ar dhaoine eile le Gaeilge chun í a labhairt agus na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge i suíomh cathrach nuair nach mbíonn a fhios an bhfuil Gaeilge ag daoine:

Labhraím Gaeilge go minic- déarfainn go labhraím Gaeilge gach lá ar aon nós. Ach is féidir liom sin a dhéanamh mar tá aithne agam ar dhaoine- óna bheith ag obair leo nó daoine a bhuaileas leo ag imeacht Gaeilge éigin thar na blianta- ag an Oireachtas nó mar sin. (R5: 19/07/2015)

Is í Gaeilge amháin a labhraím le mo chlann. Tá beirt pháiste óga agam... trí bliana d'aois agus sé bliana d'aois... agus is í Gaeilge an teanga chumarsáide s'againne. Ach dar ndóigh bíonn orainn Béarla a labhairt chomh maith lasmuigh den teach. Ní dóigh liom go bhfuil sé indéanta Gaeilge amháin a labhairt i gcathair mar seo. (R8: 19/07/2015)

Tá an rannpháirtí seo ag déanamh staidéir ar an nGaeilge san ollscoil ach dar léi, bíonn sé dúshlánach Gaeilge a labhairt lasmuigh den suíomh oideachais. Dúirt sí:

Ní labhraím Gaeilge chomh minic agus ba mhaith liom chun a bheith macánta. Déanaim Gaeilge san ollscoil agus mar sin labhraím í mar chuid den chúrsa agus mar sin ach ag an am céanna níl Gaeilge ag formhór mo chairde agus níl ach beagán Gaeilge ag mo dheirfiúracha agus... tá a fhios agam go bhfuil grúpaí Gaeilge sa chathair agus go bhfuil ciorcail comhrá agus mar sin de sa chathair agus freastlaím ar imeachtaí nuair is féidir liom. Ach bíonn se deacair go maith nuair nach mbíonn Gaeilge sa bhaile nó ag do chairde í a labhairt chomh rialta sin. (R4: 19/07/2015)

Arís, ardaíonn na ráitis seo ceisteanna faoi labhairt theanga mhionlaigh i gceantar ina bhfuil mórtheanga i réim i bhformhór réimse an tsaoil, fiú i measc daoine le hardchumas sa teanga mhionlaigh.

Pléadh na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair i measc na rannpháirtithe nach bhfuil mórán Gaeilge acu chomh maith. Dar leis na rannpháirtithe thíos, ní bheadh sé de chumas acu Gaeilge a labhairt ach fiú dá mbeadh ní bheidís ábalta í a labhairt lena gcairde ná lena dteaghlaigh:

but even if I did, none of my family or friends speak Irish so I don't know who I would use it with really. (R5: 12/07/2015)

Even if I spoke Irish, where would I actually speak it. At home no-one else speaks Irish. (R4: 05/07/2015)

6.7.3 Plé ar dheiseanna sonracha úsáide na Gaeilge sa chathair sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Deiseanna sonracha úsáide na Gaeilge sa chathair	n = 12

Téama eile a tháinig chun cinn san obair pháirce atá bainteach leis na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair is ea deiseanna sonracha úsáide na Gaeilge sa chathair. Cé nár ullmhaíodh ceist ar dheiseanna úsáide do na grúpaí fócais, b'shin rud a tháinig chun cinn i bhformhór na ngrúpaí fócais nuair a labhair rannpháirtithe faoi úsáid na Gaeilge agus faoi sheirbhísí Gaeilge sa chathair. Ag tús gach grúpa fócais, pléadh cuspóir an taighde agus an tslí go ndírítear ar chumas, úsáid agus dearcadh i leith teanga chun beogacht teanga a chinntiú.

Labhair an rannpháirtí thíos faoi sin i dtaca le húsáid na Gaeilge sa chathair:

..you were saying there when you were talking about minority language planning that the three key things are the ability, opportunities and attitude. There's no problem with ability and attitude... for young people anyway ability isn't a problem.... they don't have a problem with attitudes, but with opportunities, this thing that was said earlier, a bridging from school, from home, into community with the Irish language. That's where the break down is. (R2: 26/07/2015)

Seo thíos ráiteas eile ó rannpháirtí a labhraíonn faoina easpa feasachta ar dheiseanna úsáide

don Ghaeilge sa chathair:

I'd say not really, no. Again, you have to look really hard but even if you look hard for it there's not a lot on in Cork city. If you go out a bit west and into the Gaeltacht areas but even in those areas English is standard... but in the city apart from here [Ionad Ghael-Taca] I know of very little. I actually don't know of any other place where you could go and say something in Irish where they wouldn't look at you like you had two heads. (R3: 26/07/2015)

Labhair seisear rannpháirtithe eile faoi imeachtaí Gaeilge sa chathair a d'fhreastail/ a fhreastlaíonn siad orthu agus an taithí a bhí nó a bhíonn acu leis na himeachtaí sin. Seo cúpla sampla:

I went to one of those Rerá nights and they're very good. It's a different take because sometimes when you have an Irish language event or a night it's kind of...you just bring a group of people together and you get them to speak Irish but it's like getting any group of strangers together in a room and saying right talk to each other there for an hour...but with the Rerá night there was a program on and it was interesting. It was fun, it was interactive and it was well put together, it's well thought out. It's constructive too. (R4: 26/07/2015)

Téim go dtí an ciorcal comhrá gach Luan agus tá na huimhreacha ag méadú an t-am ar fad. Tá sé go hiontach mar ní bhíonn aon bhrú ag baint leis agus is cairde muid go léir anois. (R3: 19/07/2015)

6.7.4 Plé ar úsáid sheirbhísí i nGaeilge sna grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Úsáid sheirbhísí i nGaeilge	n = 12

Dúirt ceathrar rannpháirtithe go n-úsáideann siad seirbhísí i nGaeilge sa chathair. Labhair beirt faoin nGaeilge a úsáid aon áit is féidir leo agus beirt faoi úsáid sheirbhísí bainc i nGaeilge go sonrach:

Bainim úsáid as seirbhísí i nGaeilge anois is arís. Uaireanta bíonn sé níos tapúla na seirbhísí teileafóin a úsáid i nGaeilge ar aon nós mar bíonn níos lú daoine ar an líne' (R2: 19/07/2015)

Éilím seirbhísí i nGaeilge nuair a bhím ag plé le comhlachtaí poiblí i gcónaí. Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach sin a dhéanamh. (R6: 19/07/2015)

I always use the Irish option on an atm when there's an option (R3: 26/07/2015)

Fiú i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais a bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu agus a úsáideann Gaeilge go minic (ach le héagsúlacht sna cúinsí atá acu), áfach, dar lena bhformhór acu, bíonn drogall orthu seirbhísí i nGaeilge a úsáid. Dar leis an rannpháirtí thíos, is í an chúis leis sin ina chás-sa ná nach mbíonn misneach aige i gcumas Gaeilge an duine a mbíonn sé ag deileáil leis uaireanta. Seo a fhreagra nuair a cuireadh an cheist 'an mbaineann tú úsáid as seirbhísí i nGaeilge sa chathair?':

Is oth liom a ra, ní bhainim. Mar is dócha...bheadh eagla orm nach mbeadh mé ábalta é a chríochnú i nGaeilge leis an duine atá ag cur na seirbhíse ar fáil. Agus nuair a chuireann tú ceist ar dhaoine sna comhlachtaí ní bhíonn duine ann le Gaeilge uaireanta ar aon nós. (R9: 19/07/2015)

Labhair rannpháirtithe eile chomh maith faoin easpa seirbhísí i nGaeilge agus an easpa feasachta faoi sheirbhísí atá ar fáil i nGaeilge. D'aontaigh rannpháirtithe eile nach mbíonn seirbhísí i nGaeilge á dtairiscint go gníomhach agus moladh go mba chóir go mbeadh suaitheantas ag daoine atá toilteanach agus in ann seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge:

...bímid ag gearán an t-am go léir agus ag scríobh chuig na páipéirí agus rudaí mar sin faoi sheirbhísí na Gaeilge as láthair. Ba cheart arís don rialtas go mbeadh duine ann i ngach seirbhís a mbeadh cumas sa Ghaeilge acu. Agus ní hamháin cumas sa Ghaeilge a bheith acu ach suaitheantas a bheith air 'labhair Gaeilge liom' agus fiú ar an seastán, ar an gcuntair, suaitheantas beag 'Tá Gaeilge agam' mar nuair a théann tú isteach ní bheadh a fhios agat an bhfuil Gaeilge aige. Mar tá daoine ann a bhfuil Gaeilge acu. Ní bhíonn a fhios acu agus ní maith liom brú a chur ar éinne Gaeilge a labhairt. Ach is trua nach bhfuil a leithéad de rud ann. Cuireann se isteach go mór orm. (R7: 19/07/2015)

Sna grúpaí fócais a cuireadh ar siúl trí mheán an Bhéarla cuireadh in iúl go gcuireann cumas braite na rannpháirtithe isteach ar éileamh sheirbhísí i nGaeilge. Dar le roinnt rannpháirtithe, ní bhíonn a fhios acu nuair a bhíonn seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge. Labhair an rannpháirtí thíos faoin taithí a bhí aici nuair a chuir sí ceist ar oibreoir san oifig leasa shóisialaigh i gCorcaigh faoi ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge:

I don't even know where Irish language services are being offered in the city. I was in a meeting for my social welfare payment recently and as I've been taking Irish language evening classes in UCC I was thinking about it and I was wondering if my meetings could be conducted through Irish if I wished. I'm certainly not confident enough in my ability to go ahead with this idea but I was interested. The person working with me in there just laughed and said that he didn't think there is any-one in the office that would be able to conduct meetings through Irish and he shrugged it off. I didn't even want to have my meetings in Irish but it definitely got me thinking of people who do. (Agallamh Leantach 3)

6.7.5 Plé ar fheiceálacht na Gaeilge sa chathair sna grúpaí fócais

Toradh	Minicíocht
Feiceálacht na Gaeilge sa chathair	n = 11

Téama coitianta eile a pléadh sna grúpaí fócais ná láithreach na Gaeilge i gcathair Chorcaí agus cé chomh infheicthe (agus inchloiste) is atá Gaeilge sa chathair, dar leis na rannpháirtithe. Pléadh an topaic i dtrí cinn de na grúpaí fócais mar tháinig sé chun cinn sna comhráite. An tuairim is coitianta a sonraíodh i measc na rannpháirtithe ná nach bhfuil Gaeilge infheicthe sa chathair. Bhí na rannpháirtithe thíos ag tabhairt freagra ar an gceist- ‘An gceapann tú go bhfuil Gaeilge feiceálach sa chathair?’:

Oh, not at all. I'd say it's virtually non-existent. Like as you [R3] were saying, if you go west... I've often gone to Galway and would see signs and a lot of pubs would generally have their names in Irish, but they'd always even have 'céad míle fáilte' at the door. Even if at local level the council actually did something like that, just put the signs up on the door. Even if it means absolutely nothing to ninety per cent of the population of Cork, it's still there. It's still visible. (R1: 26/07/2015)

Just on signs really and that's about it. (R5: 26/07/2015)

Labhair an rannpháirtí seo faoin nGaeilge ar chomharthaí agus faoi na botúin ar chomharthaí i nGaeilge sa chathair nach bhfeicfeá a mhacasamhail i mBéarla, dar leis:

The only place I would see in Cork that it would be noticeable would be street signs and I know a lot of them would even leave a lot to be desired. I work out towards Kinsale roundabout and even I know that a lot of Irish is actually wrong on those signs. I know there's one there now and I can't think of what's written on it but it has 'na' in the middle but you can see that there's green tape put over it. Like can you imagine if they put up a sign for Galway and spelled it wrong. It's be taken down straight away. (R1: 26/07/2015)

Labhair cúpla rannpháirtí faoin nGaeilge a bheith á labhairt timpeall na cathrach ach i gcónaí deirtear gurbh annamh a chloistear í. Dar leis an rannpháirtí thíos, chuala sí daoine ag caint as Gaeilge sa chathair ó am go ham ach ní fheiceann sí Gaeilge timpeall na cathrach:

I've heard people speak Irish in Cork, maybe somebody on the phone or very rarely a person speaking to another person. And again, bar signs. I would never see anything in Irish. (R2: 26/07/2015)

Ariamh luaigh an rannpháirtí thíos go gcloiseann sé Gaeilge sa chathair ó am go ham timpeall na ngaelscoileanna:

You'd hear families occasionally, like parents and children, and because there are a lot of Gaelscoileanna around so there's an obvious interest in Irish and an increasing interest. (R3: 26/07/2015)

6.8 Eolas faoin nGaeilge sa chathair agus deiseanna úsáide na Gaeilge ó agallaimh le daoine sonracha

Sa tsraith agallamh a tugadh faoi le daoine sonracha a bhfuil baint acu go léir le cúrsaí Gaeilge na cathrach i mbealaí éagsúla, pléadh **(a)** beogacht na Gaeilge sa chathair agus **(b)** deiseanna sonracha úsáide. Úsáidtear ainmneacha bréige anseo thíos, mar a pléadh i gCaibidil 4. Maidir le beogacht na Gaeilge sa chathair, dar leis na rannpháirtithe go léir gur baill iad de ghréasáin bhríomhara Gaeilge sa chathair ach is í an tuairim is coitianta ina measc ná go mbíonn pobal na Gaeilge sa chathair folaithe den chuid is mó. Dar le 'Stiofán', a oibríonn in Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Chorcaí, mar shampla, go bhfuil atmaisféar Gaelach sa chathair ach go mbíonn ort na deiseanna úsáide a lorg:

Tá cinnte. Tá atmaisféar Gaelach ann maith go leor, ach bíonn, mar is gnáth, bíonn ort é a lorg. Tá rudaí ar siúl cinnte. D'fhéadfá ar a laghad uair gach seachtain nó b'fhéidir níos minice ná san fiú freastail ar rud éigin bainteach le Gaolainn agus tá san go hiontach. Mar a deirim, bíon ort é a lorg.

Bhí an tuairim chéanna ag cuid mhaith de na hagallaithe. Mar a léirítear ó na ráitis thíos ó 'Úna' atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge sa chathair agus 'Máire' a eagraíonn ciorcal comhrá seachtainiúil sa chathair. Bhog 'Úna' go Corcaigh ó Ghaillimh dhá bhliain roimh na hagallaimh agus dar léi, baineann beogacht na Gaeilge sa chathair leis na gréasáin Ghaeilge éagsúla ach gréasáin Ghaeilge i suíomh cathrach atá iontu dar ndóigh agus bíonn ar dhuine na deiseanna a lorg:

Nuair a bhog mé fhéin is m'fhear céile anseo ó Ghaillimh chuaigh mé isteach go Gael-Taca agus fuair amach go gcuirtear ciorcal ar siúl gach dara seachtain do thuismitheoirí ag tógáil clainne trí Ghaeilge sa chathair. Nuair a bhíomar ag cur fúinn i gCathair na Gaillimhe bhí an-chuid tacaíochtaí timpeall orainn agus bhraitheamar go rabhamar lonnaithe i ngréasán Gaeilge. Bhí sé deacair dúinn ar dtús mar níor bhraitheamar go raibh an t-atmaisféar ná...na tacaíochtaí dócha, againn anseo. Ba mhór an chabhair é an grúpa thuismitheoirí sin. Freastlaíonn ochtar nó mar sin ar an gcorcal go rialta agus bíonn daoine eile ag teacht is ag imeacht. Bainim an-taitneamh as agus tairbhe as chomh maith.

Dar le ‘Máire’, tá aithne aici ar go leor daoine le Gaeilge sa chathair tríd an gciorcaí comhrá. Dar léi, labhraíonn sí Gaeilge chomh minic agus is féidir léi sa chathair ach Béarla is mó a labhraíonn sí mar ní bhíonn a fhios aici an mbeadh Gaeilge ag daoine eile muna bhfuil aithne aici orthu.

Labhair ‘Síle’ a oibríonn i nGaelscoil sa chathair faoi na dúshláin a bhaineann le húsáid na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais nuair nach mbíonn cumas sách ard ag tuismitheoirí na ndaltaí go háirithe. Cuireadh ceist leantach uirthi faoi ról na ngaelscoileanna i gcruthú pobail Ghaeilge sa chathair agus seo a dúirt sí:

Bímid i gcónaí ag iarraidh cur le cumas na dtuismitheoirí sa Ghaeilge. Bíonn an-mheascán i gcaighdeán na dtuismitheoirí sa Ghaeilge agus cuirimid seisiúin eolais ar siúl cúpla uair sa bhliain chun rudaí a mhíniú do na tuismitheoirí faoi riachtanais na bpáistí lasmuigh den scoil ó thaobh na teanga de. Bíonn na tuismitheoirí lánsásta go ginearálta. Cuirtear ranganna tráthnóna do thuismitheoirí ar siúl chomh maith uair sa tseachtain agus bíonn an-suim ag na tuismitheoirí iontu ach ní bhíonn freastail rómhaith orthu. Molaimid i gcónaí do na páistí Gaeilge a labhairt lasmuigh den scoil chomh minic agus is féidir leo ach dar ndóigh bíonn sé sin deacair nuair nach mbíonn Gaeilge ag baill eile den theaghlach.

Is ea, d’fhéadfá a rá go cinnte go scruthaíonn na Gaelscoileanna sa chathair pobail Ghaeilge. Is dócha go gcuireann siad leis an teagmháil a bhíonn ag na páistí agus na tuismitheoirí le cainteoirí Gaeilge eile. Is cinnte go gcabhraíonn siad le foireann na scoile bualadh le daoine eile le Gaeilge go rialta a labhraíonn Gaeilge.

Téama coitianta a ardaíodh, mar sin, ná feacht ar dheiseanna agus ar sheirbhísí Gaeilge sa chathair. I rith an agallaimh le ‘Maitiú’ a oibríonn sa chomhairle cathrach, pléadh na seirbhísí i nGaeilge a chuireann an Chomhairle ar fáil don phobal agus conas a scaiptear eolas ar sholáthar na seirbhísí sin. Léiríonn a fhreagra nach mbíonn na seirbhísí sin á soláthar go gníomhach agus go mbíonn coimhlint ag baint le daoine a dteastaíonn uathu plé leis an gcomhairle trí Ghaeilge uaireanta:

Bhuel, tá cuid ar an suíomh idirlíon ar Ghaeilge agus scaiptear eolas ar an suíomh faoi go leor imeachtaí a bhíonn ar siúl sa chathair. An fhadhb a fheicimse ná an rud go mbíonn a lán daoine atá ag lorg a gcuid ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge réidh chun troda, chun na seirbhísí sin a bheith curtha ar fáil dóibh. Táimid ag tosnú ar phointe nach gá chomh maith. Má iarrann duine orainn an féidir liom mo chuid ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge, is féidir. Ach tá céatadán de na daoine a thagann agus bíonn siad ag smaoinreamh go mbeidh fadhbanna acu agus bíonn siad réidh chuige.

In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa chathair, áfach, bhí dóchas ag na rannpháirtithe go léir faoi thodhchaí na Gaeilge i gcathair Chorcaí. Dar le ‘Séamus’, a eagraíonn oícheanta sóisialta trí Ghaeilge, cuireann na hoícheanta sin go mór leis an dearcadh sin dó féin:

Nuair a thosaigh mé ag eagrú oícheanta [an oíche shóisialta a eagraíonn sé], ag an tús níor fhreastail ach grúpa beag rialta orthu a bhí aithne acu orm agus b’fhéidir a bhraith go raibh orthu freastail ar na hoícheanta ach anois tagann daoine nua gach uair nach raibh aithne agam orthu cheana féin agus faighim aiseolas an-dhearfach uathu. Táimid ag tarraingt ár n-aird ar an nGaeilge i slí dhifriúil. Tá daoine á rá go bhfuil deireadh leis an nGaeilge i bhfad níos faide siar ná fiche bliain ó shin. Tá sí fós ann. Tá agus beidh toisc go bhfuil daoine ag déanamh níos nua-aimsearthaí í. Mar sin tá i bhfad níos mó muiníne agamsa ná riamh go mbeidh sí fós ann i gceann fiche bliain eile.

An meon céanna a bhí ag formhór na ndaoine a ghlac páirt sna hagallaimh seo. Tá pobal Gaeilge sa chathair agus tá deiseanna úsáide Gaeilge sa chathair ach go mbíonn siad faoi cheilt.


6.9 Dearcadh i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora: forbhreathnú

Is ionann ‘dearcadh i leith teanga’ sa taighde seo agus ‘*language attitudes*’ an Bhéarla. Dar ndóigh is iomaí sainmhíniú a tugtar ar ‘dhearcadh’ sa chiall sin. Úsáidtear sainmhíniú simplí Sarnoff (1970: 279) mar thúsphointe go coitianta- ‘*a disposition to react favourably or unfavourably to a class of objects*’. Nuair a phléitear dearcadh i leith teanga, baineann an ‘*class of objects*’ sin i sainmhíniú Sarnoff le teangacha. Mar uirlisí coincheapúla, ceapadh ‘dearcthaí’ agus ‘idé-eolaíochtaí’ i leith teanga sa dara leath den fhichiú haois mar acmhainn chun mothúcháin agus smaointe faoi theangacha agus faoi fhoirmeacha teangacha a áireamh mar thoisc lárnach i dtuiscint ar theangacha sa chomhthéacs socheolaíoch, teanga agus féiniúlacht, srl. Is minic a dtuairiscítear dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge i suirbhéanna náisiúnta. Seo rud a fheictear go forleathan i dtaighde faoin nGaeilge. Mar shampla, i staidéar Mhic Gréil (2007-8) bunaithe ar thaighde ar an nGaeilge thar thréimhse 35 bliain, tuairiscítear dearcthaí

dearfacha i leith na Gaeilge i measc níos mó ná 93% de na faisnéiseoirí agus tráchtann sé ar cé chomh suntasach is atá na torthaí sin ‘*given the relentless expression of negative attitudes in much of the popular mass media*’ (vii). Pléann Ó hIfearnáin agus Walsh idé-eolaíochtaí i leith na Gaeilge agus déantar trácht don ‘seantaithí ag lucht labhartha na teanga ar idé-eolaíochtaí éagsúla, idir dhearfach agus dhiúltach, sna meáin chumarsáide agus sa saol poiblí trí chéile’ (2018: viii). Sa chuid seo den cheistneoir áirítear ceistanna ar dhearcadh ginearálta na bhfaisnéiseoirí i leith na Gaeilge agus ansin ó thaobh ráitis éagsúla faoin nGaeilge. Baineadh leas as roinnt de na ráitis a úsáideadh sa SCT chuige sin. Áirítear ceist chomh maith faoi dhóchas na bhfaisnéiseoirí faoi thodhchaí na Gaeilge agus faoi ghníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann leis an nGaeilge a mbeidís sásta tabhairt fúthu amach anseo. Baineann an cheist dheireanach sa cheistneoir le moltaí na bhfaisnéiseoirí maidir le bealaí ina bhféadfaí an Ghaeilge a chur chun cinn sa todhchaí.

6.9.1 Dearcadh ginearálta i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Is í an chéad cheist sa chuid seo den cheistneoir a bhaineann le dearcadh i leith na Gaeilge ná ‘Cén ráiteas is mó a chuireann síos ar do dhearcadh i leith na Gaeilge?’ agus tugtar roghanna éagsúla mar fhreagra ar an gceist. Léiríonn na torthaí dearcachaí thar a bheith dearfach i leith na Gaeilge i measc na bhfreagróirí. Mhaígh 52% díobh go bhfuil siad ‘go láidir i bhfabhar na Gaeilge’ agus 36.7% go bhfuil siad ‘i bhfabhar na Gaeilge’. Sin 88.7% a d’fhreagair go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge. Níor fhreagair ach 4.4% go bhfuil siad beagáinín nó go láidir in aghaidh na Gaeilge agus dar le 6% gur cuma leo fúithi. Taispeánann an graf thíos dáileadh na dtorthaí:



Figiúr 6.6 Dearcadh i leith na Gaeilge- ceistneoir

Mar a léirítear, tá claonadh láidir ag na faisnéiseoirí i bhfabhar na Gaeilge. Cuirtear ceist sa cheistneoir ar na daoine i bhfabhar na Gaeilge cén fáth go bhfuil an dearcadh sin acu. Féach thíos dáileadh na gcéatadán a roghnaigh na ráitis éagsúla. Bhí cead ag daoine níos mó ná freagra amháin a roghnú agus fágadh spás chun a bhfreagraí féin a scríobh isteach chomh maith. Tá líne faoin dtoradh is coitianta a sonraíodh agus é i gcló trom:

- Cuireann sí le mo chuid seansanna fostaíochta: 19.5%
- Tá buntáistí le bheith dátheangach: 47.7%
- Teastaíonn uaim a bheith dílis d'oidhreacht teanga na tíre: **69%**
- Tá sí tábhachtach d'eacnamaíocht na tíre: 15.6%

-Tá sí tábhachtach dom go pearsanta: 58.2%
-Ní féidir liom é a mhíniú: 14.9%
-Eile: 3.5%

Tábla 6.15 Na freagraí is coitianta i dtaca le dearcadh dearfach i leith na Gaeilge- ceistneoir

Is í an chúis a roghnaigh an líon is mó d'fhreagróirí mar réasúnú ar dhearcadh dearfach i leith na Gaeilge ná 'teastaíonn uaim a bheith dílis d'oidhreacht teanga na tíre' agus ansin 'Tá sí tábhachtach dom go pearsanta'. I dtaighde Uí Riagáin agus Uí Ghliasáin (1994) déantar tagairt don chlaonadh céanna i gceisteanna faoi dhearcadh i leith na Gaeilge i suirbhéanna náisiúnta. Go minic, léiríonn ceisteanna mar seo go bhfuil an pobal báúil leis an nGaeilge ar chúiseanna a bhaineann le tábhacht na Gaeilge d'fhéiniúlacht na hÉireann nó d'fhéiniúlacht na bhfaisnéiseoirí mar Éireannaigh. Roghnaigh 47.7% go bhfuil siad fabhrach don Ghaeilge mar go bhfuil buntáistí le bheith dátheangach agus níor roghnaigh ach 19.5% agus 15.6% faoi seach na ráitis 'Cuireann sí le mo chuid seansanna fostaíochta' agus 'Tá sí tábhachtach d'eacnamaíocht na tíre'. I measc na bhfreagraí 'eile' a fuarthas, bhí na ráitis seo a leanas: 'bainim sult as, mar a bhaineann daoine eile sult as ceol', 'cuireann sé litríocht iomlán éagsúil ar fáil dom', '*national identity*', '*it would be a shame to lose our native language*'

Tugadh rogha do dhaoine a d'fhreagair go bhfuil siad in aghaidh na Gaeilge an chúis leis an bhfreagra sin a mhíniú chomh maith. Féach thíos dáileadh na gcéatadán ó na daoine a roghnaigh nach raibh siad i bhfabhar na Gaeilge:

- Ní úsáidim Gaeilge i mo ghnáthshaol: **77.8%**
- Níor thaitin an Ghaeilge liom ar scoil: 55.6%
- Ní bhraithim mar chuid de phobal Gaeilge na cathrach: 13.3%
- Ní fheicim aon tábhacht leis an nGaeilge: 42.2%
- Tá an Ghaeilge ródheacair mar theanga: 35.6%
- Ní féidir liom é a mhíniú: 4.4%
- Eile: 6.8%

Tábla 6.16 Na freagraí is coitianta i dtaca le dearcadh diúltach i leith na Gaeilge

An ráiteas is coitianta a roghnaíodh ná ‘ní úsáidim Gaeilge i mo ghnáthshaol’ (77.8%) agus ansin ‘Níor thaitin an Ghaeilge liom ar scoil’ (55.6%). As na daoine a roghnaigh go bhfuil cúis ‘eile’ go bhfuil dearcadh diúltach acu i leith na Gaeilge fuarthas trí fhreagra eile. Is iad:

- ‘Irish is not used in the country today enough to equal the amount of money spent teaching it to people.’
- ‘Elitism around the language. How it can be used by schools to discriminate against minorities and how it is associated with some political parties.’
- ‘It should not be compulsory in schools. The method used to teach it when I was in school was the main reason for my dislike of learning it as a language.’

Tábla 6.17 Freagraí 'eile' i dtaca le dearcadh diúltach i leith na Gaeilge

6.9.2 Dearcadh i leith na Gaeilge- ráitis shonracha: torthaí an cheistneora

Úsáidtear scála Likert anseo chun tuairimí na bhfaisnéiseoirí faoi ráitis éagsúla faoin nGaeilge a bhailiú. Labhraíonn Kumar (2008: 108) faoi na buntáistí a bhaineann le húsáid an scála seo i gcomparáid le scálaí eile sa mhéid is go bhfuil siad éasca a chruthú, is féidir iad a úsáid in an-chuid cásanna nach n-oireann scálaí eile dóibh agus soláthraítear níos mó roghanna

leo ionas go bhféadfadh na freagróirí a bheith níos compordaí a seasamh féin a léiriú (i gcomparáid le rogha idir ‘aontaím’ agus ‘easaontaím’, mar shampla). Áirítear 10 ráiteas san iomlán agus cuireadh ceist ar fhreagróirí roghnú an aontaíonn siad leis na ráitis ar scála ó ‘easaontaím go mór’, ‘easaontaím’, ‘níl a fhios agam’, ‘aontaím’ nó ‘aontaím go mór’. Cuireadh meascán de ráitis dhearfacha agus dhiúltacha san áireamh agus rinneadh iad a mheascadh le chéile ó thaobh oird de. Féach thíos na ráitis agus na freagraí is coitianta a tháinig chun cinn i ngach cás. Arís baineadh leas as na ráitis a úsáideadh sa SCT mar eiseamlár ach cuireadh in oiriúint don taighde seo iad agus cuireadh cinn eile leo chomh maith a bhaineann go sonrach le cathair Chorcaí :

- ‘Níl aon mhaith sa Ghaeilge’: **Easaontaím go mór** (44.1%)
- ‘Ní fiú do dhaoine óga a bheith ag foghlaim Gaeilge’: **Easaontaím go mór** (54.6%)
- ‘Tá sé tábhachtach gach iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a choimeád beo’: **Aontaím go mór** (55.7%)
- ‘Is cuid tábhachtach dár n-oidhreacht í an Ghaeilge’: **Aontaím go mór** (70.6%)
- ‘Bheinn féin sásta cabhrú le hiarrachtaí an Ghaeilge a chur chun cinn i gcathair Chorcaí’: **Aontaím** (35.1%)
- ‘Ní fiú iarrachtaí a dhéanamh an Ghaeilge a choimeád beo a thuilleadh’: **Easaontaím go mór** (50.9%)
- ‘Ba chóir go n-eagraítear níos mó imeachtaí Gaeilge i gcathair Chorcaí’: **Aontaím** (42%)
- ‘Ba chóir go mbeadh níos mó deiseanna do dhaoine óga Gaeilge a úsáid lasmuigh den chóras oideachais’: **Aontaím go mór** (57.1%)

-‘Ba chóir go mbeadh níos mó fógraí faoi imeachtaí Gaeilge sa chathair’: **Aontaím**
(46.1%)


-‘Ní maith liom Gaeilge go pearsanta’: **Easaontaím go mór** (43.6%)

Tábla 6.18 Achoimre ar na torthaí is coitianta ó scála Likert i dtaca le dearcchá i leith na Gaeilge- ceistneoir

Arís, léiríonn na torthaí ón scála seo dearcadh dearfach i leith na Gaeilge i ngach cás. An toradh is mó a fuarthas ná go n-áitíonn 70.6% gur ‘cuid tábhachtach dár n-oidhreacht í an Ghaeilge’. Tagann an toradh seo leis an gcúis is mó a sholáthraítear ar dhearcadh dearfach i leith na Gaeilge i gCuid 6.9.1 thuas (‘teastaíonn uaim a bheith dílis d’oidhreacht teanga na tíre’). Easaontaíonn formhór na rannpháirtithe go mór leis na ráitis ‘ní fiú do dhaoine óga a bheith ag foghlaim Gaeilge’ (54.6%) agus ‘ní fiú iarrachtaí a dhéanamh chun an Ghaeilge a choimeád beo a thuilleadh’ (50.9%).

6.9.3 Dóchas faoi thodhchaí na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Cuirtear ceist sa chuid seo chomh maith chun tuairimí na bhfreagróirí faoi thodhchaí na Gaeilge sa chathair a mheá. Is í an cheist ná ‘an gceapann tú go mbeidh an Ghaeilge níos láidre nó níos laige i gcathair Chorcaí i gceann fiche bliain?’. Dar ndóigh tuar atá i gceist anseo ach áiríodh an cheist os rud é go dtugann sé léargas ar dhóchas mhuintir na cathrach i leith leathnú na Gaeilge. Bhí an-mheascán sna tuairimí a fuarthas, mar a léiríonn an ghraf thíos:



Figiúr 6.7 Dóchas faoi thodhchaí na Gaeilge i gcathair Chorcaí

An tuairim is coitianta a tugadh ná go mbeidh Gaeilge ábhairín níos láidre i gceann fiche bliain (24%). Tar éis sin, is iad ord na bhfreagraí ná: ‘mar a chéile’ (21.1%), ‘i bhfad níos laige’ (19%), ‘níl a fhios agam’ (15.2%), ‘ábhairín níos laige’ (14.7%) agus níor fhreagair ach 5.9% gur cheap siad go gceapann siad go mbeidh an Ghaeilge i bhfad níos láidre sa chathair i gceann fiche bliain.

6.9.4 Gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa todhchaí- torthaí an cheistneora

Cuirtear ceist faoi ghníomhaíochtaí sonracha a bheadh na faisnéiseoirí toilteanach a dhéanamh sa todhchaí ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge. Soláthraítear ocht gcomhthéacs agus fágtar spás ansin chun ligint do na freagróirí a smaointe féin a chur isteach chomh maith.

Seo thíos na ráitis agus céatadán na bhfreagróirí a d'fhreagair go mbeidís sásta tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo sa todhchaí:

-Iarracht níos fearr a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt i do shaol laethúil: 69%
-Freastal ar imeachtaí Gaeilge a chloiseann tú fúthu sa chathair: 46.5%
-Tacú le heagraíochtaí/ grúpaí Gaeilge sa chathair: 44.7%
-Níos mó de do chuid ghnó laethúil a dhéanamh trí Ghaeilge: 35.6%
-An Ghaeilge a úsáid níos mó ar an idirlíon: 38.1%
-An Ghaeilge a úsáid níos mó i dteachtaireachtaí téacs: 36.7%
-Níor smaoinigh mé riamh faoi: 21.5%
-Bheinn sásta an Ghaeilge a chur chun cinn i mbealach eile (sonraigh): 2.7%

Tábla 6.19 Toilteanas i dtaca le gníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn- ceistneoir

Mar a léirítear, d'fhreagair 69% go mbeidís sásta iarracht níos fearr a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt ina saol laethúil. Dar ndóigh, ní féidir a chinntiú go dtarlóidh sé sin. Roinnt de na smaointe 'eile' a bhí ag daoine faoi gníomhaíochtaí a mbeidís sásta tabhairt fúthu chun an Ghaeilge a chur chun cinn as seo amach ná: 'Ranganna neamhfhoirmiúla a thabhairt do chairde agus do ghaolta' agus '*make an effort to read Irish to keep up my limited understanding and improve it if possible*'.

Ceist oscailte is ea an cheist dheireanach sa cheistneoir- 'An bhfuil aon mholtaí/tuairimí eile agat maidir leis an nGaeilge agus cur chun cinn na Gaeilge i gcathair Chorcaí?' Fuarthas 81 freagra don cheist seo. Rinneadh iarracht ar anailís de réir théama a dhéanamh ar na freagraí a fuarthas ach bhí an iliomad téamaí éagsúla i gceist. Seo thíos sa bhosca roinnt de na ráitis a fuarthas anseo:

- Níos mó deiseanna úsáide. Na líonraí atá ann faoi láthair a chur le chéile, táid scartha óna chéile go pointe áirithe.

- Tá trí mholadh agam: (1) feachtas a chur ar siúl i gcoinne bolscaireacht frith-Ghaeilge, agus (2) naisc le cainteoirí mionteangacha eile ar fud an domhain a láidriú, agus (3) moltaí athbheochana a fháil ó na grúpaí a bhfuil na hiarrachtaí is rathúla déanta acu mionteangacha a chosaint.

- Fógraí Gaeilge oifigiúla le botúin a cheartú timpeall na cathrach

- If we could get to a point where it was commonplace for retail assistants, waiting/bar staff etc to use bilingual greetings like "thanks, go raibh maith agat" or "slán, goodbye" I think that it would help greatly reduce the public fear of and anxiety towards Irish. To arrive at a widespread mindset that, for most of us, its not our first language so it's ok to make mistakes and dip back into English if we're struggling etc and that you can easily make it your second if you just try to speak it! Is fearr Gaeilge bhriste etc.

-They should advertise more about courses in the city

-I think that employment opportunities will encourage more people to participate in Ireland. In creating these, parents will be more willing to encourage their children to focus more on Irish and then the children will eventually do it for themselves


- There is an underlying negative attitude towards Irish amongst the youth of Ireland; young people are embarrassed to speak the language in public. In my opinion, the only way to get rid of that attitude is to nip it in the bud at an early age and to promote speaking the language as the primary language at home.

Tábla 6.20 Moltaí i dtaca leis an nGaeilge a chur chun cinn sa chathair- ceistneoir

6.9.5 Dearcadh i leith na Gaeilge ó athróa pearsanta

6.9.5.1 Inscne agus dearcadh i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Maidir leis an gcomhghaolú idir inscne agus dhearcadh i leith na Gaeilge, arís ní raibh mórán suntais sna staitisticí. Mar a léirítear thíos, mhaígh céatadán níos mó fear go raibh siad ‘go láidir i bhfabhar na Gaeilge’ ná ban (Mná- 48.4%, Fir- 57.3%) ach d’fhreagair céatadán níos mó ban ná fear go raibh said ‘i bhfabhar na Gaeilge’ (Mná- 41.5%, Fir- 31.6%), rud a fhágann gur fhreagair 89.9% de mhná a ghlac páirt sa cheistneoir go raibh said ‘go láidir i bhfabhar na Gaeilge’ nó ‘i bhfabhar na Gaeilge’ agus 88.9% d’fhir a d’fhreagair amhlaidh.



Figiúr 6.8 Comhchoibhneas inscne agus dearcadh i leith na Gaeilge

6.9.5.2 Aois agus dearcadh i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Tá na torthaí a bhaineann le haois agus dearcadh i leith na Gaeilge suimiúil i gcomhthéacs na dtorthaí a tháinig chun cinn nuair a tugadh faoi chomhghaolú idir aois agus úsáid a iniúchadh. Cé gur fhreagair an céatadán is mó de dhaoine idir 18-24 (27.7%) nach n-úsáideann siad Gaeilge riamh lasmuigh den chóras oideachais, d’fhreagair formhór an aoisghrúpa chéanna go raibh siad ‘go láidir i bhfabhar na Gaeilge’.

	Láidir i bhfabhar	I bhfabhar	Is Cuma	Beagáinín in Aghaidh	Láidir in Aghaidh
18-24	54.5	37.9	4.5	3.0	0.0
25-34	52.4	37.7	5.7	3.3	0.9
35-44	50.0	40.2	6.5	3.3	0.0
45-54	48.2	34.1	12.9	3.5	1.2
55-64	54.7	34.4	3.1	6.3	1.6
65-74	58.8	38.2	0.0	2.9	0.0
75+	80.0	20.0	0.0	0.0	0.0

Tábla 6.21 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus aois

6.9.5.3 Méid ama ó scoil a fhágáil agus dearcadh i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Arís, mar a chonacthas le haois agus dearcadh i leith na Gaeilge, d’fhreagair formhór na rannpháirtithe a bhí fós ar scoil go bhfuil dearcadh an-dearfach acu i leith na Gaeilge:

	Láidir i bhfabhar	I bhfabhar	Is Cuma	Beagáinín in Aghaidh	Láidir in Aghaidh
Fós ar Scoil	60	26.7	6.7	6.7	0
1-5 bliana	44.2	44.2	9.6	1.9	0
6-11 bliana	52.3	39.9	3.9	3.3	0.7
12-17 bliana	58.2	32	3.3	4.9	1.6
18+ bliana	50.2	37.3	8.6	3.3	0.5

Tábla 6.22 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus méid ama ó scoil a fhágáil

D’fhreagair 60% de rannpháirtithe a bhí fós ar scoil go raibh siad ‘go láidir i bhfabhar na Gaeilge’. Níor fhreagair éinne a d’fhreagair go raibh siad fós ar scoil go raibh siad ‘go láidir

in aghaidh na Gaeilge'. Tá sin suntasach arís i bhfianaise an líon rannpháirtithe a bhí fós ar scoil a d'fhreagair nach n-úsáideann siad Gaeilge riamh lasmuigh den chóras oideachais. Níor fhreagair éinne a d'fhág scoil 1-5 bliana ó shin go raibh siad 'go láidir in aghaidh na Gaeilge' ach an oiread. I ngach catagóir mhaígh an céatadán is airde de rannpháirtithe go raibh siad go láidir i bhfabhar na Gaeilge. Is é impleacht an toraidh ná nach bhfuil mórán baint ag an méid ama ó d'fhág siad an scoil ar dhearcadh i leith na Gaeilge. Caithfear cuimhneamh, áfach, go bhfuil freagróirí an cheistneora in aois a 18 agus níos sine agus ní hé sin le rá go mbeadh na freagraí mar a chéile i measc daltaí scoile.

6.9.5.4 Oideachas agus dearcadh i leith na Gaeilge- torthaí an cheistneora

Seo thíos trastablú ar dhearcadh i leith na Gaeilge agus an leibhéal is airde sa chóras oideachais atá ag freagróirí:

	Láidir i bhfabhar	I bhfabhar	Is Cuma	Beagáinín in Aghaidh	Láidir in Aghaidh
Níl aon scolaíocht agam	<u>66.7</u>	33.3	0	0	0
Tá oideachas bunscoile agam	<u>45.5</u>	33.3	6.1	15.2	0
Tá an Teastas Sóisearach agam	34.1	<u>41.5</u>	19.5	4.9	0
Tá an Ardteist agam	42.3	<u>46.7</u>	4.4	5.1	1.5
Tá diplóma/ teastas agam	40.8	<u>46.1</u>	9.2	1.3	2.6
Tá céim bhaitisiléara agam	<u>61.6</u>	32.2	5.1	1.1	0
Tá céim mháistreachta agam	<u>67.1</u>	24.7	2.7	5.5	0
Tá céim dhochtúireachta agam	<u>77.8</u>	22.2	0	0	0

Tábla 6.23 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus leibhéal oideachais

Thar na grúpaí go léir a d'fhreagair go raibh leibhéil éagsúla oideachais sroichte acu, léirítear dearcadh dearfach i leith na Gaeilge.

6.9.5.5 Dearcadh i leith na Gaeilge: athróga cumais agus úsáide- torthaí an cheistneora

Rinneadh trastáblú ar chumas sa Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge le dearcadh i leith na Gaeilge chomh maith. Seo thíos an tábla le dáileadh cumais sa Ghaeilge agus dearcadh i leith na Gaeilge:

	Láidir i bhfabhar	I bhfabhar	Is Cuma	Beagáinín in Aghaidh	Láidir in Aghaidh
Líofa	<u>92.2</u>	6.3	1.6	0	0
Maith	<u>73.4</u>	25.0	0.8	0.8	0
Measartha	46.6	<u>47.3</u>	3.1	3.1	0
Beagán	34.4	<u>45.3</u>	11.8	7.1	1.4
N/a Gaeilge	25.0	<u>54.2</u>	12.5	4.2	4.2

Tábla 6.24 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus cumas

Cé gur mhaígh an céatadán is mó i ngach grúpa cumais go bhfuil siad i bhfabhar na Gaeilge (nó go láidir i bhfabhar), tá comhchoibhneas idir cumas níos airde sa Ghaeilge agus dearcadh dearfach ina leith. Feictear sna torthaí ‘in aghaidh na Gaeilge’ agus ‘go láidir in aghaidh na Gaeilge’ go bhfuil sé níos dóchúla, dar leis na torthaí, dearcadh diúltach i leith na Gaeilge a léiriú má tá cumas íseal sa teanga ag an rannpháirtí.


Seo thíos tábla a léiríonn dáileadh úsáide na Gaeilge agus dearcadh ina leith:

	Láidir i bhfabhar	I bhfabhar	Is Cuma	Beagáinín in Aghaidh	Láidir in Aghaidh
Laethúil	<u>83.9</u>	14.3	0	1.8	0
Cúpla Uair sa Mhí	<u>32.3</u>	7.7	0	9.5	0
Anois is Arís	<u>54.4</u>	41.7	2.9	1	0
Go hAnnamh	<u>43.8</u>	<u>43.8</u>	8.9	2.7	0.9
Riamh/CO*	22.7	<u>59.1</u>	13.6	4.5	0
Riamh	<u>19.4</u>	43.5	12.9	<u>19.4</u>	4.8

Tábla 6.25 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus úsáid

**Riamh lasmuigh den chóras oideachais*

Léirítear tuairim ‘láidir i bhfabhar na Gaeilge’ i measc 83.9% de rannpháirtithe a mhaígh go n-úsáideann siad Gaeilge go laethúil. Arís, mar a fheictear le torthaí an chrostáblaithe idir cumas agus dearcadh i leith na Gaeilge, cé go léirítear dearcadh dearfach i leith na Gaeilge i ngach catagóir, tuairiscítear na freagraí is dearfaí faoin nGaeilge i measc na rannpháirtithe a bhaineann úsáid as an nGaeilge ar bhonn rialta:



Figiúr 6.9 Comhchoibhneas dearcadh i leith na Gaeilge agus minicíocht úsáide

6.9.5.6 Dóchas faoi thodhchaí na Gaeilge: athróga cumais agus úsáide- torthaí an cheistneora

Rinneadh tástálacha staitisticíúla chun comhghaol idir dóchas i leith na Gaeilge agus an fhaisnéis ar chumas agus úsáid a scrúdú. Ó thaobh cumais de, is iad na freagróirí a roghnaigh go bhfuil siad ‘líofa’ sa Ghaeilge an grúpa is mó a roghnaigh go mbeidh Gaeilge ‘i bhfad níos láidre’ (27.2%) sa chathair i gceann fiche bliain. An grúpa is mó a roghnaigh go gceapann siad go mbeidh an Ghaeilge ‘i bhfad níos laige’ i gceann fiche bliain ná freagróirí a d’fhreagair nach raibh ach beagán Gaeilge acu. Nuair a cuireadh ‘úsáid na Gaeilge’ i gcomparáid leis an bhfaisnéis a tháinig chun cinn ón gceist seo, ba é an grúpa a d’fhreagair go n-úsáideann siad

Gaeilge ar bhonn laethúil an grúpa is mó a cheap go mbeadh Gaeilge i bhfad níos láidre sa chathair i gceann fiche bliain (12.6%). Is é an grúpa a roghnaigh nach n-úsáideann siad Gaeilge riamh an grúpa is mó a d'fhreagair go gceapann siad go mbeadh an Ghaeilge i bhfad níos laige sa chathair i gceann fiche bliain. Nuair a bhíonn ról níos mó ag an nGaeilge i saolta na rannpháirtithe, mar sin, feictear meon níos dearfaí i dtaca le láidriú na Gaeilge amach anseo.

6.10 Dearcadh i leith na Gaeilge i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais (agus agallaimh leantacha)

Pléadh dearthaí i leith na Gaeilge go mion sna grúpaí fócais. Cosúil le torthaí an cheistneora, léiríodh dearthaí dearfacha i leith na Gaeilge den chuid is mó. Soláthraíodh níos mó sonraí ar thuairimí éagsúla i leith na Gaeilge agus na cúiseanna taobh thiar de na tuairimí seo agus ardaíodh ceisteanna faoi cad as a dtagann na tuairimí. Seo thíos na catagóirí a phléitear ó thaobh dearcaidh de:

Catagóir	Minicíocht
Dearcadh follasach dearfach i leith na Gaeilge	n = 21
Dearcadh follasach diúltach i leith na Gaeilge	n = 5
Tábhacht na Gaeilge don fhéiniúlacht chultúrtha agus náisiúnta	n = 13
Tábhacht pearsanta na Gaeilge do na rannpháirtithe	n = 9
Athrú i ndearcadh i leith na Gaeilge thar imeacht ama	n = 8
Tionchar ag cumas agus úsáid na Gaeilge ar dhearcadh ina leith	n = 7
Stiogma faoin nGaeilge	n = 5
An tionchar ag 'praiticiúlacht' ar dhearcadh i leith na Gaeilge	n = 9

Tábla 6.26 Achoimre cainníochtúil de dhearcadh i leith na Gaeilge- grúpaí fócais

6.10.1 Dearcthaí i leith na Gaeilge- grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Dearcadh follasach dearfach i leith na Gaeilge	n = 21
Dearcadh follasach diúltach i leith na Gaeilge	n = 5
Tábhacht na Gaeilge don fhéiniúlacht chultúrtha agus náisiúnta	n = 13
Tábhacht pearsanta na Gaeilge do na rannpháirtithe	n = 9

Bhí sé i bhfad níos coitianta gur léirigh rannpháirtithe na ngrúpaí fócais dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge ná dearcthaí diúltacha ina leith (21 – 5) agus ba láidre na tuairimí dearfacha ná na tuairimí diúltacha de ghnáth. Baineann cuid mhaith de na tuairimí dearfacha le cúrsaí féiniúlachta cultúrtha agus náisiúnta. Mar shamplaí:

I'm massively personally in favour of the Irish language. I think it's really important. Like without making any reference to the system of how it is taught, just as a cultural thing and as an identifier like I think it's hugely important. (R3: 15/07/2015)

I like Irish and I think culturally it's very important. (R2: 15/07/2015)

I think a lot of people...everyone identifies with the language. Everyone sees it as a massive cultural thing. (R7: 26/07/2015)

...culturally it would be a loss. (R7: 26/07/2015)

We are Irish and we live on an island and yet it isn't really our first language anymore I don't think. And I wish it still was. It would give us a bit more identity. So I think our identity as Irish people is changing. (R6: 02/08/2015)

Is í Gaeilge teanga náisiúnta na tíre. Tá dualgas orainn mar Éireannaigh gach rud is féidir linn a dhéanamh chun teanga náisiúnta na hÉireann a chaomhnú. Tá sin thar a bheith tábhachtach. (Agallamh Leantach 1)

Tagann na ráitis a tháinig chun cinn a nascann dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus féiniúlacht náisiúnta leis na torthaí ceistneora chomh maith agus an chúis is mó a tugadh i gcás dearcadh dearfach- ‘teastaíonn uaim a bheith dílis d’oidhreacht teanga na tíre’. Mar a chonacthas i gCaibidil 2, le bunú an Stáit bhí an Ghaeilge ina sainmharc de chultúr na hÉireann a bhí iomlán éagsúil ón mBéarla agus ó chultúr Shasana. Bhí an-bhaint ag siombalachas leis an dearcadh seo, mar a deir Ó hIfearnáin (2006: 13): *‘Tá siombalachas na teanga i gcroí cheist na Gaeilge mar theanga náisiúnta in Éirinn’*.

An dara cúis is mó a thuairiscítear ó thorthaí an cheistneora do dhearcadh dearfach i leith na Gaeilge ná ‘Tá sí tábhachtach dom go pearsanta’ agus léirigh roinnt de na rannpháirtithe sna grúpaí fócais agus agallaimh leantacha an tuairim seo chomh maith, ar chúiseanna éagsúla:

I definitely would answer that Irish is important to me personally. I think it would be an awful shame if we did not have it anymore and I admire the people who can learn it fluently and who are making efforts to keep it going. (R2: 26/07/2015)

Cinnté tá Gaeilge tábhachtach domsa go pearsanta. Labhraímid Gaeilge amháin sa teach agus muid ag éirí aníos agus níor smaoinigh mé ar mo dhearcadh fúithi ag an sin. Ach anois agus mé fásta is dócha go smaoiníonn tú níos mó faoi rudaí agus le cúrsaí Gaeilge i mbéal an phobail go háirithe, cinnte déarfainn is ea, is í mo theanga í agus tá sí an-tábhacht dom go pearsanta. (R4: 19/07/2015)

Irish is very important to me personally. It has always resonated with me. (Agallamh Leantach 5)

Uaireanta léiríodh dearcadh pearsanta dearfach i leith na Gaeilge agus tuairimí nach bhfuil caomhnú na Gaeilge tábhachtach don tír:

To myself, as I said, it is important but that’s how I feel personally but to the vast majority of the country I don’t think it would really bother them [muna labhraítear Gaeilge sa tír a thuilleadh]. And that’s not to say ‘oh we don’t care’ it’s just the way it is... (R2: 05/07/2015)

Irish is important to me. I love the language and I always have. However, on a national level I’m not fully sure of how important it is to the country really, or on an international level even. (Agallamh Leantach 5)

A mhalairt de scéal a thuairiscigh rannpháirtithe eile, go bhfuil Gaeilge tábhachtach don tír ach nach bhfuil sí tábhachtach do na rannpháirtithe sin go pearsanta nó go bhfuil dearcadh neodrach acu i leith na teanga ag leibhéal pearsanta ach go bhfuil siad den tuairim go bhfuil sí luachmhar don tír i gcoitinne:

I do not know if I would say it was personally important to me. Like I do think it is good that we have it as a link to the past kind of thing. And I would be behind efforts to revive it and to keep it going. But on a personal level I do not know. (R2: 26/07/2015)

No, Irish isn't important to me on a personal level because I don't use it at all from day to day and I don't need to use it so it isn't really a part of my life. I do think that it's massively important to the country though. It would be a huge shame if the language died out completely because it's our language. (R1: 05/07/2015)

I do not use the language whatsoever but on a national level I would agree that it should not be allowed to just die out either like. (R1: 02/08/2015)

6.10.2 Athrú i ndearccháí i leith na Gaeilge thar imeacht ama

Catagóir	Minicíocht
Athrú i ndearcadh i leith na Gaeilge thar imeacht ama	n = 8

Labhair ochtar rannpháirtithe faoin tslí gur athraíodh a ndearccháí i leith na Gaeilge thar imeacht ama, ar chúiseanna éagsúla. I gcás an rannpháirtithe seo thíos, d'athraigh a dearcadh i leith na Gaeilge nuair a rugadh páiste di:

My husband is French and we have a son so there's the French language but it does make me a lot more aware of Irish than before. And that that language, even though there's English and French, is also very, very important. And it does certainly make you become a lot more aware of it. My attitude has dramatically changed over the last twelve months. (R8: 02/08/2015)

Dar le roinnt rannpháirtithe, tharla athrú ar a ndearcadh i leith na Gaeilge tar éis dóibh an scoil a fhágáil. I bhformhór na gcásanna sin labhair rannpháirtithe faoi dhroch-thaithí a bhí acu leis an nGaeilge ar scoil. Mar shamplaí:

When I was at school I hated the language and that was down to how it was taught because we were made to learn everything off by heart and we wouldn't even know what we were learning half the time. I left school after how long spent learning Irish and I couldn't string more than a few sentences together. But now I feel like it's a massive regret that I can't speak it. Honestly I didn't place any value on it in school because of the way it was taught but now I would give anything to be able to speak it. (R6: 02/08/2015)

As a child it just meant extra homework and everything else that came with it. But as I got older and started to enjoy things and realise the importance of your own culture and history and where we came from, it did become far more important. (R1: 02/08/2015)

6.10.3 Tionchar ag cumas agus úsáid na Gaeilge ar dhearcadh ina leith- grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Tionchar ag cumas agus úsáid na Gaeilge ar dhearcadh ina leith	n = 7

Léirítear san fhaisnéis a bailíodh ó na grúpaí fócais an tionchar a bhíonn ag cumas sa Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge ar dhearcadh ina leith. I measc rannpháirtithe a léirigh dearcadh diúltach de shaghas éigin i leith na Gaeilge, ba mhinic gur eascair an dearcadh sin as easpa cumais nó easpa úsáide na Gaeilge. Uaireanta eile, léirítear an tionchar a bhíonn ag dearcadh diúltach i leith na Gaeilge ar chumas agus úsáid. Mar shamplaí:

I would not say it is important to me personally, no. I never use it like and I do not think I am missing anything from not being able to use it. (R4: 26/07/2015)

It's not important to me because I don't use the language and it's not a part of my life whatsoever so I wouldn't say that I have a positive attitude towards it to be honest. (R2: 05/07/2015)

I think it's an awful shame that I cannot use it and I think I have some kind of resentment towards it because of that. (R6: 26/07/2015)

6.10.4 Stiogma faoin nGaeilge- grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
Stiogma faoin nGaeilge	n = 5

Sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge mar aon le dá cheann de na grúpaí fócais trí mheán an Bhéarla luadh stiogma faoin nGaeilge agus náire i leith a húsáide ar chúiseanna éagsúla, agus an tionchar a bhíonn aige sin ar úsáid na Gaeilge:

Ceapaim anois bíonn saghas náire ar dhaoine a bheith ag labhairt Gaeilge. (R7: 19/07/2015)

I think embarrassment comes into it too because I wouldn't have much confidence in speaking Irish because my ability is so limited so then if someone started speaking to me in Irish in a shop or something I think I'd be too embarrassed to answer them back because I just don't have enough of it. (R6: 26/07/2018)

It's probably a slight stigma like as well that you would feel a little uncomfortable if you're speaking Irish because there would be people that would come to the conclusion about you that you're showing off or something you know, or you're trying to be exclusive maybe. (R4: 26/07/2018)

There are certain negative associations with the Irish language, unfortunately. The gaelscoileanna are seen by some people as elitist and not accessible without money or family ties and I think that means that people are starting to associate a kind of arrogance with the language. (Agallamh Leantach 4)

6.10.5 An tionchar ag 'praiticiúlacht' ar dhearcadh i leith na Gaeilge- grúpaí fócais

Catagóir	Minicíocht
An tionchar ag 'praiticiúlacht' ar dhearcadh i leith na Gaeilge	n = 9

Rud a tháinig chun cinn go minic sna comhráite faoi dhearcadh i leith na Gaeilge ná nach bhfuil 'praiticiúlacht' ag baint le labhairt na Gaeilge. Luaigh an-chuid rannpháirtithe an tuairim seo sna grúpaí fócais, nach rud praiticiúil é Gaeilge a labhairt. Ní chuireann na tuairimí seo

comhthéacs an chainteora dúchais Gaeilge san áireamh agus feictear an tuairim go minic sna meáin chraolta agus chló go háirithe go gcaithtear blianta ag foghlaim na Gaeilge ar scoil agus nach n-úsáidtear í ina dhiaidh sin. Feictear tagairtí don Ghaeilge mar theanga mharbh agus tá an tuairim sin ann le fada an lá. Mar a deir Ó hIfearnáin agus Walsh: ‘Is fada lucht na Gaeilge á gcosaint féin ar an tuairim gur ‘teanga mharbh’ a bhíonn á labhairt acu, nach bhfuil aon úsáid phraiticiúil léi ó thaobh fostaíochta ná cumarsáide de agus mar sin nár cheart í a bheith éigeantach sa chóras oideachais, mar shampla’ (2018: viii). Féach thíos roinnt ráiteas ó na grúpaí fócais a léiríonn an dearcadh seo nach bhfuil úsáid phraiticiúil leis an nGaeilge:

Even myself growing up, even my father when I was in school when I had Irish homework the first thing he’d say is why are you learning that, why do you need that. (R3: 02/08/2015)

I think it pulls at the sentiment of being Irish, and at the nationalist sentiment. But practically there is no use for it. Like any psychologist will tell you any of the motivational models, like if you need something you’re going to learn it. But if there’s no practicality to that, you’re not going to be able to learn it. (R3: 02/08/2015)

..I only needed it for teaching so that’s the only reason I studied it, that’s the only reason I wanted to learn it, it’s the only reason I was really interested in it. So then when I got my points I was like oh that’s grand now, I don’t need it anymore. (R5: 02/08/2015)

6.11 Triantánú na dtorthaí

Dar le Schensul agus LeCompte (2013), chun an t-ábhar suime sa taighde a thabhairt chun cinn ón bhfaisnéis, is gá machnamh a dhéanamh ar an eolas go léir a bailíodh agus triantánú a dhéanamh den fhianaise ó fhoinsí éagsúla. Nuair a chuirtear na sonraí a tháinig chun cinn ón gceistneoir, ó na grúpaí fócais agus ó na hagallaimh le chéile cruthaítear pictiúr níos cuimsithí de chúrsaí Gaeilge na cathrach. Pictiúr casta is ea é ach is féidir roinnt tátail soiléire a fheiceáil. Maidir le cumas sa Ghaeilge léirítear cumas braite íseal i measc fhormhór na rannpháirtithe. B’ionann an cás sin i measc fhormhór fhreagróirí an cheistneora agus

rannpháirtithe sna grúpaí fócais. Bíonn tionchar ag cumas íseal i dteanga ar a húsáid, dar ndóigh. Mar a deir Moriarty (2015: 61), ní bhíonn daoine le cumas teoranta sa Ghaeilge ag brath ar aimsiú gréasáin shóisialta cainteoirí chun a scileanna teoranta a chleachtadh. Feictear sin i bhfianaise na faisnéise ó na grúpaí fócais nuair a mhaíonn rannpháirtithe go gcuireann a gcumas braite íseal sa Ghaeilge as dóibh Gaeilge a chleachtadh le daoine sa chathair agus deiseanna úsáide Gaeilge sa chathair a lorg. Fiú i measc rannpháirtithe a mháigh go bhfuil cumas measartha acu sa Ghaeilge feictear tionchar ag easpa muiníne ina gcumas ar easpa úsáide na Gaeilge. Srian is ea an easpa muiníne sin ar aistriú cumais na rannpháirtithe go húsáid na teanga. Pléitear muinín sa tsochtheangeolaíocht go minic agus áitítear go mbaineann sé le cúrsaí idé-eolaíochta. Bhí formhór mór na rannpháirtithe tar éis Gaeilge a fhoghlaim ar scoil ar feadh idir 10-14 bliana. D'fhreagair 61.2% d'fhreagróirí an cheistneora gur fhoghlaim siad Gaeilge ar feadh 13+ bliana agus 23% eile gur fhoghlaim siad Gaeilge ar feadh 10-12 bliana; bhí gach rannpháirtí sna grúpaí fócais tar éis Gaeilge a fhoghlaim ar an mbunscoil agus 36 as 40 tar éis í a fhoghlaim sa mheánscoil chomh maith. Mar a pléadh i gCaibidil 2 cuireadh an tualach ar an gcóras oideachais i dtaca le sealbhú na Gaeilge ó bhunú an Stáit Iasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. Dar le Ó Riagáin (2001: 206) nach leor brath ar an gcóras oideachais amháin chuige sin agus gur fhág an bhéim iomarcaíoch sin a leagadh ar an gcóras oideachais slánú na Gaeilge i staid leochaileach. Labhair Fishman faoin spleáchas ar réimse an oideachais i gcomhthéacs pleanála teanga do theangacha mionlaigh chomh maith agus na dúshláin a bhaineann leis sin nuair nach mbíonn feidhmeanna eile ag na teangacha sin sa tsochaí:

A very commonly adopted function goal of threatened languages is to offer education in which those languages can operate as sole, or at least as co-media. If the same threatened languages are not first acquired as ethnic mother tongues at home, before children arrive at school, and if, in addition, they are not used out of school and even after schooling as a whole is over, then the school has a much more difficult task on its hands. (Fishman, 2001a: 14)

I dtuarascáil ar úsáid teangacha i measc daoine óga lasmuigh den seomra ranga a chuir Ó Riagáin, Williams & Vila i dtoll a chéile léirítear sna torthaí (2008: 2) gur údar inní é nach bhfuil úsáid ‘shóisialta’ lasmuigh de chomhthéacs na scoile á forbairt go sásúil in Éirinn, sa Bhreatain Bheag agus i dtír na mBascach. Feictear i dtorthaí an cheistneora gur mhaígh an céatadán is mó de rannpháirtithe a bhí fós ar scoil nach n-úsáideann siad Gaeilge in aon chor lasmuigh den chóras oideachais. Léirítear chomh maith, ó thorthaí an cheistneora mar aon le heolas ó na grúpaí fócais agus agallaimh, go bhfuil daoine ina gcónaí sa chathair arb í Gaeilge a gcéad teanga agus daoine eile a shealbhaigh an Ghaeilge lasmuigh de shuíomh an teaghlach a bhfuil cumas braite líofa sa Ghaeilge acu anois. Áitíonn 11.3% d’fhreagróirí go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge cé nár fhreagair ach 5.5% gurb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Sa ghrúpa fócais trí mheán na Gaeilge bhí Gaeilge mar chéad teanga ag cúigear rannpháirtithe; fágann sin go raibh seachtar sa ghrúpa fócais sin a shealbhaigh Gaeilge lasmuigh den teaghlach agus a bhfuil ardchumas go leor acu chun comhrá uair go leith a bheith acu trí Ghaeilge ar réimse leathan ábhar. D’áitigh rannpháirtithe eile na ngrúpaí fócais go bhfuil ardchumas sa Ghaeilge acu chomh maith agus go mbeidís in ann comhrá maith a dhéanamh sa Ghaeilge.

Cé gur mhaígh líon mór freagróirí an cheistneora go n-úsáideann siad Gaeilge gach lá, faightear léargas difriúil i measc rannpháirtithe na ngrúpaí fócais. Díríodh ar ‘úsáid’ na Gaeilge sa cheistneoir agus ‘labhairt’ na Gaeilge sna grúpaí fócais agus seans go raibh tionchar ag sin ar na torthaí. Fuarthas léargas ar na srianta éagsúla ar úsáid na Gaeilge mar aon le heaspa cumais. Mhaígh roinnt rannpháirtithe nach labhraíonn daoine eile ina ngréasáin shóisialta Gaeilge agus mar sin, fiú dá mbeadh ardchumas acu sa Ghaeilge ní bheidís in ann í a úsáid ina ngréasáin féin. I dtaighde ar ghréasáin shóisialta i nGaillimh (*The Galway Social Network Study 1997*) tháinig an toradh céanna chun cinn. Tuairiscíodh sa taighde, a raibh 21

rannpháirtithe san aoisghrúpa 18-36 páirteach ann, gur lú úsáid na Gaeilge i measc na rannpháirtithe muna raibh Gaeilge á húsáid sa ghréasán sóisialta ina raibh siad. Sa staidéar sin, sonraíodh nach raibh a lán cainteoirí Gaeilge i ngréasáin na rannpháirtithe a raibh cumas measartha dátheangach i mBéarla agus Gaeilge acu. Sna grúpaí fócais ba bheag an líon duine a mhaígh go n-úsáideann siad Gaeilge ar bhonn rialta, ach amháin i measc rannpháirtithe an ghrúpa fócais a cuireadh ar siúl trí mheán na Gaeilge. Tuairscíodh go mbaineann an easpa úsáide seo uaireanta le noirm shóisialta agus le heaspa feasachta ar sheirbhísí Gaeilge agus deiseanna úsáide na Gaeilge sa chathair (Ó Riagáin, Williams, Villa, 2008: 17). Ní fadhb í seo a bhaineann le suíomhanna uirbeacha na tíre amháin, dar ndóigh. Labhraíonn Ní Neachtain (2009) faoin tábhacht a bhaineann leis an spás poiblí a dheimhniú don Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta. Baineann an coincheap ‘*functional compartmentalisation*’ a d’fhorbair Fishman ina theoiric ar dhébhéascna (1967) leis na réimsí úsáide éagsúla seo sa tsochaí agus le cúinsí a shocraíonn cén teanga is mó úsáide i gcomhthéacsanna éagsúla.

Mar aon le minicíocht úsáide pléadh deiseanna úsáide na Gaeilge go mion san obair pháirce. Luaitear ‘deis’ úsáide sa S20B chomh maith, i measc na dtosca eile (cumas, úsáid agus dearcadh). Feictear i dtorthaí an cheistneora go n-aontaíonn formhór na rannpháirtithe (42% ar scála Likert) go mba chóir go n-eagrófaí níos mó imeachtaí Gaeilge sa chathair. Ina theannta sin roghnaigh an céatadán is mó d’fhreagróirí (57.1% ar scála Likert) go n-aontaíonn siad go mór leis an ráiteas go ‘[m]ba chóir go mbeadh níos mó deiseanna do dhaoine óga chun Gaeilge a úsáid lasmuigh den chóras oideachais’. Léirigh mionlach freagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe na ngrúpaí fócais feasacht ar ghrúpaí Gaeilge sa chathair agus níor fhreastail 74.6% d’fhaisnéiseoirí an cheistneora ar aon imeacht Gaeilge sa chathair. Ó na daoine sin nár fhreastail sonraíodh mar an chúis is coitianta ná nach gcloiseann siad faoi na himeachtaí sin

(69.6%). Luaigh go leor rannpháirtithe ó na grúpaí fócais chomh maith nach gceapann siad go bhfuil go leor deiseanna úsáide don Ghaeilge sa chathair. Tá deiseanna sonracha úsáide tábhachtach anseo i bhfianaise na faisnéise ar ghréasáin shóisialta teanga agus i bhfianaise na dóchúlachta a léirigh taighde eile go dtí seo nach mbíonn daoine le cumas lag nó measartha sa Ghaeilge páirteach i ngréasán sóisialta Gaeilge cheana féin. San LLS tráchtar ar thaighde eimpíreach a bhaineann le deiseanna úsáide i ngach réimse saoil do bheogacht theangacha mionlaigh:

There is little empirical evidence to suggest that the provision of services in minority languages increases language status or use. However, there is a body of evidence that shows that languages will thrive only if there are opportunities for use in all spheres of life' (Rialtas na Breataine Bige, 2012: 6)

Léirigh na sonraí a bailíodh sna hagallaimh le daoine sonracha go bhfuil go leor deiseanna sonracha úsáide na Gaeilge ach go bhfuil ar dhaoine dul sa tóir ar na deiseanna sin. Beidh ardú feasachta ar na deiseanna sin tábhachtach do leathnú úsáid na Gaeilge sa chathair amach anseo.

Maidir le dearcadh i leith na Gaeilge, sonraíodh dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge i measc fhormhór fhreagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe na ngrúpaí fócais. Nuair a phléann Grin agus Vaillancourt (2015) an trí thoisic (cumas, úsáid, dearcadh) i dtaca le beogacht teanga a chinntiú, tugann siad le fios gurb é dearcadh i leith na teanga an tosc is luachmhara ar fad. Deir na húdair chéanna: '*...favourable attitudes probably represent the single most important condition, and one that eventually pulls the others; in other words, we believe that in general, supply follows demand*' (1999: 98). Dar le Ó hIfearnáin agus Walsh go '[n-]aithníonn sochtheangeolaithe go bhfuil an idé-eolaíocht i gcoírlár iompar teangeolaíochta na ndaoine' (2018: ix). Sa litríocht acadúil déantar idirdhealú uaireanta idir dearcthaí agus idé-eolaíochtaí i leith teangacha (Kroskrity: 2016, Martinez: 2006) ach is léir, leis, go bhfuil nasc láidir idir an dá choincheap (Sallabank: 2013). Go ginearálta cuid lárnach

den dá choincheap is ea conas a bhraitheann daoine faoin teanga agus a gcreidimh faoin teanga. Dar le Woolard agus Schieffelin (1994: 55) go bhfuil idé-eolaíochtaí i leith teangacha tábhachtach d'anailís shóisialta agus shíceolaíoch faoi seach mar nach mbaineann siad leis an teanga féin amháin. Dar le Kroskrity, baineann dearchtaí i leith teangacha go ginearálta, ar bhonn coincheapúil, le hoibiachtúlacht agus le tomhas cainníochtúil ar fhreagraí na gcainteoirí. Dar leis, baineann sin lena bhonn coincheapúil sa tsíceolaíocht shóisialta, sa tsochtheangeolaíocht chainníochtúil agus i dteangeolaíocht oideachasúil. I gcodarsnacht leis sin, dar leis, baineann idé-eolaíochtaí teanga le modhanna cáilíochtúla cosúil le heitneagrafaíocht agus anailís dioscúrsa. Baineann an claonadh modheolaíochtúil sin, dar leis, leis an nasc idir idé-eolaíochtaí teanga agus antraipeolaíocht theangeolaíoch, socheolaíocht léirmhínte agus teangeolaíocht fheidhmeach. San obair pháirce seo baintear leas as meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla agus cé gur bailíodh faisnéis ar dhearchtaí i leith na Gaeilge sa cheistneoir, fuarthas eolas ar idé-eolaíochtaí na rannpháirtithe i leith na Gaeilge sna grúpaí fócais. Léiríonn torthaí an cheistneora go maíonn formhór mór na rannpháirtithe go bhfuil dearcadh dearfach acu i leith na Gaeilge agus go mbaineann an dearcadh sin le dílseacht d'oidhreacht teanga na tíre agus le cúrsaí féiniúlachta go príomha. Sin an dearcadh is coitianta a léirítear i bhfaisnéis óna grúpaí fócais chomh maith, cé go dtugtar tús-áite don taobh náisiúnta nó don taobh pearsanta uaireanta. Cé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil formhór mhuintir na cathrach thar a bheith dearfach faoin nGaeilge ó thorthaí an cheistneora, tháinig eolas níos sonraí chun cinn sna grúpaí fócais nuair a ligeadh do dhaoine labhairt faoina dtuairimí i leith na Gaeilge. Dar le Ó hIfearnáin agus Walsh 'tá idir idé-eolaíocht fholaithe agus idé-eolaíocht fhollasach i gceist agus tá...teannas...idir an meon nach ndearbhaítear agus an meon a fhógraítear' (2018: viii). Bhí níos mó castachta ag baint leis an meon a léiríonn

faisnéis na ngrúpaí fócais i leith na Gaeilge. Cé gurb é an meon follasach is coitianta a léirigh rannphairtíthe ar dtús go bhfuil dearcthaí dearfacha acu i leith na Gaeilge, nuair a lean na comhráite ar aghaidh tugadh le fios go minic go mbaineann an dearcadh sin le siombalachas nó le tábhacht na féiniúlachta cultúrtha agus náisiúnta. Labhair rannpháirtíthe faoin easpa praiticúlachta Gaeilge a labhairt go minic sna comhráite. Sonraíodh tuairimí a bhaineann le náire agus le sotal agus le leithleachas braite i leith na Gaeilge sna grúpaí fócais nach léiríonn torthaí an cheistneora. Mar a deir rannphairtí amháin: *‘There is an underlying negative attitude towards Irish amongst the youth of Ireland; young people are embarrassed to speak the language in public’* (R2: 26/07/2015). Ní hamhlaidh, áfach, go raibh rannpháirtíthe na ngrúpaí fócais ag moladh go mba chóir an Ghaeilge a chaomhnú amháin. Feictear sa phlé ar easpa deiseanna úsáide na Gaeilge sa chathair agus ar easpa seirbhísí ar ard-chaighdeán sa Ghaeilge go gceapann formhór na rannpháirtíthe go bhfuil forbairtí ag teastáil ar na gnéithe sin chun fíor-úsáid na Gaeilge sa chathair a leathnú.

6.12 Plé

Tá impleachtaí ag na torthaí a bailíodh san obair pháirce seo i gcathair Chorcaí do chur i bhfeidhm na S20B. Cé go ndírítear sa Straitéis ar níos mó deiseanna úsáide na Gaeilge agus seirbhísí i nGaeilge a sholáthar, is léir nach raibh tionchar ag an S20B ar dheiseanna úsáide na Gaeilge i gcathair Chorcaí nuair a tugadh faoin obair pháirce i 2015. Molann Pádraig Ó Laighin in aighneacht don Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla go mba chóir:

dualgas dlíthúil a leagan síos go sonrath san Acht go mbeadh fógra caighdeánach ar taispeánt go soiléir i ngach oifig phoiblí de chuid chomhlachtaí Stáit a déarfadh an méid seo a leanas: ‘Cuirimid seirbhísí ar fáil i do roghasa den dá theanga oifigiúla/ We provide services here in your choice of the two official languages.’

Agus mhol rannpháirtithe sna grúpaí fócais agus freagróirí an cheistneora (sa cheist dheireanach faoi mholtaí do chur chun na Gaeilge sa chathair amach anseo) an rud céanna. Túsphointe ab ea sin chun feasacht faoi sheirbhísí i nGaeilge a ardú agus chun úsáid na Gaeilge sa chathair lasmuigh den chóras oideachais a normalú. I bpleanáil teanga sa Chatalóin cuirtear an-bhéim ar phróiseas normalaithe mar sin chun réimsí úsáide na Catalóinise i réimsí éagsúla sa tsochaí a normalú. Tagraítear do normalú na Gaeilge sa S20B:

Is gá ‘normalú’ na teanga chun úsáid na Gaeilge a leathnú. ..Is é an bealach agus an t-aon bhealach amháin, a mbainfidh an Ghaeilge áit shóisialta níos sláine amach ná trí fheasacht ghníomhach agus trí dhearcthaí dearfacha a bheith ag iarraidh an chaoi a bhfuil sí á himeallú a athrú thart. (Rialtas na hÉireann, 2010: 10)

Ach ní fheictear chur i bhfeidhm bearta coinchréiteacha chuige sin i bhfianaise an eolais a bailíodh i gcathair Chorcaí go fóill. Dar le rannpháirtithe na hoibre páirce, níl Gaeilge feiceálach sa chathair ach an oiread, rud eile a pléitear sa S20B agus a chuirfeadh le normalú na teanga.

Rud dóchasach is ea na dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a léiríodh i measc na rannpháirtithe ach ní rud nua é sin. I dtaighde Mhic Ghréil ar an gcaidreamh idir mhuintir na hÉireann agus an Ghaeilge léiríodh dearcthaí dearfacha den chuid is mó ina leith agus labhair Fishman (1991: 124) faoin *‘preponderance of positive attitudes toward Irish’* sa tír. Tá dúshlán in aistriú na ndearcthaí sin go húsáid níos leithne na Gaeilge amach anseo, rud a bhféadfadh cur i bhfeidhm na S20B aghaidh a thabhairt air. Léirítear neamhréiteach i dtorthaí na hoibre páirce idir an Straitéis agus iompar teangeolaíoch i gcathair Chorcaí agus is dúshlán don Rialtas dul i ngleic leis sin má tá rath le bheith ag an S20B amach anseo. Dar le Ó Coileáin, baineann na cúinsí cearta le hÉirinn ar mhaithe le haisiompú teanga maidir leis an stádas atá ag an

nGaeilge sa tír, ach is é an dúshlán is mó romhainn ná conas dul i ngleic leis an neamhréiteach thuasluaite. Dar leis:

Léiríonn an litríocht ar phleanáil teanga agus an taighde ar leith atá déanta ar chás na hÉireann nach leor na beartais reatha chun an Ghaeilge a bhuanú ina teanga phobail. An t-easnamh is mó go dtí seo nár thángthas ar chomhthuiscint idir an Stát agus an pobal faoin gcuspóir féin faoin méid a bhí le déanamh len é a bhaint amach (2009: 15)

Is cinnte go bhfuil forbairtí tagtha ar ócáidí úsáide sóisialta na Gaeilge sa chathair le blianta beaga anuas, tar éis gur cuireadh an obair pháirce i gcrích. Bíonn ‘Pop-Up Gaeltacht’ ar siúl sa chathair go míosúil anois le freastail mhaith agus sheol Gael-Taca scéim phíolótach ‘Gaelscoil- Gach Scoil’. Is é mar aidhm ag an scéim seo ná úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge i scoileanna sa chathair nach gaelscoileanna iad a leathnú. Cosúil leis an eolas a fuarthas ó dhaoine a bhíonn ag plé leis an nGaeilge sa chathair, áfach, is as a stuaim féin a bhíonn ar dhaoine na rudaí sin a eagrú agus ní thoradh ar bheartas rialtais iad. Tá an plean teanga don chathair faoi ‘Acht na Gaeltachta, 2012’ á hullmhú faoi láthair agus d’fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag an bplean sin ar chúrsaí Gaeilge na cathrach amach anseo. I measc na gcritéar a leagtar síos do na Bailte Seirbhísí Gaeltachta faoin Acht áirítear ‘deiseanna cuí a bheith ar fáil sa bhaile iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais’ (Rialtas na hÉireann, 2012: 6). Bheifí ag súil go gcabhródh an S20B leis na deiseanna sin a chur ar fáil faoi mar atá beartaithe inti.

Caibidil 7. Eolas ar an ‘Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030’ mar a sonraíodh ón obair pháirce

7.1 Forbhreathnú

Mar aon leis an eolas a bailíodh ar chumas, úsáid agus dhearcadh i leith na Gaeilge san obair pháirce, faoi mar a phléitear i gCaibidil 6, díríodh ar eolas a bhailiú ar an S20B go sonrath sa taighde sin chomh maith. I gCaibidil 5 pléitear dioscúrsa faoin Straitéis ó na meáin agus i measc polaiteoirí agus páirtithe leasmhara. Tugann an t-eolas a bailíodh san obair pháirce ar an S20B go sonrath deis dioscúrsa an phobail a chur san áireamh chomh maith. Cuireadh cuid san áireamh sa cheistneoir a bhaineann go sonrath leis an Straitéis, pléadh an Straitéis sna grúpaí fócais agus bailíodh eolas in agallaimh le daoine sonrath a oibríonn leis an nGaeilge i gcathair Chorcaí faoina dtuairimí ar an Straitéis chomh maith. Tugadh faoin obair pháirce seo i 2015, an cúigiú bliain d’fheidhmiú na Straitéise, nó ceathrú dá tréimhse iomlán. Os rud é gur díríodh sna blianta tosaigh sin ar fheasacht a ardú ar an S20B agus a cuid spriocanna, díríodh air sin go príomha san obair pháirce. Sa chaibidil seo pléitear na torthaí a tháinig chun cinn chuige sin, ag díriú ar dtús ar thorthaí an cheistneora, ansin torthaí an iniúchta ar fheasacht rannpháirtithe na ngrúpaí fócais agus ansin an t-eolas ábhartha a bailíodh sna hagallaimh le daoine sonrath.

7.2 Eolas ar an ‘Straitéis Fiche Bliain’ ceistneoir

Chun feasacht freagróirí an cheistneora ar an S20B a mheá, cuireadh cuid san áireamh a bhí bunaithe ar an Straitéis. Sa chuid seo cuireadh ceist ar fhreagróirí ar chuala siad faoin S20B agus má chuala, cén t-eolas a bhí acu uirthi agus cén fhoinsé óna bhfuair siad a gcuid eolais. Ba í an chéad cheist ná: ‘Ar chuala tú trácht ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge,

2010- 2030?’ (*‘Have you heard of the ‘20 Year Strategy for Irish, 2010-2030?’* sa leagan Béarla den cheistneoir). As 564 duine a chomhlíonaigh an ceistneoir ar an iomlán, d’fhreagair 562 an cheist seo. D’fhreagair 17.4% (nó 98 duine) gur chuala siad trácht ar an S20B agus 82.3% (nó 464 duine) nár chuala. Os rud é gur fhreagair líon chomh beag sin gur chuala siad trácht ar an S20B, socraíodh ar chearnóg Chi a dhéanamh in SPSS chun gaol idir cumas sa Ghaeilge agus feasacht ar an Straitéis a mheas. Úsáidtear cearnóga Chi chun comparáid a dhéanamh idir athróa catagóireacha éagsúla agus chun féachaint an bhfuil gaol eatarthu. Taispeánann na torthaí go bhfuil sainbhír láidir idir na hathróa seo. Is é sin le rá go bhfuil sé i bhfad níos dóchúla gur chuala freagróirí faoin S20B má tá ardchumas sa Ghaeilge acu. Féach thíos an trastáblú:

Conas a chuirfeá síos ar do chumas sa Ghaeilge?

	Táim líofa sa Ghaeilge (leibhéal an chainteora dúchais)	Tá Gaeilge mhaith agam	Tá Gaeilge mheasartha agam	Tá beagán Gaeilge agam	Níl Gaeilge agam	
<i>Ar Chuala tú trácht ar an S20B?</i>	Chuala	35.7%	39.8%	14.3%	10.2%	0
	Níor Chuala	6.3%	19.2%	25.4%	44%	5.2%

Tábla 7.1 Cearnóg Chi- eolas ar an S20B agus cumas sa Ghaeilge

Ceist neamhiata a bhí sa chéad cheist eile a cuireadh ar na daoine a d’fhreagair gur chuala siad faoin Straitéis amháin- ‘Cén t-eolas atá agat faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030?’ As an 98 a d’fhreagair gur chuala siad faoin Straitéis, sholáthraigh 77 freagra ar an gceist seo. Ón 77 sin bhí 26 acu scríofa i mBéarla agus 51 i nGaeilge. Tar éis scagadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis cháilíochtúil a bhí ag teacht chun cinn, rinneadh anailís de réir téama ar na freagraí.

Rinneadh códú ar na freagraí a tugadh chun na téamaí is mó a aithint agus a léiriú. Lig an cur chuige sin d'fhaisnéis chainníochtúil a bhaint as an eolas cáilíochtúil a soláthraíodh. Baineann gach freagra a tugadh le ceann amháin ar a laghad de na catagóirí thíos (agus bhain roinnt acu le níos mó ná catagóir amháin). Féach thíos na téamaí agus céatadán na bhfreagraí i ngach catagóir:

‘Gan aon eolas seachas go bhfuil Straitéis ann’ - 36.4%

Ón mionlach a chuala faoin S20B, shonraigh 36.4% nach raibh aon eolas acu fúithi ach amháin go bhfuil Straitéis ann. Áirítear sa chatagóir seo freagraí gearra, neamhfhorbartha a shonraíonn eolas ar an Straitéis gan aon sonraí tugtha. Samplaí de na ráitis a cuirtear san áireamh sa chatagóir seo ná:

- Only that there is a strategy
- Faic
- Go bhfuil sé ann
- Ní mórán in aon chor
- Ní hionann trácht agus eolas faraor
- Chualas amháin go bhfuil sí seolta. Níl a lán eolais agam faoin Straitéis
- I only heard of it; I don't really have any information on it
- I just know it exists, that's all
- I haven't heard much about the Strategy at all to be honest

Tábla 7.2 Gan aon eolas ar an S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir

‘Eolas teoranta ar an S20B’- 40.6%

Cuireadh san áireamh sa chatagóir seo na freagraí a léiríonn eolas teoranta ar an S20B mar chuid acu. Mar shampla, sa chás gur soláthraíodh eolas ginearálta ar sprioc nó aidhmeanna ginearálta na Straitéise nó na struchtúir fheidhmithe ach gan aon mhionshonraí mar chuid acu; bhí formhór na bhfreagraí a fuarthas sa chatagóir seo. Samplaí de ráitis ná:

- Just that there is one, to promote Irish speakers over twenty years
- I know that it's a government strategy and will be used to promote Irish between now and 2030
- It's a Government strategy to increase the number of Irish speakers over twenty years, focusing on different aspects
- Go bhfuil sí ann chun úsáid na Gaeilge a leathnú
- Níl ar eolas agam ach gur Straitéis de chuid an Rialtais í chun Gaeilge a chur chun cinn agus chun níos mó daoine a mhealladh chun í a labhairt
- Straitéis is ea é chun an líon daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil a mhéadú
- Plean an Rialtais chun líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú thar thréimhse fiche bliain
- Níos mó seirbhísí poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge
- An teanga a chothú is a chur chun cinn, go háirithe ó thaobh na gnéithe labhartha de

Tábla 7.3 Eolas teoranta ar an S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir

‘Eolas níos cuimsithí ar an S20B’- 17.1%

Bhí ‘eolas níos cuimsithí’ ar an S20B ag 17.1% de na daoine a mhaígh gur chuala siad trácht ar an S20B. Mar chéatadán d’iomlán na bhfreagróirí a d’fhreagair an chéad cheist ‘Ar chuala tú trácht ar an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030’ (652 duine), níor léirigh ach 2.3% go raibh níos mó eolais acu ná eolas ginearálta faoi spriocanna na Straitéise. Cuireadh san áireamh sa chatagóir seo freagraí le níos mó ná buneolas, mar shampla freagraí le heolas

faoi na struchtúir fheidhmithe, cuspóirí sonracha nó na réimsí gnímh a phléitear sa S20B. Is iad seo a leanas samplaí de ráitis a cuirtear sa chatagóir seo:

- I attended a public meeting about the Strategy at the Rochestown Park Hotel when it was first being put together and I've been following it since so I would have reasonable enough knowledge of the ins and outs of the Strategy, what it entails, etc.
- Is eol dom go bhfuil sé mar sprioc líon na gcainteoirí laethúla a mhéadú go 250,000 agus dátheangachas a chur cinn i measc daoine eile
- An teanga a chothú is a chur chun cinn go háirithe ó thaobh na gné labhartha de. Déan forbairt ar na seirbhísí stáit atá ar fáil trí mheáin na Gaeilge agus gur aontaíodh an Straitéis le tacaíocht na bpáirtithe uile.
- Go bhfuil sé bunaithe chun an Ghaeilge a chothú agus a neartú sna Gaeltachtaí agus sa Ghalltacht. Gur tháinig athruithe ar chomhlachtaí faoi leith a bhíonn ag deileáil le cás na Gaeilge, m.sh: Údarás na Gaeltachta -> Údarás na Gaeilge
- Gur Straitéis an Rialtais is ea í a bhfuil sé mar aidhm aici cur le líon na gcainteoirí Gaeilge idir seo agus 2030. Aontaíodh an Straitéis go traspháirteach agus baineann sé le han-chuid comhthéacsanna agus le forbairtí a chur i bhfeidhm maidir le húsáid na Gaeilge timpeall na tíre

Tábla 7.4 Eolas cuimsitheach ar an S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir

‘Tuairim dhiúltach i leith na Straitéise léirithe’ - 22%

Is é an ceathrú téama mór i measc na bhfreagraí ná tuairimí diúltacha i leith na Straitéise. Léirigh beagnach an ceathrú cuid de na freagraí a tugadh ar an gceist seo tuairim dhiúltach i leith na S20B. Feictear chomh maith easpa dóchais an phobail i leith rath na Straitéise. Ní sonraítear aon tuairim dhearfach i leith na Straitéise agus a cur i bhfeidhm sna freagraí. Léiriú iad na freagraí seo ar an dioscúrsa diúltach coitianta timpeall bheartas an Rialtais i leith na Gaeilge. Cé gur bhain an cheist seo le heolas ar an S20B amháin agus níor iarr ar dhaoine a dtuairim faoin S20B a sholáthar, feictear an meon sin go minic sna freagraí:

- It seems very wishy-washy and has yet to be implemented. The problem is that the Government is tied to it now. It should be scrapped and a new proposal should be drawn up to create an Irish language economy in order to give people a chance to use Irish on a daily basis outside of school

- gur cur i gcéill atá ar bun ag an Stát!

- De réir mar a chloisim níl sa “Straitéis” ach cur i gcéill. D’éirigh an Coimisinéar Teanga, Seán Ó Cuirreáin, as a phost sa bhliain 2014 toisc nach bhfuair sé tacaíocht nó airgead go leor ón Rialtas. Ní dóigh liom go bhfuil aon dul chun cinn breise le feiscint i gcúrsaí Gaeilge ó seoladh an Straitéis ar dtús

- An rud céanna arís is arís, focail fholamha an Rialtais i leith theanga náisiúnta na tíre

- Níl ann ach ‘gal soip’ mar a déarfadh mo mháthair chríonna

- Faic déanta acu go dtí so

- Gur aontaíodh an Straitéis le tacaíocht na bpáirtithe uile, go bhfuil sí ginearálta, beagáinín easnamhach, agus gur beag gné di a bhfuil á cur i bhfeidhm faoi láthair

- Bhí tacaíocht mhaith ann don Straitéis ó go leor eagraíochtaí, ach bhí na cuspóirí an-ghinearálta, agus i ndáiríre is beag dul chun cinn atá déanta

- Feachtas Rialtais le plean ach cad atá i gceist? An bhfeicimid toradh ar an bplean? Ní bheinn dóchasach

- Go bhfuil conspóid toisc go bhfeictear nach bhfuil aon rud déanta maidir leis an gcur i bhfeidhm. Easpa suime sa Rialtas agus d’éirigh an Coimisinéir Teanga as dá bharr

- Níl mórán airgid curtha ar fáil chun an Straitéis a chur i bhfeidhm

Tábla 7.5 Tuairim dhiúltach i leith na S20B- samplaí d'fhreagraí: ceistneoir

Is í an cheist dheireanach sa chuid seo do dhaoine a d’fhreagair gur chuala siad trácht ar an S20B ná ‘Cá bhfuair tú an t-eolas seo?’ Tugadh roghanna difriúla agus tugadh cead níos mó ná freagra amháin a roghnú agus freagraí eile a thabhairt chomh maith. Is iad na roghanna a tugadh ná: ‘ag cruinniú poiblí’/ ‘ó dhuine eile’/ ‘ón idirlíon’/ ‘ó Aire Stáit a chloisteáil ag caint fúithi’/ ‘í a bheith luaite ar chlár teilifíse a bhfaca tú’/ ‘eile’? D’fhreagair a bhformhór gur chuala siad faoin S20B ar-líne (46.3%) nó ar chlár teilifíse (38.9%). Níor fhreastail ach cúigear

(5.2%) ar chruinniú poiblí faoin S20B. I measc na bhfreagraí ‘eile’ a fuarthas maidir leis na bealaí ar chuala freagróirí faoin S20B, luadh cúrsa iarchéime Gaeilge faoi thrí, nuachtán faoi dhó agus roinnt freagraí eile a fuarthas ná: ‘léigh mé an lámhleabhar sa leabharlann’, ‘raidió na Gaeltachta’ agus ‘Gael-Taca’.

7.3 Eolas ar an’ Straitéis Fiche Bliain’- grúpaí fócais

Léirítear anseo na sonraí a bailíodh ó na grúpaí fócais faoin S20B. Cosúil leis na ceisteanna sa chuid den cheistneoir a bhaineann leis an Straitéis, cuireadh ceist ar dhaoine ar chuala siad faoi S20B agus cén t-eolas a bhí acu uirthi má chuala. Arís tugadh faoi anailís de réir téamaí ar an eolas a bailíodh ar an ábhar seo sna grúpaí fócais. Níor aistrigh na téamaí go faisnéis chainníochtúil an uair seo os rud é go raibh an iomarca ilghnéitheachta sna freagraí mar thoradh ar nádúr leath-struchtúrtha na ngrúpaí fócais, ach amháin leis an gceist ‘Ar chuala tú trácht ar an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, 2010-2030?’, os rud é gur cuireadh an cheist sin ar gach rannpháirtí agus gur tugadh freagraí soiléire. As 40 duine a ghlac páirt (thar an cúig ghrúpaí fócais), dar le haon duine déag (27.5%) gur chuala siad faoin S20B roimhe sin. Ní raibh eolas ar an Straitéis ach ag seachtar acu siúd. Áitíonn beirt rannpháirtithe gur léigh siad an Straitéis. Léigh duine amháin an S20B ar-líne agus leigh an duine eile an Straitéis i Leabharlann na Cathrach. D’fhreastail duine amháin ar chruinniú poiblí faoin Straitéis. Ní dhearnadh anailís staitisticiúil ar na sonraí seo ach ba ón ngrúpaí fócais a rinneadh trí mheán na Gaeilge a fuarthas an céatadán is mó de na daoine a d’fhreagair gur chuala siad trácht ar an S20B (seisear). Aírítear thíos roinnt de na ráitis a fuarthas ó rannpháirtithe na ngrúpaí fócais faoin S20B. Cuirtear san áireamh ráitis ó dhaoine nár chuala faoin Straitéis in aon chor an uair seo os rud é go bhfuarthas níos mó eolais sna grúpaí fócais ó na daoine sin nach bhfuarthas sna ceistneoirí. Fágfar na ráitis sa teanga ina ndúradh iad. An uair seo, roinntear na ráitis sna

catagóirí ‘Níor chuala mé trácht ar an S20B’, ‘Tá eolas agam ar an S20B’ agus ‘Tionchar na S20B’:

Seo thíos roinnt de na ráitis a fuarthas ó rannpháirtithe na ngrúpaí fócais a dúirt nár chuala siad trácht ar an S20B. Líon roinnt rannpháirtithe na ngrúpaí fócais an cheistneoir a bhí mar chuid den taighde agus d’áitigh roinnt acu gurbh é sin an chéad uair a chuala siad trácht ar an Straitéis. Áirítear na rannpháirtithe sin sa chatagóir seo chomh maith

‘Níor chuala mé trácht ar an S20B’

-Nah, nothing (R5: 05/07/2015)

-No I hadn’t even heard that there is a strategy. This is the first I’m hearing of it now today. What is it hoping to change or achieve? I would be interested in hearing more about it actually. (R4: 12/07/2015)

-No, I did not hear of it before. I wouldn’t be very interested in politics or in that kind of thing in general, so I am not surprised that I did not hear about it to be honest though. Even if I was watching the news and they mentioned a report or anything like that I would not take much notice because it’s just kind of buzzwords to me. (R1: 12/07/2015)

-I don’t think so. I heard someone talking about Irish on a radio programme lately but I don’t know if it was about the Strategy. They were talking about whether it should be a compulsory subject in schools anymore. (R2: 05/07/2015)

-I did the questionnaire and it was mentioned there. That’s the last I heard about it. (R2: 05/07/2015)

-I had not heard of the Strategy before attending the focus group. (Agallamh Leantach 4)

-Ní raibh aon rud cloiste agamsa faoin Straitéis in aon chor go dtí le déanaí. Ní fhaca mé rud ar bith faoin Straitéis sna meáin chumarsáide, mar shampla. (R2: 19/07/2015)

-Ní raibh aon rud cloiste agamsa faoin Straitéis go dtí gur líon mé do cheistneoir. (R5: 19/07/2015)

Tábla 7.6 Gan aon eolas ar an S20B- samplaí de ráitis: grúpaí fócais

‘Tá eolas agam ar an S20B’

Áirítear sa chatagóir seo ráitis ó na rannpháirtithe ar chuala faoin Straitéis agus a raibh eolas acu uirthi.

-I work with a political party so I'd have a fair amount of knowledge of the Strategy alright. I went to one of the meetings they had about it out in Rochestown. I think there are good intentions but going by what's been done to implement it up to this point I'm not filled with hope about it. (R3: 12/07/2018)

-Is ea, táim ag déanamh staidéir ar an nGaeilge san Ollscoil agus phléimear an Straitéis go ginearálta i modúl a bhí ar siúl againn. Mar a thuigim baineann an Straitéis le cur chun cinn na Gaeilge sa tír iomlán agus is Straitéis mhór í chun úsáid na Gaeilge a mhéadú. Ach ní thuigim go rómhaith conas a dhéanfar sin. (R4: 19/07/2015)

-Bhíos ag éisteacht le díospóireacht sa Dáil faoin Straitéis ar an teilifís. Lamsuigh de sin, níl a lán cloiste agam in aon chor. (R1: 19/07/2015)

-Tá go leor eolais agamsa ar an S20B mar go bhfuilim ag obair sa státseirbhís. Mar a dúirt R4, ta an-bhéim ar ardú líon na gcainteoirí Gaeilge agus ar an nGaeilge a bheith níos forleithne sa tsochaí. Ach sin ráite, níl mórán de thorthaí na S20B feicthe agamsa go fóill. Agus nílim róchinnte agus níl a fhios agaman bhfuil an rialtas féin róchinnte faoi conas a bhainfí na torthaí amach. (R8: 19/07/2015)

Tábla 7.7 Eolas ar an S20B- samplaí de ráitis: grúpaí fócais

‘Tionchar an S20B’

Cuirtear san áireamh sa chatagóir seo ráitis ó rannpháirtithe a luaigh rud éigin faoi thionchar na S20B nó easpa tionchair mar a shamhlaíonn rannpháirtithe leis an Straitéis:

-Bhuel an rud a bhíonn ar siúl againn sa bhaile ná Gaeilge ó lá go lá so mar sin, níor thug mé a lán airde don Straitéis sin. N'fheadar cad a chiallaíonn sin. Ní fheicim aon difríocht i mo shaol mar thoradh ar an Straitéis go dtí seo ar aon nós. (R3: 19/07/2015)

-Ní fheicim aon rud difriúil ar aon nós ó 2010 go dtí an lá inniu. Seachas na hiarrachtaí atá á dhéanamh againn fhéin. Ní dóigh liom go bhfuil sé ag éirí níos éasca an Ghaeilge a choimeád ar siúl. (R7: 19/07/2015)

-Aontaím leis sin chomh maith [le R7 thuas]- gurb iad na grúpaí Gaeilge, na ciorcail agus fiú na daoine aonair cosúil le R7 a eagraíonn ciorcal comhrá seachtainiúil atá an-rathúil

agus a dhéanann an-chuid oibre ar son na Gaeilge- seachas na daoine sin ní fheictear mórán dul chun cinn. (R8: 19/07/2015)

-It is very general...there are some specific proposals but a lot of them aren't being implemented either. (R4: 05/07/2015)

-I'd say if it is general enough it's very hard to actually measure it then so then it could be easy to just come out with some broad statement and say 'oh we tried things and we increased the usage of the Irish language' but how do you actually measure that? Funding is obviously a big issue there as well. But I do think and I could be wrong but it's nearly even tokenism. (R1: 05/07/2015)

-If that was the awareness stage and and if the majority of people have not heard of it , that's not a very good sign for the rest of the strategy (R1: 26/07/2015)

Tábla 7.8 Tionchar an S20B- samplaí de ráitis: grúpaí fócais

7.4 Agallaimh le daoine sonracha

Bhain na ceisteanna faoin S20B a cuireadh ar na daoine sonracha a ghlac páirt sna hagallaimh leath-struchtúrtha faoi eolas ar an S20B agus faoi thionchar na S20B ar a gcuid oibre/saolta. Bhí meascán san eolas a fuarthas chuige sin ach an tuairim is coitianta ná go n-aithníonn siad go léir nasc idir an Straitéis agus a n-obair/saolta trí Ghaeilge ach is beag an tionchar a mbraithear atá nó a shamhlaítear a bheidh ag an Straitéis air sin. Arís, úsáidtear ainmneacha bréige anseo. Seo thíos samplaí de ráitis ó na comhráite ar an ábhar:

Cuireadh ceist ar 'Stiofán' an bhfuil baint idir an obair atá ar bun aige in Ionad na Gaeilge Labhartha agus aidhmeanna na S20B. Tugtar le fios ón bhfreagra go bhfuil nasc idir an Straitéis agus an obair a bhíonn ar siúl aige sa mhéad is go bhfuil sí bunaithe ar chur chun cinn na Gaeilge ach níl athrú ar an obair a bhí ar bun acu an t-am ar fad:

Tá is dócha sa mhéid is gurb é an aidhm atá againne anseo agus do bhí riamh ná an Ghaolainn a chur chun cinn. Déanaimid ranganna abrainmís do phobal na Gaeilge anseo i gCorcaigh. Cuirimid ranganna oíche ar fáil. Má thá spéis ag duine éigin de mhuintir na cathrach teacht isteach. Sin rud amháin a dhéanaimid atá an-bhainteach leis an S20B. Ach é sin ráite tá na ranganna sin ann le fada an lá anois.

Bhí an tuairim chéanna ag ‘Máire’ a eagraíonn ciorcal comhrá sa chathair. Dar léi go bhfuil nasc soiléir idir na hiarrachtaí a ndéanann sí féin chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa chathair ach thug sí le fios nach mbraitheann sí mórán tionchar ag leibhéal an Rialtais ar a bhíonn ar siúl aici:

Caithfidh mé a rá i ndáiríre ní bhíonn a fhios agam cad a bhíonn ar siúl ag an Rialtas. Shocraigh mé an ciorcal comhrá a bhunú ar an gcéad lá mar theastaigh uaim mo chuid Gaeilge féin a chleachtadh agus theastaigh uaim rud éigin a dhéanamh don Ghaeilge sa chathair mé féin. Ní dóigh liom go bhfuil nó go mbeidh tionchar ag an Straitéis ar sin in aon chor, mar sin.

Dar le ‘Maitiú’ thíos, a oibríonn sa Chomhairle Cathrach go bhféadfadh tionchar níos mó a bheith ag an Straitéis ar a chuid oibre amach anseo agus bhí sé dóchasach go mbeadh:

Tugaim faoi deara i gcónaí nuair a bhíonn daoine ag iarraidh Gaeilge a labhairt liom nó nuair a chloisim daoine ag caint as Gaeilge agus mé i mbun mo chuid oibre. Ní dóigh liom go bhfuil mórán athraithe ar an bpost atá agam ó 2010 ach táim ag súil go mbeidh tionchar níos mó ag an Straitéis amach anseo agus tionchar an-dearfach.

Bhí tuairimí níos láidre ag ‘Séamus’, a eagraíonn oícheanta sóisialta Gaeilge sa chathair ar an ábhar. Léirigh a bhí le rá aige an tuairim atá aige ar bheartas an Rialtais i leith na Gaeilge go ginearálta agus ní bheadh sé ródhóchasach i leith na Straitéise mar gheall air sin:

Is é atá le déanamh ná caithfimid an obair a dhéanamh sinn féin. Sin an tuairim atá agam leis [an oíche shóisialta a eagraíonn sé]...Luaitear mar mhisean an Rialtais an Ghaeilge a bheith níos feiceálaí sa tír ach tá sí le feiceáil timpeall na tíre ar chomharthaí bóithre agus mar sin de, is é atá uainn ná í a bheith incloiste. Cén fáth go bhfuil Straitéis ag teastáil? Mar gur theip ar gach rud eile, tá sin luaite sa chúlra sa chomhthéacs, agus is dóigh liom féin nach bhfuil aon rud nua ann agus tá tú ag rá gur theip ar gach rud eile. Níor oibrigh scrúduithe na státseirbhíseach, níor oibrigh rudaí eile...Na nithe a dhein siad níor oibrigh siad ó bhunú an Stáit. Anois leis an Straitéis i gcomhar fiche bliain, canathaobh nach mbeifeá an-airdeallach faoi sin mar gur theip ar gach rud roimhe sin. Tá céimeanna ann ach ní céimeanna cliste cumasacha atá iontu.

Dar le ‘Seán’ nach bhfuil srian na Straitéise le feiceáil sa chathair go dtí seo nuair a labhair sé faoi dheiseanna úsáide:

Deir siad táimid sásta na deiseanna a chur ar fáil ach níl sin ag tarlúint. Tá an caifé seo anseo i gCorcaigh [ionad Ghael-Taca]. Cad eile atá ann. Níl aon teach tábhairne. Níl aon oícheanta eagraithe. Níl an t-airgead curtha ar fáil

Agus dar le ‘Úna’ gur rud maith é an Straitéis a bheith ann mar go ndíríonn an Straitéis ar rudaí tábhachtacha ó thaobh tacaíochtaí do dhaoine atá ag iarraidh páistí a thógáil trí Ghaeilge. Ach an rud is tábhachtaí, dar léi, ná an cur i bhfeidhm:

Tacaím leis na spriocanna ann. Na cinn atá feicthe agam. Ach an rud is tábhachtaí anois ná a cur i bhfeidhm.

7.5 Plé

Chuir an t-eolas a bailíodh ar an S20B san obair pháirce leis an bpictiúr iomlán i ndioscúrsaí faoin Straitéis a iomlánú. Bhí easpa feasachta ag formhór rannpháirtithe san obair pháirce go bhfuil Straitéis ann, cúig bliana ó seoladh í agus ceathrú shlí tríd a cur i bhfeidhm. Mar a pléadh i gCaibidil 5, luaitear sa S20B gur Straitéis chéimnithe í agus cuirtear béim sa chéad chéim go háirithe ar fheasacht a ardú maidir le haidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise. Deirtear sa Straitéis go ndíreofaí i gCéim an Bhunaithe ar an méid sin (2010: 8): ‘Díreofar sa bhliain seo ar dhaoine a chur ar an eolas faoi na spriocanna agus faoi ábhar na Straitéise...’ Mar a pléadh i gCaibidil 4, cé go luaitear bliain amháin mar am-scála don chéim seo (bhí bliain amháin leagtha amach go soiléir sa DS20B ach níor áiríodh am-scálaí leis na céimeanna éagsúla de chur i bhfeidhm sa leagan críochnúil ach fós deirtear i gCéim an Bhunaithe go ‘[n]díreofar sa bhliain seo...’), sonraíodh sa ‘Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise, 2013’ gur ar an gcéim sin a bhí an bhéim sa chéad trí bliana go dtí an pointe sin: ‘Go dtí seo, ba ar chéim bhunaidh na Straitéise a bhí an bhéim. Bhain an chéim sin le faisnéis a sholáthar agus struchtúir oibríochta a bhunú’ (2013: 1). Tá ardú feasachta tábhachtach sa mhéid is go bhfuil rath na straitéise ag brath go mór ar dhea-thoil an phobail ina leith agus dar ndóigh, muna bhfuil daoine ar an eolas faoin Straitéis agus a cuid spriocanna ní bheidís in ann comhoibriú

leis an Rialtas chun na spriocanna a bhaint amach, mar atá ag teastáil ón Rialtas óna bhfuil sonraithe sa S20B agus sna díospóireachtaí Dála.

Ba choitianta dearcadh diúltach á léiriú i measc rannpháirtithe a bhí eolas acu ar an Straitéis nó i leith bheartas an Rialtais don Ghaeilge go ginearálta. I dTuarascáil ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge a foilsíodh i 2015, tar éis iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh i leith bheartas an Rialtais don Ghaeilge mar chuid den taighde, tuairiscíodh go bhfuil sé níos coitianta i measc daoine le líofacht sa teanga an tuairim nach ndéanann an rialtas a dhóthain don teanga a bheith acu: ‘cainteoirí ardlíofachta ba mhó a mheas an Rialtas a bheith faillitheach’ (Darmody, Daly, 2015: 83). Mheas breis is ceathrú na bhfreagróirí ón tuarascáil sin nach bhfuil líofa sa Ghaeilge nach ndéanann an Rialtas a dhóthain ar son na Gaeilge ach an oiread. Sna torthaí a bailíodh ar dhóchas rannpháirtithe na ngrúpaí Gaeilge i dtodhchaí na Gaeilge sa chathair mar a phléitear i gCaibidil 7, chonacthas go bhfuil sé níos dóchúla leis go mbíonn níos mó dóchais ag daoine le cumas níos airde sa Ghaeilge go mbeidh sí láidir sa todhchaí. Tugann an t-eolas go bhfuil daoine le cumas sa Ghaeilge níos dóchúla dearcadh diúltach a bheith acu faoi bheartas an Rialtais don Ghaeilge ach níos dóchúla dearcadh dearfach a bheith acu faoi thodhchaí na Gaeilge le fios nach gceapann siad gur féidir brath ar an Rialtas an todhchaí sin a chinntiú. Léiríonn torthaí na hoibre páirce chomh maith go bhfuil sé i bhfad níos dóchúla go mbeadh eolas ag daoine ar an S20B má tá ardchumas acu sa Ghaeilge cheana féin. Tá an toradh sin tábhachtach. Más mian leis an Rialtas níos mó pobail Ghaeilge a chruthú trí bhearta na Straitéise beidh sé tábhachtach níos mó feasachta a ardú faoina cuid aidhmeanna. Os rud é go gcuirtear freagracht ar dhaoine sa S20B leas a bhaint as na deiseanna a chruthóidh sí, beidh sé tábhachtach níos mó eolais a scaipeadh chuige sin. I measc na ndaoine a chuala faoin Straitéis an tuairim ba choitianta ná nach raibh tionchar na Straitéise le feiceáil sa chathair.

Caibidil a hocht- Tátail

8.0 Réamhrá

Sa chaibidil seo díreofar ar na tátail a baineadh as na sonraí a bailíodh i ndáil leis na ceisteanna taighde a luadh ag tús an tráchtais. Ba chás don taighde seo anailís a sholáthar ar an ‘Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030’ agus d’eascair an staidéar as an mbearna a aithníodh i dtaighde ar bheartais reatha an rialtais i leith na Gaeilge agus i dtaighde ar shochtheangeolaíocht na Gaeilge i gceantair uirbeacha na tíre. Mar a pléadh i gCaibidil 3, cé go bhfuil réimse na pleanála agus na mbeartas teanga ar an bhfód óna 1950í agus go bhfuil an iliomad staidéar déanta ón am sin i leith, ag baint leasa as modhanna taighde éagsúla, tá níos mó plé le deich mbliana anuas ar an gcur chuige is fearr agus is éifeachtaí maidir le hanailís a dhéanamh ar bheartas teanga ar bith agus ar bheartais teanga i gcoitinne agus ar na hionstraim chuí taighde chuige sin. Le blianta beaga anuas, moltar modhanna nuálacha ábhartha don chúram sin lena n-áirítear modhanna anailís ar dhioscúrsa (Barakos, Unger, 2016; Johnson, 2015) agus meascán d’anailís ar dhioscúrsa agus eitneagrafaíocht (Johnson, 2011). Baineadh leas as an meascán áirithe sin de mhodhanna sa tráchtas seo chun anailís chuimsitheach a sholáthar ar an S20B. Mar thoradh ar an bhfaisnéis go léir a bailíodh, tháinig go leor téamaí éagsúla chun cinn. Pléifear anseo na torthaí sin i bhfianaise na gceisteanna taighde a aithníodh ag tús an tsaothair. Is iad seo a leanas na ceisteanna sin a socraíodh orthu:

1. Conas a thugann an S20B aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le cothú agus le leathnú úsáid na Gaeilge sa tír?
2. An bhfuil an S20B á cur i bhfeidhm go héifeachtach?
3. Cad a léireodh faisnéis shochtheangeolaíoch ó cheantar uirbeach faoi leith (cathair Chorcaí) faoi chur i bhfeidhm na S20B go dtí seo?

4. An bhféadfadh an fhaisnéis shochtheangeolaíoch sin eolas a sholáthar a threoródh an S20B amach anseo?

I ndiaidh thorthaí an taighde a phlé i gcomhthéacs na gceisteanna thuas, pléitear conclúid an taighde, luach an tsaothair agus moltaí do thuilleadh taighde as seo amach.

8.1 Ceist Taighde a hAon: aidhmeanna na S20B

Cé go gcuimsíonn an S20B réimse leathan spriocanna sna réimsí gnímh éagsúla, lena n-áirítear- cothú na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, ról na Gaeilge sa chóras oideachais a neartú trí chéile, beartas don oideachas Gaeltachta a fhorbairt, an Caighdeán Oifigiúil a leasú, agus go leor eile- léirigh sonraí an tsaothair seo nach léir go dtugtar aird chuí sa Straitéis ar na dálaí sóisialta a n-imreodh tionchar ar a cur i gcrích. Mar a pléadh i gCaibidil 5, tá easpa solúbthachta sa S20B a ligfeadh do chúinsí agus d'fhaisnéis nua a chur san áireamh agus an Straitéis á cur i bhfeidhm. Tá sin i gcodarsnacht le beartas teanga reatha na Breataine Bige, mar shampla, a chuireann béim ar an riachtanas le bheith solúbtha i bplean fadtéarmach mar seo agus ina n-aithnítear nach bhfuil sa straitéis '*Cymraeg 2050*' ach conair nó bealach amháin chun an sprioc uileghabhálach (milliún cainteoirí Breatnaise) a bhaint amach. Deirtear go ndéanfaí athbhreithniú ar an straitéis nuair is gá chun cúinsí athraithe agus tosaíochtaí athraithe an rialtais a chur san áireamh (Rialtas na Breataine Bige, 2017: 13). Feictear an easpa solúbthachta sin arís i gcomhthéacs na gciorruithe a bhí le déanamh ar infheistíocht d'fheidhmiú na S20B mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta sa tír nuair a foilsíodh í. Chonacthas ráitis óna díospóireachtaí Dála a thugann le fios nach raibh na hacmhainní céanna ar fáil is a bheifí ag súil leo do thréimhse luath na S20B mar thoradh air sin. Luaitear sa Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 go raibh ar an Rialtas 'ciorruithe suntasacha' a chur i bhfeidhm

(Rialtas na hÉireann, 2018: 15). Seachas athmhachnamh a dhéanamh ar spriocanna na S20B, áfach, deirtear go ndearna ‘gach páirtí leasmhar an oiread agus a bhí siad in ann cúram a dhéanamh do chur i bhfeidhm na Straitéise sa tréimhse blianta ó seoladh í’ (*Ibid.*). Sampla eile de chúinsí athraithe a bheadh tionchar féideartha acu ar an Straitéis ó seoladh í ná na sonraí nua ar staid reatha na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta, mar a sholáthraigh an SCT agus níos déanaí an nuashonrú ar an SCT. Dar le húdair an nuashonraithe sin nach múnla pleanála teanga é an S20B ‘a fheileann cainteoirí Gaeilge atá rannpháirteach i ndlúthphobal Gaeilge’ (Ó Giollagáin, Charlton, 2015: 12). Cé go ndeirtear sa nuashonrú sin nach bhfuil an S20B ‘acmhainneach ná ábhartha go leor’ (2015: 10) le tabhairt faoi na dúshláin atá roimh phobail na Gaeltachta i bhfianaise na práinne agus na hÍogaire a léiríonn na sonraí a bailíodh faoi staid reatha na Gaeltachta, is beag airde a thugtar ar an tuairim sin i ndioscúrsa an rialtais reatha faoin S20B. Mar a pléadh i gCaibidil 5, tá easpa sástachta i ndioscúrsa an phobail faoi chur i bhfeidhm na S20B agus is léir go gcuireann easpa práinne an Rialtais maidir leis an laghdú ar úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta leis an míshástacht sin. Cé go luaitear an SCT sa phlean gníomhaíochta cúig bliana don S20B (2018) i gcomhthéacs an phróisis comhairliúcháin agus taighde a tugadh faoi roimh fhoilsiú na Straitéise, ní luaitear torthaí an Staidéir sa phlean. Luaitear mar sprioc shonrach amháin sa S20B méadú 25% a bhaint amach i measc chainteoirí laethúla na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht. Tá an sprioc seo níos coimeádaí ná an sprioc shonrach eile a leagtar síos a bhaineann le labhairt na Gaeilge sa tír i gcoitinne, rud a thugann Walsh (2011: 4) suntas dó os rud é gur dhóigh gurbh fhusa cainteoirí gníomhacha nua a chruthú sna ceantair Ghaeltachta. Léiríonn faisnéis Daonáirimh 2016 an patrún céanna sna ceantair Ghaeltachta is a bhfeictear sa tír i gcoitinne le laghdú i líon na gcainteoirí Gaeilge a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais.

Is minic a cháintear an sprioc shonrach eile a luaitear sa S20B a bhaineann le leathnú labhartha na Gaeilge sa tír i gcoitinne (méadú ó 83,000 cainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais go dtí 250,000). Luadh an sprioc seo sa chuid ‘teorainneacha na straitéise’ sa phlécháipéis a d’ullmhaigh an grúpa saineolaithe idirnáisiúnta i réimse na sochtheangeolaíochta a coimisiúnaíodh chun moltaí a chur ar fáil sular seoladh an Straitéis. Mar a ríomhaigh an t-iar-choimisinéir teanga, Seán Ó Cuirreáin, i bplépháipéar neamhspleách a d’ullmhaigh sé faoin S20B, bheadh sé riachtanach méadú 6% sa tír trí chéile a bhaint amach gach aon bhliain de thréimhse na Straitéise chun an sprioc shonrach a shroichint. Lasmuigh den Ghaeltacht léiríonn torthaí na nDaonáireamh go bhfuil borradh faoin nGaeilge i gceantair uirbeacha na tíre. Áitíonn Mac Giolla Chríost (2005: 199) go bhfuil forbairt tuisceana ar fheidhmiú na Gaeilge i gcathracha na hÉireann ríthábhachtach do phleanáil don Ghaeilge agus do leanúnachas sóisialta na Gaeilge. Feictear leis na hathruithe sna sainmhínithe ar na ceantair Ghaeltachta thar imeacht ama agus leis an athrú faoi Acht na Gaeltachta 2012 go critéir theangeolaíochta (seachas critéir thíreolaíochta) sna hathchatagóirí nua, go bhfuil pobail na Gaeilge sa tír ag athrú i gcónaí. Aithnítear pobail Ghaeilge eile sa tír faoin Acht seo, lasmuigh de na ceantair thraidisiúnta Gaeltachta agus aithnítear go bhfuil riachtanais éagsúla ag na pobail úd. Aithníodh bearna san eolas, áfach, i dtaighde níos sonraí ar staid reatha na Gaeilge i gceantair uirbeacha na tíre agus i gcathair Chorcaí go sonrach, an dara cathair is mó sa tír. Chun an sprioc shonrach sin a bhaint amach bheadh méaduithe comhsheasamhachta ag teastáil thar thréimhse na Straitéise agus déanann sé ciall, mar sin, go ndíreofaí ar cheantair na tíre leis na daonraí is mó. Leagtar béim áirithe ar cheantair uirbeacha sa Straitéis ach bearta ginearálta is ea iad nach bhfuil a dtionchar feicthe go fóill i bhfianaise na dtorthaí a tháinig chun cinn ón obair pháirce i gcathair Chorcaí. I rith na hoibre páirce tháinig neamhréiteach chun cinn idir

beartha na Straitéise agus iompar teangeolaíoch mhuintir na cathrach, mar a pléifear níos mó i dtaca le ceist taighde a trí agus a ceathair. Tugtar níos mó airde le tamall de bhlianta anuas ar choincheapa a bhaineann le ‘nuachainteoirí’, gurb ionann na cainteoirí sin agus daoine a shealbhaíonn teangacha go leibhéal ard lasmuigh de chomhthéacs traidisiúnta an teaghlaigh. Mar a léirigh an anailís idirthéacsúil ar an S20B ní luaitear ‘nuachainteoirí’ sa S20B in aon chor agus ní thugtar aird ar na bealaí éagsúla a bhfuil an Ghaeilge á sealbhú agus na tacaíochtaí a bheadh ag teastáil ag na cainteoirí sin. I gcodarsnacht leis sin, beartaítear sa straitéis ‘*Cymraeg 2050*’ aitheantas a thabhairt do na riachtanais éagsúla a bhíonn ag cainteoirí éagsúla na Breataine agus aithnítear go mba chóir go mbeadh dóthain deiseanna úsáide ag nuachainteoirí chun a gcuid scileanna teanga a chleachtadh (Rialtas na Breataine Bige, 2017a: 57).

8.2 Ceist Taighde a Dó: cur i bhfeidhm na S20B agus bunú na struchtúr feidhmithe

Cáintear easpa chur i bhfeidhm na Straitéise sna meáin Ghaeilge go minic agus léirigh an iniúchadh sa taighde seo ar na díospóireachtaí Dála agus ar théacsanna ábhar eile nach beag ná sásta is atá polaiteoirí, baill choiste ná baill den phobal faoin easpa dhul chun cinn atá déanta go dtí seo. Mar a pléitear i gCaibidil 5, nuair a bhí an Straitéis á cur le chéile agus nuair a bhí an próiseas comhairliúcháin ar bun, leag geallsealbhoirí éagsúla béim ar cé chomh tábhachtach is a bheadh sé feidhm a thabhairt do na beartha a cuireadh san áireamh sa Straitéis. Ag labhairt ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge i 2008 dhírigh an Coimisinéar Teanga ag an am, Seán Ó Cuirreáin, aird air sin: ‘Tá sé tábhachtach nach ligfimis i ndearmad, áfach, nach fiú tráithnín féir aon straitéis mura gcuirtear i bhfeidhm í. Caithfidh aontú agus foilsiú na straitéise a bheith ina thús ar aistear nua seachas ina cheann scríbe’ (Tagartha ag Ó Clochartaigh, DS 2014a).

Dúirt Ó Cuirreáin ag an ócáid chéanna go bhfuil ‘beart de réir bhriathar’ ag teastáil seachas ‘focail mhilse’. Léiríonn an anailís idirthéacsúil ar an S20B gur sonraíodh dóchas i leith na Straitéise ag am a seolta agus leagadh béim ar cé chomh tábhachtach is a bheadh a cur i bhfeidhm do thodhchaí na Gaeilge sa tír, go háirithe i bhfianaise na dtátal ón SCT. I ráiteas a thug Fiontar DCU roimh fhoilsiú na Straitéise (DC, 2010) luadh mar choinníol na ‘struchtúir a bheith socraithe lena feidhmiú’ chun go mbeadh rath ar an Straitéis. Mar a léiríonn torthaí an iniúchta seo, áfach, níor cuireadh na struchtúir feidhmithe a mhol saineolaithe le linn an phróisis chomhairliúcháin in áit. Ní hamháin nár glacadh le han-chuid de mholtaí na saineolaithe maidir le struchtúir feidhmithe, áfach, ach níor cuireadh go leor de na struchtúir a bhí beartaithe sa Straitéis féin i bhfeidhm. Tá doiléireacht ag baint le cé atá freagrach as gnéithe éagsúla den Straitéis a chur i bhfeidhm, mar sin, mar a phléitear i gCaibidil 5. Léiríonn an taighde nach bhfuil éinne ceaptha sa rialtas le freagracht i dtaca le cur i bhfeidhm na Straitéise nach bhfuil freagrachtaí eile orthu cheana féin. Níor cuireadh na córais luachála cuimsitheacha a moladh i bPlépháipéar Fiontar DCU (2008) in áit ach an oiread. Ó thaobh monatóireachta agus measúnaithe de, ní léir gur cuireadh socruithe éifeachtacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an gcúram ríthábhachtach sin, gan trácht ar an gcóras cuimsitheach neamhspleách a mhol an grúpa a choimisiúnaigh an rialtas chun comhairle a sholáthar faoi Fhiontar DCU. Ní córas comhtháite, éifeachtach, é córas na dtuarascálacha ó na ranna rialtais éagsúla le cur síos ar a bhfuil déanta acu le linn na bliana chun an S20B a bhrú chun cinn.

Aibhsíonn an taighde seo easnaimh mhóra i bhfeidhmiú na Straitéise go dtí seo. Is cinnte go bhfuil tús curtha le codanna áirithe den S20B a chur i bhfeidhm, áfach. Tá an próiseas pleanála teanga sna limistéir pleanála teanga Gaeltachta agus i roinnt de na Bailte Seirbhíse Gaeltachta tosaithe faoin am seo, mar shampla, agus foilsíodh beartas nua don oideachas

Gaeltachta a aithníonn riachtanais shainiúla na scoileanna Gaeltachta den chéad uair. Sa phlean gníomhaíochta 2018-2022 a seoladh go luath áirítear bearta dearfacha i leith athdhearbhuithe ar spriocanna an bheartais sin ach arís, beidh toradh an phlean ag brath ar a chur i bhfeidhm agus tá sé róluath é sin a mheas go fóill. Fiú sa bhliain i ndiaidh sheoladh na Straitéise, áfach, feictear athrú sa dioscúrsa agus cáineadh an easpa cur i bhfeidhm a bhí le sonrú agus atá le sonrú ó shin i leith. Mar a chonacthas i gCaibidil 5, baineann roinnt den cháineadh seo le teip an rialtais dul i ngleic leis an ngéarchéim teanga sna ceantair Ghaeltachta a sonraíodh sa SCT. Tá castacht ollmhór ag baint leis na córais shóisialta ina mbíonn beartas teanga lonnaithe agus tá measúnú leanúnach, tiomantas, saineolas agus infheistíocht de dhíth chun tabhairt faoi bheartas teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus chun athruithe bríomhara a dhéanamh. Maidir le tiomantas an rialtais i leith na S20B a chur i bhfeidhm, léiríonn an taighde ar dhioscúrsa faoin S20B nach gceapann formhór na ndaoine go bhfuil an tiomantas sin ann. Pléadh an easpa tiomantais chéanna nuair a bhí beartas don Ghaeilge ó bhunú an Stáit faoi chaibidil i gCaibidil 2, i dtaca leis na hathruithe sna coinníollacha Gaeilge thar na blianta ar oibreoirí sa Státseirbhís agus le húsáid na Gaeilge mar mheán teagaisc sna blianta tar éis bhunú an Stáit. Bhí baint ag an easpa saineolais a thiocthadh le déanaí le bunú réimse na pleanála agus na mbeartas teanga ar sin ach anois agus an saineolas ar fáil, léiríonn an taighde seo an neamhaird a rinneadh de mholtaí na saineolaithe faoin S20B. Más idé-eolaíocht dhearfach í idé-eolaíocht fhollasach an Rialtais i leith na Gaeilge fós, d'fhéadfaí a rá go léiríonn an easpa tiomantais i leith chur i bhfeidhm na mbeartas sin go hard-chaighdeán dearcadh folaithe nach tosaíocht í an Ghaeilge don stát a thuilleadh. Léirigh an anailís idirthéacsúil ar an S20B easpa chur i bhfeidhm na Straitéise agus easpa sástachta sa dioscúrsa faoi chur i bhfeidhm na Straitéise go dtí seo agus an Straitéis ocht mbliana ar an bhfód a bheag ná a mhór.

8.3 Ceist Taighde a Trí: cur i bhfeidhm na S20B agus faisnéis shochtheangeolaíoch a bailíodh i gcathair Chorcaí

Fiú is gur tugadh le fios sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéis (2013) gur ceann de na príomhaidhmeanna ar díriodh uirthi go dtí sin ná ar eolas a chur ar fáil faoin Straitéis agus a cuid spriocanna, níor léirigh ach mionlach rannpháirtithe san oibair pháirce a tugadh faoi le linn 2015 feasacht go raibh straitéis fadtéarmach i leith na Gaeilge seolta ag an Rialtas. Níor fhreagair ach 17.4% d'fhreagróirí an cheistneora agus 27.5% de rannpháirtithe sna grúpaí fócais gur chuala siad trácht ar an S20B. As na daoine sin, ní raibh ach eolas teoranta faoin S20B ag formhór na rannpháirtithe a chuala fúithi, má bhí eolas acu fúithi in aon chor (d'fhreagair 36.4% d'fhreagróirí an cheistneora ar chuala faoin S20B nach raibh aon eolas acu fúithi ach go bhfuil Straitéis ann). Léirigh torthaí an cheistneora go raibh sé i bhfad níos dóchúla gur chuala na freagróirí faoin S20B má tá ardhumas sa Ghaeilge ag na rannpháirtithe sin. Cé nach ndearnadh tástáil staitisticiúil ar thorthaí na ngrúpaí fócais ó thaobh feasacht ar an Straitéis de, ghlac seisear as an seachtar rannpháirtithe a raibh eolas acu ar an Straitéis páirt sa ghrúpa fócais a cuireadh ar siúl trí mheán na Gaeilge. Tá an toradh sin tábhachtach mar más é cuspóir an Rialtais sa S20B cur le pobail Ghaeilge na tíre trí bhearta na Straitéise, bheadh ardú feasachta forleathan ar a cuid aidhmeanna tábhachtach chuige sin. Anuas air sin, cé nár cuireadh ceisteanna san áireamh sa cheistneoir ná sna grúpaí fócais faoi thuairimí na rannpháirtithe ar bheartas an Rialtais i leith na Gaeilge tháinig téamaí chun cinn a bhaineann le heaspa muiníne i mbeartais don Ghaeilge agus i dtiomantas an rialtais chuige sin i dtorthaí an cheistneora mar aon leis na grúpaí fócais. Léirigh 22% d'fhreagróirí an cheistneora a raibh eolas acu ar an Straitéis tuairim dhiúltach ina leith, mar shampla, agus bhain formhór na dtuairimí

sin le heaspa dóchais go gcuirfí an Straitéis i bhfeidhm. Nochtadh an toradh céanna i dtuarascáil a foilsíodh i 2015 faoi dhearcthaí i leith na Gaeilge chomh maith, go bhfuil sé níos dóchúla go gceapadh daoine le hardchumas nó le líofacht sa Ghaeilge go bhfuil an Rialtas faillitheach ó thaobh beartas ina leith (Darmody, Daly, 2015: 83). Más fíor gurbh í sin ceann de phríomhaidhmeanna an chéad tréimhse de chur i bhfeidhm na Straitéise feasacht a ardú fúithi, dar leis an bhfianaise seo gur theip ar an rialtas sa chéad chéim sin. I measc rannpháirtithe san obair pháirce a raibh eolas acu ar an Straitéis, eolas teoranta den chuid is mó a sonraíodh agus ba mhinic gur léiríodh tuairim dhiúltach i leith a cur i bhfeidhm. Tá ardú feasachta tábhachtach sa mhéid is go bhfuil rath na straitéise ag brath go mór ar dhea-thoil an phobail ina leith agus dar ndóigh, muna bhfuil daoine ar an eolas faoin Straitéis agus a cuid spriocanna ní bheidís in ann comhoibriú leis an Rialtas chun na spriocanna a bhaint amach, mar atá ag teastáil ón Rialtas óna bhfuil sonraithe sa S20B agus sna díospóireachtaí Dála.

8.4 Ceist Taighde a Ceathair: próifíl shochtheangeolaíoch agus eolas a threoródh an S20B amach anseo

Aithnítear go forleathan sa litríocht i réimse na pleanála agus na mbeartas teanga go bhfuil sé tábhachtach measúnú macánta a dhéanamh ar an staid reatha sula dtabharfaí faoi phleanáil teanga éifeachtach. Más aidhm de bheartas teanga úsáid na teanga atá faoi chaibidil a leathnú tugann faisnéis shochtheangeolaíoch eolas tábhachtach a d'fhéadfadh na hiarrachtaí sin a threorú. Sa phróifíl shochtheangeolaíoch don Ghaeilge i gcathair Chorcaí, tháinig faisnéis thábhachtach chun cinn faoi chumas sa Ghaeilge, úsáid na Gaeilge agus dearcthaí i leith na Gaeilge sa chathair. Maidir le cumas sa Ghaeilge, ba choitianta gur mhaígh freagróirí an cheistneora agus rannpháirtithe sna grúpaí fócais go raibh cumas íseal sa Ghaeilge acu, in

